



031

AN GASÚR A CHAITH
PITSEÁMAÍ STRÍOCACHA

Le JOHN BOYNE

Tháinig JOHN BOYNE ar an saol in Éirinn sa bhliain 1971 agus tá sé úrscéal scríofa aige. Bhain *An Gasúr a Chaith Pitseámaí Stríocacha* Leabhardhuaiseanna na hÉireann dhá uair, agus d'éirigh leis an gearrliosta a bhaint amach do Leabhardhuaiseanna na Breataine agus rinne Miramax Films scannán mór pictiúrlainne den úrscéal ar na mallaibh. Tá a chuid úrscéalta foilsithe i níos mó ná tríocha teanga. Tá cónaí air i mBaile Átha Cliath.

AN GASÚR A
CHAITH PITSEÁMAÍ
STRÍOCACHA

Le John Boyne

**AN GASÚR A CHAITH PITEÁMAÍ STRÍOCACHA
FOILSEACHÁN DE CHUID BLACK SWAN**

Arna chéadfhoilsiú sa Bhreatain ag David Fickling Books,
rannóg de chuid Random House Group Ltd

STAIR a CHLÓ

Eagrán Davis Fickling arna fhoilsiú 2006

Eagrán Doubleday arna fhoilsiú 2006

Eagrán Black Swan arna fhoilsiú 2007

Eagrán CCEA arna fhoilsiú 2011

Arna fhoilsiú i gcomhar le Random House Children's
Books, cuid de Random House Group Ltd.

Cóipcheart © Le John Boyne 2006

Cóipcheart © Grianghraf clúdaigh, díolaim cartlainne,
Iarsmalann Stáit Auschwitz-Birkenau in Oświęcim

Pádraig de Bléine a d'aistrigh an t-úrscéal seo ar Léachtóir
Sinsearach é le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile
Naomh Muire i mBéal Feirste

Do Jamie Lynch

Buíochas

Tá mé fíorbhuíoch de David Fickling, Bella Pearson agus Linda Sargent as a gcuid comhairle uilig agus as a gcuid moltaí tairbheacha agus mé i mbun pinn. Níor lig siad riamh dom focás an scéil a chailliúint. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo ghníomhaí Simon Trewin a thug tacaíocht dom mar is gnách ón tús leis an úrscéal a scríobh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Janette Jenkins a thug misneach dom i ndiaidh di dréacht luath a léamh.

Caibidil a hAon

Faigheann Bruno Rud Éigin Amach

Tráthnóna dá raibh nuair a tháinig Bruno abhaile ón scoil, bhí iontas air go raibh Maria, cailín aimsire an teaghlaigh – a choinnigh a cloigeann thíos i gcónaí agus nár amharc suas riamh ón bhrat urláir – ina seasamh ina sheomra leapa, agus í ag tarraingt a raibh aige d’earraí amach as an almóir agus á bpacáil isteach i gceithre chliathbhosca mhóra adhmaid, fiú na hearraí a bhí i bhfolach aige ar a chúl agus ar leis féin amháin iad agus nár bhain le duine ar bith eile.

‘Cad é atá tú a dhéanamh?’ a d’fhiafraigh sé di chomh dea-bhéasach agus a thiocfadh leis, mar cé nach raibh sé róshásta teacht chun an bhaile agus teacht ar dhuine ag dul tríd a chuid earraí, d’inis a mháthair dó i gcónaí go raibh air caitheamh go measúil le Maria agus gan aithris lom a dhéanamh ar an dóigh ar labhair a athair léi.

‘Bain do lámha de mo chuid earraí.’

Chroith sí a ceann agus dhírigh a méar i dtreo log an staighre ar a chúl, mar ar tháinig máthair Bruno i

láthair. Bean ard a bhí inti a raibh gruaig fhada rua uirthi agus í ceangailte suas i gcineál eangach gruaige ar chúl a cloiginn, agus bhí sí ag brú a lámh le chéile go neirbhíseach amhail is go raibh rud éigin ann nach raibh sí ag iarraidh a rá nó rud éigin nach raibh sí ag iarraidh a chreidiúint.

‘A Mháthair,’ arsa Bruno, agus é ag siúl ionsuirthi, ‘cad é atá ag dul ar aghaidh? Cad chuige a bhfuil Maria ag dul tríd mo chuid earraí?’

‘Tá sí á bpacáil,’ a mhínigh Máthair.

‘Á bpacáil?’ a d’fhiafraigh sé, ag dul siar ar na rudaí a tharla sna laethanta roimhe agus é ag machnamh ar na laethanta sin lena fháil amach an raibh sé iontach dalba nó ar úsáid sé na focail sin os ard nach raibh cead aige a úsáid agus an raibh sé á chur ar shiúl dá dheasca. Ní thiocfadh leis smaoineamh ar rud ar bith, áfach. Le fírinne, le cúpla lá anuas bhí sé á iompar féin go hiontach béasach le gach duine agus ní thiocfadh leis cuimhneamh ar racán ar bith a thóg sé ar chor ar bith. ‘Cad chuige?’ a d’fhiafraigh sé ansin. ‘Cad é atá déanta agam?’

Bhí Máthair i ndiaidh siúl isteach ina seomra féin faoin am sin, ach bhí Lars, an buitléir, istigh ansin roimpi ag pacáil a cuid earraí fosta. Lig sí osna agus d’ardaigh a lámha san aer a léirigh easpa dóchais sular shiúil sí ar ais chuig log an staighre, bhí Bruno sna sála uirthi gan é ag iarraidh an scéal a fhágáil gan mhíniú.

‘A Mháthair,’ ar seisean, ag seasamh ar an phointe. ‘Cad é atá ag dul ar aghaidh? An bhfuilimid ag dul a

chónaí in áit éigin eile?’

‘Tar anuas an staighre liom,’ arsa Máthair, agus í ag siúl ar aghaidh chun tosaigh i dtreo na bialainne móire mar a bhfuair an Fürher a chuid an tseachtain roimhe. ‘Labhróimid thíos ansin.’

Rith Bruno síos staighre chomh gasta sin go ndeachaigh sé thart uirthi ar an staighre ar a bhealach, rud a chiallaigh go raibh sé ag fanacht léi sa bhialann nuair a bhain sí féin an áit amach. D’amharc sé uirthi gan focal as ar feadh bomaite agus smaoinigh dó féin an rud é nach raibh sí ábalta a smideadh a chur uirthi féin mar ba cheart an mhaidin sin de bhrí go raibh imill a súl ní ba dheirge ná mar a bhíodh de ghnáth, mar a bhíodh a chuid súl féin ann i ndiaidh dó racán a thógáil a gcuirtí deireadh leis le caoineadh.

‘Anois, ní gá duit a bheith buartha, a Bruno,’ arsa Máthair, agus í ag cur fúithi sa chathaoir mar ar shuigh an bhean álainn fhionn a tháinig chun dinnéir leis an Fürher agus a chroith lámh leis nuair a dhruid Athair na doirse. ‘Déanta na fírinne, más gá dom rud ar bith a insint duit, eachtra mhór a bheas ann.’

‘Cad é a bheas ina heachtra?’ a d’fhiafraigh sé. ‘An bhfuil mise le cur ar shiúl?’ ‘Níl, ní tusa amháin go díreach,’ ar sise, agus an chuma uirthi go dtiocfadh aoibh an gháire uirthi ach gur tháinig athrú intinne uirthi. ‘Táimid uilig ag imeacht. Mé féin agus d’athair, Gretel agus tusa. An ceathrar againn ar fad.’

Smaoinigh Bruno air seo agus chuir grainc air féin. Ní chuirfeadh sé isteach air mórán dá mba rud

é go gcuirfí Gretel ar shiúl de bhrí nach raibh inti ach Duine gan Dóchas agus nach ndearna sí rud ar bith ach cur isteach airsean. Ach chonachtas dó go mbeadh sé beagáinín míchothrom go mbeadh orthu uilig dul léi.

‘Ach cá háit a rachaimid?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Cá háit go díreach a bhfuilimid ag dul? Cad chuige nach dtig linn fanacht anseo?’

‘Mar gheall ar phost d’athar,’ a mhínigh Máthair. ‘Tá a fhios agat cé chomh tábhachtach agus atá sé, nach bhfuil a fhios agat?’

‘Tá a fhios agam cinnte,’ arsa Bruno, ag claonadh a chinn, de bhrí go mbíodh i gcónaí an oiread sin cuairteoirí chun an tí – fir gléasta in éidí den scoth, mná a raibh clóscríobhain acu arbh éigean dó a lámha salacha a choinneáil ar shiúl uathu – agus bhíodh siad i gcónaí an-bhéasach le hAthair agus d’insíodh siad dá chéile gur fear é ar chóir súil a choinneáil air agus go mbeadh rudaí móra ar intinn ag an Fürher dó.

‘Bhuel, in amanna nuair a bhíonn duine éigin an-tábhachtach,’ arsa Máthair ag leanúint ar aghaidh, ‘iarrann an fear a fhostaíonn é air dul áit éigin eile de bhrí go bhfuil post an-speisialta ann a chaithfidh a bheith déanta.’

‘Cén cineál poist?’ a d’fhiafraigh Bruno – mar má bhí sé ag iarraidh a bheith ionraic leis féin – rud a rinne sé a dhícheall a dhéanamh i gcónaí – ní raibh sé iomlán cinnte den phost a rinne Athair.

Labhair siad ar a n-aithreacha lá ar scoil agus dúirt Karl gur grósaeir a athair, rud a bhí ar eolas ag Bruno

de bhrí gur reáchtáil sé an siopa grósaera i lár an bhaile. Agus dúirt Daniel gur múinteoir athair s’aige, rud a bhí ar eolas ag Bruno de bhrí gur theagasc sé na gasúir mhóra arbh fhearr duit iad a sheachaint. Agus dúirt Martin gur cócaire athair s’aige, rud a bhí ar eolas ag Bruno de bhrí gur thóg sé Martin ón scoil in amanna agus nuair a thógadh sé é bhíodh i gcónaí forléine bhán agus naprún breacáin air, a rá is de go raibh sé i ndiaidh siúl amach as an chistin.

Ach nuair a d’fhiafraigh siad de Bruno cad é a rinne a athair féin d’oscail sé a bhéal le hinsint dóibh, ansin rith sé leis nach raibh a fhios aige féin fiú. Ní thiocfadh leis a rá ach gur fear é a athair ar chóir súil a choinneáil air agus go raibh rudaí móra ar intinn ag an Fürher dó. Ó, agus go raibh éide den scoth aige.

‘Is post thar a bheith tábhachtach é,’ arsa Máthair, na focail ag imeacht uirthi ar feadh bomaite. ‘Post a bhfuil fear an-speisialta de dhíth air le é a dhéanamh. Tuigeann tú é sin, nach dtuigeann?’

‘Agus an gcaithfidimid uilig dul ann fosta?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Caithfidimid cinnte,’ arsa Máthair. ‘Níor mhaith leat é go mbeadh ar Athair dul chuig a phost nua leis féin agus é a bheith uaigneach ansin, ar mhaith?’

‘Is dócha nár mhaith,’ arsa Bruno.

‘Chronódh Athair go mór muid mura mbeimis leis,’ ar sise fosta.

‘Cén duine is mó a chronódh sé?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Mise nó Gretel?’

‘Chronódh sé an bheirt agaibh go cothrom,’ arsa Máthair, mar chreid sí go mór nár chóir go mbeadh peata beag ann, rud a raibh meas ag Bruno air, go háirithe de bhrí go raibh a fhios aige gurbh é a peata beag é i ndáiríre.

‘Ach cad é faoinár dteach?’ arsa Bruno.

‘Cé atá ag dul a thabhairt aire dó agus muid ar shiúl?’

Lig Máthair osna agus d’amharc sí thart an seomra a rá is de go mb’fhéidir nach bhfeicfeadh sí arís é. Teach galánta a bhí ann a raibh cúig urlár ar fad ann, dá gcuirfeá an t-urlár faoi thalamh san áireamh, mar ar ullmhaigh Cócaire an bia uilig agus mar ar shuigh Maria agus Lars ag an tábla agus iad ag argóint agus ag tabhairt ainmneacha ar a chéile nár chóir a thabhairt. Agus dá gcuirfeá an seomra beag ag barr an tí a raibh na fuinneoga ar fiar aige san áireamh fosta, mar a mbíodh Bruno ábalta cathair Bheirlín agus an ceantar máguaird a fheiceáil dá seasfadh sé ar a bharraicíní agus dá bhfaigheadh sé greim daingean ar an fhráma.

‘Caithfidimid an teach a dhruidim suas anois,’ arsa Máthair. ‘Ach tiocfaimid ar ais chuige lá eigin.’

‘Agus cad é faoi Chócaire?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Agus Lars? Agus Maria? Nach bhfuil siadsan ag dul a bheith ina gcónaí ann ar fad?’

‘Tá siadsan ag teacht linn,’ a mhínigh Máthair. ‘Ach is leor sin de cheisteanna san am i láthair. B’fhéidir gur chóir duit dul suas staighre le cuidiú le Maria le do chuid pacála.’

D’éirigh Bruno ina sheasamh ón chathaoir ach ní

dheachaigh sé áit ar bith. Ní raibh ach roinnt ceisteanna eile ann ba mhaith leis a chur uirthi sula gcuirfeadh sé deireadh leis an scéal.

‘Agus cé chomh fada ar shiúl agus atá sé?’ a d’fhiafraigh sé. ‘An post nua, atá i gceist agam. An bhfuil sé níos faide ná míle ar shiúl?’

‘Ó, a thiarcais,’ arsa Máthair agus í ag déanamh gáire, cé gur gáire aisteach a bhí ann ar dhóigh éigin, de bhrí nach raibh cuma shásta uirthi agus thug sí a cúl le Bruno a rá is de nach raibh sí ag iarraidh air a haghaidh a fheiceáil. ‘Tá, a Bruno,’ ar sise. ‘Tá sé níos mó ná míle ar shiúl. Le fírinne, tá sé píosa maith níos faide ná sin ar shiúl.’

Bhí súile Bruno ar leathadh agus tháinig cruth O ar a bhéal. Mhóthaigh sé a lámha á síneadh amach ag a chliatháin mar a tharla nuair a bhain rud éigin geit as. ‘Níl tú ag iarraidh a rá go bhfuilimid ag fágáil slán ag Beirlín?’ a d’fhiafraigh sé, a anáil i mbarr a ghoib aige agus é ag rá na bhfocal.

‘Is oth liom a rá go bhfuil,’ arsa Máthair, agus í ag claonadh a cinn go brónach. ‘Tá post d’athar—’

‘Ach cad é faoin scoil?’ arsa Bruno, agus é ag cur isteach uirthi, rud a thuig sé nár chóir a dhéanamh ach gur mhóthaigh sé go maithfí dó an iarraidh seo. ‘Agus cad é faoi Karl agus Daniel agus Martin? Cad é mar a bheidh a fhios acu cén áit a mbeidh mé nuair a bheimid ag iarraidh rudaí a dhéanamh le chéile?’

‘Beidh ort slán a fhágáil ag do chairde ar feadh tamaill,’ arsa Máthair. ‘Cé nach bhfuil mé cinnte de

go bhfeicfidh tú choíche arís iad. Agus ná cuir isteach ar do mháthair nuair atá sí ag labhairt, le do thoil,’ ar sise fosta, mar cé gur scéal gránna é seo, ní raibh sé de cheart ag Bruno rialacha dea-bhéasa a teagascadh dó a bhriseadh.

‘Fág slán acu?’ a d’fhiafraigh sé, ag stánadh uirthi agus é ina staicín cloiche. ‘Fág slán acu?’ ar seisean arís, agus é ag plobarnaíl leis na focail amhail is go raibh a bhéal lán brioscaí a chogain sé ina mionphíosáí ach nár shlog siar go fóill. ‘Caithfidh mé slán a fhágáil ag Karl ag Daniel agus ag Martin?’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh, é beagnach ardghlórach a bheadh baolach go leor dó de thairbhe nach raibh sé seo ceadaithe taobh istigh den teach. ‘Ach is iadsan na cairde cléibh agam!’

‘Ó, éireoidh tú cairdiúil le daoine eile,’ arsa Máthair, go giorraisc agus í ag croitheadh a láimhe san aer, amhail is gur rud furasta é triúr cairde cléibh a bheith agat.

‘Ach bhí pleananna againn,’ a dúirt sé ag cur suas di.

‘Pleananna?’ a d’fhiafraigh Máthair, agus í ag ardú a mala.

‘Cén cineál pleananna?’

‘Bhuel, bheinn ag scaoileadh rúin leat dá n-inseoinn duit,’ arsa Bruno, nach scaoilfeadh na cineálacha pleananna a bhí acu léi – ach is é a bhí i gceist sna pleananna céanna ná racán a thógáil, go háirithe i gceann roinnt seachtainí nuair a chríochnódh an scoil do shaoire an tsamhraidh agus nuair nár ghá dóibh a

gcuid ama uilig a chaitheamh ag déanamh pleananna ach iad a chur i bhfeidhm i ndáiríre ina áit sin.

‘Tá mé buartha, a Bruno,’ arsa Máthair, ‘ach beidh ort do chuid pleananna a chur ar an mhéar fhada. Níl an dara suí sa bhuaile ann sa chás seo.’

‘Ach, a Mháthair!’

‘A Bruno, is leor sin,’ ar sise, ag labhairt go giorraisc leis agus í ina seasamh anois le tabhairt le fios dó go raibh sí i ndáiríre nuair a dúirt sí gur leor sin. ‘Leis an fhírinne a dhéanamh, níl sé ach seachtain ó bhí tú ag gearán faoin athrú mór a tháinig ar rudaí anseo le déanaí.’

‘Bhuel, ní maith liom é an dóigh a gcaithfidimid na soilse uilig a chur as san oíche anois,’ a d’admhaigh sé.

‘Caithfidh gach duine an rud céanna a dhéanamh,’ arsa Máthair. ‘Coinníonn sé slán muid. Agus ag Dia amháin atá a fhios, b’fhéidir go mbeimis ní ba shábháilte dá n-aistreoimis teach. Anois, tá mé ag iarraidh ort dul suas staighre le cuidiú le Maria le do chuid pacála. Níl an oiread céanna ama againn le déanamh réidh agus ba mhaith liom, a bhuíochas sin ar dhaoine áirithe.’

Chlaon Bruno a cheann agus d’imigh sé go brónach, agus fios aige gurb ionann ‘daoine áirithe’ agus na focail a bhí ag daoine fásta ar ‘Athair’ agus focail nár chóir dó féin a úsáid.

Rinne sé a bhealach suas staighre go malltriallach, ag coinneáil greama ar an bhalastar le lámh amháin agus rinne sé a mhachnamh an mbeadh balastar chomh maith céanna sa teach nua san áit nua a dtiocfadh

leis sleamhnú síos air agus an ceann a bhí ann seo. Mar shín an balastar sa teach seo ón urlár ag barr an tí – go díreach taobh amuigh den seomra beag, mar a mbíodh sé ábalta cathair Bheirlín agus an ceantar máguaird a fheiceáil dá seasfadh sé ar a bharricíní agus dá bhfaigheadh sé greim daingean ar fhráma na fuinneoige – go dtí an t-urlár talún; go díreach os comhair an dá chrann mhóra darach. Agus ba é an rud ba mhó a thaitneodh le Bruno dul ar bord an bhalastair ar an urlár ag barr an tí agus sleamhnú anuas tríd an teach agus é ag déanamh siosarnaí ar a bhealach.

Anuas ón urlár ag barr an tí chuig an chéad cheann eile, mar a raibh seomra Máthar agus Athar, agus an seomra folctha mór, áit nár chóir dó a bheith cibé ar bith.

Anuas chuig an chéad urlár eile, mar a raibh a sheomra féin, agus seomra Gretel fosta, agus an seomra folctha ba lú ar chóir dó féin úsáid a bhaint as ní ba mhinice ná mar a d'úsáid sé i ndáiríre.

Anuas chuig an urlár talún, mar ar thit tú de dheireadh an bhalastair agus chuig an áit arbh éigean duit teacht go talamh ar do bhoinn nó bheadh cúig phointe cailte agat agus bheadh ort tosú arís air as an nua.

Ba é an balastar an rud ab fhearr faoin teach seo - é sin agus an dóigh a raibh Daideo agus Mamó ina gcónaí chomh cóngarach sin dó – agus nuair a smaoinigh sé air sin rinne sé a mhachnamh cé acu a bheadh siad ag teacht chuig an phost nua leo nó nach mbeadh agus

rinne sé talamh slán de go mbeadh de bhrí nárbh fhéidir iad a fhágáil ina ndiaidh ar chor ar bith. Ní raibh Gretel de dhíth ar dhuine ar bith an oiread sin de bhrí gur Duine gan Dóchas a bhí inti – b’fhusa míle uair é dá bhfanadh sí le haire a thabhairt don teach – ach Daideo agus Mamó? Anois, scéal eile ar fad a bhí ann.

Chuaigh Bruno suas staighre go malltriallach i dtreo a sheomra, ach sula ndeachaigh sé isteach d’amharc sé siar ar an urlár talún agus chonaic Máthair ag dul isteach in oifig Athar, a bhí os comhair na bialainne amach agus a bhí Thar Teorainn An tAm Ar Fad Gan Eisceacht Ar Bith – agus chuala sé í ag labhairt go hardghlórach leis go dtí gur labhair Athair i nglór ní b’airde ná a thiocfadh le Máthair labhairt agus chuir sé sin deireadh lena gcomhrá. Ansin druideadh doras na hoifige agus ní thiocfadh le Bruno rud ar bith eile a chluinstin, mar sin de, shíl sé gur smaoineamh maith a bheadh ann dá rachadh sé ar ais chuig a sheomra agus dá rachadh sé i mbun na pacála in áit Maria, mar mura rachadh bheadh seans ann go dtarraingeodh sí a chuid earraí uilig amach as a almóir gan chúram agus ar nós cuma liom, fiú na hearraí a bhí i bhfolach aige ar a chúl agus ar leis féin amháin iad agus nár bhain le duine ar bith eile.

Caibidil a Dó

An Teach Nua

Nuair a chonaic sé a dteach nua den chéad uair bhí súile Bruno ar leathadh agus tháinig cruth O ar a bhéal agus mhothaigh sé a lámha ag síneadh amach ag a chliatháin uair amháin eile. Bhí gach rud a bhain leis i gcontrárthacht iomlán lena seanteach agus ní thiocfadh leis a chreidiúint go raibh siad ag dul a chónaí ann i ndáiríre.

Sheas an teach i mBeirlín ar shráid chiúin agus bhí dornán eile tithe móra cosúil lena cheann féin ina seasamh in aice leis, agus bhíodh sé i gcónaí deas a bheith ag amharc orthu de bhrí go raibh siad a bheag nó a mhór mar an gcéanna lena theach féin ach ní go díreach, agus bhí gasúir eile ina gcónaí iontu ar imir sé leo (más cairde leis iad) nó a sheachain sé (má chuir siad isteach air). Sheas an teach nua leis féin, áfach, in áit iargúlta sceirdiúil agus ní raibh tithe ar bith eile le feiceáil in aice leis, rud a chiallaigh nach mbeadh teaghlaigh ar bith eile nó gasúir ar bith ann a mbeadh sé ábalta a bheith ag imirt cluichí leo, gan cairde ar bith

gan cur isteach ar bith.

Bhí an teach i mBeirlín ollmhór, agus cé gur chónaigh sé ann ar feadh naoi mbliana bhí sé ábalta go fóill teacht ar phoill agus phrochóga nach raibh a chuid eachtraíochta iomlán déanta iontu go fóill. Bhí seomraí iomlána ann fiú – dála oifig Athar, a bhí Thar Teorainn An tAm Ar Fad Gan Eisceacht Ar Bith – is ar éigean a bhí sé istigh iontu. Ní raibh ach trí urlár sa teach nua, áfach: urlár ag barr an tí mar a raibh na seomraí leapa uilig gan ach seomra folctha amháin ann, urlár talún mar a raibh cistin, bialann agus oifig nua d’Athair (a raibh na teorainneacha céanna léi agus a bhí leis an seancheann, dar leis), agus urlár faoi thalamh mar ar chodail na cailíní aimsire.

Bhí sráideanna eile a raibh tithe orthu thart ar an teach i mBeirlín, agus nuair a shiúil tú i dtreo lár an bhaile ansin bhíodh i gcónaí daoine ag spaisteoireacht thart, ag stopadh le comhrá a dhéanamh lena chéile, nó ag deifriú thart agus ag rá nach raibh an t-am acu stopadh, ní inniu, ní nuair a bhí neart rudaí le déanamh acu. Bhí siopaí ann a raibh tosach geal orthu, seastáin ar a raibh torthaí agus glasraí i dtráidirí móra a bhí lán go béal le cabáistí, meacain dhearga, coilís agus arbhar milis. Bhí cuid acu ag cur thar maoil le cainneanna, le beacáin, le tornaipí agus le bachlóga; agus cuid eile a bhí ag cur thar maoil le leitísí, le pónairí glasa, le cúirséid agus le meacain bhána. In amanna thaitníodh sé leis seasamh os comhair na seastán seo, a shúile druidte aige agus an chumhracht a shú isteach, mearbhall ag teacht ina

cheann leis an mheascán de chumhracht mhilis agus de chumhracht an tsaoil.

Ach ní raibh sráid ar bith eile thart ar an teach nua, ní raibh duine ná deoraí ag spaisteoireacht thart nó ag deifriú thart, agus is cinnte nach raibh siopaí ná seastáin a raibh torthaí agus glasraí orthu ann. Nuair a dhruid sé a shúile ní raibh ann ach gur mhothaigh gach rud thart timpeall air fuar folamh, a rá is de go raibh sé san áit ab uaigní ar domhan. I gceartlár an fholúis.

Bhíodh táblaí leagtha amach ar an tsráid i mBeirlín, agus in amanna nuair a shiúladh sé abhaile ón scoil le Karl, Daniel agus Martin bhíodh fir agus mná ina suí acu, ag ól deochanna cúracha agus ag gáire os ard; smaoiníodh sé i gcónaí go gcaithfidh sé gur dhaoine an-ghreannmhara iad na daoine a shuíodh ag na táblaí seo, mar ba chuma cad é ba ghnách leo a rá, dhéanadh duine éigin gáire i gcónaí. Ach bhí rud éigin faoin teach nua a chuir Bruno ag smaoineamh nach ndearna duine ar bith gáire ann; nach raibh cúis gháire nó cúis áthais ann ar chor ar bith.

‘Sílim gur drochsmaoineamh a bhí ann,’ arsa Bruno roinnt uaireanta an chloig i ndiaidh dóibh an áit a bhaint amach, agus Maria ag tabhairt na rudaí amach as a mhálaí thuas staighre. (Níorbh í Maria an t-aon chailín aimsire amháin a bhí sa teach ach oiread: bhí triúr eile ann a bhí measartha tanaí agus nár labhair lena chéile ach i gcogar. Bhí seandúine ann fosta ar insíodh dó go raibh sé ann leis na glasraí a ullmhú gach lá agus le freastal orthu ag an tábla dinnéir, agus a raibh cuma

iontach míshásta agus giota beag feargach air fosta.)

‘Ní gach aon lá a bhíonn seans againn a bheith ag smaoineamh ar rudaí,’ arsa Máthair, agus í ag oscailt bosca a raibh foireann de sheasca a ceathair gloine istigh ann a thug Daideo agus Mamó di nuair a phós sí Athair. ‘Déanann daoine áirithe na cinntí uilig dúinn.’

Níor thuig Bruno cad é a bhí i gceist aici leis sin mar sin de lig sé air féin nach ndúirt sí ar chor ar bith é. ‘Sílím gur dhrochsmaoineamh a bhí ann,’ ar seisean arís. ‘Sílímse gurbh é an rud ab fhearr a thiocfadh linn a dhéanamh ná dearmad iomlán a dhéanamh de agus go díreach filleadh abhaile. Tig linn tagairt a dhéanamh dó mar thaithí an tsaoil,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh, frása a d’fhoghlaim sé ar na mallaibh agus é socraithe aige go mbainfeadh sé úsáid as chomh minic agus a thiocfadh leis.

Rinne Máthair gáire agus chuir na gloiní síos go cúramach ar an tábla. ‘Tá frása eile agam duitse,’ ar sise. ‘Is é sin go gcaithfidimid an chuma is fearr a chur ar dhrochmhargadh.’

‘Bhuel, níl a fhios agam an rud é go gcaithfidimid,’ arsa Bruno. ‘Sílím nach bhfuil ann ach go gcaithfidh tú a rá le hAthair gur tháinig athrú intinne ort agus, bhuel, más rud é go gcaithfidimid fanacht anseo an chuid eile den lá agus dinnéar a ithe anseo tráthnóna agus dul a chodladh anseo anocht cionn is go bhfuilimid uilig tuirseach, tá sé sin ceart go leor, ach is dócha gur chóir dúinn uilig éirí go luath ar maidin má táimid le bheith ar ais i mBeirlín ag am tae amárach.’

Lig Máthair osna. ‘A Bruno, cad chuige nach dtéann tú suas staighre chuig do sheomra go díreach le cuidiú le Maria na hearraí a bhaint amach as na málaí?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Ach ní fiú na hearraí a bhaint as na málaí más rud é nach bhfuilimid ag dul a—’

‘A Bruno, ar mhiste leatsa é sin a dhéanamh, le do thoil!’ arsa Máthair go giorraisc, mar de réir cosúlachta bhí sé ceart go leor má chuir sise isteach airsean ach ní raibh sé ceadaithe an bealach eile thart. ‘Táimid anseo, tá an áit bainte amach againn, is é seo ár dteach go gceann tamaill fhada eile agus níl ann ach go gcaithfidimid an chuma is fearr a chur ar dhrochmhargadh. An dtuigeann tú mé?’

Níor thuig sé ‘go gceann tamaill fhada eile’ agus d’inis sé an méid sin di.

‘Ciallaíonn sé gurb í seo an áit a bhfuilimid inár gcónaí anois, a Bruno,’ arsa Máthair. ‘Agus sin deireadh leis an scéal.’

Bhí pian i mbolg Bruno agus thiocthadh leis rud éigin a mhothú ag fás ann, rud éigin a chuirfeadh ag scairteadh agus ag beicíl é nuair a dhéanfadh sé a bhealach aníos ó na duibheagáin taobh istigh de agus amach ar a bhéal a rá go raibh an rud ar fad mícheart agus míchothrom agus go n-íocfadh duine go daor as luath nó mall, é sin nó rud éigin a chuirfeadh ag caoineadh go fras é ina áit. Níor thuig sé cad é mar a tharla sé seo uilig. Tráth dá raibh bhí sé breá sásta, ag imirt cluichí leis sa bhaile, triúr cairde cléibh aige,

ag sleamhnú anuas an balastar, ag déanamh iarrachta seasamh ar a bharraicíní le cathair Bheirlín agus an ceantar máguaird a fheiceáil, agus seo é anois gafa sa teach fuar gránna seo mar a raibh triúr cailíní aimsire agus freastalaí a bhíodh i gcónaí ag labhairt i gcogair a bhí míshásta agus feargach fosta, áit nach dtiocfadh le duine ar bith a bheith gealgháireach inti choíche arís, de réir dealraimh.

‘A Bruno, tá mé ag iarraidh dul suas staighre le mo mhálaí a fholmhú agus ba mhaith liom é sin a dhéanamh anois,’ arsa Máthair de ghlór míchairdiúil, agus bhí a fhios aige go raibh sí lán dáiríre, mar sin de, thiontaigh sé ar a shála agus d’imigh sé leis gan focal eile as.

Thiocfadh leis deora a mhothú ag borradh aníos ina shúile ach bhí sé daingean ina intinn nach ligfeadh sé dóibh teacht amach.

Chuaigh sé suas staighre agus thiontaigh thart go malltriallach go ndearna sé ciorcal iomlán, ag dúil go dtiocfadh leis teacht ar dhoras beag nó ar chaochóg mar a mbeadh sé ábalta giota maith eachtraíochta a dhéanamh faoi dheireadh, ach ní raibh ceann ar bith ann. Ar a urlár féin ní raibh ann ach ceithre dhoras, dhá cheann ar gach taobh de, ar aghaidh a chéile amach. Doras isteach ina sheomra féin, doras isteach i seomra Gretel, doras isteach i seomra Mháthar agus Athar, agus doras isteach sa seomra foltha.

‘Ní hé seo mo thinteán féin agus ní bheidh sé ina thinteán agam choíche’, ar seisean faoina fhiacra i

gcogar agus é ag dul isteach ar a dhoras féin áit a raibh a chuid éadaigh uilig scaipthe thart ar a leaba agus na boscaí bréagán agus leabhar nach raibh folmhaithe go fóill. Ba léir nár thuig Maria a tosaíochtaí mar ba cheart.

‘Chuir Máthair anseo mé le cuidiú leat,’ ar seisean go ciúin, agus chlaon Maria a ceann agus dhírigh a méar i dtreo mála mór a raibh a chuid stocaí agus a veisteanna agus a chuid fo-éadaigh uilig istigh ann.

‘Má shocraíonn tú na rudaí sin uilig amach, thiocfadh leat iad a chur sa chófra tarraiceán thall ansin,’ ar sise, ag díriú a méire i dtreo cófra tarraicéan gránna a sheas ar an taobh eile den seomra in aice le scáthán a bhí clúdaithe le dusta.

Lig Bruno osna agus d’oscail an mála; bhí sé lán go béal lena chuid fo-éadaigh agus ba é an rud ba mhó a thaitneodh leis dul isteach ann ar a cheithre boinn agus an dóchas aige go musclódh sé agus go mbeadh sé sa bhaile arís nuair a thiocfadh sé amach as arís.

‘Cad é do bharúil air seo uilig, a Maria?’ a d’fhiafraigh sé i ndiaidh tost fada mar go raibh dúil riamh aige in Maria agus gur mhothaigh sé gur duine den teaghlach a bhí inti, cé go ndúirt Athair nach raibh inti ach cailín aimsire agus go raibh sí ag saothrú barraíocht airgid ar a bharr sin.

‘Mo bharúil ar cad é?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Air seo,’ ar seisean, ionann is a rá gurbh é an rud ba shoiléire ar domhan é. ‘Ag teacht chuig áit mar seo. Nach síleann tú go bhfuil meancóg mhór déanta

againn?’

‘Níl sé de cheart agam rud ar bith a rá a Mháistir Bruno’, arsa Maria. ‘Mhínigh do mháthair duit faoi phost d’athar agus—’

‘Ó tá mé tinn tuirseach de bheith ag éisteacht le scéalta faoi phost Athar,’ arsa Bruno, ag cur isteach uirthi. ‘Sin a bhfuil le cluinstitín againn, dar liom féin. Bhuel, más gá dúinn ár dteach agus an balastar a mbím ag sleamhnú anuas air agus an triúr cairde cléibh agam a fhágáil inár ndiaidh go deo na ndeor, sílimse féin gur chóir dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar phost Athar, nach síleann tú féin?’

Go díreach ag an bhomaite sin chualathas díoscán taobh amuigh sa halla agus nuair a d’amharc Bruno suas chonaic sé go raibh an doras ar sheomra Mháthar agus Athar á oscailt giota beag. Rinneadh staicín cloiche de, gan é ábalta bogadh ar feadh bomaite. Bhí Máthair thíos staighre go fóill, rud a chiallaigh go raibh Athair taobh istigh den seomra sin agus go mb’fhéidir gur chuala sé a ndúirt Bruno. D’amharc sé ar an doras, a anáil i mbarr a ghoib aige, ag smaoineamh go dtiocfadh Athair isteach ar an doras céanna le é a thabhairt anuas staighre le léasadh teanga a thabhairt dó.

Bhí an doras ar leathadh agus ghlac Bruno céim siar nuair a nocht cruth os a chomhair, ach níorbh é Athair é. Fear i bhfad ní b’ óige ná é a bhí ann, gan é chomh hard céanna le hAthair ach an oiread, ach bhí an cineál céanna éide air, gan an oiread céanna bonn. Bhí cuma iontach dáiríre air agus a bhearad á chaitheamh go

teann ar a cheann aige. Thiocfadh le Bruno a fheiceáil go raibh gruaig an-fhionn ar a uisinní, dath fionn a bhí cineál mí-nádúrtha agus cuma bhuí uirthi. Bhí bosca á iompar aige ina lámha agus é ag siúl i dtreo log an staighre, ach stop sé ar feadh bomaite nuair a chonaic sé Bruno ina sheasamh ansin ag amharc air. D’amharc sé ar an ghasúr ó mhullach go sáil a rá is de nach bhfaca sé gasúr óg riamh roimhe sin gan é róchinnte de cad é ba chóir dó a dhéanamh le duine acu: é a ithe, neamhaird a dhéanamh air nó é a chiceáil síos staighre. Ina áit sin, bheannaigh sé do Bruno le croitheadh gasta dá chinn agus lean sé ar aghaidh ar a bhealach.

‘Cé a bhí ann sin?’ a d’fhiafraigh Bruno. Bhí cuma chomh dáiríre agus chomh gnóthach sin ar an fhear óg go ndearna sé talamh slán de gur duine an-tábhachtach a bhí ann.

‘Duine de chuid saighdiúirí d’athar, is dócha,’ arsa Maria, a sheas go hiontach díreach agus a chuir a lámha amach roimpi mar a dhéanfadh duine a bheadh ag guí nuair a tháinig an fear óg i láthair. Bhí sí ag stánadh síos ar an urlár in áit a bheith ag amharc ar a aghaidh, a rá is de go raibh eagla uirthi go dtiontódh sí ina cloch dá n-amharcfadh sí go díreach air; ní bhfuair sí faoiseamh go dtí gur imigh sé. ‘Cuirfimid aithne orthu le himeacht aimsire,’

‘Ní dóigh liom go bhfuil dúil agam ann,’ arsa Bruno. ‘Bhí sé ródháiríre.’

‘Tá d’athair iontach dáiríre fosta,’ arsa Maria.

‘Tá sé, ach is é Athair é,’ a mhínigh Bruno.

‘Tá aithreacha in ainm is a bheith dáiríre. Is cuma cé acu atá siad ina ngrósaeirí, ina múinteoirí, ina gcócairí nó ina gceannfoirt,’ ar seisean, ag déanamh liosta de na poist uilig a rinne aithreacha maithe measúla, dar leis, agus ar smaoinigh sé ar a dteidil míle uair. ‘Agus ní dóigh liom go raibh an chuma ar an fhear sin gur athair é. Cé go raibh sé iontach dáiríre, tá an méid sin soiléir.’

‘Bhuel, tá poist iontach dáiríre acu,’ arsa Maria agus í ag ligean osna. ‘Nó is é sin an bharúil atá acu féin ar scor ar bith. Ach dá mbeinn i d’áit sheachnóinn na saighdiúirí.’

‘Ní fheicim an dara rogha ach an méid sin a dhéanamh,’ arsa Bruno go brónach. ‘Ní dóigh liom fiú go mbeidh duine ar bith ann le bheith ag imirt cluichí leis seachas Gretel, ach cad é an chraic atá léi i ndeireadh na dála? Is Duine Gan Dóchas ise.’

Mhóthaigh sé go raibh sé ar tí caoineadh arís ach choinnigh sé cluain ar na deora, gan é ag iarraidh cuma leanbaí a chur air féin os comhair Maria. D’amharc sé thart an seomra gan é ag ardú a shúl go huile is go hiomlan ón urlár, ag iarraidh a fháil amach an raibh rud ar bith a gcuirfeadh sé suim ann. Ní raibh. Nó ní raibh an chuma air go raibh. Ach ansin tharraing rud éigin a shúil. Thall i gcoirnéal an tseomra os comhair an dorais bhí fuinneog bheag le feiceáil sa tsíleáil a tháinig anuas isteach sa bhalla, beagán cosúil leis an cheann a bhí ar an urlár ag barr an tí i mBeirlín, ach gan é chomh hard céanna. D’amharc Bruno uirthi agus mheas sé go mb’fhéidir go mbeadh sé ábalta a bheith

ag amharc amach uirthi gan gá dó fiú seasamh ar a bharraicíní.

Shiúil sé go mall ionsuirthi, ag dúil go mbeadh sé ábalta an bealach ar fad siar go Beirlín agus a theach agus na sráideanna thart air, agus na táblaí a mbíodh daoine ina suí acu ag ól deochanna cúracha ag insint scéalta greannmhara dá chéile, a fheiceáil. Shiúil sé go mall de bhrí nach raibh sé ag iarraidh go mbeadh díomá air. Ní raibh ann ach seomra do ghasúr beag agus ní raibh ach fad áirithe le siúl aige sular bhain sé an fhuinneog amach. Chuir sé a aghaidh i gcoinne an ghloine agus chonaic an méid a bhí amuigh ansin, agus an iarraidh seo nuair a bhí a shúile ar leathadh agus nuair a tháinig cruth O ar a bhéal, d'fhan a lámha ag a chliatháin mar gur mhothaigh sé fuar agus i mbaol de dheasca rud éigin.

Caibidil a Trí

An Duine Gan Dóchas

Bhí Bruno cinnte de go mbeadh sé i bhfad ní ba chiallmhaire dá mba rud é go bhfágfadh siad Gretel ina ndiaidh i mBeirlín le haire a thabhairt don teach de bhrí nach raibh inti ach crá croí. Déanta na fírinne, is minic a chuala sé daoine ag cur síos uirthi agus iad ag rá nach raibh inti ach Crá Croí Ón Chéad Lá.

Bhí Gretel trí bliana ní ba shine ná Bruno agus chuir sí ar a shúile dó é chomh fada siar agus ba chuimhin leis é nuair a bhí cúrsaí an tsaoil á bplé, go háirithe cúrsaí a bhain leis an bheirt acu, gurbh í féin a bhí i mbun rudaí. Níor mhaith le Bruno a admháil go raibh giota beag eagla air roimpi, ach dá mbeadh sé ionraic leis féin – rud a rinne sé a dhícheall a dhéanamh i gcónaí – d’admhódh sé go raibh.

Bhí roinnt drochnósanna aici, rud a mbeifeá ag dúil leis ó dheirfiúracha. Chaith sí i bhfad barraíocht ama sa seomra folctha ar maidin mar thús, agus ba chuma léi dá mba rud é go mbeadh Bruno ina sheasamh taobh amuigh ag léim ó chos amháin go cos eile agus leatra

air.

Bhí bailiúchán mór bábóg aici a bhí ina suí ar sheilfeanna ar bhallaí a seomra a bhíodh ag stánadh ar Bruno nuair a théadh sé isteach ann agus a leanadh thart an seomra é, ag breathnú ar rud ar bith dá ndéanadh sé. Bhí sé cinnte de dá rachadh sé a chuardach ina seomra agus í ar shiúl ón teach, go dtabharfadh siad tuairisc di ar gach rud dá ndéanfadh sé. Bhí roinnt cairde míthaitneamhacha aici fosta, a raibh an chosúlacht orthu gur shíl siad go raibh sé ceart go leor a bheith ag magadh faoi, rud nach ndéanfadh sé choíche dá mba rud é go mbeadh sé féin trí bliana ní ba shine ná ise. Bhí an chuma ar an scéal gurbh é an rud ba mhó a thaitníodh leis na cairde míthaitneamhacha uilig a bhí ag Gretel cur isteach airsean agus rudaí gránna a rá leis nuair nach mbíodh Máthair ná Maria le feiceáil in áit ar bith.

‘Níl Bruno naoi mbliana, níl sé ach sé bliana,’ a deireadh ollphéist ar leith arís agus arís eile de ghlór ceolmhar, agus í ag damhsa thart air agus ag tabhairt sonc dó sna heasnacha.

‘Níl mé sé bliana, tá mé naoi mbliana,’ a deireadh sé ag cur ina coinne, agus é ag iarraidh éalú uaithi.

‘Más amhlaidh atá, cén fáth a bhfuil tú chomh beag sin?’ a d’fhiafraigh an ollphéist. ‘Tá na daoine eile uilig atá naoi mbliana níos mó ná tusa.’

Bhí an méid sin fíor, agus ba é sin an a rud ghoill air. Bhíodh díomá air i gcónaí nach raibh sé chomh hard céanna leis na gasúir eile ina rang. Déanta na

fírinne, níor tháinig sé aníos ach chuig na guailí acu. Nuair a bhíodh sé ag siúl na sráideanna le Karl, Daniel agus Martin, bhainfeadh daoine an chiall chontráilte as ag déanamh gurbh é a ndeartháir óg é, agus é ar an dara duine ba shine, leis an fhírinne a dhéanamh.

‘Caithfidh sé nach bhfuil tú ach sé bliana,’ arsa an ollphéist, ag dearbhú gurbh amhlaidh a bhí sé, agus d’imíodh Bruno leis agus dhéanadh sé a chuid aclaíochta agus shíneadh sé é féin amach agus dóchas aige go músclódh sé ar maidin agus é troigh nó dhó ní b’airde.

Mar sin de bhí fáth maith amháin ann nach raibh sé i mBeirlín níos mó agus ba é sin an fáth nach mbeadh duine ar bith acu ann le cur isteach air. B’fhéidir dá mbeadh air fanacht ag an teach nua go ceann tamaill, fiú chomh fada le mí, go bhfásfadh sé faoin am a bhfillfeadh siad abhaile agus ansin ní bheadh siad ábalta a bheith cruálach leis níos mó. Thiocfadh leis a mhachnamh a dhéanamh air ar scor ar bith dá mba rud é go raibh sé ag iarraidh an rud a d’iarr Máthair air a dhéanamh – is é sin an chuid is fearr a chur ar dhrochmhargadh.

Rith sé isteach i seomra Gretel gan cnagadh ar an doras agus tháinig sé uirthi agus í ag cur a bailiúchán bábóg in airde ar sheilfeanna éagsúla ar bhallaí an tseomra.

‘Cad é atá tusa a dhéanamh istigh anseo?’ a bhéic sí agus í á casadh féin thart. ‘Nach bhfuil a fhios agat nach dtéann tú isteach i seomra mná uaisle gan cnagadh

ar an doras?’

‘Ar thug tú do chuid bábóg uilig leat?’ a d’fhiafraigh Bruno, a raibh sé de nós aige anois neamhaird a thabhairt ar an chuid is mó de cheisteanna a dheirféar agus roinnt ceisteanna dá chuid féin a chur uirthi ina n-áit.

‘Thug, cinnte,’ a d’fhreagair sí. ‘Níl tú ag déanamh go bhfágfainn sa bhaile iad? Ar ndóigh, thiocthadh dó tarlú go rachadh na seachtainí thart sula mbeimis ar ais sa bhaile.’

‘Seachtainí?’ arsa Bruno, ag cur cuma dhíomách air féin ach áthas air ina chroí istigh de bhrí gur chuir sé a thoil le mí a chaitheamh ann. ‘An síleann tú sin i ndáiríre?’

‘Bhuel, chuir mé ceist ar Athair agus dúirt sé go mbeimis anseo go ceann tamaill mheasartha.’

‘Cad é is ciall leis sin go díreach, go ceann tamaill mheasartha?’ a d’fhiafraigh Bruno, agus é ina shuí ar cholbha a leapa.

‘Ciallaíonn sé seachtainí ón lá inniu,’ arsa Gretel agus í ag claonadh a cinn go cliste. ‘B’fhéidir chomh fada le trí cinn.’

‘Tá sé sin ceart go leor mar sin,’ arsa Bruno. ‘Ionas nach bhfuil ann ach go ceann tamaill mheasartha agus ní go ceann míosa. Tá fuath agam ar an áit seo.’

D’amharc Gretel ar a deartháir óg agus mhothaigh sí go raibh sí ag aontú leis an iarraidh seo. ‘Tuigim an rud atá tú a rá,’ ar sise. ‘Níl sí ródheas, an bhfuil?’

‘Tá sí millteanach,’ arsa Bruno.

‘Bhuel, tá,’ arsa Gretel, ag glacadh leis sin. ‘Tá sí millteanach faoi láthair. Ach an uair amháin a bheas slacht ar an teach is dócha nach mbeidh cuma chomh holc céanna ar rudaí. Chuala mé Athair ag rá gur chaill cibé duine a bhí ina chónaí anseo romhainn in Amach-Libh a phost go hiontach gasta agus nach raibh an t-am aige slacht a chur ar an teach dúinne.’

‘Amach-Leat?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Cad é is Amach Leat ann?’

‘Ní Amach Leat atá ann, a Bruno,’ arsa Gretel agus í ag ligean osna. ‘Amach-Libh atá ann go díreach.’

‘Bhuel, cad é is Amach-Libh ann mar sin?’ ar seisean arís. ‘Amach le cén duine?’

‘Is é sin ainm an tí,’ a mhínigh Gretel. ‘Amach-Libh.’

Rinne Bruno a mhachnamh air seo. Ní fhaca sé comhartha ar bith ar an taobh amuigh ag rá gurbh é sin an t-ainm a bhí air, nó ní fhaca sé scríbhneoireacht ar bith ar an doras tosaigh. Níor tugadh fiú ainm ar a theach féin thiar i mBeirlín; níor tugadh ach uimhir a ceathair air.

‘Ach cad é is ciall leis sin?’ a d’fhiafraigh sé agus é á chur thar bharr a chéille. ‘Amach le cén duine?’

‘Amach leis na daoine a bhí ina gcónaí san áit seo romhainn, tá mé ag déanamh,’ arsa Gretel. ‘Caithfidh sé go mbaineann sé leis an scéal nach ndearna sé jab rómhaith agus go ndúirt duine éigin leis imeacht agus a theaghlach a thabhairt leis agus fear eile a fháil atá ábalta an jab a dhéanamh mar is ceart.’

‘Athair, atá tú ag iarraidh a rá,’

‘Ar ndóigh,’ arsa Gretel, a labhraíodh ar Athair i gcónaí amhail is nach dtiocfadh leis rud ar bith mícheart a dhéanamh agus nár éirigh feargach riamh agus mar dhuine a thagadh isteach chuici i gcónaí le póg a thabhairt di sula dtéadh sí a chodladh, rud a d’admhódh Bruno a rinne Athair leis féin i gcead dó fosta mura mbeadh sé go díreach brónach faoi dhul a chónaí in áit eile.

‘Mar sin de táimidne anseo in Amach-Libh de bhrí go ndúirt duine éigin leis na daoine a bhí anseo romhainn ‘amach libh.’

‘Sin é go díreach, a Bruno,’ arsa Gretel. ‘Anois éirigh ó mo chuilt leapa. Tá tú ag déanamh praiseach di.’

Léim Bruno den leaba agus tháinig sé anuas de phlab ar an bhrat urláir. Níor thaitin an trup a rinne sé leis. Bhí trup toll ann agus shocraigh sé gan mórán moille gurbh fhearr dó gan a bheith ag léim thart sa teach go rómhinic ar eagla go mbeadh seans ann go dtitfeadh sé anuas orthu.

‘Níl dúil agam san áit seo,’ ar seisean den chéadú huair.

‘Tá a fhios agam nach bhfuil,’ arsa Gretel. ‘Ach níl neart againn air, an bhfuil?’

‘Cronaím Karl agus Daniel agus Martin,’ arsa Bruno.

‘Agus cronaím Hilda agus Isobel agus Louise,’ arsa Gretel, agus rinne Bruno iarracht cuimhneamh cé acu

den triúr girseach sin a bhí ina hollphéist.

‘Ní dóigh liom go bhfuil cuma chairdiúil ar na páistí eile ar chor ar bith,’ arsa Bruno, agus stop Gretel láithreach de bheith ag cur ceann dá cuid bábóg a bhí ní b’fhíochmhaire ná na cinn eile ar sheilf agus chas thart gur stán sí air.

‘Cad é a dúirt tú ansin?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Dúirt mé nach bhfuil cuma chairdiúil ar na páistí eile ar chor ar bith,’ ar seisean arís.

‘Na páistí eile?’ arsa Gretel, agus an chuma uirthi go raibh sí trína chéile. ‘Cé na páistí eile? Ní fhaca mise páistí ar bith eile.’

Bhreachnaigh Bruno thart an seomra. Bhí fuinneog ann seo ach bhí seomra Gretel ar an taobh eile den halla, os comhair a chinn féin, agus mar sin de d’amharc sé amach i dtreo iomlán difriúil. Gan é ag iarraidh a bheith róshoiléir, shiúil sé ar nós cuma liom ina treo. Chuir sé a lámha i bpócaí a bhríste ghairid agus rinne iarracht a bheith ag portfheadaíl gan é ag amharc ar a dheirfiúr ar chor ar bith.

‘A Bruno?’ a d’fhiafraigh Gretel. ‘Cad é faoi Dhia atá tú a dhéanamh? An bhfuil tú ar strae sa chloigeann?’

Lean sé air ag spaisteoireacht agus ag portfheadaíl gan é ag amharc ar a dheirfiúr go dtí gur bhain sé an fhuinneog amach, a bhí íseal go leor, ar ámharaí an tsoil, go mbeadh sé ábalta amharc amach uirthi. D’amharc sé amach uirthi agus chonaic an carr ar thaistil siad ann chun na háite, agus trí nó ceithre cinn eile ar leis na saighdiúirí iad a bhí ag obair d’Athair,

cuid acu a bhí ina seasamh thart ag caitheamh toitíní agus ag gáire faoi rud éigin agus iad ag amharc suas go neirbhíseach ar an teach. Thairis sin bhí an cabhsa ann agus ní b'fhaide ná sin arís bhí foraois ann agus an chuma uirthi go raibh sí réidh faoi choinne eachtraíochta.

‘A Bruno, an míneoidh tú dom, le do thoil, cad é an chiall a bhí agat leis an rud deireanach a dúirt tú?’ a d’fhiafraigh Gretel.

‘Tá foraois thall ansin,’ arsa Bruno, ag tabhairt neamhairde uirthi.

‘A Bruno!’ arsa Gretel go giorraisc agus í ag déanamh air chomh gasta sin gur léim sé siar ón fhuinneog agus chuir a dhroim i gcoinne an bhalla.

‘Cad é?’ a d’fhiafraigh sé, ag ligean air nach raibh a fhios aige cad é air a raibh sí ag caint.

‘Na páistí eile,’ arsa Gretel. ‘Dúirt tú nach bhfuil cuma chairdiúil orthu ar chor ar bith.’

‘Bhuel, níl,’ arsa Bruno, gan é ag iarraidh breith a thabhairt orthu sular chas sé orthu agus fios aige nach ionann i gcónaí an cófra agus a lucht, rud a d’inis Máthair dó arís agus arís eile.

‘Ach *cé* na páistí eile?’ a d’fhiafraigh Gretel. ‘Cá bhfuil siad?’

Rinne Bruno aoibh an gháire agus shiúil i dtreo an dorais, ag tabhairt le fios gur chóir do Gretel é a leanúint. Lig sí osna throm agus í a leanúint, ag stopadh leis an bhábóg a chur ar an leaba agus ansin tháinig athrú intinne uirthi agus thóg sí í gur fháisc lena

hucht í agus í ag dul isteach i seomra a dearthár, agus is beag nár leag Maria í nuair a tháinig sí amach as de choischéim ghasta agus greim aici ar rud éigin a raibh an chuma air gur luchóg mharbh a bhí ann.

‘Tá siad amuigh ansin,’ arsa Bruno, a bhí i ndiaidh siúl anonn chuig a fhuinneog féin agus a bhí ag amharc amach uirthi. Níor thiontaigh sé thart le bheith cinnte de go raibh Gretel sa seomra; bhí sé róghnóthach ag amharc ar na páistí. Ar feadh cúpla bomaite rinne sé dearmad go raibh sí ann fiú.

Bhí Gretel cúpla troigh ar shiúl go fóill agus í ar a dícheall ag iarraidh amharc amach í féin, ach mhothaigh sí neirbhíseach go tobann mar gheall ar an dóigh a ndúirt sé é agus mar gheall ar an dóigh a raibh sé ag amharc amach. Ní raibh Bruno riamh ábalta bob a bhualadh uirthi faoi rud ar bith agus bhí sí beagnach cinnte de nach raibh sé ag bualadh bob uirthi an iarraidh seo, ach bhí rud éigin ann faoin dóigh ar sheas sé ansin a thug uirthi smaoineamh go mb’fhéidir nach raibh sí ag iarraidh na páistí seo a fheiceáil ar chor ar bith. Shlog sí a craos go neirbhíseach agus dúirt paidir chiúin go mbeadh siad go cinnte ag filleadh ar Bheirlín i gceann tamaill mheasartha agus ní i gceann míosa mar a mhaígh Bruno.

‘Bhuel?’ ar seisean, ag casadh thart anois agus ag amharc ar a dheirfiúr a bhí ina seasamh ag an ursain, greim aici ar an bhábóg, rubaill órga a gruaige ar fad cothrom ar gach gualainn, réidh le tarraingt orthu. ‘Nach bhfuil tú ag iarraidh iad a fheiceáil?’

‘Tá, cinnte,’ a d’fhreagair sí agus shiúil sí go neamhchinnte ionsair. ‘Gabh amach as an chasán mar sin,’ ar sise á chur ar leataobh lena huillinn.

Bhí sé geal grianmhar an chéad tráthnóna sin in Amach-Libh agus tháinig an ghrian ar ais ó chúl néil agus Gretel ag amharc amach ar an fhuinneog, ach i ndiaidh tamaill socraíodh a súile agus d’imigh an ghrian arís ach chonaic sí lena súile cinn an rud a raibh Bruno ag caint air.

Caibidil a Ceathair

An Méid A Chonaic Siad Amach Ar An Fhuinneog

Sa chéad dul síos, ní páistí a bhí iontu ar chor ar bith. Ní iontu uilig, cibé ar bith. Bhí gasúir bheaga agus gasúir mhóra, aithreacha agus seanaitheacha ann. B'fhéidir roinnt uncailí fosta. Agus cuid de na daoine sin a chónaíonn leo féin ar bhóthar gach duine agus an chuma orthu nach bhfuil gaol ar bith acu. Gach cineál duine a bhí ann.

‘Cé hiad?’ a d’fhiafraigh Gretel, a béal ar leathadh le hiontas mar a bhíonn béal a dearthár go minic na laethanta seo. ‘Cén sort áite í seo?’

‘Níl mé cinnte’, arsa Bruno, ag cloí leis an fhírinne chomh congárach agus a thiocthadh leis. ‘Ach níl sí chomh deas leis an bhaile, tá a fhios agam an méid sin.’

‘Agus cá háit a bhfuil na girseacha uilig?’ a d’fhiafraigh sí. ‘Agus na máithreacha? Agus na seanmháithreacha?’

‘B’fhéidir go gcónaíonn siad i gceantar eile,’ a mhaígh Bruno.

D'aontaigh Gretel leis. Ní raibh sí ag iarraidh coinneáil ag stánadh ach bhí sé an-doiligh di a súile a iompú uathu. Go dtí seo, ní fhaca sí ach an fhoraois os comhair a fuinneoige féin, a raibh cuma dhorcha uirthi ach a bhí ina háit mhaith do phicnicí dá mbeadh talamh réidh ar bith ann níos faide anonn. Ach ón taobh seo den teach bhí an radharc thar a bheith difriúil.

Thosaigh sé amach maith go leor. Bhí gairdín ar an taobh amuigh go díreach faoi fhuinneog Bruno. Ceann measartha mór a bhí ann fosta, agus é lán bláthanna a bhí ag fás i gcodanna néata slachtmhara i gcré a raibh an chuma uirthi gur thug duine togha na haire di a thuig gur rud maith é bláthanna a fhás in áit mar seo, cosúil le coinneal bheag a lasadh i gcoirnéal caisleáin mhóir ar chaorán ceobhránach oíche dhorcha gheimhridh.

Níos faide ar aghaidh ó na bláthanna bhí cosán deas ann a raibh binse adhmaid air, áit a dtiocfadh le Gretel í féin a shamhlú ina suí faoin ghrian ag léamh leabhair. Bhí plaic greamaithe de bharr an bhinse ach ní thiocfadh léi an scríbhinn a léamh ón áit a raibh sí. Bhí an suíochán iompaithe thart sa dóigh go raibh sé os comhair an tí – a bheadh ina rud aisteach le déanamh de ghnáth ach thuig sí an fáth an iarraidh seo.

Thart faoi fhiche troigh níos faide anonn ón ghairdín, ó na bláthanna agus ón bhinse a raibh an phlaic air, d'athraigh gach rud. Bhí fál sreinge ollmhór ann a rith fad an tí agus a thiontaigh isteach ag an bharr, á síneadh ní b'fhaide ar aghaidh i ngach treo, ní b'fhaide ná a thiocfadh léi a fheiceáil. Bhí an fál iontach ard,

ní b'airde fiú ná an teach a raibh siad ina seasamh ann, agus bhí cuaillí móra adhmaid, mar a bheadh cuaillí teileagraif ann, ina seasamh mar a bheadh líne poncanna ann á choinneáil in airde.

Ag barr an fháil bhí cornáin ollmhóra sreinge deilgní ann a bhí ceangailte suas ar nós bíseanna, agus mhothaigh Gretel pian inti féin nach raibh sí ag dúil léi agus í ag amharc ar na spící móra a bhí ag gobadh amach an bealach ar fad thart.

Ní raibh féar ar bith ann i ndiaidh an fháil; leis an fhírinne a dhéanamh ní raibh dath glas ar bith le feiceáil i gcéin. Ina ionad sin, bhí an talamh déanta as ábhar a raibh cuma an ghainimh air, agus chomh fada agus a thiocfadh léi a dhéanamh amach ní raibh ann ach bothóga ísle agus foirgnimh mhóra chearnógacha breactha thart an áit agus simléar nó dhó le feiceáil i gcéin. D'oscail sí a béal le rud éigin a rá, ach nuair a rinne sí sin thuig sí nach dtiocfadh léi focail ar bith a aimsiú leis an iontas a bhí uirthi a chur in iúl, agus mar sin de rinne sí an t-aon rud amháin ciallmhar a thiocfadh léi a dhéanamh agus dhruid sí arís é.

‘An bhfeiceann tú sin?’ arsa Bruno ó choirnéal an tseomra, agus é sona sásta leis féin de bhrí gurbh eisean an chéad duine a chonaic cibé rud nó cibé duine a bhí amuigh ansin agus de bhrí go dtiocfadh leis iad a fheiceáil am ar bith ar mhian leis de bhrí go raibh siad taobh amuigh d’fhuinneog a sheomra leapa féin agus ní taobh amuigh dá ceannsa, agus mar sin de ba leisean iad agus ba é an rí é ar gach rud ar bhreathnaigh siad

air agus ba ise a ghéillsineach íseal.

‘Ní thuigim,’ arsa Gretel. ‘Cé a thógfadh a leithéid d’áit ghránna?’

‘Is gránna an áit í, nach gránna?’ Arsa Bruno ag aontú léi. ‘Sílim nach bhfuil ach urlár amháin sna bothóga sin fosta. Amharc cé chomh híseal agus atá siad.’

‘Caithfidh sé gur tithe nua-aimseartha de chineál éigin iad,’ arsa Gretel. ‘Tá fuath ag Athair ar rudaí nua-aimseartha.’

‘Ní bheidh mórán dúile aige iontu mar sin,’ arsa Bruno.

‘Ní bheidh,’ a d’fhreagair Gretel. Sheas sí gan corraí aisti ar feadh tamaill fhada ag stánadh orthu. Bhí sí dhá bhliain déag d’aois agus measadh go raibh sí ar na girseacha ba chliste ina rang, mar sin de bhrúigh sí a liopaí le chéile agus leathdhruid a súile agus chuir brú ar a hinchinn ciall a dhéanamh den rud a raibh sí ag amharc air. Sa deireadh ní thiocfadh léi ach míniú amháin a thabhairt air.

‘Caithfidh sé gurb é seo nós na tuaithe,’ arsa Gretel, á casadh féin thart le hamharc ar a deartháir go caithréimeach.

‘Nós na tuaithe?’

‘Sea, is é sin an t-aon mhíniú amháin atá air, nach bhfeiceann tú? Nuair a bhímid sa bhaile, i mBeirlín, bímid sa chathair. Is é sin an fáth a bhfuil an oiread sin daoine agus tithe ann agus is é sin an fáth a bhfuil na scoileanna lán agus nach dtig leat do bhealach a

dhéanamh tríd go lár an bhaile tráthnóna Sathairn gan daoine do do ruaigeadh ó thor go tom.’

‘Sea...’ arsa Bruno, ag sméideadh a chinn, ag iarraidh coinneáil suas léi.

‘Ach d’fhoghlaim muid sa rang tíreolaíochta go bhfuil achair mhóra mar seo faoin tuath áit a mbíonn na feirmeoirí agus na hainmhithe uilig agus an áit a bhfásann siad an bia uilig agus an áit a mbíonn na daoine ina gcónaí agus ag obair agus gurb iadsan a chuireann an bia uilig chugainne le muid a chothú.’ D’amharc sí amach ar an fhuinneog arís ar an cheantar mhór spréite amach roimpi agus ar an fhad a bhí ann idir na bothóga uilig. ‘Caithfidh sé gurb é sin é. Is í an tuath í. Is féidir gurb é seo ár dteach saoire,’ ar sise fosta go dóchasach.

Smaoinigh Bruno air agus chlaon a cheann. ‘Ní dóigh liom é,’ ar seisean go láidir.

‘Tá tusa *naoi* mbliana,’ arsa Gretel ag cur ina aghaidh. ‘Cad é mar a bheadh a fhios agat? Nuair a bheas tú ar an aois s’agamsa is fearr a thuigfidh tú na cúrsaí seo.’

‘Is féidir gurb é sin an cás,’ arsa Bruno, agus fios aige go raibh sé ní b’óige ná í ach nár aontaigh léi gurbh ionann sin is a rá go raibh seans ní ba lú ann go mbeadh an ceart aige, ‘ach más í seo an tuath mar a deir tú féin é, ansin cá bhfuil na hainmhithe uilig a bhfuil tú ag caint orthu?’

D’oscail Gretel a béal le freagra a thabhairt air ach ní thiocfadh léi smaoineamh ar fhreagra fóirsteanach,

mar sin de d’amharc sí amach ar an fhuinneog arís in ionad freagra a thabhairt air agus bhreathnaigh thart ar a lorg, ach ní raibh siad le feiceáil in ait ar bith.

‘Ba chóir go mbeadh ba, muca agus caoirigh agus capaill ann,’ arsa Bruno. ‘Dá mba rud é gur feirm a bhí ann, tá mé ag iarraidh a rá. Gan labhairt ar shicíní agus lachain.’

‘Agus níl cuid ar bith ann,’ a d’admhaigh Gretel go ciúin.

‘Agus dá bhfásfadh siad bia anseo mar a mhaígh tú,’ arsa Bruno ag leanúint ar aghaidh, agus é an-sásta leis féin, ‘sílím gur chóir go mbeadh cuma ní b’fhearr ar an talamh ná sin, nach síleann tú féin? Ní dóigh liom go dtiocfadh leat rud ar bith a fhás sa chlábar sin.’

D’amharc Gretel air arís agus sméid a ceann de bhrí nach raibh sí chomh bómánta sin go ndearbhódh sí go raibh an ceart aici an t-am ar fad nuair a bhí sé soiléir gur sheas an argóint ina coinne.

‘Is féidir nach feirm í ansin,’ ar sise.

‘Ní hea,’ arsa Bruno ag aontú léi.

‘Rud a chiallaíonn gur féidir nach í seo an tuath,’ ar sise ag leanúint uirthi.

‘Ní hea, ní dóigh liom gurb í,’ a d’fhreagair sé.

‘Rud a chiallaíonn fosta gur féidir nach é seo ár dteach saoire ar chor ar bith,’ ar sise mar fhocal scoir. ‘Ní dóigh liom gurb é,’ arsa Bruno.

Shuigh sé ar an leaba agus ar feadh bomaite ba mhian leis go súifeadh Gretel in aice leis agus go gcuirfeadh sí a lámh thart air agus go n-inseodh sí dó go mbeadh

gach rud ceart go leor agus go gcuirfeadh siad dúil san áit luath nó mall agus nár mhaith leo choíche filleadh ar Bheirlín. Ach bhí sí ag amharc amach ar an fhuinneog go fóill agus an iarraidh seo ní raibh sí ag amharc ar na bláthanna ná ar an chosán ná ar an bhinse ná ar an phlaic a bhí air ná ar an fhál ard ná ar na cuaillí arda teileagraif adhmaid ná ar na bíseanna sreinge deilgní ná ar an talamh cruá amach rompu ná ar na bothóga ná ar na foirgnimh beaga ná ar na simléir toite; ina áit sin uilig bhí sí ag amharc ar na daoine.

‘Cé hiad na daoine seo uilig?’ a d’fhiafraigh sí de ghlór ciúin, a rá is de nach raibh sí ag fiafraí de Bruno ar chor ar bith, ach go raibh sí ag iarraidh freagra ó dhuine éigin eile. ‘Agus cad é atá siad uilig a dhéanamh anseo?’

Sheas Bruno, agus den chéad uair, sheas siad ansin le chéile, gualainn ar ghualainn, agus iad ag stánadh ar a raibh ag tarlú níos lú ná caoga troigh óna dteach nua féin.

Thiocfadh leo daoine a fheiceáil i ngach treo, daoine arda, daoine beaga, daoine aosta, daoine óga, agus iad uilig ag bogadh thart. Sheas cuid acu i ngrúpaí gan corraí astu, a lámha ag a gliatháin, ag déanamh iarrachta a gcloigeann a choinneáil in airde, agus saighdiúir ag máirseáil os a gcomhair, a bhéal á oscailt agus á dhruidim go gasta mar a bheadh sé ag scairteadh orthu. Bhí cuid acu curtha le chéile mar a bheadh slabhra ann agus iad ag brú barra rotha ó thaobh amháin an champa go taobh eile; ag teacht as

áit a bhí as radharc agus ag tabhairt a mbarra rotha ní b'fhaide ar aghaidh ar chúl bothóige, mar ar imigh siad as radharc arís. Sheas roinnt acu i ngrúpaí ciúine in aice leis na bothóga, ag stánadh ar an talamh amhail is gur cluiche a bhí ann gan iad ag iarraidh duine ar bith iad a fheiceáil. Bhí cuid eile ag siúl le taca croisíní agus is iomaí duine a raibh bindealán thart ar a chloigeann aige. D'iompair cuid acu sluaistí agus bhí siad ag leanúint grúpaí saighdiúirí chuig áit nach bhféadfaí iad a fheiceáil ní ba mhó.

Thiocfadh le Bruno agus Gretel na céadta duine a fheiceáil, ach bhí an oiread sin bothóg os a gcomhair, agus bhí an campa spréite amach chomh fada sin nach dtiocfadh leo é uilig a fheiceáil ar chor ar bith, agus bhí an chuma air go gcaithfidh sé go raibh ná mílte amuigh ann.

‘Agus iad uilig ina gcónaí chomh cóngarach sin dúinn,’ arsa Gretel, agus grainc uirthi. ‘I mBeirlín, ar ár sráid dheas chiúin, ní raibh ach sé theach ann. Agus anois tá an oiread sin acu ann. Cad chuige a nglacfadh Athair le post nua in áit chomh gránna leis an áit seo agus leis an oiread sin comharsana? Níl ciall ar bith leis.’

‘Amharc thall ansin,’ arsa Bruno, agus lean Gretel an treo a raibh a mhéar ag dul agus chonaic sí grúpa páistí teannta le chéile go dlúth ag teacht amach as bothóg i gcéin agus grúpa saighdiúirí ag béicíl orthu. Dá mhéad a bhéic siad orthu is amhlaidh is mó a theann siad le chéile, ach ansin thug duine de na saighdiúirí áladh

orthu agus scar siad óna chéile agus bhí an chuma ar an scéal go ndearna siad an rud a bhí sé ag iarraidh orthu a dhéanamh ó thús, is é sin seasamh i líne dhíreach. Nuair a rinne siad amhlaidh, thosaigh na saighdiúirí uilig a gháirí agus a bhualadh bos.

‘Caithfidh sé gur cleachtadh de chineál éigin atá ann,’ a mhaígh Gretel, gan í ag tabhairt airde ar an fhírinne lom go raibh an chuma ar chuid de na páistí, fiú ar chuid de na páistí is sine, fiú ar na daoine a bhí chomh fásta suas léi féin, go raibh an chuma orthu go raibh siad ag caoineadh.

‘Dúirt mé leat go raibh páistí ann,’ arsa Bruno.

‘Ní na cineálacha páistí ar mhaith liom a bheith ag imirt cluichí leo’, arsa Gretel de ghlór daingean. ‘Tá cuma cháidheach orthu. Glacann Hilda agus Isobel agus Louise folcadh gach maidin agus glacaim féin ceann fosta. Tá an chuma ar na páistí sin nár ghlac siad folcadh riamh ina saol.’

‘Tá an chuma air go bhfuil sé an-salach thall ansin,’ arsa Bruno. ‘Ach is féidir nach bhfuil folcadán ar bith acu?’

‘Ná bí i d’amadán,’ arsa Gretel, cé gur dúradh léi arís agus arís eile nach raibh cead aici amadán a thabhairt ar a deartháir. ‘Cén sórt daoine iad nach bhfuil folcadán acu?’

‘Níl a fhios agam,’ arsa Bruno. ‘Na daoine siúd nach bhfuil uisce te acu?’

D’amharc Gretel orthu ar feadh cúpla bomaite eile sular tháinig crith uirthi agus thiontaigh sí thart. ‘Tá

mé ag dul ar ais chuig mo sheomra le mo chuid bábóg a shocrú,’ ar sise. ‘Tá an radharc i bhfad níos deise uaidh sin.’

Shiúil sí léi i ndiaidh di an méid sin a rá, ag filleadh ar an áit ar an taobh eile den halla agus ar a seomra leapa féin agus ag druidim an dorais ina diaidh, ach níor thosaigh sí a shocrú na mbábóg go fóill beag. Ina áit sin, shuigh sí ar an leaba agus rith cuid mhaith rudaí trína ceann.

Agus rith smaoinemh amháin eile trí cheann a dearthár agus é ag amharc ar na céadta duine i gcéin agus iad i mbun a ngnóthaí féin, agus is é sin go raibh an chuma orthu uilig – ar na gasúir bheaga, ar na gasúir mhóra, ar na haithreacha, ar na seanaithreacha, ar na huncaílí, ar na daoine a chónaigh leo féin ar bhóthar gach duine agus an chosúlacht orthu nach raibh gaol ar bith acu – bhí an chuma orthu uilig go raibh siad ag caitheamh na n-éadaí céanna: pitseámaí stríocacha agus bearad liath stríocach ar a gceann.

‘Nach aisteach an rud é?’ ar seisean faoina fhiaccla sular thiontaigh sé thart.

Caibidil a Cúig

Thar Teorainn An tAm Ar Fad Gan Eisceacht Ar Bith

Ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach ceist a chur ar Athair.

Níor fhág Athair Beirlín leo sa charr an mhaidin sin. Ina áit sin, d'fhág sé roinnt laethanta roimhe, an lá céanna agus a tháinig Bruno abhaile agus a tháinig ar Maria ag dul tríd a chuid earraí, fiú tríd na hearraí a bhí i bhfolach aige ar a chúl agus ar leis féin amháin iad agus nár bhain le duine ar bith eile. Chaith Máthair, Gretel, Maria, Cócaire, Lars agus Bruno na laethanta ina dhiaidh sin ag cur a gcuid earraí i mboscaí agus á gcur isteach i dtrucail mhór a thabharfadh chuig a dteach nua in Amach-Libh iad.

Ar an mhaidin dheireanach, nuair a bhí cuma fholamh ar an teach gan é ar dhóigh ar bith cosúil lena dteach féin ar chor ar bith, cuireadh na rudaí deireanacha dá raibh acu isteach i gcásanna agus stop carr oifigiúil a raibh bratacha dearga agus dubha ar a thosach ag an doras s'acu le iad a thabhairt ar shiúl.

Ba iad Máthair, Maria agus Bruno na daoine deireanacha a d'fhág an teach agus chreid Bruno nach raibh a fhios ag Máthair go raibh an cailín aimsire go fóill ina seasamh ansin, nó nuair a bhí siad ag amharc thart ar an halla folamh den uair dheireanach, áit ar chaith siad an oiread sin tréimhsí áthasacha, áit ar sheas an crann Nollag i Mí na Nollag, áit ar fágadh na scáthanna fliucha fearthainne i seastán i rith mhíonna an gheimhridh, áit a raibh Bruno in ainm is a bheith ag fágáil a bhuataisí lán clábair ina dhiaidh nuair a tháinig sé isteach ach nár fhág riamh, chroith Máthair a ceann agus dúirt rud éigin an-aisteach.

‘Níor chóir dúinn ligean don Fürher teacht chun dinnéir ar chor ar bith,’ ar sise. ‘Cuid daoine agus an uailmhian iontu dul chun cinn sa saol a dhéanamh.’

Go díreach i ndiaidh di sin a rá thiontaigh sí thart agus thiocthadh le Bruno a fheiceáil go raibh deora ina súile, ach baineadh preab aisti nuair a chonaic sí Maria ina seasamh ansin, ag amharc uirthi.

‘A Maria,’ ar sise i nglór a léirigh gur baineadh preab aisti. ‘Shíl mé go raibh tusa sa charr.’

‘Tá mé go díreach ag imeacht anois, a Mháistréas,’ arsa Maria.

‘Ní raibh mé ag maíomh,’ a thosaigh Máthair sular chroith sí a ceann gur thosaigh sí arís. ‘Ní raibh mé ag iarraidh a rá_’

‘Tá mé go díreach ag imeacht anois, a Mháistréas,’ arsa Maria arís, nach raibh an riail ar eolas aici gan cur isteach ar Mháthair de réir dealraimh, agus a chuaigh

coiscéim ar aghaidh amach ar an doras ar nós na gaoithe agus a rith go dtí an carr.

Chuir Máthair grainc uirthi féin ar dtús ach ansin chroith a guaillí, a rá is de nach raibh tábhacht ar bith ag baint leis níos mó.

‘Goitse, a Bruno,’ ar sise, ag tógáil a láimhe agus ag cur glais ar an doras ina ndiaidh. ‘Bímis dóchasach go díreach go mbeidh deis againn filleadh ar an áit seo lá éigin nuair a bheas sé seo uilig thart.’

Thug an carr a raibh na bratacha ar a thosach chuig an stáisiún traenach iad, mar a raibh dhá ráille ann a bhí scartha ag ardán leathan a shuigh eatarthu, agus sheas traein ar gach taobh de ag fanacht leis na paisinéirí dul ar bord. De bhrí go raibh an oiread sin saighdiúirí ag máirseáil timpeall ar an taobh eile, gan labhairt ar an bhothóg fhada ar leis an fhear comharthaíochta í a scar an dá ráille, ní raibh Bruno ábalta na sluaite a dhéanamh amach ach ar feadh cúpla bomaite sula ndeachaigh sé féin agus a theaghlach ar bord traenach a bhí an-chompordach gan mórán daoine uirthi agus neart suíochán folamh agus aeir úir inti nuair a bhí na fuinneoga thíos. Dá mba rud é go mbeadh na traenacha ag dul i dtreonna éagsúla, a smaoinigh sé, ní bheadh sé chomh haisteach sin, ach ní raibh siad; bhí an bheirt acu ag dul soir. Ar feadh bomaite, smaoinigh sé go rithfeadh sé trasna an ardáin le hinsint do na daoine faoi na suíocháin fholmha ina charráiste féin, ach shocraigh sé nach ndéanfadh sin de bhrí gur inis rud éigin dó mura gcuirfeadh sé fearg ar Mháthair, gur

dócha go gcuirfeadh sé fearg mhór ar Gretel, agus ba mheasa i bhfad é sin.

Ó bhain siad Amach-Libh agus a dteach nua amach, ní fhaca Bruno a athair. Smaoinigh sé gur dócha go raibh sé ina sheomra ní ba luaithe nuair a osclaíodh an doras de dhíoscán, ach tharla sé gurbh é sin an saighdiúir óg míchairdiúil a stán ar Bruno gan cairdeas ar bith ina shúile. Níor chuala sé glór búireach a Athar áit ar bith agus níor chuala sé trup trom a bhuataisí ar na cláir urláir thíos staighre. Ach is cinnte go raibh daoine ag teacht agus ag imeacht, agus é ag machnamh cad é a dhéanfadh sé ar a leas féin, chuala sé racán mór thíos staighre agus chuaigh sé chuig an halla agus d'amharc thar an bhalastar.

Thíos faoi chonaic sé an doras isteach in oifig Athar ar oscailt agus scaifte de chúigear fear taobh amuigh de ag gáire agus ag croitheadh láimhe lena chéile. Bhí Athair sa lár agus cuma an-shlachtmhar air ina éide úrsmúdáilte. Ba léir gur cuireadh laicir ar a chuid gruaige tibhe dorcha ar na mallaibh agus gur cíoradh í, agus nuair a bhí Bruno ag amharc síos air ón áit thuas bhí eagla air roimhe agus urraim aige dó ag an am céanna. Níor mhaith leis amharc ar na fir eile an oiread céanna. Is cinnte nach raibh siad chomh dathúil céanna le hAthair. Ní raibh a n-éidí chomh húrsmúdáilte céanna. Ní raibh a nglóir chomh búireach céanna ná a mbuataisí chomh snasta céanna. Bhí a mbairéid uilig faoina n-ascaill acu agus an chuma orthu go raibh siad in iomaíocht lena chéile le haird Athar a fháil. Ní raibh

Bruno ábalta ach cuid dá gcuid frásaí a thuiscint agus iad ag teacht aníos chuige.

‘rinne ... meancóga ón chéad uair a bhain sé an áit seo amach. Tháinig sé chuig an phointe nuair nach raibh an dara suí ag an Fürher ach...’ arsa duine acu.

‘...smacht!’ arsa duine eile acu. ‘Agus inniúlacht. Tá easpa inniúlachta againn ó thús na bliana ‘daichead a dó agus gan sin...’

‘... tá sé soiléir, tá sé soiléir an méid a deir na huimhreacha. Tá sé soiléir a Cheannfoirt...’ arsa an tríú duine.

‘... agus dá dtógaimis ceann eile,’ arsa an duine deireanach, ‘samhlaigh cad é a thiocfadh linn a dhéanamh ansin ... samhlaigh sin go díreach...!’

Chuir Athair a lámh san aer, agus thit na fir eile chun ciúnais láithreach mar gheall air sin. Bhí sé mar a bheadh stiúrthóir ar chóir ceathrar bearbóirí ann.

‘A fheara uaisle,’ ar seisean, agus bhí Bruno ábalta gach uile fhocal a dhéanamh amach an iarraidh seo cionn is nach raibh an dara duine beo a bhí chomh hábaltá céanna agus a bhí Athair ag déanamh cinnte de go gcluinfí a ghuth ó thaobh amháin go taobh eile an tseomra. ‘Is mór an meas atá agam ar bhur mbarúlacha agus ar bhur spreagadh. Agus an rud atá thart bíodh sé thart. Anseo tá tús úr againn, ach tosóimis amárach. Faoi láthair, tá sé chomh maith agam cuidiú le mo theaghlach socrú isteach nó beidh an oiread céanna trioblóide ann domsa istigh anseo agus a bheas ann dóibh amuigh ansin, an dtuigeann sibh?’

Phléasc na fir uilig amach ag gáire agus chroith lámh le hAthair. Agus iad ag imeacht sheas siad i scuaine mar a bheadh saighdiúirí bréagáin ann agus chuir a lámha amach go gasta ar an dóigh chéanna ar theagasc Athair do Bruno cúirtéis a dhéanamh, bos na láimhe sínte go díreach, ag dul óna n-ucht suas isteach san aer os a gcomhair i ngluaiseacht ghasa agus iad ag scairteadh amach an dá fhocal a teagascadh do Bruno a rá nuair a déarfadh duine ar bith leis iad. D'fhág siad ansin agus d'fhill Athair ar a oifig a bhí Thar Teorainn An tAm Ar Fad Gan Eisceacht Ar Bith.

Shiúil Bruno go malltriallach síos an staighre agus stad ar feadh bomaite taobh amuigh den doras. Bhí brón air nár tháinig Athair aníos chuige le beannú dó san uair an chloig nó mar sin a bhí caite acu cheana féin san áit, ach is minic a míníodh dó cé chomh gnóthach agus a bhí Athair agus nach dtiocfadh leis cur isteach air mar gheall ar rudaí amaideacha amhail beannú dó an t-am ar fad. Ach bhí na saighdiúirí imithe faoi seo agus mhothaigh sé go mbeadh sé ceart go leor dá gcnagfadh sé ar an doras.

Thiar i mBeirlín, ní raibh Bruno in oifig Athar ach dornán uaireanta, agus ba ghnách go mbíodh sé inti de bhrí go mbíodh sé dalba agus go mbíodh léasadh teanga á thabhairt dó. Ba í an riail a bhí i bhfeidhm i mBeirlín, áfach, maidir le hoifig Athar ar na rialacha ba thábhachtaí dár fhoghlaim Bruno agus ní raibh sé chomh hamaideach sin gur mheas sé nach mbeadh an riail chéanna i bhfeidhm anseo in Amach-Libh

fosta. Ach ó tharla nach bhfaca siad a chéile le roinnt laethanta anuas, shíl sé nár mhiste le duine ar bith dá gcnagfadh sé ar an doras anois.

Agus mar sin de, bhuaíl sé cnag beag ar an doras. Dhá uair, agus go ciúin.

B'fhéidir nár chuala Athair é, b'fhéidir nár bhuaíl Bruno cnag mór go leor ar an doras, ach cibé ar bith níor tháinig duine ar bith chuig an doras, mar sin de bhuaíl Bruno cnag eile ar an doras agus cnag ní ba mhó a bhí ann an iarraidh seo, agus é á dhéanamh amhlaidh chuala sé glór búireach ón taobh istigh ag glaoch amach, 'Tar isteach!'

Chas Bruno murlán an dorais agus chuaigh isteach agus chuir a ghnáthdhreach air féin, a shúile ar leathadh agus cruth O ar a bhéal agus a lámha sínte ag a chliatháin. B'fhéidir go raibh an chuid eile den teach giota beag dorcha agus gruama gan mórán deiseanna eachtraíochta ann ach ba rud eile ar fad é an seomra seo. I dtús báire bhí síleáil an-ard aige, agus brat urláir faoina chos a shíl Bruno go mb'fhéidir go rachadh sé go glúine ann. Is beag nach raibh na ballaí le feiceáil, ina ionad sin bhí siad clúdaithe le seilfeanna mahagaine, a raibh leabhair i línte orthu, mar a bhí na cinn sa leabharlann sa teach i mBeirlín. Bhí fuinneoga móra sna ballaí os a chomhair amach, a shín amach agus isteach sa ghairdín thall, ag ligean do chathaoir chompordach a bheith ina suí os a gcomhair, agus i lár gach ruda, ina shuí taobh thiar de dheasc ollmhór dharach, bhí Athair ann, a d'amharc suas óna chuid

páipéar nuair a tháinig Bruno isteach agus tháinig aoibh mhór ar a aghaidh.

‘A Bruno,’ ar seisean, agus é ag teacht thart ó chúl na deisce agus ag croitheadh láimhe an ghasúir go daingean, de bhrí nárbh é Athair an cineál duine a thabharfadh croí isteach do dhuine, murab ionann agus Máthair agus Mamó, a thabharfadh amach iad beagainín rómhinic rud nach raibh sé róchompordach leis, agus póga prioslacha ag teacht leo. ‘A mhic,’ ar seisean i ndiaidh bomaite.

‘Dia duit, a Athair,’ arsa Bruno go ciúin, agus beagán uamhain air le breáthacht an tseomra.

‘A Bruno, bhí mé ag dul a theacht aníos le tú a fheiceáil i gceann cúpla bomaite, geallaim duit go raibh,’ arsa Athair. ‘Ní raibh ach cruinniú le críochnú agam agus litir le scríobh. Ar bhain tú an áit amach slán sábháilte mar sin?’

‘Bhain, a Athair,’ arsa Bruno.

‘Ar chuidigh tú le do mháthair agus le do dheirfiúr an teach a dhruidim?’

‘Chuidigh, a Athair,’ arsa Bruno.

‘Tá mé bródúil asat mar sin,’ arsa Athair go sásta. ‘Suigh, a mhic.’

Thaispeáin sé cathaoir leathan uilleach dó os comhair a dheisce féin agus dhreap Bruno suas uirthi, gan a chosa go díreach ag bualadh an urláir, agus é á dhéanamh seo, d’fhill Athair ar a shuíochán féin ar chúl na deisce agus stán sé air. Níor labhair ceachtar acu ar feadh bomaite, agus ansin faoi dheireadh bhris

Athair an ciúnas.

‘Mar sin de?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Cad é do bharúil?’

‘Cad é mo bharúil?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Cad é mo bharúil ar cad é?’

‘Ar do theach nua. An bhfuil dúil agat ann?’

‘Níl,’ arsa Bruno go gasta, de bhrí go ndéanadh sé a dhícheall a bheith ionraic agus go raibh a fhios aige dá stopfadh sé fiú ar feadh bomaite nach mbeadh sé de mhisneach aige an rud a bhí sé ag iarraidh a rá i ndáiríre a insint dó. ‘Sílím gur chóir dúinn dul abhaile,’ ar seisean fosta go cróga.

Shíothlaigh an aoibh ar bhéal Athar giota beag agus thug sé sracfhéachaint ar a litir ar feadh bomaite sular amharc sé suas arís, a rá is de go raibh sé ag iarraidh machnamh cúramach a dhéanamh ar a fhreagra. ‘Bhuel, táimid sa bhaile, a Bruno,’ ar seisean sa deireadh de ghlór séimh. ‘Is é Amach-Libh ár mbaile nua.’

‘Ach cén uair a thig linn dul ar ais go Beirlín?’ a d’fhiafraigh Bruno, a chroí ag titim ann nuair a dúirt Athair an méid sin. ‘Tá sé i bhfad níos deise ansin.’

‘Seo anois,’ arsa Athair, gan é ag iarraidh an méid sin a chluinstin. ‘Ná bí á rá sin,’ ar seisean. ‘Ní foirgneamh, sráid ná cathair é do bhaile nó ní rud é chomh bréagach le brící agus moirtéar. Is í an áit a mbíonn do theaghlach an baile, nach í sin an fhírinne?’

‘Is í, ach—’

‘Agus tá ár dteaghlach anseo, a Bruno. Ag Amach-Libh. *Ergo*, caithfidh sé gurb é seo ár mbaile.’

Níor thuig Bruno an focal *ergo*, ach níor ghá dó

de bhrí go raibh freagra cliste aige d’Athair. ‘Ach tá Mamó agus Daideo i mBeirlín,’ ar seisean. ‘Agus is baill dár dteaghlaigh iadsan fosta. Mar sin de, ní thig leis an áit seo a bheith ina baile dúinn.’

Rinne Athair a mhachnamh air seo agus sméid sé a cheann air. D’fhan sé tamall fada sular thug sé freagra air. ‘Is ea, a Bruno, is baill iad. Ach is tusa agus mise agus Máthair agus Gretel na daoine is tábhachtaí inár dteaghlach agus is é seo an áit a bhfuilimid inár gcónaí anois. Ag Amach-Libh. Anois, ná bíodh cuma chomh míshásta sin ort!’ (De bhrí gur léir ón chuma a bhí ar Bruno go raibh sé míshásta faoi.) ‘Níor thug tú fiú seans dó go fóill. Is féidir go mbeidh dúil agatsa san áit seo.’

‘Níl dúil agamsa san áit seo,’ a dhearbhaigh Bruno.

‘A Bruno...’ arsa Athair de ghlór tuirsiúil.

‘Níl Karl anseo, níl Daniel anseo agus níl Martin anseo agus níl tithe ar bith eile thart timpeall orainn, gan seastáin a bhfuil glasraí ná torthaí orthu gan caifé a bhfuil táblaí ina suí taobh amuigh de agus gan duine ar bith ann le tú a ruaigeadh ó thor go tom tráthnóna Sathairn.’

‘A Bruno, in amanna bíonn rudaí ann a chaithfimid a dhéanamh inár saol nach bhfuil an dara rogha ann,’ arsa Athair, agus ba léir do Bruno go raibh sé ag éirí tuirseach den chomhrá seo. ‘Agus is eagal liom gurb é seo ceann acu. Is é seo mo chuid oibre, obair thábhachtach. Tábhachtach dár dtír. Tábhachtach don Fürher. Tuigfidh tú an méid sin lá éigin.’

‘Tá mé ag iarraidh dul abhaile,’ arsa Bruno. Thiocfadh leis na deora a mhothú ag borradh aníos ina shúile gan é ag iarraidh rud ar bith eile ach go dtuigfeadh Athair go díreach cé chomh huafásach agus a bhí Amach-Libh mar áit agus go n-aontnódh sé leis go raibh sé in am dul abhaile.

‘Caithfidh tú a thuiscint gur sa bhaile atá tú,’ ar seisean ina ionad sin, ag cur díomá ar Bruno. ‘Is é seo an áit a mbeimid go gceann tamall measartha fada.’

Dhruid Bruno a shúile ar feadh bomaite. Is annamh ina shaol a bhí sé chomh diongbháilte lena bhealach féin a fháil agus is cinnte nach ndeachaigh sé chuig Athair roimhe agus an oiread sin dúile aige go n-athródh sé a intinn faoi rud, ach an smaoineamh go mbeadh sé ag fanacht anseo, an smaoineamh go mbeadh sé ina chónaí in áit chomh huafásach sin nach raibh duine ar bith ann a dtiocfadh leis a bheith ag imirt cluichí leis, ní ligfeadh a chroí dó smaoineamh air. Nuair a d’oscail sé a shúile arís i ndiaidh bomaite, shiúil Athair thart ó chúl na deisce agus shuigh ar chathaoir uilleach taobh leis. D’amharc Bruno air agus é ag oscailt cás beag a raibh dath an airgid air, agus é ag tógáil amach toitín agus á bhualadh go headróm ar an deasc sular dhearg sé é.

‘Is cuimhin liom nuair a bhí mé féin i mo pháiste,’ arsa Athair, ‘bhí rudaí áirithe ann nach raibh mé ag iarraidh a dhéanamh, ach an uair a dúirt m’athair gurbh fhéarr do gach duine dá ndéanfainn iad, ní raibh ann ach go ndearna mé mo dhícheall agus go ndeachaigh

mé ar aghaidh.’

‘Cén sórt rudaí?’, a d’fhiafraigh Bruno.

‘Ó, níl a fhios agam,’ arsa Athair ag croitheadh a ghuaillí. ‘Ní rud mór é cibé ar bith. Ní raibh ionam ach páiste agus ní raibh a fhios agam an rud a bhí ar mo leas. In amanna, cuir i gcás, ní raibh mé ag iarraidh fanacht sa bhaile agus m’obair baile a chríochnú; bhí mé ag iarraidh a bheith amuigh ar na sráideanna, ag imirt cluichí le mo chairde, do dhála féin go díreach, agus amharcaim siar anois agus tuigim cé chomh hamaideach agus a bhí mé.’

‘Mar sin de, tuigeann tú an dóigh a mothaím,’ arsa Bruno go dóchasach.

‘Tuigim, ach tá a fhios agam fosta go raibh a fhios ag m’athair, do dhaideo an rud a bhí ar mo leas agus go raibh mé i gcónaí ní ba shona nuair a ghlac mé leis go díreach. An síleann tú go n-éireodh liomsa an oiread céanna a bhaint amach i mo shaol murar fhoghlaim mé nuair ba chóir dom a bheith ag argóint agus nuair ba chóir dom mo bhéal a choinneáil druidte agus orduithe a leanúint? Bhuel, a Bruno? An síleann tú?’

D’amharc Bruno thart. Tháinig an fhuinneog i gcoirnéal an tseomra faoina shúil agus amach ar an fhuinneog thiocfadh leis an tírdhreach uafásach thall a fheicéail.

‘An ndearna tú rud éigin contráilte?’ a d’fhiafraigh sé i ndiaidh bomaite. ‘Rud éigin a chuir fearg ar an Fürher?’

‘Mise?’ arsa Athair, ag amharc air agus iontas air.

‘Cad é atá tú a mhaíomh?’

‘An ndearna tú rud éigin olc ar obair? Tá a fhios agam go ndeir gach duine gur fear tábhachtach thú agus go bhfuil rudaí móra leagtha amach ag an Fürher duit, ach is éadócha go gcuirfeadh sé chuig áit mar seo thú mura ndearna tú rud éigin a raibh sé ag iarraidh pionós a ghearradh ort mar gheall air.’

Rinne Athair gáire, rud a chuir isteach ar Bruno ní ba mhó arís; ní raibh rud ar bith ann a chuirfeadh níos mó feirge air ná nuair a dhéanadh duine fásta gáire air de bhrí nach raibh rud éigin ar eolas aige, go háirithe nuair a bhí sé ag iarraidh an freagra a fháil amach trí cheisteanna a chur.

‘Ní thuigeann tú an tábhacht a bhaineann lena leithéid de phost,’ arsa Athair.

‘Bhuel, ní shílím go dtiocfadh leat a bheith rómhaith i do phost má chiallaíonn sé go gcaithfidimid uilig dul a chónaí in áit eile as baile atá thar a bheith deas agus imeacht ónár gcairde agus teacht chuig áit uafásach mar seo. Sílim go gcaithfidh sé go ndearna tú rud éigin contráilte agus gur chóir duit dul chuig Fürher agus do leithscéal a ghabháil leis agus go mb’fhéidir go mbeadh an deireadh leis ansin. B’fhéidir go maithfeadh sé duit dá mbeifeá iontach dáiríre faoi.’

Bhí na focail ráite sula raibh deis aige smaoineamh cé acu a bhí siad ciallmhar nó nach raibh; a luaithe a chuala sé iad ar snámh san aer ní raibh an chosúlacht orthu gurbh iad na cineálacha rudaí i ndáiríre ba chóir dó a rá le hAthair, ach b’shin iad, ráite cheana féin, gan

é ábalta rud ar bith a dhéanamh le iad a thabhairt ar ais. D’alp Bruno go neirbhíseach agus, i ndiaidh cúpla bomaite ciúnais, thug sracfhéachaint siar ar Athair, a bhí ag stánadh air agus dreach cruá air. Ligh Bruno a bheola agus bhreathnaigh i leataobh. Mhóthaigh sé gur drochsmaoineamh a bheadh ann amharc go díreach ar shúile Athar.

I ndiaidh cúpla bomaite a bhí ciúin míchompordach, d’éirigh Athair ina sheasamh go malltriallach ón suíochán in aice leis agus shiúil ar ais ar chúl na deisce ag cur a thoitín ar an luathreadán.

‘Níl a fhios agam an bhfuil tú iontach cróga,’ ar seisean de ghlór íseal i ndiaidh bomaite, a rá is de go raibh sé ag machnamh ar an ábhar ina intinn, ‘seachas dímheasúil go díreach. Is féidir nach drochrud amach is amach é sin.’

‘Ní raibh mé ag iarraidh a rá—’

‘Ach beidh tú i do thost anois,’ arsa Athair, ag ardú a ghlóir agus ag cur isteach air de bhrí nár bhain cuid ar bith de rialacha ghnáthshaol an teaghlaigh leis riamh. ‘Bhí mé tuisceanach i dtaobh do chuid mothúchán anseo, a Bruno, de bhrí go dtuigim go bhfuil an t-aistriú tí seo deacair ort. Agus d’éist mé lena bhfuil le rá agat, cé go gcuireann d’óige agus d’easpa taithí fiacha ort rudaí a rá ar dhóigh shotalach. Agus tabharfaidh tú faoi deara an dóigh nár lig mé dó dul i bhfeidhm orm. Ach tá an t-am anois ann nuair bhfuil an dara rogha ann ach glacadh leis go díreach go—’

‘Níl mé ag iarraidh glacadh leis!’ a bhéic Bruno,

a shúile ag bobáil leis an iontas a bhí air de bhrí nach raibh a fhios aige go raibh sé ag dul a bheith ag beicíl os ard. (Déanta na fírinne tháinig sé aniar aduaidh air). Mhóthaigh sé giota beag ar tinneall agus rinne é féin réidh le teitheadh dá mba ghá leis. Ach bhí an chuma ar an scéal nach raibh rud ar bith ag cur feirge ar Athair inniu – agus dá mbeadh Bruno ionraic leis féin d’admhódh sé gurbh annamh a tháinig fearg ar Athair; d’éirigh sé ciúin agus fuaránta agus bhíodh a bhealach féin aige sa deireadh cibé ar bith – agus seachas béicíl air nó rith ina dhiaidh thart an teach, ní raibh ann ach gur chroith sé a cheann agus gur thug sé le fios go raibh deireadh leis an ábhar cainte.

‘Gabh chuig do sheomra, a Bruno’, ar seisean de ghlór íseal ar dhóigh gur thuig Bruno go raibh sé dáiríre anois, mar sin de sheas sé agus na deora éadóchais ag borradh aníos ina shúile. Shiúil sé i dtreo an dorais, ach sular oscail sé é d’iompaigh sé thart agus chuir an cheist dheireanach ar Athair. ‘A Athair?’ a thosaigh sé.

‘A Bruno, níl mé ag dul a—’ a thosaigh Athair go colgach.

‘Ní bhaineann sé leis sin,’ arsa Bruno go gasta. ‘Níl ach ceist amháin eile agam ort.’

Lig Athair osna agus thug le fios gur chóir dó í a chur agus ansin go mbeadh deireadh leis an ábhar cainte gan argóint ar bith eile.

Smaoinigh Bruno ar a cheist, ag iarraidh í a chur go díreach mar is ceart an iarraidh seo, ar eagla go dtiocfadh sí amach ar dhóigh shotalach nó argóinteach.

‘Cé hiad na daoine uilig sin taobh amuigh?’ ar seisean faoi dheireadh.

Chlaon Athair a cheann ar clé, agus an chuma air go raibh sé trína chéile ag an cheist. ‘Saighdiúirí, a Bruno,’ ar seisean. ‘Agus rúnaithe. Oibrithe na foirne. Chonaic tú iad uilig roimhe, ar ndóigh.’

‘Ní hea, ní na daoine sin,’ arsa Bruno. ‘Na daoine a fheicim amach ar m’fhuinneog. Sna botháin, i gcéin. Tá siad uilig gléasta mar an gcéanna.’

‘Ach, na daoine sin,’ arsa Athair, ag sméideadh a chinn agus aoibh bheag an gháire air. ‘Na daoine sin... bhuel, ní daoine ar chor ar bith iad, a Bruno.’

Chuir Bruno grainc air féin. ‘Nach ea?’ a d’fhiafraigh sé, gan é cinnte de cad é a bhí Athair a mhaíomh leis sin.

‘Bhuel, cibé ar bith ní sa chiall atá againne leis an fhocal,’ arsa Athair ag leanúint ar aghaidh. ‘Ach níor chóir duitse a bheith buartha fúthu anois. Ní bhaineann siad leatsa beag ná mór. Níl cosúlacht ar bith agat leo. Go díreach socraigh isteach i do theach nua agus bí maith, sin a n-iarraim ort. Glac leis an dóigh a bhfuil rudaí agus beidh gach rud i bhfad níos fusa.’

‘Glacfaidh, a Athair,’ arsa Bruno, agus é míshásta leis an fhreagra.

D’oscail sé an doras agus scairt Athair air teacht ar ais bomaite, ag éirí ina sheasamh agus ag ardú mala a rá is de go ndearna sé dearmad ar rud éigin. Chuimhnigh Bruno ar an uair a rinne a Athair an comhartha, agus dúirt sé an frása agus rinne lomathris air.

Bhrúigh sé a dhá chos le chéile agus shín a lámh dheas go gasta isteach san aer sular chnag sé na sála le chéile agus á rá de ghlór chomh domhain agus chomh soiléir agus a thiocfadh leis – chomh cosúil céanna le hAthair agus a thiocfadh leis – na focail a dúirt sé gach uair a d’fhág sé cuideachta saighdiúra.

‘*Heil Hitler;*’ ar seisean, a bhí dar leis, ina dhóigh eile lena rá, ‘Bhuel, slán go fóill, bíodh lá deas agat’.

Caibidil a Sé

An Cailín Aimsire A Shaothraigh Barraíocht

Roinnt laethanta ina dhiaidh sin bhí Bruno ina luí ar a leaba ina sheomra, agus é ag stánadh ar an tsíleáil os a chionn. Bhí an phéint bhán scoilte agus an craiceann ag imeacht di ar dhóigh nach raibh taitneamhach, murab ionann agus an phéint sa teach i mBeirlín, nár imigh ina sceamhóga riamh agus a ndearna athnuachan uirthi gach samhradh nuair a thug máthair na péintéirí isteach. An lá áirithe seo luigh sé ansin agus stán sé ar na scoilteacha a raibh cuma an damháin alla orthu, ag cúngú a shúile le machnamh a dhéanamh ar an rud a bhí taobh thiar díobh, b'fhéidir. Shamhlaigh sé go raibh feithidí ina gcónaí sna háiteanna folmha idir an phéint agus an tsíleáil féin a bhí á bhrú amach, á scoilteadh go leathan, á oscailt amach, ag iarraidh bearna a chruthú ionas go dtiocfadh leo iad féin a bhrú tríthí agus fuinneog a lorg mar a dtiocfadh leo éalú amach uirthi. Ní roghnódh rud ar bith, a smaoinigh Bruno, fiú na feithidí, fanacht in Amach-Libh.

‘Tá gach rud anseo go hainnis,’ ar seisean de ghlór

ard, cé nach raibh duine ar bith ann le é a chluinstin, ach ar dhóigh éigin mhothaigh sé ní b'fhearr de thairbhe gur chuala sé na focail á rá cibé ar bith. 'Tá fuath agam ar an teach seo, tá fuath agam ar mo sheomra féin agus tá fuath agam ar an phéint fiú. Tá fuath agam air uilig. Ar an iomlán dearg.'

Go díreach agus é ag críochnú a chuid cainte tháinig Maria isteach ar an doras agus í ag iompar baclainn a chuid éadaigh a bhí nite, triomaithe agus smúdailte. Stad sí ar feadh bomaite nuair a chonaic sí é ina luí ach ansin chlaon sí a ceann beagán agus shiúil go ciúin anonn chuig an almóir.

'Dia duit,' arsa Bruno, agus cé nárbh ionann é go díreach a bheith ag labhairt le cailín aimsire agus a bheith ag labhairt le cairde, ní raibh duine ar bith eile thart a dtiocfadh leis a chomhrá a dhéanamh leis agus bhí sé i bhfad ní ba chiallmhaire ná ag déanamh a chomhrá leis féin. Ní raibh tásca ná tuairisc ar Gretel agus thosaigh sé a éirí inmíoch go rachadh sé as a mheabhair leis an leadrán.

'A Mháistir Bruno,' arsa Maria de ghlór íseal, agus í ag scaradh a chuid veisteanna óna chuid brístí agus óna chuid fo-éadaigh agus á gcur isteach i dtarraiceáin éagsúla agus ar sheilfeanna éagsúla.

'Glacaim leis go bhfuil tú chomh sásta céanna leis an socrú nua seo agus atá mé féin,' arsa Bruno, agus d'iompaigh sí thart le breathnú air agus dreach ar a haghaidh a mhaígh nár thuig sí cad é an chiall a bhí leis.

‘Leis seo,’ a mhínigh sé, ag éirí ina shuí agus ag breathnú thart. ‘Le gach rud anseo. Tá sé go hainnis, nach bhfuil? An bhfuil fuath agatsa ar an áit fosta?’

D’oscail Maria a béal le rud éigin a rá ach dhruid arís é chomh gasta céanna. Bhí an chosúlacht uirthi go raibh sí ag machnamh go cúramach ar a freagra, ag roghnú na bhfocal ceart, á déanamh féin réidh le iad a rá, agus ansin ag déanamh athchomhairle orthu agus ansin ag déanamh dearmad iomlán orthu. Bhí aithne ag Bruno uirthi ar feadh a shaoil uilig beagnach – tháinig sí a obair dóibh nuair nach raibh sé ach trí bliana d’aois – agus réitigh siad go maith le chéile den chuid is mó, ach níor léirigh sí riamh roimhe go raibh beocht inti. Ní raibh ann ach go ndeachaigh sí ar aghaidh lena post, ag cur snasa ar an troscán, ag ní na n-éadaí, ag cuidiú leis an tsiopadóireacht agus leis an chócaireacht, uaireanta á thabhairt ar scoil agus á thógáil arís, cé gur mhinice a tharla sé sin nuair a bhí Bruno ocht mbliana d’aois; nuair a bhain sé naoi mbliana amach shocraigh sé féin go raibh sé aosta go leor a bhealach féin a dhéanamh ar scoil agus abhaile arís.

‘Nach bhfuil dúil agatsa san áit seo mar sin?’ ar sise faoi dheireadh.

‘Dúil agamsa san áit?’ a d’fhreagair Bruno agus draothadh gáire air. ‘Dúil agamsa san áit?’ ar seisean arís, ach ní b’airde an iarraidh seo. ‘Is cinnte nach bhfuil dúil agam san áit! Tá sé go hainnis. Níl a dhath ar bith le déanamh san áit, níl duine ar bith ann a dtig liom labhairt leis, duine ar bith ann a dtig liom a

bheith ag imirt cluichí leis. Ní thig leat a insint dom go bhfuil áthas ortsa gur aistrigh muid chuig an áit seo, i ndáiríre?’

‘Thaitníodh an garraí i mBeirlín i gcónaí liom,’ arsa Maria, ag tabhairt freagra ar cheist eile ar fad. ‘Uaireanta nuair a bhíodh tráthnóna te ann, thaitníodh sé liom a bheith i mo shuí ann faoin ghrian agus mé ag ithe mo lóin faoin chrann eidhneáin in aice na linne. Bhí na bláthanna galánta ar fad ann sin. An boladh cumhra. An dóigh a mbíodh na beacha ar foluain san aer thart orthu agus nach gcuireadh siad isteach ort dá bhfágtáí iad gan cur isteach ar bith.’

‘Mar sin de níl dúil agatsa san áit seo?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Síleann tusa go bhfuil sí chomh holc céanna agus a shílím féin?’

Chuir Maria graine uirthi féin. ‘Níl sé tábhachtach,’ ar sise.

‘Cad é an rud nach bhfuil tábhachtach?’

‘Mo bharúil air.’

‘Bhuel, ar ndóigh tá sé tábhachtach,’ arsa Bruno go colgach, ionann is a rá go raibh sí ciotach d’aon ghnó. ‘Is ball den teaghlach thú, nach tú?’

‘Níl mé cinnte de cé acu a d’aontódh d’athair leis sin nó nach n-aontódh,’ arsa Maria, ag ligean di féin aoibh an gháire a dhéanamh de bhrí go ndeachaigh a chineáltas go croí inti.

‘Bhuel, tugadh anseo thú in éadan do thola, mo dhála féin. Más ag iarraidh mo bharúla féin atá tú, is ionann an cás don iomlán againn, táimid sa bhád

chéanna agus táimid ag tarraingt an uisce.’

Ar feadh bomaite chonachtas do Bruno go raibh an chuma ar an scéal go raibh Maria ag dul a insint dó an rud ar a raibh sí ag smaoineamh air. Leag sí an chuid eile de na héadaí ar a leaba agus bhí na doirn druidte aici, amhail is go raibh fearg an domhain uirthi faoi rud éigin. D’oscail sí a béal ach ansin bhí sí ina tost ansin ar feadh bomaite, mar a bheadh eagla uirthi roimh na rudaí uilig a déarfadh sí b’fhéidir dá ligfeadh sí di féin tosú.

‘Inis dom le do thoil, a Maria,’ arsa Bruno. ‘Mar is féidir go mbeimid ábalta tabhairt ar Athair muid a thabhairt abhaile arís má mhothaímid uilig mar an gcéanna fá dtaobh de.’

D’iompaigh sí a súile uaidh ar feadh cúpla bomaite a bhí tostach agus chroith a ceann go brónach sular iompaigh sí a súile le hamharc air arís. ‘Tá a fhios ag d’Athar an rud atá ar do leas,’ ar sise. ‘Caithfidh tú muinín a chur ann.’

‘Ach níl mé cinnte de go gcuirim,’ arsa Bruno. ‘Sílim go bhfuil meancóg mhór déanta aige.’

‘Mar sin is meancóg í a gcaithfidimid uilig a bheith sásta léi.’

‘Nuair a dhéanaim meancóga cuirtear pionós orm,’ a dhearbhaigh Bruno, agus fearg air faoin dóigh ar bhain na rialacha i gcónaí leis na páistí ach nár bhain riamh leis na daoine fásta (in ainneoin gurbh iadsan na daoine a chuir i bhfeidhm iad). ‘Athair bómánta,’ ar seisean fosta faoina fhiacra.

Bhí súile Maria ar leathadh agus shiúil sí ionsair, a lámha lena béal ar feadh bomaite buailte ag an uafás. D'iompaigh sí thart lena chinntiú nach raibh duine ar bith ag éisteacht leo agus nár chualathas an rud a bhí Bruno i ndiaidh a rá. ‘Níor chóir duit é sin a rá,’ ar sise. ‘Níor chóir duit choíche rud éigin mar sin a rá faoi d’athair.’

‘Ní thuigim cén fáth nár chóir dom,’ arsa Bruno; a bhí giota beag náirithe leis féin go raibh sé ráite aige, ach ba é an rud deireanach a bhí sé ag dul a dhéanamh ná suí siar agus ligean do dhuine léasadh teanga a thabhairt dó nuair a bhí an chuma ar an scéal nár éist duine ar bith lena bharúlacha cibé ar bith.

‘Mar is fear maith é d’athair,’ arsa Maria. ‘Fear den chéad scoth. Tugann sé aire dúinne uilig go léir.’

‘Muid uilig a thabhairt an bealach ar fad chuig an áit seo, chuig an áit iargúlta sceirdiúil seo, an bhfuil tú ag iarraidh a rá? An ionann é sin agus aire a thabhairt dúinn?’

‘Tá neart rudaí déanta ag d’athair,’ ar sise. ‘Neart rudaí ar chóir duit a bheith bródúil astu. Murach d’Athair, cá háit a mbeinn anois i ndeireadh na dála?’

‘Thiar i mBeirlín, tá mé ag déanamh,’ arsa Bruno. ‘Ag obair i dteach deas. Ag ithe do lóin faoin chrann eidhneáin gan tú ag cur isteach ar na beacha.’

‘Níl cuimhne agat ar an uair a tháinig mé le bheith ag obair daoibh, an bhfuil?’ a d’fhiafraigh sí de ghlór íseal, agus í ina suí ar feadh bomaite ar cholbha na leapa, rud éigin nach ndearna sí riamh roimhe. ‘Cad é

mar a bheadh? Ní raibh tú ach trí bliana d’aois. Thug d’athair isteach mé agus chuidigh liom nuair a bhí sé de dhíth orm. Thug sé post dom, baile. Bia. Ní thig leat a shamhlú an dóigh a bhfuil sé nuair atá bia de dhíth ort. Ní raibh tú ocrach riamh, an raibh?’

Chuir Bruno grainc air féin. Bhí sé ag iarraidh a lua go raibh goin ocrais air faoi láthair, ach ina ionad sin d’amharc sé anall ar Maria agus d’aithin den chéad uair nár mheas sé riamh í mar dhuine a raibh saol agus a cuid staire féin aici. I ndeireadh na dála, ní dhearna sí a dhath ar bith eile (go bhfios dó) seachas a bheith ina cailín aimsire dá theaghlach. Ní raibh sé fiú cinnte de an bhfaca sé riamh í gléasta i rud ar bith eile seachas ina héide cailín aimsire. Ach nuair a rinne sé a mhachnamh air, rud a rinne sé go díreach anois, b’éigean dó a admháil go gcaithfidh sé go raibh níos mó i gceist ina saol seachas go díreach ag freastal air féin agus ar a theaghlach. Caithfidh sé go raibh smaointe aici ina ceann, a dhála féin. Caithfidh sé go raibh rudaí aici a chronaigh sí uaithi, cairde ba mhaith léi a fheiceáil arís, a dhála féin. Agus caithfidh sé gur chaoin sí í féin chun codlata gach oíche ó bhain sí an áit seo amach, dála buachaillí nach raibh chomh fásta suas nó chomh cróga céanna leis féin. Bhí sí measartha dóighiúil fosta, rud a thug sé faoi deara, agus mhothaigh sé giota beag aisteach ar an taobh istigh nuair a thug sé an méid seo faoi deara.

‘Bhí aithne ag mo mháthair ar d’athair nuair nach raibh ann ach gasúr óg ar an aois s’agatsa anois,’ arsa

Maria i ndiaidh cúpla bomaite. ‘Bhíodh sí ag obair do do sheanmháthair. Bhí sí ina cóiritheoir di nuair a thug sí camchuairt na Gearmáine agus í ina bean óg. Chóirigh sí a cuid éadaigh uilig di do na coirmeacha ceoil – nigh sí iad, smúdail sí iad, chuir sí ina gceart iad. Gúnaí galánta, gach ceann acu. Agus an fhuáil, a Bruno! Mar a bheadh obair ealaíne ann, gach dearadh acu. Ní thig leat teacht ar chóiritheoirí mar sin ar na saolta seo.’

Chroith sí a ceann agus tháinig aoibh an ghéire uirthi agus na cuimhní cinn ag teacht chuici agus Bruno ag éisteacht léi go foighneach. ‘Dhéanadh sí cinnte de go mbíodh siad uilig leagtha amach agus réidh nuair a bhaineadh do sheanmháthair a seomra gléasta amach roimh sheó. Agus nuair a d’éirigh do sheanmháthair as a cuid oibre, bhí mo mháthair cairdiúil i gcónaí léi ar ndóigh agus fuair sí pinsean beag, ach bhí an saol crua an t-am sin agus thairg d’athair post dom, an chéad cheann a bhí agam riamh. Cúpla mí ina dhiaidh sin d’éirigh mo mháthair iontach tinn agus bhí cuid mhaith cúram ospidéil de dhíth uirthi agus rinne d’athair na socrúithe uilig, cé nárbh é a chomaoin é. Dhíol sé as deireadh as a phóca féin de bhrí go raibh sí ina cara ag a mháthair. Agus thug sé isteach ina theach mé ar an chúis chéanna. Agus nuair a fuair sí bás d’íoc sé as costais uilig an tórraimh fosta. Mar sin de, ná tabhair bómán ar d’athair in am ar bith, a Bruno. Ná tabhair sin air in aice liomsa. Ní cheadóidh mé é.’

Bhí Bruno ag cogaint na liopaí. Bhí dóchas aige go dtaobhódh Maria leis san fheachtas le himeacht ó

Amach-Libh ach ba léir cé dó a raibh sí dílis. Agus b'éigean dó a admháil go raibh cineál bróid air as a athair nuair a chuala sé an scéal sin.

‘Bhuel,’ ar seisean, gan é ábalta smaoineamh ar rud éigin cliste a rá anois, ‘Is dócha gur lách uaidh é.’

‘Ba lách,’ arsa Maria, ag éirí ina seasamh agus ag siúl anonn i dtreo na fuinneoige, an fhuinneog a dtiocfadh le Bruno an bealach ar fad chuig na botháin agus na daoine i gcéin a fheiceáil amach uirthi. ‘Bhí sé iontach lách liom an t-am sin,’ ar sise ag leanúint uirthi go séimh, ag amharc amach uirthi í féin anois agus í ag amharc ar na daoine agus ar na saighdiúirí i mbun a ngnóthaí féin i gcéin. ‘Tá neart láiche ina chroí istigh, leoga tá, rud a chuireann ag machnamh mé...’ D’imigh a cuid cainte léi agus í ag amharc orthu agus bhris ar a glór go tobann agus bhí an chuma uirthi go mb’fhéidir go dtosódh sí a chaoineadh.

‘Cad é air a bhfuil tú ag machnamh?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Ag machnamh ar ... ar an dóigh a dtig leis...’

‘An dóigh a dtig leis *cad é?*’ a dhearbhaigh Bruno. Tháinig tormán an dorais á dhruidim de phlab aníos ón urlár thíos staighre agus rinne macalla chomh hard sin - mar a bheadh scaoileadh piléir ann – gur léim Bruno agus gur lig Maria scread bheag aisti. D’aithin Bruno coiscéimeanna troma ag teacht aníos an staighre ionsorthu, ag éirí ní ba ghasa agus ní ba ghasa agus chuaigh sé ar na ceithre boinn ar ais ar an leaba, á bhrú féin i gcoinne an bhalla, agus eagla air go tobann

roimh an chéad rud eile a bhí ag dul a tharla. Choinnigh sé a anáil istigh, ag dúil le trioblóid, ach ní raibh ann ach Gretel, An Duine gan Dóchas. Sháigh sí a ceann isteach ar an doras agus bhí an chuma uirthi go raibh iontas uirthi gur tháinig sí ar a deartháir agus ar chailín aimsire an teaghlaigh i mbun comhrá.

‘Cad é atá ag dul ar aghaidh anseo?’ a d’fhiafraigh Gretel.

‘Rud ar bith,’ arsa Bruno go cosantach. ‘Cad é atá de dhíobháil ortsa? Imigh leat amach as seo.’

‘Imigh leat féin,’ a d’fhreagair sí cé gur leisean an seomra, agus ansin d’iompaigh sí le breathnú ar Maria, ag cúngú a súl go hamhrasach agus í á dhéanamh seo.

‘Rith uisce san fholcadán dom, a Maria, an rithfidh?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Cad chuige nach dtig leatsa an t-uisce a rith do d’fholcadh féin?’ arsa Bruno go giorraisc.

‘De bhrí gurb ise an cailín aimsire,’ arsa Gretel, ag stánadh air. ‘Is é sin an fáth a bhfuil sí ann.’

‘*Ní hé sin* an fáth a bhfuil sí ann,’ arsa Bruno de ghlór ard, agus é ag éirí ina sheasamh agus é ag déanamh uirthi. ‘Níl sí anseo go díreach le rudaí a dhéanamh dúinne an t-am ar fad, bíodh a fhios agat. Go háirithe rudaí a thig linn féin a dhéanamh.’

Bhí Gretel ag stánadh air a rá is de go raibh racht feirge ag teacht uirthi agus ansin d’amharc sí ar Maria, a chroith a ceann go gasta. ‘Ar ndóigh, a Iníon Gretel,’ arsa Maria. ‘Níl ann ach go gcricíoch mé ag cur slachta ar éadaí de chuid do dhearthár agus beidh mé

leat go díreach ansin.’

‘Bhuel, ná bí rófhada,’ arsa Gretel go mímhúinte – mar murab ionann agus Bruno níor rith sé léi ar chor ar bith gur duine ann féin í Gretel a raibh a cuid mothúchán féin aici, a dála féin – sular shiúil sí chun bealaigh ar ais chuig a seomra leapa ag druidim an dorais ina diaidh. Níor lean súile Maria í ach tháinig luisne bhándearg ar a haghaidh.

‘Tá mé ag déanamh go bhfuil meancóg mhór déanta aige go fóill,’ arsa Bruno de ghlór íseal i ndiaidh cúpla bomaite nuair a mhothaigh sé go raibh sé ag iarraidh a leithscéal a ghabháil de dheasca iompar a dheirféar ach ní raibh a fhios aige cé acu a bhí sé ceart nó an raibh sé mícheart a leithéid de rud a dhéanamh. Chuir rudaí mar sin Bruno ar a mhíshuaimhneas i gcónaí mar, ina chroí istigh, bhí a fhios aige nár chall do dhuine ar bith a bheith mímhúinte le duine, fiú más rud é go raibh sé ag obair duit. Bhí a leithéid de rud agus múineadh ann i ndeireadh na dála.

‘Fiú má tá tú á dhéanamh sin, is amhlaidh nár chóir duit é a rá os ard,’ arsa Maria go gasta, ag teacht ionsair agus an chuma uirthi go raibh sí ag iarraidh croitheadh a bhaint as go gcuirfeadh sí splaincín céille ann. ‘Tabhair gealltanas dom nach ndéarfadh tú.’

‘Ach cad chuige?’ a d’fhiafraigh sé ag cur graince air féin. ‘Níl mé ach ag rá mar a mhothaím. Tá cead agam é sin a dhéanamh, nach bhfuil?’

‘Níl,’ ar sise. ‘Níl cead agat.’

‘Níl cead agam a insint dóibh an dóigh a mothaím?’

ar seisean arís, gan é ábalta é a chreidiúint.

‘Níl,’ ar sise ag seasamh ar an phointe, a glór ag éirí díoscánach agus í ag impí air. ‘Is é an rud atá le déanamh ná fanacht i do thost faoi, a Bruno. Nach bhfuil a fhios agat an méid trioblóide a thiocfadh leat a tharraingt orainn? Orainne uilig.’

Bhí Bruno ag stánadh uirthi. Bhí rud éigin ar a súile, cineál inní mhire, nach bhfaca sé a leithéid riamh roimhe uirthi agus a chuir ar a mhíshuaimhneas é. ‘Bhuel,’ a dúirt sé faoina fhiacla, ag éirí ina sheasamh anois agus ag siúl anonn i dtreo an dorais, agus é go tobann ag iarraidh a bheith ar shiúl uaithi, ‘ní raibh mé ach ag rá nach raibh dúil agam san áit seo, sin a bhfuil de. Ní raibh mé ach ag déanamh comhrá leat agus tú ag cur mo chuid éadaigh ar shiúl. Ní hé go bhfuil sé beartaithe agam teitheadh nó a leithéid. Cé nach dtiocfadh le duine ar bith a bheith anuas orm dá mba rud é go mbeadh.’

‘Agus do mháthair agus d’athair a bheith cráite amach agat?’ arsa Maria. ‘A Bruno, má tá ciall ar bith agat, fanfaidh tú i do thost agus díreoidh tú d’aird ar d’obair scoile agus déanfaidh tú rud ar bith a iarrfaidh d’athair ort. Caithfidh uilig muid féin a choinneáil slán sábháilte go raibh sé seo uilig thart. Is é sin an rún atá agam cibé ar bith. Cad é eile a thig linn a dhéanamh i dtaca le hólac? Níltear ag brath orainne rudaí a athrú.’

Go tobann, agus gan cúis ar bith a dtiocfadh leis smaoineamh uirthi, tháinig fonn millteanach ar Bruno a bheith ag caoineadh. Chuir sé iontas air féin fiú

agus chaoch sé a shúile cúpla uair go hiontach gasta ionas nach bhfeicfeadh Maria an dóigh ar mhothaigh sé. Nuair a bhuail a súile lena chéile arís, áfach, shíl sé go mb'fhéidir go raibh rud aisteach san aer an lá céanna mar bhí an chuma ar a súile chomh maith go raibh na deora ag borradh aníos iontu. Gach rud leis an rud eile, thosaigh sé a éirí míshuaimhneach, mar sin de thiontaigh sé a dhroim léi agus rinne a bhealach chuig an doras.

‘Cá bhfuil tú ag dul?’ a d’fhiafraigh Maria.

‘Amach,’ arsa Bruno go colgach. ‘Má bhaineann sé leatsa ar chor ar bith.’

Shiúil sé go mall ar dtús ach chomh luath agus a d’fhág sé an seomra ghéaraigh a choisceim i dtreo an staighre agus ansin rith sé síos ar nós na gaoithe, agus an mothú ag teacht air go tobann go raibh sé ag dul a thitim i laige mura mbeadh sé ábalta imeacht ón teach. Agus taobh istigh de chúpla soicind bhí sé taobh amuigh agus thosaigh sé a rith suas agus síos an cabhsa, agus é ar bior rud éigin fuinniúil a dhéanamh, rud ar bith a thuirseodh é. I bhfad uaidh, thiocthadh leis an geata a fheiceáil a rith chuig an bhóthar, a rith chuig an stáisiún traenach, a rith chuig an teach, ach an smaoineamh ina intinn go rachadh sé ann, an smaoineamh go n-imeodh sé leis agus go mbeadh sé fágtha leis féin, is lú arís an pléisiúr a bhain leis an smaoineamh sin ná an smaoineamh go bhfanfadh sé ann.

Caibidil a Seacht

An Dóigh Ar Chuir Máthair I gCéill Gur Di Féin A Bhí An Chreidiúint Ag Dul

Roinnt seachtainí i ndiaidh do Bruno Amach-Libh a bhaint amach lena theaghlach agus gan cosúlacht ar bith air luath ná mall go dtabharfadh Karl, nó Daniel nó Martin cuairt air, shocraigh sé gurbh fhearr dó tosú a chuardach dóigh éigin le spraoi a dhéanamh dó féin nó rachadh sé as a mheabhair de réir a chéile.

Ní raibh aithne ag Bruno ach ar dhuine amháin a mheas sé a bhí ar mire agus ba é sin Herr Roller, fear a bhí thart faoin aois chéanna le hAthair, a chónaigh thart an coirnéal uaidh thiar i mBeirlín. Ba mhinic a d'fheictí é ag siúl suas agus síos an tsráid de lá agus d'oíche, agus é ag argóint go fíochmhar leis féin. In amanna, i lár na n-argóintí seo, théadh an t-esaontas ó smacht agus dhéanadh sé iarracht dorn a thabhairt don scáil a bhí sé ag éirí uaidh féin i gcoinne an bhalla. Ó am go ham bhíodh sé ag troid chomh fíochmhar sin gur bhuail sé a dhoirn i gcoinne na mbrící agus bhíodh siad ag cur fola agus ansin thiteadh sé ar a ghlúine agus

thosaíodh sé a chaoineadh agus a bhualadh a lámh i gcoinne a chinn. Cúpla uair chuala Bruno é ag baint úsáid as na focail úd nach raibh cead aige féin a úsáid, agus nuair a dhéanadh sé é seo b'éigean do Bruno cosc a chur ar a chuid scigireachta.

‘Níor chóir duit a bheith ag magadh faoi Herr Roller bocht,’ a d’inis Máthair dó an tráthnóna a d’inis sé di scéal a eachtra is déanaí. ‘Ní thuigeann tú an méid a ndeachaigh sé tríd ina shaol.’

‘Tá sé ar mire,’ arsa Bruno ag casadh méire thart i gciorcail ar thaobh a chinn agus ag feadaíl le cur in iúl a mhíre a shíl sé a bhí sé. ‘Shiúil sé a fhad le cat ar an tsráid an lá faoi dheireadh gur chuir sé cuireadh uirthi teacht faoi choinne tae tráthnóna.’

‘Cad é a dúirt an cat?’ a d’fhiafraigh Gretel, a bhí ag déanamh ceapaire i gcúinne na cistine.

‘Rud ar bith,’ a mhínigh Bruno. ‘Cat a bhí ann.’

‘Tá mé i ndáiríre,’ a dhearbhaigh Máthair. ‘Bhí Franz ina fhear óg galánta tráth – bhí aithne agam air nuair a bhí mé i mo ghirseach bheag. Bhí sé lách smaointeach agus thiocfadh leis a bhealach a dhéanamh thart an t-urlár damhsa ar nós Fred Astaire. Ach gortaíodh go dona é i rith an Chogaidh Mhóir, gortú ar a chloigeann, agus is é sin an fáth a mbíonn sé ag dul ar aghaidh ar an dóigh sin. Ní ábhar magaidh é. Níl barúil dá laghad agat ar an méid a ndeachaigh na fir óga tríd an t-am sin. An méid a d’fhulaing siad.’

Ní raibh Bruno ach sé bliana d’aois an t-am sin gan é iomlán cinnte den rud a raibh Máthair ag tagairt dó.

‘Tamall maith de bhlianta ó shin a bhí sé,’ a mhínigh sí nuair a cheistigh sé í faoi. ‘Sular tháinig tú ar an saol. Bhí Franz ar na fir óga a throid ar ár son sna trinsí. Bhí aithne mhaith ag d’athair air an t-am sin; creidim gur throid siad le chéile.’

‘Agus cad é a tharla dó?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Is cuma faoi sin,’ arsa Máthair. ‘Ní ábhar fóirsteanach cainte é an cogadh. Tá eagla orm go mbeimid ag caitheamh barraíocht ama ag caint air roimh i bhfad.’

Tharla sé sin giota beag níos mó ná trí bliana sular shroich siad uilig Amach-Libh agus ba bheag an t-am a bhí caite ag Bruno ag smaoinreamh ar Herr Roller idir an dá linn, ach go tobann bhí sé cinnte dearfa de mura ndéanfadh sé rud éigin ciallmhar, rud éigin úsáideach dá intinn, ansin sula mbeadh a fhios aige bheadh sé ag spaisteoireacht thart na sráideanna ag troid leis féin agus ag cur cuiridh ar ainmhithe tí dul chuig ócáidí sóisialta chomh maith.

Le spraoi a dhéanamh dó féin chaith Bruno maidin fhada agus tráthnóna fada Shathairn ag cruthú caitheamh aimsire nua dó féin. Bhí crann mór darach, ceann a raibh stoc leathan aige – píosa maith ar shiúl ón teach – ar thaobh Gretel a bhí sé agus bhí sé dodhéanta é a fheiceáil óna sheomra leapa féin. Crann ard a bhí ann a raibh craobhacha daingne aige, agus é láidir go leor le gasúr beag a iompar. Bhí cuma chomh haosta sin air gur mhothaigh Bruno go gcaithfidh sé gur cuireadh é am éigin sna Meánaoiseanna, tréimhse

staire a ndearna sé staidéar uirthi le déanaí agus a shíl sé a bheith an-suimiúil – go háirithe na codanna sin faoi na ridirí a d’imigh leo ar eachtraí go tíortha iasachta agus a tháinig ar rud éigin suimiúil nuair a bhí siad ansin.

Ní raibh ach dhá rud de dhíth ar Bruno lena chaitheamh aimsire nua a chruthú: píosa rópa agus bonn. Bhí sé furasta go leor an píosa rópa a aimsiú de bhrí go raibh cornaí de in íochtar an tí agus níor ghlac sé rófhada air rud éigin measartha contúirteach a dhéanamh, is é sin scian a raibh faobhar uirthi a aimsiú agus an oiread faid agus a shíl sé a bheadh de dhíth air a ghearradh de. Thug sé chuig an chrann darach iad mar ar fhág sé ar an talamh iad le húsáid a bhaint astu níos moille anonn. Scéal eile ar fad a bhí ann bonn a aimsiú.

Ar an lá áirithe seo ní raibh Máthair ná Athair sa bhaile. D’fhág Máthair an teach faoi dheifir go luath agus thóg an traein chuig cathair in aice láimhe le malairt spéire a fháil, agus an t-am deireanach a bhfacthas Athair bhí sé ag dul i dtreo na mbothán agus na ndaoine i gcéin a chónaigh amach ar fhuinneog Bruno. Ach mar ba ghnách, bhí neart trucaílí agus jípeanna de chuid na saighdiúirí ina stad in aice leis an teach, agus fios maith aige go mbeadh sé dodhéanta bonn a ghoid ó cheann ar bith acu, bhí seans ann i gcónaí go n-aimseodh sé ceann breise in áit éigin.

Ag dul amach dó chonaic sé Gretel ag labhairt le Leifteanant Kotler agus, gan mórán díograise, shíl sé

go mbeadh sé ina dhuine ciallmhar agus go n-iarrfadh sé airsean é. Ba é Leifteanant Kotler an t-oifigeach óg a chonaic Bruno ar a chéad lá in Amach-Libh, an saighdiúir a bhí ina sheasamh thuas staighre ina dteach agus a d’amharc air ar feadh bomaite sular sméid sé a cheann agus lean ar a bhealach. Ba mhinic ó shin a d’fheiceadh Bruno é – thagadh sé isteach agus amach as an teach amhail is gur leis féin an teach agus ba léir nach raibh oifig Athar thar teorainn leis ar chor ar bith – ach b’annamh a labhraíodh siad. Ní raibh a fhios ag Bruno go huile is go hiomlán cén fáth, ach bhí a fhios aige nach raibh dúil aige i Leifteanant Kotler. Bhí drochatmaisféar a bhain leis a chuir fuacht ar Bruno agus an fonn air geansaí a chur air féin. Mar sin féin, ní raibh duine ar bith eile ann a dtiocfadh leis a iarraidh air, agus shiúil sé anonn chuige le beannú dó leis an oiread sin muiníne a thiocfadh leis a bhailiú.

An chuid is mó den am bhíodh cuma galánta ar fad ar an Leifteanant, agus é ag céimniú suas agus síos ina éide a raibh an chuma uirthi gur smúdáladh í agus í á caitheamh aige. Bhíodh i gcónaí lonradh ar a bhuataisí dubha snasta agus bhí scoilt ina chuid gruaige fionnbhuí ag an taobh agus í á coinneáil ina háit ag rud éigin a chuir an chuma ar na marcanna círe gur talamh curaíochta a bhí ann. Ar a bharr sin chaitheadh sé an oiread sin cumhráin go dtiocfadh leat é a mhothú ag teacht i bhfad uait. Bhí ciall cheannaithe ag Bruno gan a bheith ina sheasamh bealach na gaoithe uaidh nó go mbeadh contúirt ann go dtitfeadh sé i laige.

Ar an lá áirithe seo, áfach, ó tharla go raibh maidin Shathairn ann agus go raibh sé chomh grianmhar sin, ní raibh sé chomh cíortha glanta sin. Ina ionad sin bhí veist bhán á caitheamh aige thar a bhríste agus bhí a chuid gruaige tite anuas thar chlár a éadain agus cuma chloíte uirthi. Bhí dath ní ba dhoinne ar a ghéaga agus a shílfeá agus bhí na cineálacha matán aige ba mhian le Bruno a bheith aige féin. Bhí an chuma air inniu go raibh sé an oiread sin ní b'óige ná a shílfeá gur chuir sé iontas ar Bruno; leis an fhírinne a dhéanamh chuir sé na buachaillí móra ar scoil i gcuimhne dó, na buachaillí a sheachain sé i gcónaí. Bhí Leifteanant Kotler sáite i gcomhrá le Gretel agus caithfidh sé go raibh an méid a bhí le rá aige an-ghreannmhar de thairbhe go raibh sise ag gáire in ard a cinn agus ag casadh a cuid gruaige ar a méara agus ag déanamh bachaill gruaige.

‘Go mbeannaí Dia daoibh,’ arsa Bruno agus é ag teacht ionsorthu, agus bhreathnaigh Gretel go colgach air.

‘Cad é ba mhaith *leatsa*?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Níor *mhaith* liom rud ar bith,’ arsa Bruno go giorraisc, ag stánadh uirthi. ‘Ní raibh ann ach gur tháinig mé anall le beannú daoibh.’

‘Beidh ort maitheamh do mo dheartháir óg, a Kurt,’ arsa Gretel leis an Leifteanant Kotler. ‘Níl sé ach naoi mbliana d’aois, bíodh a fhios agat.’

‘Maidin mhaith, a fhir óig,’ arsa Kotler, ag síneadh a láimhe amach agus – go huafásach ar fad – ag cur cuid gruaige Bruno in aimhréidhe léi, geáitse a chuir

an fonn ar Bruno é a bhrú go talamh agus léim suas agus síos ar a cheann. ‘Agus cad é a thug ort a bheith i do shuí chomh luath seo maidin Dé Sathairn?’

‘Ní déarfainn go bhfuil sé luath,’ arsa Bruno. ‘Tá sé chóir a bheith a deich a chlog.’

Chroith Leifteanant Kotler a ghuailí. ‘Nuair a bhí mise ar an aois s’agatsa ní bhíodh mo mháthair ábalta mé a chur i mo shuí go dtí am lóin. Deireadh sí nach bhfásfainn aníos i m’fhear mór láidir dá gcuirfinn an lá tharam i mo chodladh.’

‘Bhuel, bhí sí mícheart ar fad i dtaca leis sin de, nach raibh?’ arsa Gretel ag déanamh leamhgháire. Stán Bruno uirthi agus déistin air. Bhí sí ag labhairt de ghlór amaideach amhail is nach raibh barúil ar bith aici ina hintinn féin. Ní raibh rud ar bith ba mhó ba mhaith le Bruno a dhéanamh ná siúl leis ón bheirt acu gan baint ná páirt a bheith aige le cibé rud a bhí idir camáin acu, ach ní raibh an dara rogha aige ach a bheith ar mhaithe leis féin go príomha agus an rud doshamhlaithe a iarraidh ar Leifteanant Kotler. Gar.

‘Níl a fhios agam an dtiocfadh liom gar a iarraidh ort,’ arsa Bruno.

‘Tig leat ceann a iarraidh orm,’ arsa Leifteanant Kotler, a chuir Gretel ag gáire arís cé nach raibh sé rógheannmhar.

‘Níl a fhios agam an bhfuil boinn bhreise áit ar bith thart anseo,’ arsa Bruno ag leanúint ar aghaidh. ‘Ó cheann de na jípeanna, b’fhéidir. Ó thrucail. Ceann nach bhfuil tú ag baint úsáid as.’

‘Is leis an Sáirsint Hoffschneider an t-aon bhonn breise a chonaic mé thart anseo le déanaí, agus iompraíonn sé faoina choim é,’ arsa Leifteanant Kotler, agus cruth ag teacht ar a bhéal a raibh cuma aoibh an gháire air. Ní thiocfadh le Bruno ciall ar bith a bhaint as seo, ach rinne sé an oiread sin suilt do Gretel go raibh an chuma uirthi gur thosaigh sí a dhamhsa ar an toirt.

‘Bhuel, an bhfuil sé ag baint úsáid as?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Sáirsint Hoffschneider?’ a d’fhiafraigh Leifteanant Kotler. ‘Tá, is oth liom a rá. Tá sé iontach tugtha dá bhonn breise.’

‘Éirigh as, a Kurt,’ arsa Gretel, ag triomú a súl. ‘Ní thuigeann sé thú. Níl sé ach naoi mbliana.’

‘Ó, éist do bhéal,’ arsa Bruno de ghlór béiceach, agus é ag stánadh ar a dheirfiúr go colgach. Bhí sé olc go leor gurbh éigean dó teacht amach anseo a iarraidh gar ar Leifteanant Kotler, ach ba mheasa míle uair é nuair a bhí a dheirfiúr féin ag spochadh as an t-am ar fad agus é á iarraidh air. ‘Níl tusa ach dhá bhliain déag cibé ar bith,’ ar seisean fosta. ‘Mar sin de, ná bí ag ligean ortsa go bhfuil tú níos sine ná mar atá tú.’

‘Tá mé chóir a bheith trí bliana déag, a Kurt,’ ar sise go giorraisc, agus deireadh tagtha lena gáire faoin am seo, a haghaidh reoite le huafás. ‘Beidh mé trí bliana déag i gceann cúpla seachtain. I mo dhéagoir. Do dhála féin.’

Rinne Leifteanant Kotler aoibh an gháire agus

sméid a cheann ach níor labhair focal. Bhí Bruno ag stánadh air. Dá mbeadh duine fásta ar bith eile faoin spéir ina sheasamh os a chomhair chasfadh sé a shúile timpeall lena rá go raibh a fhios ag an bheirt acu go raibh girseacha amaideach agus go raibh deirfiúracha go huile is go hiomlán seafóideach. Ach ní duine fásta ar bith eile a bhí ann seo. Leifteanant Kotler a bhí ann.

‘Cibé ar bith,’ arsa Bruno ag déanamh neamhairde ar an dreach feirge a bhí ar Gretel agus í ag amharc air, ‘seachas an ceann sin, an dtiocfadh liom bonn breise a aimsiú áit ar bith eile?’

‘Ar ndóigh,’ arsa Leifteanant Kotler, nach raibh aoibh an gháire air anois agus an chuma air go tobann go raibh sé dubh dóite leis an rud ar fad. ‘Ach cad chuige ar mhaith leat é cibé ar bith?’

‘Shíl mé go ndéanfainn luascán,’ arsa Bruno. ‘Tá a fhios agat, le bonn agus giota rópa ar chraobhacha crainn.’

‘Cinnté,’ arsa Leifteanant Kotler, ag sméideadh a chinn go heagnaí a rá is de nach raibh a leithéid de rudaí ach ina gcuimhní cinn aige anois, in ainneoin nach raibh ann féin ach déagóir, rud a chuir Gretel ar a shúile dó. ‘Tá a fhios agam, is iomaí luascán a rinne mé féin nuair a bhí mé óg. Is iomaí tráthnóna taitheamhach a chaith mé féin agus cairde dom ag imirt cluichí orthu.’

Baineadh geit as Bruno go dtiocfadh le cosúlacht ar bith a bheith aige leis (agus geit ba mhó arís go raibh cairde ag Leifteanant Kotler riamh). ‘Mar sin de, cad

é do bharúil?’ a d’fhiafraigh sé. ‘An bhfuil cuid ar bith acu thart anseo?’

Bhí Leifteanant Kotler ag stánadh air agus an chuma air nach raibh sé socair ina intinn cad é a bhí sé ag dul a dhéanamh, amhail is nach raibh sé cinnte de cé acu a bhí sé ag dul a chur freagra díreach air nó an raibh sé ag dul a dhéanamh iarrachta cur isteach air mar ba ghnách. Ansin chonaic sé Pavel – an seandúine a thagadh gach tráthnóna le cuidiú leis an craiceann a bhaint de na glasraí sa chistin faoi choinne an dinnéir sula gcuireadh sé air a chóta bán go mbíodh sé ag freastal ar an tábla – ag déanamh ar an teach, agus dhealraigh sé go raibh sé socair ina intinn nuair a tharla sé seo.

‘Hóigh, tusa!’ ar seisean de ghlór béiceach, agus ag cur focail eile leis nár thuig Bruno. ‘Goitse anall, tusa—’ Dúirt sé an focal arís, agus bhí rud éigin faoi fhuaim gharbh an fhocail a thug ar Bruno breathnú ar leataobh agus náire air go raibh baint ná páirt aige leis seo ar chor ar bith.

Tháinig Pavel ionsorthu agus labhair Kotler leis go sotalach, in ainneoin go raibh sé óg go leor le bheith ina gharmhac aige. ‘Gabh leis an fhear bheag seo chuig an scioból stórais ar chúl an tí. Tá seanbhoinn ina seasamh i líne ag balla taoibh ann. Roghnóidh sé ceann acu agus caithfidh tusa é a iompar chuig cibé áit a iarrann sé ort, an dtuigeann tú sin?’

Bhí greim ag Pavel ar a bhearad faoina bhráid agus chlaon sé a cheann, a thug air a cheann a chromadh

ní b'isle fiú ná mar a bhí sé cromtha aige cheana féin. 'Tuigim, a dhuine uasail,' ar seisean de ghlór íseal, chomh híseal sin go raibh seans ann nach ndúirt sé ar chor ar bith é.

'Agus ina dhiaidh sin, nuair a fhillfidh tú ar an chistin, bí cinnte de go nífidh tú do lámha sula gcuirfidh tú ar bhia ar bith iad, a dhuine shalaigh—'. Dúirt Leifteanant Kotler an focal arís ar bhain sé úsáid as dhá uair roimhe seo cheana féin agus chaith sé seileog bheag agus é ag labhairt. Thug Bruno sracfhéachaint ar Gretel a bhí ag stánadh ar sholas na gréine agus í faoi dhraíocht agus é ag scinneadh de chuid gruaige Leifteanant Kotler ach a raibh an chuma uirthi anois, dála a dearthár, go raibh sí giota beag míshuaimhneach. Níor labhair ceachtar acu le Pavel i ndáiríre roimhe seo ach freastalaí maith a bhí ann agus de réir Athar ní raibh siad sin chomh flúirseach le gaineamh na trá.

'Imigh leat mar sin,' arsa Leifteanant Kotler, agus d'iompaigh Pavel agus shiúil chun tosaigh i dtreo an scioból stórais, agus Bruno á leanúint, a thug sracfhéachaint siar i dtreo a dheirféar agus an tsaighdiúra óig den chéad uair agus fonn millteanach air dul ar ais ansin agus Gretel a tharraingt ar shiúl, in ainneoin go raibh sí ina crá croí agus leithleasach cruálach leis an chuid is mó den am. Ba é sin, i ndeireadh na dála, an rud ba dhual di. A dheirfiúr a bhí inti. Ach ghoill sé air í a fhágáil léi féin le leithéidí Leifteanant Kotler. Le fírinne, ní raibh dóigh ar bith eile ann le craiceann a chur ar an scéal: ní raibh ann ach

go raibh sé mioscaiseach go díreach.

Tharla an taisme cúpla uair an chloig ní ba mhoille i ndiaidh do Bruno bonn fóirsteanach a aimsiú agus i ndiaidh do Pavel é a tharraingt chuig an chrann mhór darach ar thaobh Gretel den teach, agus i ndiaidh do Bruno dreapadh suas agus síos agus suas agus síos agus suas agus síos an stoc leis na rópaí a cheangal go sábháilte de na craobhacha agus den bhonn féin. Go dtí sin d'éirigh go hiontach leis an mhodh oibre. Chuir sé ceann acu in airde uair amháin roimhe, ach bhí Karl agus Daniel agus Martin ann le cuidiú leis an t-am sin. An iarraidh seo, áfach, bhí sé á chur in airde ina aonar agus bhí rudaí i bhfad ní ba chasta dá bharr sin. Ach mar sin féin, d'éirigh leis ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, agus taobh istigh de roinnt uaireanta an chloig bhí sé ina shuí ar a sháimhín suilt i lár an bhoinn agus é ag luascadh anonn agus anall amhail is nach raibh aird ar bith aige ar an saol ná ag an saol air, cé go raibh sé ag déanamh neamhairde ar an fhírinne go raibh sé ar na luascáin ba mheasa dá raibh sé ina shuí orthu lena bheo.

Luigh sé siar ar shlat a dhroma thar lár an bhoinn agus bhain úsáid as a chosa le é féin a bhrú go láidir den talamh. Gach uair dár bhain sé luascadh siar as an bhonn d'éirigh sé san aer agus ba bheag nár bhuail sé in éadan stoc an chrainn féin, ach mar sin féin bhí sé chomh cóngarach sin dó gurbh éigean dó a chosa a úsáid le é féin bhrú ní ba ghasa agus ní b'airde arís an

chéad luascadh eile. D'éirigh go maith leis seo go dtí gur shleamhnaigh an greim a bhí aige ar an bhonn giota beag go díreach nuair a bhí sé á bhrú féin ón chrann, agus sula raibh a fhios aige bhí a thaobh istigh trína chéile agus thit sé anuas, a leathchos go fóill taobh istigh den fhleasc gur bhuaile sé de phlab an talamh béal faoi.

Bhí gach rud bán ar feadh bomaite agus ansin tháinig sé ar ais i bhfócas. Shuigh sé ar an talamh go díreach nuair a bhí an bonn á luascadh aniar gur bhuaile sé ar an chloigeann é agus lig sé béic as agus bhog as an bhealach. Nuair a sheas sé mhothaigh sé go raibh idir lámh agus chos iontach nimhneach de bhrí gur thit sé de phlab orthu, ach ní raibh siad chomh nimhneach sin go mb'fhéidir go mbeadh siad briste. Scrúdaigh sé a lámh agus bhí sí clúdaithe le scríoba agus nuair a d'amharc sé ar a uillinn thiocthadh leis gearradh gránna a fheiceáil. Mhothaigh a chos ní ba nimhní, áfach, agus nuair a d'amharc sé síos ar a ghlúin go díreach faoin áit ar chríochnaigh a bhríste gairid, bhí scoradh leathan ann a raibh an chuma air go raibh sé ag fanacht le é amharc air mar a luaithe a bhí a aird uilig air, thosaigh sé a chur fola go measartha dona.

‘Ó, a Dhia,’ arsa Bruno de ghlór ard, ag stánadh air agus é ag smaoineamh ar an chéad rud eile ba chóir dó a dhéanamh. Níor ghá dó a bheith ag smaoineamh ar feadh i bhfad, áfach, de bhrí go raibh an luascán a chuir sé in airde ar an taobh céanna den teach agus a bhí an chistin, agus bhí Pavel, an freastalaí a chuidigh

leis an bhonn a aimsiú, ina sheasamh ag an fhuinneog agus nuair a bhí sé ag baint an chraicinn de na prátaí chonaic sé an taisme ag tarlú. Nuair a d’amharc Bruno suas arís chonaic sé Pavel ag teacht go gasta ionsair, agus níorbh é gur tháinig sé gur mhothaigh sé muiníneach go leor ligean don laige bua a fháil air. Thit sé siar giota beag ach níor bhuail sé an talamh an iarraidh seo de bhrí go bhfuair Pavel greim air idir a dhá lámh.

‘Níl a fhios agam cad é a tharla,’ ar seisean. ‘Ní raibh an chuma air go raibh sé contúirteach ar chor ar bith.’

‘Bhí tú ag dul ró-ard,’ arsa Pavel de ghlór íseal rud a chuir Bruno ar a shuaimhneas láithreach. ‘Bhí sé á thuar dom. Shíl mé go raibh taisme ag dul a tharla duit bomaite ar bith.’

‘Agus tharla,’ arsa Bruno.

‘Tharla cinnte.’

D’iompair Pavel é trasna na faiche agus siar i dtreo an tí, thug isteach sa chistin é agus a chuir ina shuí é ar cheann de na cathaoireacha adhmaid.

‘Cá bhfuil Máthair?’ arsa Bruno, agus é ag amharc thart don chéad duine a lorgfadh sé nuair a tharlódh taisme dó.

‘Níor fhíll do mháthair go fóill, is oth liom a rá,’ arsa Pavel, a bhí thíos ar a ghlúine ar an urlár os a chomhair ag scrúdú a ghlúine. ‘Níl ann ach mé féin.’

‘Cad é atá ag dul a tharla mar sin?’ a d’fhiafraigh Bruno, agus é ag dul giota beag chun scaoil, mothú

b'fhéidir a thabharfadh deora chuig a shúile. 'Tá seans ann go ndoirtfidh mé mo chuid fola agus go bhfaighidh mé bás.'

Rinne Pavel gáire beag agus sméid a cheann. 'Níl tú ag dul a fháil bháis den doirteadh fola,' ar seisean, ag tarraingt stóil anonn agus ag síneadh chos Bruno in airde air. 'Ná corraigh ar feadh bomaite. Tá bosca gartharrthála thall ansin.'

D'amharc Bruno air agus é ag bogadh thart an chistin, ag tarraingt an bhosca ghlais gartharrthála amach as an chófra agus ag líonadh babhla beag le huisce, ag baint trialach as lena mhéar ar dtús le bheith cinnte de nach raibh sé rófhuar.

'An mbeidh orm dul chuig an otharlann?' arsa Bruno. 'Ní bheidh, ní bheidh,' arsa Pavel nuair a chuaigh sé síos ar a ghlúine arís áit a raibh sé, ag tumadh ceirt thirim isteach sa bhabhla agus á cur go héadrom ar ghlúin Bruno a chuir ag cúbadh i bpian é, cé nach raibh sé chomh pianmhar sin i ndáiríre. 'Níl ann ach gearradh beag. Ní bheidh greimeanna féin de dhíth air.'

Chuir Bruno grainc air féin agus é ag cogaint na liopaí go neirbhíseach agus Pavel ag glanadh na fola den chneá agus ansin chuir ceirt eile uirthi go teann ar feadh cúpla bomaite. Nuair a bhain sé di arís í, go réidh, bhí deireadh tagtha leis an chur fola, agus thóg sé buidéal beag leachta ghlais amach as an bhosca gartharrthála agus chuir smitíní beaga de ar an chneá, a chuir nimh ghéar ann agus a thug ar Bruno 'Ó' a rá

roinnt uaireanta go gasta i ndiaidh a chéile.

‘Níl sí chomh holc sin,’ arsa Pavel, ach de ghlór séimh cineálta. ‘Ná bíodh sí níos measa ná mar atá sí agus tú ag déanamh go bhfuil sí níos pianmhaire ná mar atá sí i ndáiríre.’

Ar dhóigh éigin shíl Bruno go raibh ciall leis sin agus níor ghéill don fhonn a bhí air ‘Ó’ a rá ina dhiaidh sin, agus nuair a chríochnaigh Pavel ag cur an leachta ghlais air thóg sé bindealán amach as an bhosca gartharrthála agus chuir ar an chneá é le gléthéip.

‘Anois,’ ar seisean. ‘An bhfuil gach rud níos fearr anois, ah?’

Sméid Bruno a cheann agus bhí giota beag náire air nár iompair sé é féin chomh cróga céanna agus ba mhaith leis. ‘Go raibh maith agat,’ ar seisean.

‘Go ndéana a mhaith duit,’ arsa Pavel. ‘Anois caithfidh tú fanacht i do shuí go ceann cúpla bomaite sula siúlfaidh tú thart uirthi arís, ceart go leor? Lig don chneá socrú síos. Agus ná gabh faoi shlat den luascán sin arís inniu.’

Sméid Bruno a cheann agus choinnigh a chos sínte amach ar an stól roimhe agus Pavel ag dul anonn chuig an doirteal gur nigh sé a lámha go cúramach, ag sciúradh faoina ingne fiú le scuab sreinge, sular thriomaigh sé iad agus gur fhill ar na prátaí.

‘An inseoidh tú do Mháthair cad é a tharla?’ a d’fhiafraigh Bruno, a chaith na bomaití deireanacha sin ag machnamh cé acu a bheadh sé ina laoch aici de bhrí gur tharla taisme dó nó an mbeadh sé ina chladhaire

aici de bhrí gur chuir sé an ghaiste bháis in airde.

‘Sílím go mbeidh a fhios aici féin,’ arsa Pavel, a thóg na meacain dhearga anonn chuig an tábla anois agus a shuigh os comhair Bruno gur thosaigh sé a bhaint an chraicinn díobh ar bharr sean-nuachtáin.

‘Beidh, is dócha,’ arsa Bruno. ‘is féidir go mbeidh sí ag iarraidh mé a thabhairt chuig dochtúir.’

‘Ní dóigh liom é,’ arsa Pavel de ghlór íseal.

‘Ní bheadh a fhios agat.’ arsa Bruno, nach raibh ag iarraidh go ruaigfí scéal a thaisme as a cheann go díreach chomh gasta sin. (Bhí sé, i ndeireadh na dála, ar an rud ba chorrathí dár tharla dó ó bhain sé an áit seo amach.) ‘Thiocfadh leis a bheith ní ba mheasa ná an chuma atá air.’

‘Níl sé,’ arsa Pavel, agus is ar éigean an chuma air go raibh sé ag éisteacht leis an méid a bhí Bruno ag rá, a intinn ar fad beagnach dírithe ar na meacain dhearga.

‘Bhuel, cad é mar atá a fhios agat?’ a d’fhiafraigh Bruno go gasta, ag éirí colgach anois in ainneoin gurbh é seo an fear céanna a tháinig amach le é a thógáil den talamh agus a thug isteach sa teach é agus a thug aire dó. ‘Ní dochtúir tusa.’

Stad Pavel de bheith ag baint an chraicinn de na meacain dhearga ar feadh bomaite agus d’amharc ar Bruno a bhí ar an taobh eile den tábla, a cheann faoi, a shúile ag amharc suas, a rá is de go raibh sé ag machnamh ar an rud a déarfadh sé faoina leithéid de ráiteas. Lig sé osna agus an chuma air go raibh sé ag machnamh air ar feadh tamaill measartha fada sula

ndúirt sé, ‘Is ea, is dochtúir mé.’

Bhí Bruno ag stánadh air agus iontas air. Ní thiocfadh leis ciall ar bith a bhaint as sin. ‘Ach is freastalaí tú,’ ar seisean go mall. ‘Agus baineann tú an craiceann de na glasraí faoi choinne an dinnéir. Cad é mar a thig leat a bheith i do dhochtúir chomh maith?’

‘A fhir óig,’ arsa Pavel (agus thaitin sé leis go raibh sé de mhúineadh air ‘fear óg’ a thabhairt air in ionad ‘fear beag’ mar a thug Leifteanant Kotler air), ‘tá mé i mo dhochtúir go cinnte dearfa. De bhrí go dtugann fear sracfhéachaint ar an spéir san oíche ní hionann é sin agus a rá gur réalteolaí é, bíodh a fhios agat.’

Ní raibh barúil ag Bruno cad é air a raibh Pavel ag caint ach thug rud éigin a dúirt sé air amharc air go géar den chéad uair. Fear measartha beag a bhí ann, agus é iontach tanaí fosta, a raibh méara fada agus ceannaithe corrcnámhacha air. Bhí sé ní ba shine ná Athair ach ní b’óige ná Seanathair, a chiallaigh go raibh sé measartha aosta, agus cé nár leag Bruno a shúile air sular tháinig sé go hAmach-Libh, bhí rud éigin faoina aghaidh a thug air a chreidiúint go mbíodh féasóg air san am a bhí caite.

Ach ní anois.

‘Ach ní thuigim,’ arsa Bruno, ag iarraidh an scéal a scagadh. ‘Más dochtúir tú, cad chuige mar sin a bhfuil tú ag freastal ar tháblaí? Cad chuige nach bhfuil tú ag obair in otharlann áit éigin?’

D’fhan Pavel gan focal as ar feadh tamaill fhada sular fhreagair sé, agus idir an dá linn níor labhair

Bruno focal. Ní raibh sé cinnte cén fáth ach mhothaigh sé gur chóir go mbeadh sé de mhúineadh air fanacht go dtí go mbeadh Pavel réidh le labhairt.

‘Sular tháinig mé anseo, chleacht mé gairm na dochtúireachta,’ ar seisean faoi dheireadh.

‘Chleacht tú?’ a d’fhiafraigh Bruno, a bhí aineolach ar an fhocal. ‘An é nach raibh tú rómhaith aici mar sin go raibh ort í a chleachtadh?’

Rinne Pavel aoibh an gháire. ‘Bhí mé iontach maith aici,’ ar seisean. ‘Riamh anall bhí mé ag iarraidh a bheith i mo dhochtúir, an dtuigeann tú. Ó bhí mé i mo ghasúr beag. Ó bhí mé ag an aois atá tusa anois.’

‘Ba mhaith liom a bheith i mo thaiscéalái,’ arsa Bruno go gasta.

‘Go n-éirí leat,’ arsa Pavel.

‘Go raibh maith agat.’

‘Ar tháinig tú ar rud ar bith go fóill?’

‘Thiar inár dteach i mBeirlín bhí neart eachtraíochta le déanamh,’ a mheabhraigh Bruno dó féin. ‘Ach sin ráite, teach an-mhór a bhí ann, ní ba mhó ná a thiocfadh leat a shamhlú, mar sin de bhí neart áiteanna le taiscéaladh a dhéanamh iontu. Níl sé mar an gcéanna san áit seo.’

‘Níl rud ar bith mar an gcéanna san áit seo,’ arsa Pavel ag aontú leis.

‘Cén uair a bhain tusa Amach-Libh amach?’ a d’fhiafraigh Bruno.

Chuir Pavel an meacan dearg agus an scamhaire síos ar feadh cúpla bomaite agus rinne a mhachnamh

air. ‘Sílím go raibh mé i gcónaí anseo,’ ar seisean faoi dheireadh de ghlór íseal.

‘Ar fhás tú aníos anseo?’

‘Níor fhás,’ arsa Pavel, ag croitheadh a chinn. ‘Níor fhás mé, níor fhás.’

‘Ach tá tú i ndiaidh a rá—’

Sula dtiocfadh leis dul ar aghaidh, bhíothas in ann glór Mháthar a chluinstin taobh amuigh. A luaithe a chuala sé í, léim Pavel ina sheasamh óna shuíochán go gasta agus chuaigh ar ais chuig an doirteal leis na meacain dhearga agus an scamhaire agus an nuachtán a bhí lán de chraicne, agus thug a dhroim do Bruno, a chloigeann faoi gan focal as arís.

‘Cad é faoi Dhia a tharla duitse?’ a d’fhiafraigh Máthair nuair a chonachtas sa chistin í, agus í ag cromadh anuas leis an bhindealán a chlúdaigh cneá Bruno a scrúdú.

‘Chuir mé luascán in airde agus ansin thit mé de,’ a mhínigh Bruno. ‘Agus ansin bhuaile an luascán ar an chloigeann mé agus is beag nár thit mé i laige, ach tháinig Pavel amach gur thug sé isteach mé agus ghlan sé suas é agus chuir bindealán orm agus bhí nimh mhór ann ach níor chaoin mé uair amháin fiú, ar chaoin, a Pavel?’

Thiontaigh Pavel a chorp giota beag ina dtreo ach níor ardaigh a chloigeann. ‘Glanadh an chneá,’ ar seisean de ghlór íseal, gan é ag tabhairt freagra ar cheist Bruno. ‘Níl ábhar buartha agat.’

‘Gabh chuig do sheomra, a Bruno,’ arsa Máthair,

a raibh cuma uirthi go soiléir anois go raibh sí míchompordach.

‘Ach bhí mé—’

‘Ná bí ag argóint liom – gabh chuig do sheomra!’ a dhearbhaigh sí, agus tháinig Bruno anuas den chathaoir, ag cur a mheáchain ar a dhroch-chos mar a shocraigh sé a thabharfaí uirthi, agus bhí sí giota beag nimhneach. Thiontaigh sé agus d’fhág an seomra ach bhí sé go fóill ábalta Máthair a chluinstin ag gabháil a buíochais le Pavel agus é ag siúl i dtreo an staighre, agus chuir sé seo áthas ar Bruno de bhrí gur léir do chách mura mbeadh sé ann dó, go bhfaigheadh sé bás den doirteadh fola.

Chuala sé rud amháin eile sula ndeachaigh sé suas staighre agus ba é sin an abairt dheireanach a labhair Máthair leis an fhreastalaí a mhaígh gur dochtúir a bhí ann.

‘Má chuireann an Ceannfort ceist orainn, déarfaimid gur mise a ghlan Bruno suas.’

Mhóthaigh Bruno go raibh sé seo iontach santach agus gur bealach a bhí ann do Mháthair a chur i gcéill gur di féin a bhí an chreidiúint ag dul.

Caibidil a hOcht

An Fáth A nDeachaigh Mamó Amach De Rúchladh

Ba iad Daideo agus Mamó an bheirt ba mhó a chronaigh Bruno uaidh. Chónaigh siad lena chéile in árasán beag in aice leis na seastáin a raibh glasraí agus torthaí orthu, agus thart faoin am ar aistrigh Bruno go hAmach-Libh, bhí Daideo beagnach trí bliana déag agus trí scór d'aois, a chiallaigh gurbh é an fear ba shine ar domhan é, dar le Bruno cibé ar bith. Tráthnóna dá raibh rinne Bruno cuntas ina intinn dá mairfeadh sé a shaol arís agus arís eile ocht n-uaire as a chéile, go mbeadh sé go fóill ní b'óige ná Daideo.

Chaith Daideo a shaol ar fad i mbun bialainne i lár an bhaile, agus ba é athair Martin, cara le Bruno, duine de na fostaithe agus bhí sé ag obair inti mar chócaire. Cé nach ndearna Daideo cócaireacht agus nár fhreastail sé ar na táblaí a thuilleadh, chaith sé bunús a shaoil inti, ina shuí ag an bheár san iarnóin ag labhairt leis na custaiméirí, ag ithe a choda inti trathnóna agus ag fanacht inti go dtí am dúnta, ag gáire lena chairde.

Ní raibh an chuma ar Mhamó go raibh sí aosta i gcomparáid le mamónna na ngasúr eile. Le fírinne, nuair a fuair Bruno amach cé chomh haosta agus a bhí sí - seasca a dó – baineadh siar as. Casadh Daideo uirthi i ndiaidh ceann dá cuid coirmeacha ceoil agus í ina bean óg agus ar dhóigh éigin chuir sé ina luí uirthi gur cheart di é a phósadh, in ainneoin a chuid lochtanna. Bhí a cuid gruaige fada rua, iontach cosúil le cuid a banchliamhain, bhí a súile glas, agus mhaígh sí go raibh sé seo amhlaidh de bhrí go raibh fuil Ghaelach ag rith áit éigin ina crann ginealaigh. Bhí a fhios ag Bruno i gcónaí an uair a bhíodh cóisir clainne faoi lán seoil de thairbhe go mbíodh Mamó ag cleitearnach thart ar an phianó go dtí go suíodh duine éigin aige agus go n-iarradh sé uirthi amhrán a rá.

‘Cad é sin?’ a scairteadh sí, lámh aici in éadan a huchta a rá is de go mbaineadh an smaoineamh siar aisti. ‘An bhfuil sibh ag iarraidh orm amhrán a rá? Bhuel, níl bealach ar bith a dtiocfadh liom. Is oth liom a rá, a fhir óig, go bhfuil mo chuid ceoil curtha díom.’

‘Abair amhrán! Abair amhrán!’ a scairteadh gach duine ag an chóisir, agus nuair a bhíodh sos fóirsteanach thart – in amanna chomh fada le deich soicind nó dhá shoicind déag – ghéilleadh sí sa deireadh agus thiontaíodh sí chuig an fhear óg ag an phianó agus deireadh sí de ghlór greannmhar gasta:

‘*Lá Vie en Rose*, E-maol beag. Agus déan iarracht coinneáil suas leis na hathruithe.’

Ba é amhránaíocht Mhamó an rud ba mhó a sheas

amach ag cóisirí i dteach Bruno, a chomhtharla ar chúis éigin leis an uair a théadh Máthair ó phríomhláthair na cóisire chun na cistine, agus cuid dá cuid cairde ag leanúint uirthi. D’fhanadh Athair i gcónaí le héisteacht léi agus dhéanadh Bruno amhlaidh de bhrí nach raibh rud ar bith ba mhó a thaitníodh leis ná Mamó a chluinstin agus í ag rá amhráin in ard a cinn agus an bualadh bos á thabhairt isteach aici ó na haíonna ag an deireadh. Ar a bharr sin, chuireadh *La Vie en Rose* creatha fuachta ann agus thógadh sé an ghruaig dá cheann.

Bhí dúil ag Mamó go leanfadh Bruno nó Gretel ar an ardán í amach anseo, agus gach Nollaig, agus ag gach cóisir bhreithlae, chumadh sí dráma beag don triúr acu a léiríodh siad do Mháthair, Athair agus Dhaideo. Scríobhadh sí féin na drámaí, agus dar le Bruno, thugadh sí na línte ab fhearr i gcónaí di féin, cé nár mhiste leis é seo. Is gnách go mbíodh amhrán istigh ann áit éigin fosta – *An bhfuil sibh ag iarraidh orm amhrán a rá?* a d’fhiafraíodh sí ar dtús – agus bhíodh deis ag Bruno cleas draíochta a dhéanamh agus deis ag Gretel damhsa a dhéanamh. Thagadh deireadh leis an dráma i gcónaí agus Bruno ag aithris dán fada le duine de na Mórfhilí, focail a bhíodh deacair dó a thuiscint ach dá mhéad uair a léadh sé iad is amhlaidh is áille a d’éiríodh siad ar dhóigh éigin.

Ach níorbh é sin an chuid ab fhearr den léiriúchán beag seo. Ba é an chuid ab fhearr de go ndéanadh Mamó cultacha do Bruno agus do Gretel. Ba chuma

cad é an ról a bhíodh ann nó a laghad líne a bhíodh aige i gcomparáid lena dheirfiúr nó lena Mhamó, bhíodh deis ag Bruno i gcónaí gléasadh mar a bheadh prionsa, nó Síc Arabach ann, nó fiú mar a bheadh gliaire Rómhánach ann tráth. Bhíodh corónacha ann agus nuair nach mbíodh coránacha ann bhíodh claimhte ann. Agus nuair nach mbíodh claimhte ann bhíodh fuipeanna nó turbain ann. Ní bhíodh a fhios ag duine ar bith cad é a dtiocfadh Mamó aníos leis an chéad uair eile, ach seachtain roimh an Nollaig ghlaodh sí orthu teacht chuig a teach ar bhonn rialta faoi choinne réamhléirithe.

Ar ndóigh tháinig deireadh tubaisteach leis an dráma deireanach a léirigh siad agus chuimhnigh Bruno air go fóill le brón, cé nach raibh sé iomlán cinnte den rud a chuir tús leis an argóint.

Seachtain nó dhó roimhe, bhí scléip agus spraoi sa teach a bhain ar dhóigh éigin leis an scéal go raibh ar Maria, an Cócaire agus Lars an buitléir, agus ar na saighdiúirí uilig chomh maith a thagadh isteach agus amach as an áit agus a bhaineadh úsáid aisti – a rá is de gur leo féin í agus nár leisean í – ‘Ceannfort’ a thabhairt ar Athair. Ní raibh ann ach scléip agus spraoi le seachtainí anuas. Sa chéad dul síos tháinig an Fürher agus an bhean álainn fhionn faoi choinne dinnéir, a chuir stad le gach rud sa teach, agus ansin bhí an scéal seo uilig ann faoi ‘Cheannfort’ a thabhairt ar Athair. Dúirt Máthair le Bruno é a thréaslú d’Athair, rud a rinne sé, cé nach raibh sé iomlán cinnte le fírinne cén

fáth a raibh sé ag tréaslú dó dá mbeadh sé ionraic leis féin (rud a rinne sé iarracht a dhéanamh i gcónaí).

Chaith Athair a éide úrnua Lá Nollag, an ceann smúdáilte ar cuireadh stáirse inti a chaitheadh sé gach lá anois, agus thug an teaghlach ar fad bualadh bos dó nuair a chonacthas é gléasta inti den chéad uair. Rud thar a bheith speisialta a bhí ann gan amhras. I gcomparáid leis na saighdiúirí eile a thagadh isteach agus amach as an teach, sheasadh sé amach, agus bhí an chuma orthu gur mhó an meas a bhí acu air mar gheall uirthi. Chuaigh Máthair suas a fhad leis gur thug sí póg dó ar a leiceann agus chuimil a lámh air fosta, ag caint ar a bhreátha a shíl sí a bhí an t-éadach. Chuaigh na maisiúcháin uilig ar an éide go mór i bhfeidhm ar Bruno agus tugadh cead dó an bearad a chaitheamh ar feadh tamaillín, ionas go raibh a lámha glan nuair a chuir sé air é.

Bhí an-bhród ar Dhaideo as a mhac nuair a chonaic sé gléasta ina éide nua é ach ba í Mamó an t-aon duine amháin a raibh an chuma uirthi nach ndeachaigh sí i bhfeidhm uirthi. I ndiaidh an dinnéir, agus i ndiaidh di agus do Gretel agus do Bruno a léiriú is déanaí a dhéanamh, shuigh sí go brónach ar cheann de na cathaoireacha uilleacha agus d’amharc ar Athair, ag croitheadh a cinn a rá is de go raibh díomá mhór uirthi leis.

‘Níl a fhios agam – an é seo an dóigh a ndeachaigh mé ar seachrán leat, a Ralf?’ ar sise. ‘Níl a fhios agam ar thug na léirithe uilig a rinne tú nuair a bhí tú i do

ghasúr ort é seo a dhéanamh. Do do ghléasadh suas mar a bheadh puipéad ar shreang ann.’

‘Anois, a Mháthair,’ arsa Athair de ghlór géilliúil. ‘Tá a fhios agat nach é seo an t-am dá leithéid.’

‘I do sheasamh ansin i d’éide,’ ar sise ag leanúint uirthi, ‘amhail is go ndéanann sé rud speisialta díot. Gan buaireamh ar bith ort fiú faoin chiall atá léi. An rud a seasann sí dó.’

‘A Nathalie, phléigh muid é seo roimh ré,’ arsa Daideo, cé go raibh a fhios ag gach duine nuair a bheadh rud éigin le rá ag Mamó go n-aimseodh sí bealach éigin le é a rá, ba chuma cé chomh searbh agus a bheadh sé.

‘Phléigh *tusa* é, a Matthias,’ arsa Mamó. ‘Ní raibh ionam ach an balla bán ar labhair tú do chuid focal leis. Mar is gnách.’

‘Cóisir atá ann seo, a Mháthair,’ arsa Athair ag ligean osna. ‘Agus an Nollaig atá ann. Ná millimis rudaí.’

‘Is cuimhin liom nuair a thosaigh an Cogadh Mór,’ arsa Daideo go bródúil, ag stánadh ar an tine agus é ag croitheadh a chinn. ‘Is cuimhin liom gur tháinig tú abhaile le hinsint dúinn gur liostáil tú san arm agus go raibh mé cinnte de go ndéanfaí dochar duit.’

‘Rinneadh dochar dó, a Matthias,’ a dhearbhaigh Mamó. ‘Amharc air agus gheobhaidh tú an fhianaise.’

‘Agus amharc ortsa anois,’ arsa Daideo ag leanúint ar aghaidh, ag déanamh neamhairde uirthi. ‘Cuireann sé an oiread sin bróid orm go bhfuair tú ardú céime a

bhfuil an oiread sin freagrachtaí ag dul léi. Ag cuidiú le do thír a cuid bróid a fháil ar ais arís i ndiaidh na n-éagóracha móra uilig a rinneadh uirthi. Na pionóis a chuaigh thar fóir—

‘Ó an éistfidh tú leat féin!’ a ghlaigh Mamó. ‘Cé acu is amaidí, do bharúil?’

‘Ach, a Nathalie,’ arsa Máthair, ag iarraidh an scéal a cheansú beagán, ‘nach síleann tú go bhfuil cuma dhathúil ar Ralf ina éide nua?’

‘Dathúil?’ a d’fhiafraigh Mamó, ag cromadh a cinn chun tosaigh agus ag stánadh ar a banchliamhain a rá is de gur chaill sí a ciall agus a céadfaí. ‘An ndúirt tú, dathúil? Is tú an óinseach cheart! An é sin an rud a mheasann tú atá tábhachtach sa saol? Cuma dhathúil?’

‘An bhfuil cuma dhathúil ormsa agus culaith mháistir an tsorcais orm?’ a d’fhiafraigh Bruno, ó tharla gurbh é sin an rud a bhí á chaitheamh aige ag an chóisir an oíche sin – culaith dhearg dhubh mháistir an tsorcais – agus bhí sé an-bhródúil as féin inti. An bomaite a d’oscail sé a bhéal, áfach, bhí aiféala air de bhrí gur amharc na daoine fásta uilig ina threo agus i dtreo Gretel, amhail is go raibh dearmad déanta acu iad a bheith ann ar chor ar bith.

‘A pháistí, gabhaigí suas staighre,’ arsa Máthair go gasta. ‘Gabhaigí chuig bhur seomraí.’

‘Ach nílimid á iarraidh,’ arsa Gretel ag cur ina coinne. ‘Nach dtig linn a bheith ag imirt cluichí thíos anseo?’

‘Ní thig, a pháistí,’ a dhearbhaigh sí. ‘Gabhaigí suas

staighre agus druidigí na doirse i bhur ndiaidh.’

‘Is é sin an t-aon rud amháin a bhfuil suim ag saighdiúirí bhur ndála féin ann cibé ar bith,’ arsa Mamó, ag déanamh neamhaird iomlán ar na páistí. ‘Go bhfuil cuma dhathúil oraibh i bhur n-éidí breátha. Ag gléasadh suas agus ag déanamh na rudaí uafásacha, na rudaí uafásacha ar fad a dhéanann sibh. Cuireann sé náire orm. Ach cuirim an locht orm féin, a Ralf, ní ortsa.’

‘A pháistí, suas an staighre anois!’ arsa Máthair, ag bualadh a bos le chéile, agus an iarraidh seo ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach géilleadh di.

Ach seachas dul díreach chuig a seomraí, dhruid siad an doras agus shuigh ag barr an staighre, ag déanamh iarrachta éisteacht leis an méid a bhí le rá ag na daoine fásta thíos fúthu. Bhí glór Mháthar agus Athar maolaithe, áfach, agus doiligh a dhéanamh amach, ní raibh glór Dhaideo le cluinstitín ar chor ar bith, agus bhí Mamó ag sciorradh thar na focail. Faoi dheireadh, i ndiaidh roinnt bomaití, osclaíodh an doras de phlab agus chuaigh Gretel agus Bruno de rúid suas an staighre agus Mamó ag fáil a cóta ar ais ón raca sa halla.

‘Náirithe!’ a ghlaoih sí sular imigh sí. ‘Go mbeadh mac dom—’

‘Ina thírghráthóir,’ a ghlaoih Athair, nár fhoghlaim is dócha an riail riamh gan cur isteach ar do mháthair.

‘Ina thírghráthóir go deimhin!’ a ghlaoih sí. ‘Na daoine a cuireann tú cuireadh orthu teacht chun

dinnéir sa teach seo. Le fírinne, cuireann sé samhnas orm. Agus nuair a fheicim thú agus an éide sin ort cuireann sé fonn orm na súile a réabadh amach as mo cheann!’ ar sise fosta sula ndeachaigh sí amach as an teach de rúchladh ag druidim an dorais ina diaidh de phlab.

Ní fhaca Bruno Mamó mórán ina dhiaidh sin agus ní raibh deis aige fiú slán a fhágáil aici sular aistrigh siad go hAmach-Libh, ach chronaigh sé uaidh go mór í agus shocraigh ar litir a scríobh chuici.

Shuigh sé an lá sin, peann agus páipéar aige, gur inis sé di cé chomh míshásta agus a bhí sé ina chónaí anseo agus cé chomh mór agus ba mhian leis go mbeadh sé ar ais i mBeirlín. D’inis sé di faoin teach agus faoin ghairdín agus faoin bhinse a raibh an phlaic air agus faoin fhál ard agus faoi na cuailí adhmaid teileagraif agus faoi na cornáin sreinge deilgní agus faoin talamh cruu os a gcomhair agus faoi na botháin agus faoi na foirgnimh bheaga agus faoi na simléir toite agus faoi na saighdiúirí, ach don mhórchuid d’inis sé di faoi na daoine a chónaigh ansin agus faoina bpitseámaí stríocacha agus faoina mbearaid éadaigh, agus ansin d’inis sé di a mhéad a chronaigh sé í agus chríochnaigh sé a litir leis na focail ‘do gharmhac dil, Bruno’.

Caibidil a Naoi

Cuimhníonn Bruno Go dTaitníodh Taiscéaladh Leis

Níor tháinig athrú ar rud ar bith ag Amach-Libh. B'éigean do Bruno cur suas le Gretel go fóill gan í róchairdiúil leis nuair a bhíodh drochspionn uirthi, a tharla ní ba mhinice ná a athrach de bhrí nach raibh inti ach Duine Gan Dóchas.

Agus ba mhian leis go fóill go dtiocfadh leis dul ar ais go Beirlín, cé go raibh cuimhní na háite sin ag dul i ndearmad de réir a chéile agus, cé nach ndearna sé d'aon turas é, chuaigh roinnt seachtainí thart ó smaoinigh sé fiú ar litir eile a chur chuig Daideo nó Mamó gan trácht ar shuí síos le ceann a scríobh.

Bhíodh na saighdiúirí ag teacht agus ag imeacht go fóill gach lá den tseachtain, ag réachtáil cruinnithe in oifig Athar a bhí go fóill Thar Teorainn An tAm Ar Fad Gan Eisceacht Ar Bith. Bhíodh Leifteanant Kotler go fóill ag céimiú suas agus síos ina bhuataisí dubha a rá is de nach raibh duine ar bith eile ar chlár na cruinne a bhí ní ba thábhachtaí ná é féin, agus nuair nach mbíodh

sé le hAthair bhíodh sé ina sheasamh sa chabhsa ag caint le Gretel agus ise sna trithí gáire agus ag casadh a cuid gruaige ar a méara, nó bhíodh sé ag cogarnach le Máthair sna seomraí.

Thagadh na buachaillí agus na cailíní aimsire go fóill go níodh siad rudaí agus go scuabadh siad rudaí agus go ndéanadh siad cócaireacht ar rudaí agus go nglanadh siad rudaí agus go dtugadh siad rudaí amach agus go mbaineadh siad rudaí ar shiúl agus choinníodh siad a mbéal druidte ach amháin nuair a labhraíodh duine leo. Chaitheadh Maria an chuid is mó dá cuid ama go fóill ag glanadh rudaí ar shiúl agus ag déanamh cinnte de go mbíodh ball éadaigh ar bith de chuid Bruno nach mbíodh á chaitheadh aige fillte go néata ina almóir. Agus thagadh Pavel chun tí gach tráthnóna leis an chraiceann a bhaint de na prátaí agus de na meacain dhearga agus ansin chuirfeadh sé air a chóta bán agus d'fhreastalaíodh sé ar an tábla dinnéir. (Ó am go ham d'fheiceadh Bruno é ag srácfhéachaint ar a ghlúin, mar a raibh colm beag le sonrú óna thaisme ar an luascán, ach seachas sin níor labhair siad lena chéile.)

Ansin tháinig athrú ar rudaí, áfach. Shocraigh Athair go raibh sé in am do na páistí filleadh ar a gcuid staidéir, agus cé gur mhothaigh Bruno gurbh amaideach an rud é go mbeadh ranganna scoile ann nuair nach mbeadh ann ach beirt daltaí, d'aontaigh Athair agus Máthair araon gur chóir go dtiocfadh múinteoir chun tí gach lá le ceachtanna a dhéanamh leo ar maidin agus an tráthnóna ar fad. Cúpla maidin ina dhiaidh sin

tháinig fear darbh ainm Herr Liszt suas an cabhsa ina sheanghliogramán agus gach aon ghliogar aige agus bhí am scoile ann arís. Duine mistéireach a bhí in Herr Liszt, dar le Bruno. Cé go raibh sé cairdiúil go leor an chuid is mó den am, gan é ag ardú a láimhe le é a bhualadh rud a dhéanadh a sheanmhúinteoir i mBeirlín, bhí rud éigin ina shúile a chuir Bruno ag smaoineamh go raibh fearg taobh istigh de a bhí ag fanacht le teacht amach.

Bhí dúil ar leith ag Herr Liszt sa stair, agus sa tíreolas, ach b'fhéarr le Bruno an ealaín agus a bheith ag léamh .

‘Níl maitheas ar bith sna rudaí sin duit,’ a dhearbhaigh an múinteoir. ‘Is tábhachtaí i bhfad tuiscint mhaith a bheith agat ar na heolaíochtaí sóisialta ar na saolta seo.’

‘Ligeadh Mamó dúinn i gcónaí páirt a ghlacadh i ndrúmaí i mBeirlín,’ a chuir Bruno ar a shúile dó.

‘Níorbh í do mhamó do mhúinteoir áfach, arbh í?’ a d’fhiafraigh Herr Liszt. ‘Do mhamó a bhí ann. Agus san áit seo is mise do mhúinteoir, mar sin de déanfaidh tú staidéar ar na rudaí a deirimse atá tábhachtach agus ní ar na rudaí a bhfuil dúil agat féin iontu.’

‘Ach nach bhfuil leabhair tábhachtach?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Leabhair ar ábhair atá tábhachtach ar domhan, ar ndóigh,’ a mhínigh Herr Liszt. ‘Ach ní leabhair scéalta. Ní leabhair ar rudaí nár tharla riamh. Cé chomh heolach agus atá tú ar do stair féin cibé ar bith, a fhir óig?’ (I gcead dó, thug Herr Liszt ‘fear óg’ ar Bruno, dála

Pavel agus murab ionann agus Leifteanant Kotler.)

‘Bhuel, tá a fhios agam gur rugadh ar an chúigiú lá déag de mhí Aibreáin sa bhliain naoi déag tríocha a ceathair mé—’ arsa Bruno.

‘Ní do stair féin,’ arsa Herr Liszt ag briseadh isteach air. ‘Ní do stair phearsanta féin. Baineann an stair le rudaí amhail cé thú féin agus cá has a dtagann tú. Sin an rud atá i gceist agam. Oidhreacht do theaghlaigh. An Athartha.’

Chuir Bruno grainc air féin agus rinne a mhachnamh air. Ní raibh sé iomlán cinnte de go raibh talamh ar bith ag Athair, nó cé go raibh an teach i mBeirlín mór compordach, is beag an garraí a bhí thart timpeall air. Agus bhí sé aosta go leor gur thuig sé nach leo féin Amach-Libh, in ainneoin an méid talaimh a bhí ann sin. ‘Ní mórán,’ a d’admhaigh sé faoi dheireadh. ‘Cé go bhfuil eolas measartha maith agam ar na Meánaoiseanna. Tá dúil agam sna scéalta faoi ridirí agus eachtraí agus thaiscéaladh.’

Rinne Herr Liszt siosarnach trína fhiacra agus chroith a cheann go feargach. ‘Is é sin an rud atá mé ag dul a athrú anseo mar sin,’ ar seisean de ghlór urchóide. ‘Do chloigeann a thógáil amach as na leabhair scéalta agus níos mó a theagasc duit faoin áit as a dtagann tú. Faoi na héagóracha móra a rinneadh ort.’

Sméid Bruno a cheann agus mhothaigh measartha sásta faoi seo de bhrí go ndearna sé talamh slán de go dtabharfaí míniú dó faoi dheireadh ar an chúis a raibh orthu uilig a dteach compordach a fhágáil ina ndiaidh

agus teach chuig an áit uafásach seo, a chaithfidh sé a bheith ar an éagóir ba mhó dá ndearnadh air riamh ina shaol gairid.

Agus é ina shuí leis féin roinnt laethanta ina dhiaidh sin, thosaigh Bruno a mhachnamh ar na rudaí ar fad a thaitin leis a dhéanamh sa bhaile nach raibh deis aige a dhéanamh ó tháinig sé go hAmach-Libh. Tharla an chuid is mó acu de bhrí nach raibh cairde ar bith aige anseo a dtiocfadh leis a bheith ag imirt cluichí leo, agus ní raibh seans ar bith ann go mbeadh Gretel choíche ag imirt cluichí leis. Ach bhí rud amháin ann a thiocfadh leis a dhéanamh ina aonar agus an rud a dhéanadh sé an t-am ar fad thiar i mBeirlín, ba é sin an taiscéaladh.

‘Nuair a bhí mé i mo pháiste,’ arsa Bruno leis féin, ‘ba ghnách liom sult a bhaint as an taiscéaladh. Agus ba é sin an t-am nuair a bhí mé i mBeirlín, mar a raibh eolas agam ar gach áit agus mar a dtiocfadh liom rud ar bith ba mhaith liom a aimsiú fiú dá mbeadh dallóg ar mo shúile. Ní dhearna mé taiscéaladh ar bith i ndáiríre anseo. Is féidir go bhfuil sé in am dom tosú.’

Agus ansin, sula raibh sé ábalta a intinn a athrú, d’éirigh Bruno de léim dá leaba agus thosaigh a chuardach a almóra ar lorg cóta mór agus seanphéire buataisí – na cineálacha éadaí a shíl sé a chaithfeadh taiscéalaí b’fhéidir – agus rinne sé réidh an teach a fhágáil.

Níorbh fhiú taiscéaladh ar bith a dhéanamh taobh istigh. I ndeireadh na dála, ní raibh sé seo cosúil leis an teach i mBeirlín, a raibh mearchuimhne aige air

mar áit a raibh na céadta poll agus prochóg ann, agus seomraí beaga aisteacha, gan trácht ar na cúig hurlár, dá gcuirfeá an t-urlár faoi thalamh san áireamh agus an seomra beag ag an bharr a raibh fuinneog ann arbh éigean dó seasamh ar a bharraicíní le hamharc amach uirthi. Níorbh fhiú, teach millteanach a bhí ann faoi choinne taiscéalta. Dá mbeadh cuid ar bith le déanamh bheadh air a bheith déanta taobh amuigh.

Le míonna anuas bhí Bruno ag amharc amach ar an fhuinneog ina sheomra leapa ar an gharraí agus ar an bhinse a raibh an phlaic air, ar an fhál ard agus ar na cuailí admhaid teileagraif agus ar na rudaí eile uilig ar scríobh sé chuig Mamó fúthu ina litir is déanaí. Agus dá mhinice a d'amharcfadh sé ar na daoine, ar na cineálacha éagsúla daoine uilig, is amhlaidh is mó nár rith sé chuige riamh a mhachnamh a dhéanamh ar an chiall a bhí leis.

Bhí sé mar a bheadh cathair eile ar fad ann, na daoine uilig ina gcónaí agus ag obair taobh leis an teach ar chónaigh sé féin ann. Agus an raibh siad chomh difriúil sin uilig ar scor ar bith? Chaith na daoine uilig sa champa na headaí ceannann céanna, na pitseámaí stríocacha sin agus na bearaid d'éadach stríocach fosta; agus chaith na daoine uilig a shiúladh thart a theach (seachas Máthair, Gretel agus é féin) éidí de chaighdeáin agus de mhaisiúcháin éagsúla agus bearaid agus clogaid agus bandaí láimhe a raibh dath dearg agus dubh orthu agus d'iompair siad gunnaí agus bhíodh i gcónaí cuil an diabhair orthu, a rá is de go

raibh sé uilig millteanach tábhachtach agus nár chóir do dhuine ar bith a bheith ar athrach intinne.

Cad é go díreach an difear a bhí ann? a smaoinigh sé dó féin. Agus cé a shocraigh cé acu a chaithfeadh na pitseámaí stríocacha agus cé acu a chaithfeadh na héidí?

Ar ndóigh, mheasc an dá ghrúpa in amanna. Is minic a d’fheiceadh sé daoine as taobh s’aige den fhál ar an taobh eile den fhál, agus nuair a d’amharc sé orthu ba léir gurbh iadsan a bhí i gceannas. Léim na daoine uilig a chaith na pitseámaí ar aire nuair a thagadh na saighdiúirí ionsorthu agus in amanna thiteadh siad go talamh agus in amanna ní éiríodh siad fiú agus b’éigean iad a thabhairt ar shiúl ina áit sin.

Is aisteach an rud é nach raibh mé ag machnamh ar na daoine sin, a smaoinigh Bruno. Agus is aisteach an rud é fosta nuair a smaoiníonn tú ar a mhinice a théann na saighdiúirí anonn – agus is iomaí uair fiú a d’fheiceadh sé Athair ag dul anonn – nár cuireadh ar dhuine ar bith acu teacht anall chuig an teach.

In amanna – ní rómhínic, ach in amanna – d’fhanadh cuid de na saighdiúirí faoi choinne dinnéir, agus nuair a d’fhanadh, thugtaí a lán deochanna cúracha amach agus an bomaite a chuireadh Gretel agus Bruno an forc lán bia isteach ina mbéal, cuireadh chuig a seomraí iad agus ansin bhíodh cuid mhór calláin thíos staighre agus giota amhránaíochta a bhí millteanach chomh maith. Ba léir gur thaitin cuideachta na saighdiúirí le hAthair agus Máthair – bhíodh Bruno ábalta an méid

sin a fheiceáil. Ach níor chuir siad cuireadh ar dhuine ar bith de na daoine a chaith pitseámaí stríocacha chuig dinnéar in am ar bith.

Ag fágáil an tí dó, chuaigh Bruno thart ar a chúl agus d’amharc suas i dtreo fhuinneog a sheomra leapa féin, nach raibh an chuma uirthi níos mó go raibh sí chomh hard sin ón áit seo thíos. Is dócha go dtiocfadh leat léim amach uirthi gan mórán dochair a dhéanamh duit féin, a mheas sé, cé nach dtiocfadh leis a shamhlú cén fáth a ndéanfadh sé a leithéid de rud amaideach. B’fhéidir dá mbeadh an teach trí thine agus é gafa istigh ann, ach fiú ansin bheadh priacal ann.

D’amharc sé ar dheis chomh fada agus a thiocfadh leis, agus bhí an chuma ar an fhál ard nach raibh deireadh ar bith leis agus bhí áthas air faoi sin de bhrí gur chiallaigh sé sin nach raibh a fhios aige cad é a bhí roimhe agus thiocfadh leis siúl ar aghaidh agus fáil amach, ba é sin an chiall a bhí le taiscéaladh i ndeireadh na dála. (Bhí rud amháin maith ann a theagasc Herr Liszt dó ina gceachtanna staire: faoi fhir dála Christopher Columbus agus Amerigo Vespucci; fir a raibh an oiread sin scéalta eachtrúla agus saol suimiúil acu gur dhaingnigh sé in intinn Bruno go raibh sé féin ag iarraidh a bheith amhlaidh nuair a thiocfadh ann dó.)

Sula ndeachaigh sé an bealach sin, áfach, bhí rud amháin eile ann arbh éigean dó taiscéaladh a dhéanamh air agus ba é sin an binse. Le míonna anuas bhí sé ag amharc air agus ag stánadh ar an phlaic i bhfad uaidh

agus ag tabhairt ‘an binse a raibh an phlaic air’ air, ach ní raibh barúil ar bith aige go fóill cad é a bhí scríofa air. D’amharc sé ar dheis agus ansin ar clé le bheith cinnte de nach raibh duine ar bith ag teacht, rith sé anonn chuige agus bhreathnaigh sé air as deireadh a shúl agus é ag léamh na bhfocal. Ní raibh ann ach plaic bheag déanta as cré-umha agus léigh Bruno é go ciúin dó féin.

‘Bronnta ar ócáid oscailt ...’

Stad sé. ‘*An Champa Amach-Libh,*’ agus é ag leanúint ar aghaidh, an t-ainm ag baint stad dó mar ba ghnách. ‘*Meitheamh naoi déag daichead.*’

Shín sé a lámh amach gur leag sé uirthi í ar feadh bomaite, bhí an cré-umha iontach fuar agus tharraing sé a mhéara siar sular tharraing sé anáil throm agus thosaigh amach ar a aistear. Ba é an rud nach raibh Bruno ag iarraidh a bheith ag smaoineamh air gur inis Máthair agus Athair dó go mion minic nach raibh cead aige siúl sa treo seo, nach raibh cead aige dul ar dhóigh ar bith cóngarach don fhál nó don champa agus thar rud ar bith eile go raibh cosc ar thaiscéaladh in Amach-Libh.

Gan eisceacht ar bith.

Caibidil A Deich

An Ponc A nDearnadh Bricín De A nDearnadh Ball Datha De A nDearnadh Cruth De A nDearnadh Gasúr De

Ghlac an tsiúlóid cois fáil i bhfad ní b' fhaide ar Bruno ná mar a bhí sé ag dúil leis; bhí an chuma air go ndeachaigh sé ar aghaidh agus ar aghaidh ar feadh roinnt mílte. Shiúil sé agus shiúil sé, agus nuair a d'amharc sé siar d'éirigh an teach a raibh sé ina chónaí ann ní ba lú agus ní ba lú go dtí go ndeachaigh sé as radharc ar fad. I rith an ama seo uilig ní fhaca sé duine ná deoraí cóngarach don fhál; nó níor aimsigh sé doirse ar bith a ligfeadh isteach é, agus thosaigh sé a éirí éadóchasach nach mbeadh toradh ar bith ar an eachtraíocht. Déanta na fírinne, cé gur lean an fál ar aghaidh fad a radhairc, bhí na botháin agus na foirgnimh agus na simléirí toite ag imeacht as radharc i gcéin ar a chúl agus bhí an chuma ar an fhál nach raibh idir é agus é féin ach fairsinge mhór.

I ndiaidh dó a bheith ag siúl ar feadh bunús uair an chloig agus ocras ag teacht air shíl sé go mb'fhéidir

go raibh a sháith eachtraíochta déanta aige don lá agus gur mhaith an smaoineamh é dul ar ais. Go díreach ag an bhomaite sin, áfach, nocht ponc beag i gcéin agus bhreathnaigh sé air as ruball a shúl lena fháil amach cad é a bhí ann. Chuimhnigh Bruno ar leabhar a léigh sé inar cailleadh fear san fhásach, agus de bhrí nach raibh bia ná uisce ag an fhear ar feadh roinnt laethanta thosaigh sé a shamhlú go bhfaca sé bialanna iontacha agus fuaráin ollmhóra, ach nuair a rinne sé iarracht a bheith ag ithe iontu nó ag ól astu d'imigh siad as radharc gan lorg a fhágáil, ní raibh iontu ach dornáin gainimh. Smaoinigh sé go mb'fhéidir go raibh an rud céanna ag tarlú dó féin anois.

Ach nuair a bhí sé ag smaoineamh air seo, bhí a chosa á dtabhairt, céim ar chéim, ní ba chóngaraí agus ní ba chóngaraí don phonc i gcéin, a ndearnadh bricín de idir an dá linn, agus gach cuma air anois go ndéanfaí ball datha de i ndiaidh tamaill. Agus tamall gairid ina dhiaidh sin rinneadh cruth den bhall datha. Agus ansin, agus Bruno ag éirí ní ba chóngaraí dó, chonaic sé nach raibh an rud ina phonc, ná ina bhricín, ná ina bhall datha ná ina chruth, ach ina dhuine beo.

I bhfirinne, gasúr a bhí ann.

Bhí an oiread sin leabhar léite ag Bruno faoi eachraithe gur thuig sé nach dtiocfadh le duine a bheith cinnte den rud a d'aimseodh sé. Bunús an ama thiocfadh siad ar rud éigin suimiúil a bheadh ina shuí ansin, gan aird aige ar an saol ná ag an saol air, ag fanacht go dtiocfadh duine éigin air (ar nós Mheiriceá).

Uaireanta eile d'aimseodh siad rud éigin arbh fhearr dó a bheith fágtha san áit a raibh sé gan é a bheith aimsithe (ar nós luchóige a bhí marbh ar chúl cófra).

Bhain an gasúr leis an chéad rang. Ní raibh ann ach go raibh sé ina shuí ansin, gan aird aige ar an saol ná ag an saol air, ag fanacht go n-aimseodh duine éigin é.

Mhoilligh Bruno nuair a chonaic sé an ponc a ndearnadh bricín de a ndearnadh ball datha de a ndearnadh cruth de a ndearnadh gasúr de. Cé go raibh fál eatarthu, bhí a fhios aige nach dtiocfadh leis a bheith cúramach go leor le strainséirí agus gurbh fhearr i gcónaí teacht cóngarach dóibh ar d'fhaichill. Mar sin de, lean sé air ag siúl agus roimh i bhfad bhí siad os comhair a chéile.

‘Dia duit,’ arsa Bruno.

‘Dia is Muire duit,’ arsa an gasúr.

Bhí an gasúr ní ba lú ná Bruno agus é ina shuí ar an talamh agus cuma dhearóil ar a aghaidh. Chaith sé na pitseámaí céanna agus a chaith na daoine eile uilig ar an taobh eile den fhál, agus bearad stríocach ar a cheann. Ní raibh bróga ná stocaí air agus bhí cuma measartha salach ar a chosa. Chaith sé crios muinchille ar a sciathán a raibh réaltóg air.



Nuair a tháinig Bruno cóngarach don ghasúr ag an tús, bhí sé ina shuí ar an talamh agus an dá chos trasna ar a chéile aige, agus é ag stánadh ar an deannach

thíos faoi. I ndiaidh bomaite, áfach, d’amharc sé suas agus chonaic Bruno a aghaidh. Aghaidh measartha aisteach a bhí ann fosta. Bhí dath beagnach liath ar a chraiceann, ach ní go díreach an dath liath a chonaic Bruno riamh roimhe. Bhí súile móra aige agus bhí dath milseán caramail orthu; bhí gealacán a shúl iontach geal, agus nuair a d’amharc an gasúr suas air ní raibh Bruno ábalta ach péire súl ollmhór brónach ag stánadh ar ais air a fheiceáil.

Bhí Bruno cinnte de nach bhfaca sé gasúr chomh tanaí ná chomh brónach céanna riamh roimhe lena bheo ach shocraigh sé gur chóir dó labhairt leis.

‘Bhí mé ag eachtraíocht,’ ar seisean.

‘An raibh?’ arsa an gasúr beag.

‘Bhí. Ar feadh beagnach dhá uair an chloig anois.’

I ndáiríre, ní raibh iomlán na fírinne ann. Bhí Bruno ag eachtraíocht ar feadh giota beag ní b’fhaide ná uair an chloig ach níor mhothaigh sé gurbh olc an rud é dá ndéanfadh sé giota beag áibhéile ar an scéal. Ní raibh sé go díreach mar an gcéanna le bréag a insint agus chuir sé an chuma air go raibh a shaol ní b’eachtrúla ná mar a bhí sé i ndáiríre.

‘Ar aimsigh tú rud ar bith?’ a d’fhiafraigh an gasúr.

‘Is beag a d’aimsigh mé.’

‘Rud ar bith ar chor ar bith?’

‘Bhuel, d’aimsigh mé thusa,’ arsa Bruno i ndiaidh tamail.

Stán sé ar an ghasúr agus mhachnaigh sé go bhfiafródh sé de cén fáth a raibh cuma chomh brónach

sin air ach stad sé de bhrí gur shíl sé go mb'fhéidir go mbeadh sé drochbhéasach. Bhí a fhios aige in amanna nach raibh daoine a bhí brónach ag iarraidh go gcuirfí ceisteanna orthu faoi; in amanna déarfadh siad féin an fáth a raibh siad amhlaidh agus in amanna ní stopfadh siad de bheith ag caint air ar feadh na míonna. An iarraidh seo, áfach, mheas Bruno gur chóir dó fanacht sula ndéarfadh sé rud ar bith. D'aimsigh sé rud éigin agus é ag eachtraíocht, agus anois faoi dheireadh bhí sé ag labhairt le duine de na daoine ar an taobh eile den fhál agus mheas sé gur mhaith an rud é an deis a thapú.

Shuigh sé ar an talamh ar a thaobh féin den fhál agus an dá chos trasna ar a chéile aige dála an ghasúir bhig agus ba mhairg nár thug sé seacláid nó b'fhéidir cáca milis leis a thiocfadh leis roinnt ar a chéile, dar leis.

‘Cónaím sa teach ar an taobh seo den fhál,’ arsa Bruno.

‘An gcónaíonn? Chonaic mé an teach i bhfad uaim uair amháin, ach ní fhaca mé thusa.’

‘Tá mo sheomra ar an chéad urlár,’ arsa Bruno. ‘Tig liom amharc thar an fhál uaidh sin. Is mise Bruno, dála an scéil.’

‘Is mise Shmuel,’ arsa an gasúr beag.

Chuir Bruno strainc air féin, gan é cinnte de gur chuala sé an gasúr beag mar ba cheart. ‘Cad é an t-ainm atá ort a dúirt tú?’ a d'fhiafraigh sé.

‘Shmuel,’ arsa an gasúr beag ionann is a rá gurbh é an t-ainm ba dhúchasáí ar domhan é. ‘Cad é an t-ainm

a dúirt tú atá *ortsa*?’

‘Bruno,’ arsa Bruno.

‘Níor chuala mé an t-ainm sin riamh,’ arsa Shmuel. ‘Agus níor chuala mé an t-ainm atá *ortsa* riamh,’ arsa Bruno. ‘Shmuel.’ Smaoinigh sé air. ‘Shmuel,’ ar seisean arís. ‘Taitníonn an fhuaim liom nuair a deirim é. Shmuel. Fuaimníonn sé mar a bheadh an ghaoth ann agus í ag séideadh.’

‘Bruno,’ arsa Shmuel, ag sméideadh a chinn go háthasach. ‘Sea, sílim go dtaitníonn d’ainm liomsa fosta. Fuaimníonn sé mar a bheadh duine ann atá ag cuimilt a lámh le coinneáil te.’

‘Níor casadh duine orm riamh a raibh an t-ainm Shmuel air,’ arsa Bruno.

‘Tá neart daoine ann ar an taobh seo den fhál a bhfuil an t-ainm Shmuel orthu,’ arsa an gasúr beag. ‘Na céadta acu, b’fhéidir. Is mian liom go raibh ainm orm nach raibh ar dhuine ar bith eile.’

‘Níor casadh duine orm riamh darb ainm Bruno,’ arsa Bruno. ‘Seachas mé féin, ar ndóigh. Sílim gur dócha gur mise an t-aon duine amháin a bhfuil an t-ainm sin air.’

‘Tá an t-ádh leatsa mar sin,’ arsa Shmuel.

‘Is dócha go bhfuil. Cén aois thú?’ a d’fhiafraigh sé. Smaoinigh Shmuel air agus d’amharc síos ar a mhéara agus bhog sé san aer iad a rá is de go raibh sé ag iarraidh cuntas a dhéanamh. ‘Tá mé naoi mbliana,’ ar seisean. ‘Rugadh ar an chúigiú lá déag de mhí Aibreáin naoi déag tríocha a ceathair mé.’

Stán Bruno air agus iontas an tsaoil air. ‘Cad é a dúirt tú?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Dúirt mé gur rugadh ar an chúigiú lá déag de mhí Aibreáin naoi déag tríocha a ceathair mé.’

Bhí súile Bruno ar leathadh agus tháinig cruth O ar a bhéal. ‘Ní chreidim é,’ ar seisean.

‘Cad chuige nach gcreideann?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

‘Ní hé sin é,’ arsa Bruno, ag croitheadh a chinn go gasta. ‘Ní hé go bhfuil mé ag iarraidh a rá nach gcreidim *thú*. Tá mé ag iarraidh a rá go bhfuil iontas orm, sin a bhfuil. De bhrí go mbíonn *mo* bhreithlá féin ann ar an chúigiú lá déag de mhí Aibreáin fosta. Agus rugadh mise sa bhliain naoi déag tríocha a ceathair fosta. Rugadh ar an lá céanna muid.’

Rinne Shmuel a mhachnamh air seo. ‘Mar sin de, tá tusa naoi mbliana fosta,’ ar seisean.

‘Tá. Nach aisteach an rud é sin?’

‘Is aisteach, an-aisteach,’ arsa Shmuel. ‘Mar is dócha go bhfuil neart Shmuel ar an taobh seo den fhál ach ní dóigh liom gur casadh duine orm riamh a raibh an breithlá céanna aige agus atá agamsa.’

‘Táimid mar a bheadh cúpla ann,’ arsa Bruno.

‘Tá, giota beag,’ arsa Shmuel ag aontú leis.

Go tobann mhothaigh Bruno an-áthasach. Tháinig pictiúr isteach ina cheann de Karl, Daniel agus Martin, a thriúr cairde cléibh agus na cairde ab fhearr dá raibh aige, agus chuimhnigh sé ar an oiread cuideachta a dhéanadh siad lena chéile thiar i mBeirlín agus thuig

sé cé chomh huaigneach agus a bhí sé in Amach-Libh.

‘An bhfuil mórán cairde agat?’ a d’fhiafraigh Bruno, ag claonadh a chinn ar leataobh agus é ag fanacht le freagra.

‘Ó tá,’ arsa Shmuel. ‘Bhuel, cineál cairde.’

Chuir Bruno grainc air féin. Bhí sé ag dúil go mb’fhéidir go ndéarfadh Shmuel nach raibh de bhrí go mbeadh rud éigin eile mar an gcéanna acu. ‘Cairde *cléibh*?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Bhuel, ní cairde cléibh,’ arsa Shmuel. ‘Ach tá neart againn ann – gasúir ar an aois chéanna linne, tá mé ag iarraidh a rá – ar an taobh seo den fhál. Bímid ag troid lena chéile an chuid is mó den am, áfach. Is é sin an fáth a dtagaim amach anseo. Sa dóigh go mbeidh mé liom féin.’

‘Níl sé ceart ná cóir ar chor ar bith,’ arsa Bruno. ‘Ní thuigim cad chuige a gcaithfidh mise a bheith gafa anseo ar an taobh seo den fhál in áit nach bhfuil duine ar bith ann le labhairt leis ná le bheith ag imirt cluichí leis agus tá neart cairde agatsa agus is dócha go mbíonn tú ag imirt cluichí leo i rith an lae gach lá. Beidh orm labhairt le hAthair faoi.’

‘Cá has tú?’ a d’fhiafraigh Shmuel, ag breathnú as ruball a shúl ar Bruno ar dhóigh aisteach.

‘As Beirlín.’

‘Cá háit a bhfuil sé sin?’

D’oscail Bruno a bhéal le freagra a thabhairt ach mhothaigh sé nach raibh sé iomlán cinnte de. ‘Tá sí sa Ghearmáin, ar ndóigh,’ ar seisean. ‘Nach as an

Ghearmáin tusa?’

‘Ní hea, is as an Pholainn mé,’ arsa Shmuel.

Chuir Bruno grainc air féin. ‘Cad chuige a labhraíonn tú Gearmáinis mar sin?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Cionn is gur bheannaigh tú dom i nGearmáinis. Mar sin de, d’fhreagair mé i nGearmáinis thú. An bhfuil Polainnis agat?’

‘Níl,’ arsa Bruno, ag déanamh gáire go neirbhíseach. ‘Níl aithne agam ar dhuine ar bith a bhfuil dhá theanga aige. Agus go háirithe ar dhuine ar bith ar an aois s’againne.’

‘Is múinteoir í Mam i mo scoil agus theagasc sí Gearmáinis dom,’ a mhínigh Shmuel. ‘Tá Fraincis aici fosta. Agus Iodáilis. Agus Béarla. Tá sí iontach cliste. Níl Fraincis ná Iodáilis agam go fóill, ach dúirt sí go dteagascfadh sí Béarla dom lá éigin cionn is go mb’fhéidir go mbeadh sé de dhíth orm.’

‘An Pholainn,’ arsa Bruno go machnamhach. Ag tomhas an fhocail ar a theanga. ‘Níl sí sin chomh maith céanna leis an Ghearmáin, an bhfuil?’

Chuir Shmuel grainc air féin. ‘Cad chuige nach bhfuil?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Bhuel, de bhrí gurb í an Ghearmáin an tír is fearr ar domhan,’ a d’fhreagair Bruno, ag cuimhneamh ar rud éigin a chuala sé Athair agus Daideo a phlé ag dul thairis go minic. ‘Táimidne céim os cionn na ciotiantachta.’

Stán Shmuel air gan focal as, agus ba mhian go mór le Bruno cor a chur sa chomhrá mar, agus na focail á rá

aige, mhothaigh Bruno nach raibh ciall leo go díreach agus níor lú air an diabhal ná go sílfeadh Bruno go raibh sé míchineálta.

‘Cá háit a bhfuil an Pholainn ar scor ar bith?’ a d’fhiafraigh sé i ndiaidh do roinnt bomaití ciúnais dul thart.

‘Bhuel, tá sí san Eoraip,’ arsa Shmuel.

Rinne Bruno iarracht cuimhneamh ar na tíortha a theagasc Herr Liszt dó ina cheacht tíreolaíochta is déanaí. ‘Ar chuala tú riamh iomrá ar an Danmhairg?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Níor chuala,’ arsa Shmuel.

‘Sílim go bhfuil an Pholainn sa Danmhairg,’ arsa Bruno, agus é ag éirí níos mó trína chéile cé go raibh sé ag iarraidh cuma chliste a chur air féin. ‘De bhrí go bhfuil sí sin cuid mhaith mílte ar shiúl,’ a dúirt sé arís leis an scéal a dheimhniú.

Stán Shmuel air ar feadh bomaite agus d’oscail a bhéal agus dhruid faoi dhó é, amhail is go raibh sé ag déanamh dianmhachnaimh ar a chuid focal. ‘Ach is í seo an Pholainn,’ ar seisean faoi dheireadh.

‘An í?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Is í. Agus tá an Danmhairg píosa maith ar shiúl ón dá áit, ón Pholainn agus ón Ghearmáin.’

Chuir Bruno grainc air féin. Chuala sé iomrá ar na háiteanna seo uilig ach bhíodh sé i gcónaí doiligh dó iad a chur de ghlanmheabhair.

‘Bhuel, tá,’ ar seisean. ‘Ach tá sé uilig ag brath ar an áit a bhfuil tú, nach bhfuil? Fad, tá mé ag iarraidh a rá.’

Ba mhian leis go dtiocfadh leo cor a chur sa chomhrá de bhrí go raibh sé ag tosú a smaoineamh go raibh sé go hiomlán mícheart agus shocraigh sé go dtabharfadh sé níos mó airde as seo amach sa rang tíreolaíochta.

‘Ní raibh mé riamh i mBeirlín,’ arsa Shmuel.

‘Agus ní dóigh liom go raibh mé riamh sa Pholainn sular tháinig mé anseo,’ arsa Bruno, rud a bhí fíor mar ní raibh sé ann roimhe. ‘Is é sin le rá, má tá tú cinnte de gurb í seo an Pholainn.’

‘Tá mé cinnte de gurb í,’ arsa Shmuel de ghlór íseal. ‘Cé nach cuid ródheas den tír í an áit seo.’

‘Ní hea.’

‘Is deise i bhfad an chuid arb as mé féin.’

‘Is cinnte nach bhfuil sí chomh deas céanna le Beirlín,’ arsa Bruno. ‘Bhí teach mór againn i mBeirlín a raibh cúig urlár ann dá gcuirfeá an t-urlár faoi thalamh agus an seomra beag ag a bharr a raibh fuinneog ann san áireamh. Agus bhí sráideanna galánta ann agus siopaí agus seastáin a raibh glasraí agus torthaí orthu agus cuid mhór siopaí caife. Ach dá rachfá ann choíche ní mholfainn duit a bheith ag spaisteoireacht thart an baile tráthnóna Sathairn de bhrí go mbíonn i bhfad barraíocht daoine ann agus ruaigtear ó thor go tom thú. Ach b’fherr i bhfad míle uair é sular tháinig athrú ar rudaí.’

‘Cad é atá tú a mhaíomh?’ arsa Shmuel.

‘Bhuel, bhíodh sé an-chiúin ansin tráth dá raibh,’ a mhínigh Bruno, nár thaitin leis a bheith ag caint ar an dóigh ar tháinig athrú ar rudaí.

‘Agus bhí mé ábalta a bheith ag léamh i mo luí dom san oíche. Ach anois bíonn sé measartha callánach in amanna, agus scanrúil, agus caithfidimid na soilse uilig a chur as nuair a thosaíonn sé a éirí dorcha.’

‘Is deise an áit arb as mé féin ná Beirlín,’ arsa Shmuel, nach raibh i mBeirlín riamh. ‘Tá gach duine iontach cairdiúil ann agus tá neart daoine inár dteaghlach agus is fearr i bhfad an bia chomh maith.’

‘Bhuel, aontóimid nach n-aontóimid,’ arsa Bruno, nach raibh ag iarraidh go dtarlódh idir é féin agus a chara nua.

‘Maith go leor,’ arsa Shmuel.

‘An bhfuil dúil agat san eachtraíocht?’ a d’fhiafraigh Bruno i ndiaidh bomaite.

‘Ní dhearna mé riamh í i ndáiríre,’ a d’admhaigh Shmuel.

‘Tá mise ag dul a bheith i m’eachtraí nuair a thiocfaidh ann dom,’ arsa Bruno, ag sméideadh a chinn go gasta. ‘Faoi láthair ní thig liom mórán eile a dhéanamh seachas a bheith ag léamh faoi na heachtraithe, ach ar a laghad ciallaíonn sé sin nach ndéanfaidh mé na meancóga céanna agus a rinne siad nuair a bheas mé féin i m’eachtraí.’

Chuir Shmuel grainc air féin. ‘Cén cineál meancóg?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Ó, cuid mhór acu,’ a mhínigh Bruno. ‘Is é an rud faoi eachtraíocht go gcaithfidh fios a bheith agat cé acu is fiú na rudaí a d’aimsigh tú a aimsiú nó nach fiú. Bíonn rudaí áirithe go díreach ina suí ansin, gan aird acu ar an

saol ná ag an saol orthu, ag fanacht go dtiocfadh duine orthu. Ar nós Mheiriceá. Agus tá rudaí eile ann arbh fhearr dóibh a bheith fágtha san áit a raibh siad gan baint díobh, ar nós luchóige atá marbh ar chúl cófra.’

‘Sílim go mbainimse leis an chéad rang,’ arsa Shmuel.

‘Sílim é,’ a d’fhreagair Bruno. ‘Sílim go mbaineann. An dtig liom ceist a chur ort?’ ar seisean fosta i ndiaidh bomaite.

‘Tig,’ arsa Shmuel.

Rinne Bruno a mhachnamh air. Bhí sé ag iarraidh an smaoineamh a chur i bhfriotal.

‘Cad chuige a bhfuil an oiread sin daoine ar an taobh sin den fhál?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Agus cad é atá sibh uilig a dhéanamh ansin?’

Caibidil a hAon Déag

An Fürher

Roinnt míonna roimhe sin, go díreach i ndiaidh d’Athair an éide nua a fháil a chiallaigh go raibh ar gach duine ‘Ceannfort’ a thabhairt air agus go díreach sular tháinig Bruno abhaile le Maria a fheiceáil ag pacáil a chuid earraí, tháinig Athair abhaile tráthnóna agus sceitimíní áthais air, rud nach raibh ag cur leis ar chor ar bith, agus shiúil isteach sa seomra suí mar a raibh Máthair, Bruno agus Gretel ina suí ag léamh a leabhar.

‘Oíche Déardaoin,’ a d’fhógair sé. ‘Má tá pleananna ar bith againn d’oíche Déardaoin caithfidimid iad a chur ar ceal.’

‘Tig leat do chuid pleananna a athrú más maith leat,’ arsa Máthair, ‘ach tá socruithe déanta agam dul chun na hamharclainne le—’

‘Tá an Fürher ag iarraidh rud éigin a phlé liom,’ arsa Athair, a raibh cead aige cur isteach ar Mháthair fiú mura raibh cead ag duine ar bith eile. ‘Tá mé i ndiaidh glaoch gutháin a fháil san iarnóin. Is é an Déardaoin

an t-aon uair amháin a thig leis teacht agus chuir sé cuireadh air féin chuig dinnéar. Bhí súile Mháthar ar leathadh agus tháinig cruth O ar a béal. Stán Bruno uirthi agus smaoinigh sé dó féin an raibh an chuma chéanna air nuair a chuir rud éigin iontas air.

‘Ach níl tú i ndáiríre,’ arsa Máthair, agus dath bán ag teacht ar a haghaidh. ‘Tá sé ag teacht anseo? Chuig an teach s’againne?’

Sméid Athair a cheann. ‘Ar a seacht a chlog,’ dúirt sé. ‘Mar sin de, caithfidimid smaoineamh ar rud éigin speisialta faoi choinne an dinnéir.’

‘Ó a Dhia,’ arsa Máthair, a súile ag bogadh anonn is anall go gasta agus í ag tosú a smaoineamh ar na rudaí uilig a bhí le déanamh.

‘Cé hé an Fürher?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Tá tú a fhuaimniú mícheart,’ arsa Athair, á fhuaimniú mar is ceart dó.

‘An Fürher,’ arsa Bruno arís, ag déanamh iarrachta é a fhuaimniú mar is ceart ach theip air arís.

‘Ní hea,’ arsa Athair, ‘an— Ó, is cuma!’

‘Bhuel, cé hé cibé ar bith?’ a d’fhiafraigh Bruno arís.

Stán Athair air agus iontas an tsaoil air. ‘Tá a fhios agat go rímhaith cé atá sa Fürher,’ ar seisean.

‘Níl a fhios agam,’ arsa Bruno.

‘Rialaíonn sé an tír, a amadáin,’ arsa Gretel, ag tarraingt uisce ar a muileann féin mar is dual do dheirfiúracha. (Ba iad leithéidí na rudaí seo a chiallaigh go raibh sí ina Duine Gan Dóchas.) ‘Nach léann tú

nuachtán in am ar bith?’

‘Ná tabhair amadán ar do dheartháir, le do thoil,’ arsa Máthair.

‘An dtig liom a rá go bhfuil sé bómánta?’

‘B’fhéarr liom é mura ndéarfá.’

Shuigh Gretel arís, agus díomá uirthi, ach chuir sí a teanga amach chuig Bruno mar sin féin.

‘An mbeidh sé ag teacht leis féin?’ a d’fhiafraigh Máthair.

‘Rinne mé dearmad ceist a chur,’ arsa Athair. ‘Ach tá mé ag déanamh talamh slán de go mbeidh sé ag tabhairt *na mná* leis.’

‘Ó a Dhia,’ arsa Máthair arís, ag éirí ina seasamh agus ag déanamh cuntas ina ceann ar na rudaí uilig a bhí le heagrú roimh an Déardaoin, nach raibh ach dhá thráthnóna chugainn. B’éigean an teach a ghlanadh ó bhun go barr, na fuinneoga a ní, an tábla dinnéir a ruaimniú agus snas a chur air, an bia a ordú, éidí an chailín aimsire agus an bhuitléara a ní agus a smúdáil agus snas a chur ar na soithí agus ar na gloiní go dtí go mbeadh siad ag lonnú.

Ar dhóigh éigin, in ainneoin go raibh an chuma ar an liosta go raibh sé ag éirí ní b’ fhaide agus ní b’ fhaide i rith an ama, d’éirigh le Máthair gach rud a dhéanamh réidh in am, cé go ndúirt sí arís agus arís eile go n-éireodh ní b’fhéarr leis an oíche dá dtabharfadh daoine áirithe giota beag níos mó cuidithe sa teach.

Uair an chloig sula raibh an Fürher le bheith ann, tugadh Gretel agus Bruno anuas staighre, agus

cuireadh orthu dul isteach in oifig Athar rud nár tharla ach go fíorannamh. Bhí gúna bán agus stocaí glúine ar Gretel agus cuireadh catail ina cuid gruaige le go raibh sí mar a bheadh corcscríú ann. Bhí péire bríste gairid dúdhonn, léine bhán agus carbhat dúdhonn ar Bruno.

Bhí péire bróg nua air don ócáid agus bhí sé iontach bródúil astu, cé go raibh siad róbheag dó agus go raibh siad ag baint liomóg as a cosa agus á dhéanamh doiligh dó siúl iontu. Bhí an chosúlacht ar na hullmhúcháin uilig seo agus ar na héadaí innealta uilig go raibh siad giota beag thar fóir, an méid sin ráite, de bhrí nár tugadh cuireadh do Bruno ná ar Gretel fiú chuig dinnéar; d'íth siadsan a gcuid uair an chloig roimhe.

‘Anois, a pháistí,’ arsa Athair, a bhí ina shuí ar chúl a dheisce agus é ag amharc anonn agus anall ar a mhac agus ar a iníon agus iad ina seasamh os a chomhair. ‘Tá a fhios agaibh go bhfuil tráthnóna an-speisialta romhainn, nach bhfuil a fhios agaibh?’

Sméid siad a gceann.

‘Agus go bhfuil sé an-tábhachtach do mo shlí bheatha go n-éireoidh go maith leis an oíche.’

Sméid siad arís.

‘Mar sin de, tá roinnt bunrialacha ann a chaithfidh mé a ghearradh oraibh sula dtosóimid.’

Chreid Athair go daingean sna bunrialacha. Nuair a bhíodh ócáid an-tábhachtach sa teach, cruthaíodh níos mó acu.

‘Uimhir a haon,’ arsa Athair. ‘Nuair a bhainfidh an Fürher an áit amach seasfaidh sibh sa halla go ciúin

agus déanfaidh sibh réidh le beannú dó. Ní labhróidh sibh go dtí go labhróidh sé libhse agus ansin freagróidh sibh i nguth soiléir, ag fuaimniú gach focal mar is ceart. An dtuigeann sibh sin?’

‘Tuigim, a Athair,’ arsa Bruno faoina fhiacla.

‘Is é sin go díreach an cineál ruda nach bhfuilimid ag dúil leis,’ arsa Athair ag tagairt don chaint faoina fhiacla. ‘Oslóidh tú do bhéal agus labhróidh tú mar a bheadh duine fásta ann. Is é an rud deireanach atá de dhíth orainne go dtosóidh ceachtar agaibh ag dul thart mar a bheadh páistí ann. Má dhéanann an Fürher neamhaird oraibh ansin ná habair focal ach oiread, ach amharc go díreach romhat agus léirigh an meas agus an chúirtéis atá tuillte ag ceannaire mór le rá dá leithéid.’

‘Ar ndóigh, a Athair,’ arsa Gretel i nguth deas soiléir.

‘Agus nuair a bheas mé féin agus Máthair ag dinnéar leis an Fürher, caithfidh sibh beirt fanacht go ciúin i bhur seomraí. Níl cead agaibh a bheith ag rith thart, ná ag sleamhnú anuas an balastar’ – agus ag an pointe seo stán sé ar Bruno d’aon ghnó – ‘agus níl cead agaibh a bheith ag cur isteach orainn. An dtuigeann sibh sin? Níl mé ag iarraidh go dtógfaidh duine ar bith agaibh raic.’

Sméid Bruno agus Gretel a gceann agus sheas Athair lena chur in iúl dóibh go raibh deireadh leis an chruinniú seo.

‘Mar sin de tá glactha leis na bunrialacha,’ ar seisean.

Trí cheathrú uair an chloig ina dhiaidh sin bualadh ar chloigín an dorais agus bhí sceitimíní áthais ar gach duine sa teach. Sheas Bruno agus Gretel ina n-áit taobh le taobh ag log an staighre agus d’fhan Máthair in aice leo, ag fáisceadh a lámh le chéile go neirbhíseach. Thug Athair sracfhéachaint orthu uilig agus sméid a cheann, agus cuma shásta air leis an méid a chonaic sé roimhe, agus ansin d’oscail sé an doras.

Sheas beirt taobh amuigh: fear measartha beag agus bean a bhí ní b’airde.

Rinne Athair cúirtéis chucu leis an láimh agus threoraigh isteach iad, mar a raibh Maria, a ceann fúithi ní b’isle fiú ná mar ba ghnách, agus thóg sí a gcótaí agus cuireadh gach duine in aithne dá chéile. Labhair siad le Máthair ar dtús, a thug deis do Bruno stánadh ar a n-aíonna agus a intinn féin a dhéanamh suas cé acu a bhí an fústar uilig a rinneadh díobh, mar gheall ar a gcuairt, tuillte acu nó nach raibh.

Bhí an Fürher i bhfad níos lú ná Athair gan é, dar le Bruno, chomh láidir céanna leis. Bhí a chuid gruaige dubh dorcha, agus í measartha gairid agus bhí croiméal beag bídeach air – chomh beag bídeach sin gur mhachnaigh Bruno dó féin cad chuige ar bhac sé leis ar chor ar bith nó arbh é go ndearna sé dearmad go díreach den phíosa nuair a bhí sé á bharradh féin. Bhí an bhean a bhí ina seasamh taobh leis, áfach, ar na mná ab áille dá bhfaca sé riamh. Bhí a cuid gruaige fionn agus bhí a liopaí an-dearg, agus nuair a labhair an Fürher le Máthair, thiontaigh sí thart gur amharc sise ar

Bruno, rud a d'fhág é dearg san aghaidh le náire.

‘Agus is iad seo mo chuid páistí, a Fürher,’ arsa Athair agus Gretel agus Bruno ag tabhairt céime chun tosaigh. ‘Gretel agus Bruno.’

‘Agus abair liom cé acu a chéile?’ arsa an Fürher, rud a chuir gach duine ag gáire seachas Bruno, a mhothaigh go raibh sé measartha soiléir cé acu a chéile agus gur beag an chúis mhagaidh a bhí ann. Shín an Fürher amach a lámh gur chroith sé a gcuidse agus rinne Gretel cúirtéis chúramach a raibh cleachtadh déanta aici uirthi. Bhí lúcháir ar Bruno nuair a rinne sí prácás di agus ba bheag nár thit sí.

‘A leithéid de pháistí tarraingteacha,’ arsa an bhean álainn fhionn. ‘Agus an dtig liom a fhiafraí cén aois iad?’

‘Tá mise dhá bhliain déag gan eisean ach naoi mbliana,’ arsa Gretel, ag amharc ar a deartháir agus samhnas uirthi. ‘Agus tá Fraincis agam chomh maith,’ ar sise fosta, rud nach raibh iomlán fíor i ndáiríre, cé go raibh roinnt frásaí foghlamtha aici ar scoil.

‘Tá, ach cad chuige ar mhaith leat í a bheith agat?’ a d'fhiafraigh an Fürher, agus an iarraidh seo ní dharna duine ar bith gáire; ina ionad sin bhog siad go míchompordach ó chos go cos agus Gretel ag stánadh air, gan í cinnte de cé acu a bhí freagra uaidh nó nach raibh.

Réitíodh an fhadhb go gasta, áfach, nuair a thiontaigh an Fürher, a bhí ar an aoi ba dhrochbhéasaí dá bhfaca Bruno riamh, ar a chos gur shiúil sé caol

díreach isteach sa seomra bia gur shuigh sé ar an toirt ag ceann an tábla – ar shuíochán Athar! - gan focal ar bith eile. Lean Máthair agus Athair é isteach agus iad giota beag tógtha agus thug Máthair treoracha do Lars go dtiocfadh leis tosú ar an anraith a théamh.

‘Tá Francis agamsa fosta,’ arsa an bhean álainn, ag cromadh anuas agus ag déanamh aoibh an ghéire ar an bheirt pháistí. Ní raibh an chosúlacht uirthi go raibh an oiread céanna eagla uirthi roimh an Fürher. ‘Is teanga álainn í an Fhraincis agus tá tú iontach cliste gur fhoghlaim tú í.’

‘A Eva,’ a scairt an Fürher ón seomra eile, ag smeachadh a mhéar amhail is gur choileán de chineál éigin a bhí inti. Chruinnigh an bhean a súile agus sheas go malltriallach agus thiontaigh thart.

‘Tá dúil agam i do chuid bróg, a Bruno, ach go bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad giota beag teann ort,’ ar sise fosta agus aoibh ar a haghaidh. ‘Má tá siad, ba chóir duit a rá le do mháthair, sula ngortóidh siad thú.’

‘Tá siad *giota beag* teann’, a d’admhaigh Bruno.

‘Ní bhíonn mo chuid gruaige catach de ghnáth,’ arsa Gretel, agus éad uirthi lena deartháir a raibh an aird uilig á tabhairt air.

‘Ach cad chuige nach mbíonn?’ a d’fhiafraigh an bhean. ‘Tá sí chomh hálainn sin ar an dóigh sin.’

‘A Eva!’ a scairt an Fürher in ard a chinn don dara huair, agus anois thosaigh sí a shiúl uathu.

‘Bhí sé iontach deas bualadh libh beirt,’ ar sise,

sular shiúil sí isteach sa seomra bia gur shuigh sí in aice leis an Fürher ar thaobh a láimhe clé. Shiúil Gretel i dtreo an staighre ach d'fhan Bruno ina staicín cloiche ar an talamh, ag amharc ar an bhean fhionn go dtí gur bhuaile a súile lena chuidse arís agus chroith sí lámh leis, go díreach agus Athair ag teacht i láthair a dhruid na doirse agus a chlaon a cheann go gasta, rud a thug le fios do Bruno go raibh sé in am dó dul a luí, fanacht go ciúin, gan callán ar bith a dhéanamh agus go cinnte gan sleamhnú anuas balastar ar bith.

D'fhan an Fürher agus Eva bunús dhá uair an chloig agus níor iarradh ar Bruno ná ar Gretel teacht anuas an staighre le slán a fhágáil acu. D'amharc Bruno orthu ag imeacht amach ar fhuinneog a sheomra leapa agus thug faoi deara nuair a shiúil siad i dtreo an chairr, a raibh gíománach aige, rud a chuaigh i bhfeidhm air, nár oscail an Fürher an doras dá bhean chuideachta ach, ina áit sin, chuaigh suas isteach agus thosaigh a léamh an nuachtáin, agus ise ag fágáil slán uair amháin eile ag Máthair agus ag gabháil buíochais di as an dinnéar galánta.

A leithéid d'fhear uafásach, a smaoinigh Bruno.

Níos moille an oíche chéanna chuala Bruno blúirí den chomhrá idir Máthair agus Athair ag dul thairis. Chuaigh abairtí áirithe amach ar pholl na heochrach nó amach faoi dhoras Oifig Athar agus d'imigh gan treo suas an staighre agus thart an léibheann agus isteach faoin doras i seomra leapa Bruno. Bhí siad ardghlórach, rud nach raibh de nós acu, agus ní thiocthadh le Bruno

ach blúirí beaga díobh a dhéanamh amach:

‘...le Beirlín a fhágáil. Agus ar son a leithéid d’áit...’

Bhí Máthair a rá.

‘...níl rogha ar bith ann, níl má táimid ag iarraidh leanúint...’ arsa Athair.

‘... a rá is de gurb é sin an rud is dual dúinn, agus ní hé go díreach...’ arsa Máthair.

‘...is é an rud a tharlódh ná go dtabharfaí ar shiúl mé agus go gcaithfí liom mar a bheadh...’ arsa Athair

‘...ag dúil go bhfásfaidh siad suas in áit ar nós...’ arsa Máthair

‘... agus is é sin deireadh an scéil. Níl mé ag iarraidh focal ar bith eile a chluinstin faoin ábhar...’ arsa Athair.

Caithfidh sé gurbh é sin deireadh an chomhrá mar d’fhág Máthair oifig Athar agus ansin thit Bruno ina chodladh.

Cúpla lá ina dhiaidh sin tháinig sé abhaile ón scoil agus chonaic sé Maria ina seasamh ina sheomra leapa, agus í ag tarraingt a raibh aige d’earraí amach as an almóir agus á bpacáil isteach i gceithre chliathbhosca mhóra adhmaid, fiú na hearraí a bhí i bhfolach aige ar a chúl agus ar leis féin amháin iad agus nár bhain le duine ar bith eile, agus is é sin an áit ar thosaigh an scéal.

Caibidil a Dó Dhéag

Smaoiníonn Shmuel Ar Fhreagra Ar Cheist Bruno

‘Seo a bhfuil ar eolas agam,’ a thosaigh Shmuel. ‘Sular tháinig muid a chónaí anseo chónaigh mé le mo mháthair, le m’athair agus le mo dheartháir Josef in árasán beag os cionn an tsiopa mar a ndéanann Deaide a uaireadóirí. Gach maidin d’ithimis bricfeasta le chéile ar a seacht a chlog agus nuair a bhímis ar scoil, dheisíodh Deaide na huaireadóirí a thugadh daoine chuige agus dhéanadh sé cinn nua fosta. Bhíodh uaireadóir galánta agam tráth a thug sé dom ach níl sé agam níos mó. Bhí aghaidh air déanta as ór agus ba ghnách liom é a thochras gach oíche sula dtéinn a chodladh agus bhíodh an t-am ceart i gcónaí air.’

‘Cad é a tharla dó?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Thóg siad uaim é,’ arsa Shmuel.

‘Cé?’

‘Na saighdiúirí, ar ndóigh,’ arsa Shmuel amhail is go n-aithneodh súil dá ndeachaigh i gcloigeann an méid sin.

‘Agus ansin tháinig an lá agus thosaigh athrú a theacht ar rudaí,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh. ‘Tháinig mé abhaile ón scoil agus bhí mo mháthair ag déanamh criosanna muinchille dúinn as éadach speisialta agus tharraing sí réaltóg ar gach ceann acu. Cosúil leis seo.’ Bhain sé úsáid as a mhéar gur tharraing sé dearadh sa deannach ar an talamh thíos faoi.



‘Agus gach uair dá bhfágaimis an teach d’insíodh sí dúinn go raibh orainn na criosanna muinchille a chaitheamh.’

‘Caitheann m’athair ceann acu fosta,’ arsa Bruno. ‘Ar a éide. Tá sé iontach deas. Tá dath dearg geal air agus tá dearadh dubh agus bán air.’ Bhain sé úsáid as a mhéar gur tharraing sé dearadh eile sa deannach ar an talamh ar a thaobh féin den fhál.



‘Tuigim, ach tá siad difriúil, nach bhfuil?’ arsa Shmuel.

‘Níor thug duine ar bith crios muinchille domsa riamh,’ arsa Bruno.

‘Ach níor iarr mise riamh ceann acu le caitheamh,’ arsa Shmuel.

‘Mar sin féin,’ arsa Bruno, ‘Sílim nárbh mhiste liom féin ceann acu. Níl a fhios agam cé acu ab fhearr liom,

áfach, do cheannsa nó ceann Athar.’

Chroith Shmuel a cheann agus lean sé ar aghaidh lena scéal. B’annamh a smaoiníodh sé ar na rudaí seo a thuilleadh de bhrí go dtagadh brón air nuair a chuimhníodh sé ar an seansaol a bhíodh aige os cionn an tsiopa uaireadóirí.

‘Chaith muid na criosanna muinchille ar feadh roinnt míonna,’ ar seisean. ‘Agus ansin tháinig athrú ar rudaí arís eile. Tháinig mé abhaile lá agus dúirt Mam nach dtiocfadh linn cónaí inár dteach níos mó—’.

‘Tharla an rud céanna domsa fosta!’ a scairt Bruno, agus lúcháir air nárbh eisean an t-aon ghasúr amháin arbh éigean dó teach a aistriú. ‘Tháinig an Fürher faoi choinne dinnéir, an dtuigeann tú, agus an chéad rud eile a tharla ná gur aistrigh muid anseo. Agus tá *fuath* agam ar an áit seo,’ ar seisean fosta de ghlór ard. ‘Ar tháinig sé chuig do theachsa agus an ndearna sé an rud ceannann céanna?’

‘Níor tháinig, ach nuair a dúradh linn nach dtiocfadh linn a bheith inár gcónaí inár dteach b’éigean dúinn aistriú go ceantar difriúil in Cracow, mar ar thóg na saighdiúirí balla ard agus mar a raibh ormsa agus ar mo mháthair agus ar m’athair agus ar mo dheartháir dul a chónaí in aon seomra amháin.’

‘Gach uile dhuine agaibh?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘In aon seomra amháin?’

‘Agus ní amháin muidne go díreach,’ arsa Shmuel. ‘Bhí teaghlach eile ann agus bhíodh an mháthair agus an t-athair i gcónaí ag argóint lena chéile agus bhí

duine dá gcuid mac níos mó ná mise agus bhuaileadh sé mé fiú nuair nach ndéanainn rud ar bith as bealach.’

‘Ní thiocthadh leis tarlú go raibh sibh uilig go léir i bhur gcónaí in aon seomra amháin,’ arsa Bruno agus é ag croitheadh a chinn. ‘Níl ciall ar bith leis sin.’

‘Gach uile dhuine againn,’ arsa Shmuel, ag claonadh a chinn. ‘Aon duine dhéag ar fad.’

D’oscail Bruno a bhéal lena bhréagnú arís – níor chreid sé i ndáiríre go dtiocfadh le duine dhéag a bheith ina gcónaí in aon seomra le chéile – ach d’athraigh sé a intinn.

‘Chónaigh muid ann ar feadh roinnt míonna eile,’ arsa Shmuel ag leanúint ar aghaidh, ‘gach uile dhuine againn san aon seomra sin. Bhí fuinneog bheag amháin istigh ann agus níor thaitin sé liom a bheith ag amharc amach uirthi de bhrí go bhfeicinn an balla agus bhí fuath agam ar an bhalla cionn is go raibh an baile dúchais s’againne ar an taobh eile de. Agus ba é sin an droch-cheantar den bhaile cionn is go mbíodh sé i gcónaí callánach agus go mbíodh sé beagnach dodhéanta dul a chodladh ann. Agus bhí fuath agam ar Luka, an gasúr a bhuaileadh mé ar bhonn rialta fiú nuair nach ndéanainn rud ar bith as bealach.’

‘Buaileann Gretel mise in amanna,’ arsa Bruno. ‘Is í mo dheirfiúr í,’ ar seisean fosta. ‘Agus tá sí ina Duine Gan Dóchas. Ach ní fada gur mó agus gur láidre a bheas mé ná ise agus gheobhaidh sí a cíoradh nuair a tharlóidh sé sin.’

‘Ansin lá amháin tháinig na saighdiúirí uilig ina

gcuid trucaílí móra,’ arsa Shmuel ag leanúint ar aghaidh agus an chuma air nach raibh suim dá laghad aige in Gretel. ‘Agus dúradh le gach duine acu a gcuid tithe a fhágáil. Ní raibh fonn ar chuid mhaith acu é sin a dhéanamh agus chuaigh siad i bhfolach in áit ar bith a dtiocfadh leo ach sílim gur rugadh orthu uilig sa deireadh. Agus thug na trucaílí muid a fhad le traein agus thug an traein...’ Stad sé ar feadh bomaite agus theann a char ar a chéile. Shíl Bruno go raibh sé ag dul a chaoineadh agus níor thuig sé cén fath?

‘Bhí an traein go dona ar fad,’ arsa Shmuel. ‘Sa chéad dul síos, bhí barraíocht againn sna carráistí. Agus bhí easpa aeir ann rud a d’fhág go raibh sé doiligh d’anáil a tharraingt. Agus bhí boladh bréan ann.’

‘Cionn as gur phlódaigh sibh uilig isteach i dtraein ag an am amháin,’ arsa Bruno, ag cuimhneamh ar an dá thraein a chonaic sé ag an stáisiún nuair a d’fhág sé Beirlín. ‘Nuair a tháinig muid anseo, bhí ceann eile ar an taobh eile den ardán ach ní raibh an chuma ar an scéal go bhfaca duine ar bith í. Ba é sin an ceann a ghlac muidne. Ba chóir daoibhse é a ghlacadh fosta.’

‘Ní dóigh liom go mbeadh cead againn,’ arsa Shmuel, ag croitheadh a chinn. ‘Ní raibh muid ábalta fáil amach as ár gcarráiste.’

‘Tá na doirse ag a dheireadh,’ a mhínigh Bruno.

‘Ní raibh doirse ar bith ann,’ arsa Shmuel.

‘Ar ndóigh bhí doirse ann,’ arsa Bruno agus é ag ligean osna. ‘Tá siad ag a dheireadh,’ ar seisean arís. ‘Go díreach i ndiaidh na háite ina mbíonn na béilí.’

‘Ní raibh doirse ar bith ann,’ a dhearbhaigh Shmuel. ‘Dá mbeadh, rachaimis amach orthu.’

Dúirt Bruno rud éigin faoina fhiacra cosúil le ‘Ar ndóigh bhí siad ann’, ach ní dúirt sé ró-ard é agus mar sin de níor chuala Shmuel é.

‘Nuair a stop an traein faoi dheireadh,’ arsa Shmuel, ag leanúint ar aghaidh, ‘bhí muid in áit thar a bheith fuar agus b’éigean dúinn uilig siúl chuig an áit seo.’

‘Ghlac muid an carr,’ arsa Bruno, de ghlór ard anois.

‘Agus tugadh Mam ar shiúl uainn, agus cuireadh mise agus Deaide agus Josef isteach sna botháin thall ansin agus is í sin an áit a bhfuilimid ag cur fúinn ó shin i leith.’

Bhí cuma an-bhrónach ar Shmuel nuair a d’inis sé an scéal seo agus ní raibh a fhios ag Bruno cad chuige; níor mhothaigh seisean go raibh sé chomh huafásach sin, agus i ndeireadh na dála, nár tharla beagnach an rud céanna dósan.

‘An bhfuil mórán gasúr eile thall ansin?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Na céadta acu,’ arsa Shmuel.

Bhí súile Bruno ar leathadh. ‘Na céadta acu?’ ar seisean agus iontas an tsaoil air. ‘Níl sé sin cothrom ar chor ar bith. Níl duine ar bith ar an taobh seo den fhál le bheith ag imirt cluichí leis. Duine ná deoraí.’

‘Ní bhímid ag imirt cluichí,’ arsa Shmuel.

‘Ní bhíonn sibh ag imirt cluichí? Cad chuige nach mbíonn?’

‘Cad é a thiocfadh linn a imirt?’ a d’fhiafraigh

sé, agus an chuma air nár thuig sé cad é a bhí sé a mhaíomh.

‘Bhuel, níl a fhios agam,’ arsa Bruno. ‘Gach cineál cluichí. Peil, cuirim i gcás. Nó eachtraíocht. Cad é mar atá an eachtraíocht thall ansin cibé ar bith? An bhfuil maitheas ar bith inti?’

Chroith Shmuel a cheann agus níor thug sé freagra. D’amharc sé siar ar na botháin agus thiontaigh ar ais chuig Bruno ansin. Ní raibh sé ag iarraidh an chéad cheist eile a chur ach gur thug na pianta ina bholg air an cheist a chur.

‘Is dócha nach bhfuil bia ar bith leat, an bhfuil?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Tá mé buartha nach bhfuil,’ arsa Bruno. ‘Bhí sé ar intinn agam seacláid a thabhairt liom ach rinne mé dearmad.’

‘Seacláid,’ arsa Shmuel go malltriallach, agus uisce lena char. ‘Ní raibh seacláid agam ach uair amháin roimhe.’

‘Uair amháin? Tá dúil mhór agam sa tseacláid. Ní thig liom mo sháith di a fháil cé go ndeir Máthair go bhfágfaidh sí mo chuid fiacla lofa.’

‘Is dócha nach bhfuil arán ar bith leat, an bhfuil?’

Chroith Bruno a cheann. ‘Níl a dhath ar bith liom,’ ar seisean. ‘Ní ithimid dinnéar go dtí leath i ndiaidh a sé. Cén t-am a n-itheann sibhse dinnéar?’

Chroith Shmuel a ghuailí agus d’éirigh ina sheasamh. ‘Sílím gur chóir domsa dul ar ais,’ ar seisean.

‘Is féidir go mbeidh tú ábalta teacht chugainne faoi

choinne dinnéir tráthnóna éigin,’ arsa Bruno, cé nach raibh sé cinnte de gur smaoinemh maith a bhí ann.

‘Is féidir é,’ arsa Shmuel, cé nach raibh an chuma air go raibh sé féin cinnte dearfa de.

‘Nó thiocfadh liomsa teacht chugatsa,’ arsa Bruno. ‘B’fhéidir go dtiocfadh liom teacht agus bualadh le do chairde,’ ar seisean fosta go dóchasach. Bhí sé ag dúil go ndéarfadh Shmuel féin an méid sin ach ní raibh an chuma air go ndéarfadh.

‘Tá tú ar an taobh contráilte den fhál, áfach,’ arsa Shmuel.

‘Tig liom dul faoi ar mo cheithre boinn,’ arsa Bruno, agus é ag síneadh a láimhe síos agus ag tógáil na sreinge den talamh. Sa lár, idir na cuailí adhmaid teileagraif, bhí sé measartha furasta í a thógáil aníos agus thiocfadh le gasúr chomh beag le Bruno dul tríd an bhearna go furasta.

D’amharc Shmuel air agus é ag gabháil dó seo agus sheas sé siar go neirbhíseach. ‘Caithfidh mé dul ar ais,’ ar seisean.

‘Tráthnóna éigin eile mar sin’, arsa Bruno.

‘Níor chóir domsa a bheith anseo. Má bheirtear orm beidh mé i dtrioblóid.’

Thiontaigh sé agus shiúil sé leis agus mhothaigh Bruno arís cé chomh beag agus cé chomh tanaí agus a bhí a chara nua. Ní dúirt sé rud ar bith faoi seo cionn is go raibh a fhios aige go rímhaith cé chomh míthaitneamhnach agus a bhí sé nuair a cháin duine thú mar gheall ar rud éigin chomh neamhthábhachtach

le d'airde, agus níor lú air an diabhal ná go mbeadh sé míchineálta le Shmuel.

‘Tiocfaidh mé ar ais amárach,’ a scairt Bruno ar an ghasúr a bhí ag imeacht ach níor fhreagair Shmuel é; le fírinne, thosaigh sé a rith i dtreo an champa, ag fágáil Bruno ina aonar.

Shocraigh Bruno go raibh a sháith agus barraíocht eachtraíochta déanta aige don lá, mar sin de chuaigh sé abhaile agus sceitimíní áthais air faoin rud a bhí i ndiaidh tarlú agus é ar bís an scéal faoina chuid eachtraíochta an tráthnóna sin, agus faoina chara nua a raibh ainm aisteach air agus a raibh an breithlá céanna aige agus a bhí aige féin, a insint do Mháthair, Athair agus Gretel – a mbeadh an oiread sin éada uirthi leis go mb’fhéidir go bpléascfadh sí – ach dá chóngaraí a tháinig sé chuig a theach féin is amhlaidh is mó a thosaigh sé a insint dó féin nach smaoinemh maith a bhí ann.

I ndeireadh na dála, dar leis, agus é ag cíoradh an ábhair, is féidir nach mbeidh siad ag iarraidh orm a bheith cairdiúil leis níos mó agus má tharlaíonn sé sin is féidir go gcuirfidh siad cosc ormsa teacht amach anseo ar chor ar bith. Faoin am a raibh sé ag dul isteach ar an doras tosaigh agus ar mhothaigh sé an mhairteoil a bhí á róstadh san oigheann faoi choinne dinnéir shocraigh sé gurbh fhearr dó an scéal iomlán a choinneáil ina rún dó féin faoi láthair gan focal a insint do dhuine ar bith faoi. A rún féin a bheadh ann. Bhuel, a rún s’aige féin agus rún Shmuel.

Bhí Bruno den tuairim, maidir le tuismitheoirí agus go háirithe maidir le deirfiúracha, nach ndéanfadh an rud nach raibh ar eolas acu dochar ar bith dóibh.

Caibidil a Trí Déag

An Buidéal Fíona

Agus na seachtainí ag imeacht thosaigh sé a éirí soiléir do Bruno nach mbeadh sé ag dul abhaile go Beirlín go ceann tamaill mheasartha agus go dtiocfadh leis dearmad a dhéanamh de bheith ag sleamhnú anuas an balastar ina theach compordach agus dearmad a dhéanamh de bheith ag bualadh le Karl nó le Daniel nó le Martin am ar bith feasta.

Le gach lá a chuaigh thart, áfach, thosaigh sé a éirí cleachta leis an saol in Amach-libh agus stad sé de bheith chomh míshásta céanna lena shaol nua. I ndeireadh an dála, níorbh é nach raibh duine ar bith ann a dtiocfadh leis labhairt leis níos mó. Gach lá nuair a bhíodh na ranganna thart dhéanadh Bruno an tsiúlóid fhada cois fáil agus agus shuíodh sé agus bhíodh sé ag caint lena chara nua Shmuel go dtí go raibh am baile ann, agus thosaigh sé sin a dhéanamh cúitimh ar na huaireanta uilig nuair a chonaigh sé Beirlín.

Tráthnóna dá raibh, agus é ag líonadh a phócaí le harán agus le cáis ó chuisneoir na cistine le tabhairt

leis, tháinig Maria isteach agus stop sí nuair a chonaic sé cad é a bhí ar bun aige.

‘Dia duit,’ arsa Bruno ar nós cuma liom agus é ag déanamh iarrachta gan aird ar bith a tharraingt air féin. ‘Scranaigh tú mé. Níor chuala mé thú ag teacht isteach.’

‘Níl tú ag ithe arís, i ndáiríre?’ a d’fhiafraigh Maria agus aoibh an gháire ar a haghaidh. ‘Bhí lón agat, nach raibh? An bhfuil ocras ort go fóill?’

‘Beagán,’ arsa Bruno. ‘Tá mé ag dul a shiúl agus mheas mé go mb’fhéidir go dtiocfadh goin ocrais orm ar an bhealach.’

Chroith Maria a guailí agus chuaigh anonn chuig an sorn, mar ar chuir sí sáspan uisce ar fiuchadh. Bhí proinnleach prátaí agus meacan dearg ina luí ina gcarn ar an bhinse in aice leo, ag fanacht leis an chraiceann a bheith bainte díobh nuair a thiocfadh Pavel níos moille tráthnóna. Bhí Bruno ar tí imeacht nuair a leag sé a shúile ar an bhia agus rith ceist leis a bhí ag cur isteach air ar feadh tamaill fhada. Ní raibh sé ábalta smaoineamh ar dhuine ar bith a dtiocfadh leis an cheist a chur air roimhe, ach ba í seo uair na faille agus an duine ceart.

‘A Maria,’ ar seisean, ‘an dtig liom ceist a chur ort?’

Thiontaigh an cailín aimsire thart gur amharc sí air agus iontas an tsaoil uirthi. ‘Ar ndóigh, a Mháistir Bruno,’ ar sise.

‘Agus má fhiafraím an cheist seo díot, an dtabharfaidh tú d’fhocal dom nach n-inseoidh tú do

dhuine ar bith gur fhiafraigh mé díot í?’

D’amharc sí air as deireadh a súl go hamhrasach ach sméid a ceann. ‘Ceart go leor,’ ar sise. ‘Cad é atá tú ag iarraidh a fháil amach?’

‘Baineann sé le Pavel,’ arsa Bruno. ‘Tá aithne agat air, nach bhfuil? An fear a thagann anseo agus a bhaineann an craiceann de na glasraí agus ansin a fhreastalaíonn ar an tábla s’againne.’

‘Ó tá,’ arsa Maria agus aoibh an ghéire uirthi. Bhí an chuma uirthi gur saoradh ó inní í nach raibh an cheist ag dul a bheith faoi rud ar bith ní ba thromchúisí. ‘Tá aithne agam ar Pavel. Is iomaí uair a labhair muid le chéile. Cad chuige a gcuireann tú ceist faoi?’

‘Bhuel,’ arsa Bruno, ag roghnú a chuid focal go measartha cúramach ar eagla go ndéarfadh sé rud éigin nár chóir dó, ‘an cuimhin leat go gairid i ndiaidh dúinn an áit seo a bhaint amach go ndearna mé an luascán ar an chrann darach agus gur thit mé agus gur ghearr mé mo ghlúin?’

‘Is cuimhin,’ arsa Maria. ‘Níl sí nimhneach go fóill, an bhfuil?’

‘Níl, ní hé sin é,’ arsa Bruno. ‘Ach nuair a ghortaigh mé í, ba é Pavel an t-aon duine fásta a bhí thart agus thug sé isteach anseo mé gur ghlan sé í agus nigh sé í agus chuir sé ungradh uirthi, a chuir nimh inti ach a bhisigh í is dócha, agus ansin chuir sé bindealán uirthi.’

‘Is é sin go díreach an rud a dhéanfadh duine ar bith dá mbeadh duine éigin gortaithe,’ arsa Maria.

‘Tá a fhios agam,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh.

‘Ach is é an rud atá ann go ndúirt sé liom nach freastalaí é ar chor ar bith.’

Bhí aghaidh Maria gan bogadh ar feadh bomaite agus níor labhair sí focal. Ina ionad sin d’amharc sí uaidh agus ligh sí a liopaí beagán sula chroith sí a ceann. ‘Tuigim,’ ar sise. ‘Agus an ndúirt sé cad é an tslí bheatha a dhéanann sé i ndáiríre?’

‘Dúirt sé gur dochtúir é,’ arsa Bruno. ‘Níor shíl mé go raibh craiceann na fírinne air seo ar chor ar bith. Ní dochtúir é, an ea?’

‘Ní hea,’ arsa Maria, ag croitheadh a cinn. ‘Ní hea, ní dochtúir é. Is freastalaí é.’

‘Bhí a fhios sin agam,’ arsa Bruno, agus é iontach sásta leis féin. ‘Cad chuige ar inis sé bréag domsa mar sin? Níl ciall ar bith leis.’

‘Níl Pavel ina dhochtúir níos mó, a Bruno,’ arsa Maria go ciúin. ‘Ach bhí sé. I saol eile. Sular tháinig sé anseo.’

Chuir Bruno grainc air féin agus rinne sé a mhachnamh air. ‘Ní thuigim,’ ar seisean.

‘Is beag duine againn a thuigeann,’ arsa Maria.

‘Ach más rud é go raibh sé ina dhochtúir lá den saol, cad chuige nach bhfuil sé ina dhochtúir go fóill?’

Lig Maria osna agus d’amharc amach ar an fhuinneog le bheith cinnte de nach raibh duine ar bith ag teacht, ansin rinne sí comhartha cinn le Bruno agus shuigh siad beirt ar na cathaoireacha.

‘Má insím duit an rud a d’inis Pavel domsa faoina shaol,’ ar sise, ‘níl cead agat é a insint do dhuine ar

bith eile – an dtuigeann tú? Bheimis uilig i dtrioblóid mhór.’

‘Ní inseoidh mé don dara duine é,’ arsa Bruno, ar thaitin leis rúin a chluinstin agus nár scaip iad ach go fíorannamh, ach amháin nuair a bhí géarghá leis ar ndóigh, agus ní raibh neart aige air sin.

‘Maith go leor,’ arsa Maria. ‘Seo a bhfuil ar eolas agam.’

Bhí Bruno mall nuair a bhain sé an áit amach ar bhuail sé féin agus Shmuel le chéile gach lá, ach mar ba ghnách, bhí a chara nua ina shuí ag fanacht leis agus an dá chos trasna ar a chéile aige.

‘Tá mé buartha go bhfuil mé mall,’ ar seisean, agus é ag síneadh píosa aráin agus cáise tríd an fhál sreinge – na píosaí nach raibh ite aige cheana féin ar an bhealach nuair a d’éirigh sé féin giota beag ocrach faoi dheireadh. ‘Bhí mé ag caint le Maria.’

‘Cé hí Maria?’ a d’fhiafraigh Shmuel, gan amharc suas agus é ag muirliú an bhia agus ocras an domhain air.

‘Is í ár gcailín aimsire í,’ a mhínigh Bruno. ‘Tá sí iontach deas cé go ndeir Athair go saothraíonn sí barraíocht airgid. Ach bhí sí ag insint dom faoin fhear seo darb ainm Pavel a ghearrann ár gcuid glasraí dúinn agus a fhreastalaíonn ar an tábla. Sílim go gcónaíonn sé ar an taobh s’agatsa den fhál.’

D’amharc Shmuel suas ar feadh bomaite agus stop sé de bheith ag ithe. ‘Ar mo thaobhsa de?’ a

d'fhiafraigh sé.

‘Cónaíonn sé ar do thaobhsa. An bhfuil aithne agat air? Tá sé iontach sean agus bíonn casóg bhán air nuair a bhíonn sé ag freastal ar an tábla ag am dinnéir. Is dócha go bhfaca tú é.’

‘Ní fhaca,’ arsa Shmuel, ag croitheadh a chinn. ‘Níl aithne agam air.’

‘Ach is cinnte go bhfuil,’ arsa Bruno go colgach, amhail is go raibh Shmuel ag iarraidh a bheith ciotach d’aon ghnó. ‘Níl sé chomh hard céanna le bunús na ndaoine fásta agus tá a chuid gruaige liath agus tá sé giota beag cromshlinneánach.’

‘Ní dóigh liom go dtuigeann tú go gcónaíonn an oiread sin daoine ar an taobh seo den fhál,’ arsa Shmuel. ‘Tá na mílte againn ann.’

‘Ach tugtar Pavel ar an duine seo,’ a dhearbhaigh Bruno. ‘Nuair a thit mé de mo luascán ghlan sé an chneá sa dóigh nár galraíodh í agus chuir sé bindealán ar mo chos. Cibé ar bith, do dhála féin, is as an Pholainn é agus is é sin an fáth a raibh mé ag iarraidh labhairt leat faoi.’

‘Is as an Pholainn ár mbunús san áit seo,’ arsa Shmuel. ‘Cé go bhfuil cuid acu as áiteanna eile fosta, ar nós na Seicslóvaice agus—’

‘Tá a fhios agam, ach is é sin an fáth ar shíl mé go mb’fhéidir go mbeadh aithne agat air. Cibé ar bith, bhí sé ina dhochtúir ina bhaile dúchais sular tháinig sé anseo ach níl cead aige a bheith ina dhochtúir níos mó agus dá mba rud é go mbeadh a fhios ag Athair

gur ghlan sé mo ghlúin nuair a ghortaigh mé mé féin bheadh trioblóid ann.’

‘Ní gnách go dtaitníonn sé leis na saighdiúirí má thagann biseach ar dhaoine,’ arsa Shmuel, agus é ag muirliú an phíosa dheireanaigh den arán. ‘Is gnách gurb é an bealach eile thart a bhíonn sé.’

Chlaon Bruno a cheann, cé nach raibh a fhios aige go cinnte cad é an chiall a bhí leis an méid a bhí Shmuel a rá, agus stán sé ar an spéir. I ndiaidh cúpla bomaite d’amharc sé isteach ar na bearnaí ar an fhál sreinge agus chuir ceist eile a bhí ag déanamh angaidh dó.

‘An bhfuil a fhios agat an tslí bheatha a roghnóidh tú nuair a thiocfaidh ann duit?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Tá a fhios,’ arsa Shmuel. ‘Ba mhaith liom a bheith ag obair i zú.’

‘I zú?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Tá dúil agam sna hainmhithe,’ arsa Shmuel go ciúin.

‘Tá mise ag dul a bheith i mo shaighdiúir,’ arsa Bruno de ghlór daingean. ‘Mar Athair’.

‘Níor mhaith liom féin a bheith i mo shaighdiúir,’ arsa Shmuel.

‘Níl mé ag maíomh gur mhaith liom a bheith i mo shaighdiúir mar Leifteanaint Kotler,’ arsa Bruno go gasta. ‘Ní i mo shaighdiúir a bhíonn ag céimiú suas síos amhail is gur leis féin an áit agus a bhíonn ag gáire le do dheirfiúr agus ag cogarnach le do mháthair. Ní mheasaim gur saighdiúir maith ar chor ar bith é. Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá gur mhaith liom a bheith

i mo shaighdiúir ar nós Athar. Duine de na saighdiúirí maithe.’

‘Níl saighdiúirí maithe ar bith ann,’ arsa Shmuel.

‘Is cinnte go bhfuil,’ arsa Bruno.

‘Cé?’

‘Bhuel, Athair mar shampla,’ arsa Bruno. ‘Is é sin an fáth a gcaitheann sé éide chomh sonrach sin agus a dtugann gach duine Ceannfort air agus a ndéanann siad cibé rud a iarrann sé orthu. Tá rudaí tábhachtacha leagtha amach ag an Fürher dó de thairbhe gur saighdiúir chomh maith sin é.’

‘Níl saighdiúirí maithe ar bith ann,’ arsa Shmuel arís.

‘Ach amháin Athair,’ arsa Bruno arís, a bhí ag dúil nach ndéarfadh Bruno é sin arís de bhrí nach raibh sé ag iarraidh go dtarlódh argóint eatarthu. I ndeireadh na dála, ba é an t-aon chara amháin é a bhí aige in Amach-Libh. Ach ba é Athair a athair, agus níor mheas Bruno go raibh sé i ndáil ná i ndúchas ag duine ar bith é a mhaslú.

D’fhan an bheirt acu ina dtost ar feadh cúpla bomaite, gan duine ar bith acu ag iarraidh rud ar bith a rá a mbeadh aiféala air faoi.

‘Ní thuigeann tú an dóigh a bhfuil rudaí istigh anseo,’ arsa Shmuel faoi dheireadh de ghlór íseal. Is ar éigean a bhí Bruno ábalta a chuid focal a chluinstin.

‘An é go bhfuil deirfiúracha agatsa fosta, an é?’ a d’fhiafraigh Bruno go gasta, ag ligean air nár chuala sé

a ndúirt sé sa dóigh nach mbeadh air freagra a thabhairt.

‘Ní hé,’ arsa Shmuel, ag croitheadh a chinn.

‘Tá an t-ádh ort,’ arsa Bruno. ‘Níl Gretel ach dhá bhliain déag d’aois agus síleann sí go bhfuil gach rud ar eolas aici ach níl inti le fírinne ach Duine Gan Dóchas. Bíonn sí ina suí ansin ag breathnú amach ar a fuinneog agus nuair a fheiceann sí Leifteanant Kotler ag teacht ritheann sí síos an staighre isteach sa halla ag ligean uirthi go raibh sí ann an t-am ar fad. An lá faoi dheireadh tháinig mé uirthi ag gabháill dó seo agus nuair a tháinig seisean isteach léim sí ina seasamh agus dúirt, *Muise, a Leifteanaint Kotler, ní raibh a fhios agam go raibh tú anseo*, agus tá mise cinnte de go raibh sí ag fanacht leis.’

Ní raibh Bruno ag amharc ar Shmuel agus é á rá seo uilig, ach nuair a d’amharc sé air arís mhothaigh sé gur éirigh sé ní ba bháine san aghaidh ná mar ba ghnách.

‘Cad é atá cearr leat?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Tá an chuma ort go bhfuil tú ar tí cur amach.’

‘Ní thaitníonn sé liom a bheith ag labhairt air,’ arsa Shmuel.

‘Cé air nach mbíonn tú ag iarraidh a bheith ag labhairt?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Leifteanant Kotler. Scanraíonn sé mé.’

‘Scanraíonn sé mise giota beag fosta,’ a d’admhaigh Bruno, ‘is máistín é. Agus bíonn boladh aisteach air. Baineann sé leis an chumhrán fir uilig a chuireann sé air féin.’ Agus ansin tháinig creathacha ar Shmuel amhail is go dtiocfadh leis a fheiceáil in ionad a mhothú cé

acu a bhí sé fuar nó nach raibh. ‘Cad é atá cearr leat?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Níl sé chomh fuar sin, an bhfuil? Ba chóir duit geansaí a thabhairt leat, tá a fhios agat. Tá na tráthnónta ag dul i bhfuaire.’

Níos moille anonn an tráthnóna céanna bhí díomá ar Bruno nuair a fuair sé amach go mbeadh Leifteanant Kotler ag teacht chuig dinnéar i gcuideachta Mháthar, Athar, Gretel agus ina chuideachta féin. Bhí an chasóg bhán ar Pavel mar ba ghnách agus d’fhreastail sé orthu agus iad ag ithe.

D’amharc Bruno ar Pavel agus é ag dul thart ar an tábla agus mhothaigh sé go raibh brón air nuair a d’amharc sé air. Rinne sé a mhachnamh an raibh an chasóg bhán a bhí air agus é ina fhreastalaí mar an gcéanna leis an chasóg bhán a chaitheadh sé roimhe nuair a bhí sé ina dhochtúir. Thug sé na plátaí isteach gur leag sé síos iad os comhair gach duine acu, agus nuair a bhí siadsan ag ithe agus ag comhrá lena chéile, bhog sé siar i dtreo an bhalla agus sheas sé ansin gan corraí ar bith as, gan é ag amharc go díreach ar aghaidh. Bhí sé mar a bheadh a cholainn ina chodladh nuair a bhí sé ina sheasamh agus a shúile oscailte aige.

Nuair a bhí rud ar bith de dhíth ar dhuine ar bith, thug sé láithreach é, ach dá mhéad a d’amharc Bruno air is amhlaidh is mó a shíl sé go raibh tubaiste ag dul a tharla. Bhí an chuma air gur éirigh sé ní ba lú agus ní ba lú gach seachtain, dá dtiocfadh lena leithéid tarlú, agus d’imigh an dath ba chóir a bheith air gur bhánaigh

a ghnúis beagnach. Bhí an chuma air go raibh deora ag borradh aníos ina shúile agus mhothaigh Bruno go mbeadh sé ag caoineadh uisce a chinn dá gcaochfadh sé a shúile.

Nuair a tháinig Pavel isteach agus na plátaí leis, ní thiocfadh le Bruno ach an crith beag a bhí ar a lámh faoina mheáchan a thabhairt faoi deara. Agus nuair a bhog sé siar chuig a ghnáth-áit, bhí an chosúlacht air go raibh sé ag longadán ar a chosa agus b'éigean dó a thaca a bhaint as an bhalla lena dhaingniú féin. B'éigean do Mháthair a dara cuid den anraith a iarraidh faoi dhó sular chuala sé í, agus lig sé don bhuidéal fíona éirí folamh sula raibh ceann eile oscailte aige in am le gloine Athar a líonadh.

‘Ní ligfidh Herr Liszt dúinn filíocht ná drámaí a léamh,’ arsa Bruno agus é ag déanamh gearáin i rith an phríomhchúrsa. De bhrí go raibh cuideachta acu don dinnéar bhí an teaghlach uilig gléasta don ócáid – bhí éide ar Athair, bhí gúna glas ar Mháthair mar mhaise ar a súile agus bhí Gretel agus Bruno gléasta sna héadaí a chaitheadh siad nuair a théadh siad chuig an eaglais nuair a bhí siad ina gcónaí i mBeirlín. ‘D’iarr mé cead air iad a léamh lá sa tseachtain go díreach ach dhiúltaigh sé, ag rá nach dtarlódh sé agus eisean i mbun ar gcuid léinn.’

‘Tá mé cinnte de go bhfuil a fhios aige féin cén fáth,’ arsa Athair agus é ag ionsaí cos uaineola.

‘Is é an t-aon rud atá sé ag iarraidh orainn a dhéanamh ná staidéar ar stair agus thíreolaíocht,’ arsa

Bruno. ‘Agus anois tá mé ag tabhairt fuatha ar stair agus thíreolaíocht.’

‘Ná habair an focal fuath, a Bruno, le do thoil,’ arsa Máthair.

‘Cad chuige a bhfuil fuath agat ar stair?’ a d’fhiafraigh Athair, agus é ag leagan a fhoirc uaidh ar feadh bomaite agus ag amharc ar a mhac ar an taobh eile den tábla, a chroith a ghuailí, drochnós a bhí aige.

‘Mar go bhfuil sí leadránach,’ ar seisean.

‘Leadránach?’, arsa Athair. ‘Mac domsa ag rá go bhfuil staidéar na staire leadránach? Inseoidh mise an méid seo duit a Bruno,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh, ag claonadh chun tosaigh agus ag díriú a scine ar an ghasúr, ‘is í an stair is cúis le muid a bheith inár suí san áit seo inniu. Murab é an stair, ní bheadh duine ar bith againn inár suí thart ar an tábla anois. Bheimis slán sábháilte sa bhaile ag an tábla inár dteach i mBeirlín. Táimid ag ceartú staire san áit seo.’

‘Tá sí leadránach mar sin féin,’ arsa Bruno arís, nach raibh ag tabhairt mórán airde air i ndáiríre.

‘Beidh ort maitheamh do mo dheartháir, a Leifteanant Kotler,’ arsa Gretel, agus í ag leagan láimhe ar a lámh ar feadh bomaite, rud a chuir ar Mháthair stánadh uirthi agus breathnú uirthi as deireadh a súl. ‘Is gasúr thar a bheith aineolach é.’

‘Níl mé aineolach,’ arsa Bruno go giorraisc, a raibh a sháith aige de mhaslaí a dheirféar. ‘Beidh ort maitheamh do mo dheirfiúr, a Leifteanant Kotler,’ ar seisean fosta go dea-bhéasach, ‘ach is Duine Gan

Dóchas í. Níl neart againn air. Deir na dochtúirí nach féidir í a thabhairt slán as an fhaopach ina bhfuil sí.’

‘Éist do bhéal,’ arsa Gretel, agus a haghaidh á lasadh ó bhun na gcluas.

‘Éist do bhéal féin,’ arsa Bruno agus aoibh mhór ar a aghaidh.

‘A pháistí, le bhur dtoil,’ arsa Máthair.

Chnag Athair ar an tábla lena scian agus thost gach duine. Thug Bruno sracfhéachaint air. Ní raibh an chuma air go raibh sé go díreach feargach ach ní raibh an chuma air go raibh sé ag dul a chur suas le mórán níos mó den argóint chéanna ach oiread.

‘Thaitin stair liomsa nuair a bhí mé i mo ghasúr,’ arsa Leifteanant Kotler i ndiaidh roinnt bomaití ciúnais. ‘Agus cé go raibh m’athair ina ollamh le litríocht ar ollscoil, b’fhearr liom féin na heolaíochtaí sóisialta ná na healaíona.’

‘Ní raibh a fhios agam sin, a Kurt,’ arsa Máthair, ag iompú a súl le breathnú air ar feadh bomaite. ‘An mbíonn sé á teagasc mar sin go fóill?’

‘Is dócha go mbíonn,’ arsa Leifteanant Kotler. ‘Níl mé iomlán cinnte de sin, áfach.’

‘Bhuel, cén dóigh nach mbeadh a fhios agat?’ a d’fhiafraigh sí agus chuir sí grainc uirthi féin. ‘Nach mbíonn tú i dteagmháil leis?’

Bhí an Leifteanant óg ag cogaint ar bholgam uaineola rud a thug deis dó smaoineamh ar fhreagra. D’amharc sé ar Bruno amhail is go raibh aiféaltas air gur thug sé aníos an t-ábhar cainte ar chor ar bith.

‘A Kurt, nach mbíonn tú i dteagmháil le d’athair?’ arsa Máthair arís.

‘Ní bhím, i ndáiríre,’ a d’fhreagair sé, ag croitheadh a ghuailí agus ag caitheamh uaidh mar scéal é gan a cheann a thiontú le hamharc uirthi. ‘D’fhág sé an Ghearmáin roinnt blianta ó shin. Naoi déag tríocha a hocht, measaim. Ní fhaca mé ó shin é.’

Stop Athair de bheith ag ithe ar feadh bomaite agus stán ar Leifteanant Kotler a bhí ar an taobh eile den tábla, agus chuir grainc bheag air féin. ‘Agus cén áit a ndeachaigh sé?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Cad é a dúirt tú ansin, a Cheannfoirt?’ a d’fhiafraigh Leifteanant Kotler, cé gur chuir Athair an cheist air i nglór breá soiléir.

‘D’fhiafraigh mé díot cén áit a ndeachaigh sé,’ ar seisean arís. ‘D’athair. An t-ollamh le litríocht. Cá háit a ndeachaigh sé nuair a d’fhág sé an Ghearmáin?’

D’éirigh aghaidh Leifteanant Kotler giota beag dearg agus labhair sé go stadach. ‘Creidim ... creidim go bhfuil sé san Eilvéis faoi láthair,’ ar seisean faoi dheireadh. ‘Bhí sé ag teagasc in Ollscoil i mBeirn an t-am deireanach a chuala mé scéal ar bith.’

‘Ó, is álainn an tír í an Eilvéis,’ arsa Máthair go gasta. ‘Ní raibh mé inti riamh, admhaím, ach dár chuala mé –’

‘Ní bheadh sé iontach aosta, d’athair,’ arsa Athair, a ghlór domhain á gcur uilig ina dtost. ‘Tá mé ag iarraidh a rá nach bhfuil tusa ach... cad é? Seacht mbliana déag? Ocht mbliana déag d’aois?’

‘Tá mé díreach i ndiaidh naoi mbliana déag a chnagadh, a Cheannfóirt.’

‘Mar sin de bheadh d’athair ... sna daichidí, déarfainn?’

Níor labhair Leifteanant Kotler focal ach lean air ag ithe cé nach raibh an chuma air go raibh sé ag baint sult as an bhia ar chor ar bith.

‘Is aisteach an rud é nár shocraigh sé fanacht ina thír dhúchais,’ arsa Athair.

‘Nílimid cóngarach dá chéile, mé féin agus m’athair,’ arsa Leifteanant Kotler go gasta, ag breathnú thart ar an tábla amhail is go raibh air míniú a thabhairt do gach duine. ‘I ndáiríre, níor labhair muid lena chéile le blianta anuas.’

‘Agus an miste leat má fhiafraím cén fáth ar fhág,’ arsa Athair ag leanúint ar aghaidh, ‘cén fáth ar fhág sé an Ghearmáin agus í i mbarr a réime agus in am an ghátair, nuair atá sé de dhualgas orainne uilig ár gcion féin a dhéanamh ar son na hathbheochana náisiúnta? An raibh an eitinn air?’

Stán Leifteanant Kotler ar Athair agus é trína chéile. ‘Cad é atá tú a rá?’ a d’fhiafraigh sé.

‘An ndeachaigh sé chun na hEilvéise ar mhaithe leis an aer úr?’ a mhínigh Athair. ‘Nó an rud é go raibh fáth áirithe ann gur fhág sé an Ghearmáin? I naoi déag tríocha a hocht,’ ar seisean fosta i ndiaidh bomaite.

‘Is eagal liom nach bhfuil a fhios agam, a Cheannfóirt,’ arsa Leifteanant Kotler. ‘Bheadh ort an cheist sin a chur airsean.’

‘Bhuel, bheadh sé measartha deacair é sin a dhéanamh, nach mbeadh? Agus é chomh fada sin ar shiúl, tá mé ag iarraidh a rá. Ach b’fhéidir gurbh é sin é. B’fhéidir go raibh tinneas air.’ Stad Athair sular thóg sé a scian agus forc arís gur thosaigh sé a ithe. ‘Nó b’fhéidir gur rud é ... nár aontaigh sé.’

‘Nár aontaigh sé, a Cheannfoirt?’

‘Le polasaí an rialtais. Cluintear scéalta faoina leithéid d’fhir ó am go ham. Diúlaigh aisteacha, is dóigh liom. As a meabhair, cuid acu. Fealltóirí cuid eile. Meatacháin fosta. Is cinnte ar ndóigh gur chuir tú na daoine os do chionn ar an eolas faoi dhearcadh d’athar, a Leifteanant Kotler, nach cinnte?’

D’oscail an Leifteanant óg a bhéal agus ansin d’alp arís, in ainneoin nach raibh bia ar bith ina bhéal.

‘Is cuma,’ arsa Athair go gealgháireach.

‘Is féidir nach ábhar ceart comhrá é ag an tábla dinnéir. Tig linn é a phlé níos doimhne amach anseo.’

‘A Cheannfoirt,’ arsa Leifteanant Kotler, agus é ag claonadh chun tosaigh go himníoch. ‘Deirimse leat—’

‘Ní ábhar ceart comhrá é ag an tábla dinnéir,’ arsa Athair arís go borb, á chiúnú ar an toirt, agus d’amharc Bruno ó dhuine go duine, agus bhí idir áthas agus imní air ag an am céanna leis an atmaisféar.

‘Ba bhreá liom dul chun na hEilvéise,’ arsa Gretel i ndiaidh tamaill fhada ciúnais.

‘Ith do dhinnéar, a Gretel,’ arsa Máthair.

‘Ach ní raibh mé ach á rá!’

‘Ith do dhinnéar,’ arsa Máthair arís agus bhí sí ar tí

tuilleadh a rá ach gur chuir Athair isteach uirthi nuair a ghlaoigh sé ar Pavel.

‘Cad é atá cearr leatsa anocht?’ a d’fhiafraigh sé agus Pavel ag baint an choirc amach as an bhuidéal. ‘Is é seo an ceathrú huair ab’éigean dom tuilleadh fíona a iarraidh.’

D’amharc Bruno air, ag dúil go mbeadh sé ceart go leor, cé gur éirigh leis an corc a bhaint amach as an bhuidéal gan taise ar bith. Ach i ndiaidh dó gloine Athar a athlónadh agus tiontú le gloine Leifteanant Kotler a athlónadh, chaill sé an greim a bhí aige ar an bhuidéal ar dhóigh éigin agus thit sé de phlimp, gluglag agus a raibh ann ag glugarnach amach as agus go díreach ar ucht an fhir óig.

Ní raibh aon duine ag dúil leis an méid a tharla ina dhiaidh sin nó bhí sé iontach gránna. D’éirigh Leifteanant Kotler iontach feargach le Pavel agus níor chuir duine ar bith, Bruno, ná Gretel, ná Máthair ná Athair fiú a ladar isteach le stop a chur leis an chéad rud eile a rinne sé, cé nach raibh duine ar bith acu ábalta amharc air. Cé gur chuir sé Bruno ag caoineadh agus dath geal ar aghaidh Gretel.

Níos moille an oíche chéanna, nuair a chuaigh Bruno a luí, rinne sé a mhachnamh ar ar tharla ag an dinnéar. Chuimhnigh sé ar cé chomh cineálta agus a bhí Pavel leis an tráthnóna a rinne sé an luascán, agus ar an dóigh ar chuir sé stop leis an fhuil a bhí ag teacht amach as a ghlúin agus ar cé chomh cineálta a bhí sé nuair a chuir sé an t-ungadh glas uirthi. Agus cé gur thuig Bruno

go raibh Athair ina fhear cineálta agus smaointeach de ghnáth, ní raibh an chuma air ar chor ar bith go raibh sé cothrom nár chuir duine ar bith stop le Leifteanant Kotler ag éirí chomh feargach sin le Pavel, agus le fírinne, dá mba rud é gurbh é sin an cineál ruda a tharla in Amach-Libh, b'fhearr dó gan easaontú le duine ar bith faoi rud ar bith feasta; déanta na fírinne, bheadh sé chomh maith aige a bhéal a choinneáil druidte gan trioblóid ar bith a tharraingt air féin. B'fhéidir nach dtaitneodh sé sin le daoine áirithe.

Bhí an chuma ar an scéal go raibh an saol a bhí aige i mBeirlín ina chuimhne i bhfad siar ar a choigeal aige agus is ar éigean a bhí sé ábalta cuimhneamh ar an chuma a bhí ar Karl, Daniel nó Martin, ach amháin go raibh duine acu ina ghasúr rua.

Caibidil a Ceathair Déag

Insíonn Bruno Bréag, Rud Atá Measartha Intuigthe

Ar feadh roinnt seachtainí ina dhiaidh seo d'fhágadh Bruno an teach nuair a bhíodh Herr Liszt imithe abhaile don lá agus nuair a bhíodh Máthair ag ligean a néil san iarnóin, agus shiúladh sé an bealach fada cois fáil le bualadh le Shmuel, a bhí ag fanacht leis beagnach gach tráthnóna ansin, agus é ina shuí leis an dá chos trasna ar a chéile aige ar an talamh, ag stánadh ar an deannach thíos faoi.

Tráthnóna dá raibh ann bhí súil dhubh ag Shmuel, agus nuair a cheistigh Bruno é faoi ní dhearna sé ach a cheann a chroitheadh agus dúirt nach raibh sé ag iarraidh labhairt uirthi. Rinne Bruno talamh slán de go raibh maistíní gach áit ar fud an domhain, ní amháin sna scoileanna i mBeirlín, agus gurbh é duine acu a rinne é seo ar Shmuel. Tháinig an fonn air cuidiú lena chara ach ní thiocfadh leis smaoineamh ar rud ar bith a dhéanfadh an scéal ní b'fhearr dó, agus ba léir dó féin go raibh Shmuel ag iarraidh ligean air féin nár tharla sé

ar chor ar bith.

Gach lá d'iarradh Bruno ar Shmuel dul faoin fhál sreinge ar a cheithre boinn le go dtiocfadh leo a bheith ag imirt cluichí le chéile ar an taobh eile den fhál, ach gach lá dhiúltaíodh sé, á rá nár smaoineamh maith é.

'Níl a fhios agam cén fáth a bhfuil an oiread sin foinn ortsa teacht anall cibé ar bith,' arsa Shmuel. 'Níl sé iontach deas mar áit.'

'Ní raibh tú riamh i do chónaí sa teach s'agamsa,' arsa Bruno. 'An rud atá ann, níl cúig urlár ann, níl ach trí cinn ann. Cad é mar a thig le duine ar bith a bheith ina chónaí in áit chomh beag leis sin?' Bhí dearmad déanta aige ar scéal Shmuel gur duine dhéag acu uilig go léir a bhí sa seomra céanna le chéile sular tháinig siad go hAmach-Libh, an gasúr Luka san áireamh a choinníodh á bhualadh fiú nuair nach ndéanadh sé rud ar bith as bealach.

Lá amháin chuir Bruno ceist ar Shmuel cad chuige ar chaith sé féin agus na daoine uilig ar an taobh eile den fhál na pitseámaí stríocacha céanna agus na bairéid éadaigh.

'Is iad sin na rudaí a thug siad dúinn nuair a bhain muid an áit seo amach,' a mhínigh Shmuel. 'Bhain siad ár gcuid éadaigh eile dinn.'

'Ach nach músclaíonn tú ar maidin agus fonn ort rud éigin difriúil a chaitheamh? Caithfidh sé go bhfuil rud éigin eile i d'almóir.'

Chaoch Shmuel a shúil agus d'oscail a bhéal le rud éigin a rá ach ansin tháinig athchomhairle air.

‘Níl dúil agam sna stríoca fiú,’ arsa Bruno, cé nach raibh iomlán na fírinne sa mhéid sin. Le fírinne, bhí dúil aige sna stríoca agus bhí sé míshásta ar fad anois go raibh air bríste agus léine agus carbhat agus bróga a bhí rótheann air a chaitheamh nuair a bhí cead ag Shmuel agus a chuid cairde pitseámaí stríocacha a chaitheamh an lá ar fad.

Roinnt laethanta ina dhiaidh sin mhúscail Bruno agus den chéad uair le seachtainí anuas bhí sé ag doirteadh fearthainne. Thosaigh sí a chur am éigin i rith na hoíche agus mheas Bruno fiú go mb’fhéidir gurbh í an fhearthainn a mhúscail é, ach bhí sé doiligh a rá mar an uair amháin a bhí sé múscailte ní raibh bealach ar bith ann lena fháil amach cad é mar a tharla sé. Agus é ag ithe a bhricfeasta an mhaidin sin, lean an fhearthainn. I rith na gceachtanna maidine uilig le Herr Liszt, lean an fhearthainn. Agus é ag ithe a lóin, lean an fearthainn. Agus nuair a chríochnaigh siad ceacht eile staire agus tíreolaíochta san iarnóin, lean an fhearthainn i gcónaí. Drochscéal a bhí ann de bhrí gur chiallaigh sé sin nach mbeadh sé ábalta an teach a fhágáil le bualadh le Shmuel.

An tráthnóna sin luigh Bruno ar a leaba agus leabhar aige ach bhí sé doiligh dó díriú air, agus go díreach ag an bhomaite sin tháinig an Duine Gan Dóchas isteach a labhairt leis. Níor mhinic a thagadh sí chuig seomra Bruno de bhrí gurbh fhearr léi bailiúchán bábóg a shocrú agus a athshocrú gan stad gan staonadh nuair a bhíodh am saor aici. Chuir rud éigin faoin aimsir

fhliuch isteach ar a cluiche, áfach, agus ní thiocfadh léi smaoinemh ar é a imirt arís go fóill beag.

‘Cad é ba mhaith leatsa?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘Is deas an fháilte í,’ arsa Gretel.

‘Tá mé ag léamh,’ arsa Bruno.

‘Cad é atá á léamh agat?’ a d’fhiafraigh sí de, ach in áit freagra a thabhairt is é rud gur thiontaigh sé an clúdach chuici le go dtiocfadh léi féin é a fheiceáil.

Rinne sí glór grágach trína liopaí agus tháinig cuid dá cuid seileoige amach agus anuas ar aghaidh Bruno. ‘Leadránach,’ ar sise de ghlór ceolmhar.

‘Níl sé leadránach ar chor ar bith,’ arsa Bruno. ‘Is eachtra í. Tá mé cinnte de rud amháin, is fearr é ná bábóga.’

Níor mheall an cleas sin Gretel.

‘Cad é atá tú a dhéanamh?’ ar sise arís, agus í ag cur isteach go mór ar Bruno.

‘Dúirt mé leat go bhfuil mé ag iarraidh a bheith ag léamh,’ ar seisean de ghlór cráite. ‘Dá ligfeadh daoine áirithe dom.’

‘Níl rud ar bith le déanamh agam,’ a d’fhreagair sí. ‘Tá fuath agam ar an fhearhainn.’

Ba dhoiligh do Bruno an méid seo a thuiscint. Níorbh é go ndéanadh sí rud ar bith ar scor ar bith, murab ionann agus é féin, a raibh eachtraí aige agus a raibh taiscéaladh déanta aige ar áiteanna agus a d’éirigh cairdiúil le duine. Is annamh a d’fhágadh sí an teach ar chor ar bith. Bhí sé amhail is gur shocraigh sí go díreach go mbeadh sí dubh dóite de bhrí nach

raibh an dara rogha aici an iarraidh seo ach fanacht sa teach. Ach mar sin féin, tagann an bomaite in amanna nuair a thig le deartháir agus le deirfiúr a gcuid uirlisí céasta a leagan uathu ar feadh tamaill agus labhairt lena chéile mar a bheadh daoine daonna sibhialta ann agus shocraigh Bruno gurbh é seo ceann de na bomaití sin.

‘Tá fuath agamsa ar an fheartainn fosta,’ ar seisean. ‘Ba chóir dom a bheith le Shmuel faoin am seo. Beidh sé ag déanamh go bhfuil dearmad déanta agam air.’

Bhí na focail taobh amuigh dá bhéal ní ba ghasta ná mar a bhí sé ábalta stop a chur leo agus mhothaigh sé an phian ina bholg agus d’éirigh sé feargach leis féin go raibh siad ráite aige.

‘Ba chóir duit a bheith le cé?’ a d’fhiafraigh Gretel.

‘Cad é sin?’ arsa Bruno, agus é ag caochadh a shúl nuair a d’amharc sé uirthi.

‘Cén duine a dúirt tú ar chóir duitse a bheith leis?’ a d’fhiafraigh sí arís.

‘Tá mé buartha,’ arsa Bruno, ag déanamh iarrachta a bheith ag smaoineamh go gasta. ‘Níor chuala mé thú mar is ceart. An dtig leat é sin a rá arís?’

‘*Cén duine a dúirt tú ar chóir duitse a bheith leis?*’ a scairt sí agus í ag cromadh chun tosaigh sa dóigh nach mbeadh míthuiscint ar bith ann an iarraidh seo.

‘Ní dúirt mé gur chóir dom a bheith le duine ar bith,’ ar seisean.

‘Dúirt. Dúirt tú go mbeidh duine éigin ag déanamh go bhfuil dearmad déanta agat air.’

‘Gabh mo leithscéal?’

‘A Bruno!’ ar sise de ghlór bagrach.

‘Ar chaill tú do chúig chéadfa corpartha?’ a d’fhiafraigh sé, ag déanamh iarrachta ligean di smaoineamh gurbh í féin a chum an scéal, ach ní raibh sé iontach éifeachtach mar iarracht de bhrí nach raibh bua na haisteoireachta aige mar a bhí ag Mamó, agus chroith Gretel a ceann agus dhírigh a méar air.

‘Cad é a dúirt tú, a Bruno?’ a dhearbhaigh sí. ‘Dúirt tú go raibh duine éigin ann ar chóir duitse a bheith leis. Inis dom! Níl duine ar bith san áit seo le bheith ag imirt cluichí leis, an bhfuil?’

Rinne Bruno a mhachnamh ar an fhaopach ina raibh sé.

Ar thaobh amháin bhí rud tábhachtach amháin aige féin agus ag a dheirfiúr: níor dhaoine fásta iad. Agus cé nár bhac sé riamh le ceist a chur uirthi, bhí gach seans ann go raibh sise chomh huaigneach céanna agus a bhí sé féin in Amach-Libh. I ndeireadh na dála, thiar i mBeirlín bhí sí ábalta a bheith ag dul thart le Hilda, Isobel agus le Louise; b’fhéidir gur mhór an crá croí iad na girseacha céanna ach cairde dá cuid a bhí iontu. Ní raibh duine ná deoraí aici san áit seo, ní raibh aici ach bailiúchán bábóg neamhbheo. Is ag Dia atá a fhios cé chomh feargach agus a bhí Gretel i ndeireadh na dála. B’fhéidir gur shíl sí go raibh na bábóga ag caint léi.

Ach ar an taobh eile den scéal ní thiocfadh leis a shéanadh gur chara *dá chuid* é Shmuel agus ní cara dá

cuidse agus ní raibh sé ag iarraidh a chairdeas a roinnt léi. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach bréag a insint.

‘Tá cara nua agam,’ a thosaigh sé. ‘Cara nua a mbuailim leis gach uile lá. Agus beidh sé ag fanacht liom anois. Ach ní thig leat é seo a insint do dhuine ar bith.’

‘Cad chuige nach dtig?’

‘Cionn is gur cara samhailteach é,’ arsa Bruno, agus é ag déanamh a dhíchill an chuma a chur air go raibh sé náirithe, cosúil le Leifteanant Kotler nuair a bhí sé in abar maidir lena scéal faoina athair san Eilvéis. ‘Bímid ag súgradh lena chéile gach lá.’

D’oscail Gretel a béal agus stán air sular phléasc sí amach ag gáire. ‘Cara samhailteach!’ a bhéic sí. ‘Nach bhfuil tusa giota beag ró-aosta le cara samhailteach a bheith agat?’

Rinne Bruno iarracht an chuma a chur air go raibh sé náirithe agus faiteach le go mbeadh a scéal ní b’ éifeachtaí. Bhí sé ag lúbarnach ar an leaba agus níor amharc sé idir an dá shúil uirthi, rud a bhí an-éifeachtach agus a chur ag smaoinreamh é go mb’fhéidir nach raibh sé ina aisteoir chomh holec sin i ndeireadh na dála. Ba mhian leis go dtiocfadh leis a aghaidh a lasadh le go mbeadh dath dearg uirthi, ach bhí sé doiligh é sin a dhéanamh agus mar sin de smaoinigh sé ar rudaí náireacha a rinne sé thar na blianta ag dúil go mbeadh an chleasaíocht seo éifeachtach.

Smaoinigh sé ar an uair a rinne sé dearmad glasa a

chur ar dhoras an tseomra folctha agus nuair a shiúil Mamó isteach chonaic sí gach rud. Smaoinigh sé ar an uair a chuir sé a lámh in airde sa rang agus a thug sé ‘Máthair’ ar an mhúinteoir agus rinne gach duine gáire air. Smaoinigh sé ar an uair a thit sé dá rothar os comhair scaifte girseach nuair a bhí sé ag iarraidh cleas speisialta a dhéanamh agus ghearr sé a ghlúin agus chaoin sé dá bharr.

D’oibrigh ceann acu agus thosaigh a aghaidh a éirí dearg.

‘Amharc ortsa,’ arsa Gretel, á dhearbhu. ‘Tá tú dearg san aghaidh.’

‘De bhrí nach raibh mé ag iarraidh an scéal a insint duit,’ arsa Bruno.

‘Cara samhailteach. I ndáiríre, a Bruno, is duine gan dóchas tú.’

Rinne Bruno aoibh an gháire cionn is go raibh dhá rud ar eolas aige. Ba é an chéad rud gur éirigh lena bhréag agus an dara rud má bhí duine ar bith thart anseo ina Dhuine Gan Dóchas, níorbh é féin an duine sin.

‘Lig dom,’ ar seisean. ‘Tá mé ag iarraidh mo leabhar a léamh.’

‘Bhuel, cad chuige nach luíonn tú siar, do shúile druidte agat, agus ligean do do chara samhailteach é a léamh duitse?’ arsa Gretel, agus lúcháir uirthi go dtiocfadh léi a bheith ag baint as faoi rud éigin agus ní raibh sí ag dul a fhágáil an scéil gan tairbhe a bhaint as. ‘Sábhálfaidh sé an stró ortsa.’

‘B’fhéidir gur chóir dom é a chur chugatsa leis na bábóga uilig a chaitheamh amach ar an fhuinneog,’ ar seisean.

‘Dá gcuirfeá, bheadh trioblóid ann,’ arsa Gretel, agus bhí a fhios aige go raibh sí i ndáiríre. ‘Bhuel, inis é seo domsa a Bruno. Cad é a dhéanann tú agus do chara samhailteach le chéile a chiallaíonn gur duine speisialta é?’

Smaoinigh Bruno air. Bhí a fhios aige go raibh sé ag iarraidh a bheith ag caint ar Shmuel giota beag agus go mb’fhéidir gurbh é seo an deis le sin a dhéanamh gan fiacha air an fhírinne a insint di gurbh ann dó.

‘Labhraímid ar gach rud,’ a d’inis sé di. ‘Insím dó faoinár dteach thiar i mBeirlín agus faoi na tithe eile uilig agus faoi na sráideanna agus faoi na seastáin de ghlasraí agus de thorthaí agus faoi na bialanna caife, agus faoin dóigh nár chóir duit dul chuig an bhaile san iarnóin ar an Satharn ach amháin dá mbeifeá ag iarraidh go ruaigfí ó thor go tom thú, agus faoi Karl, Daniel agus Martin agus faoin dóigh gurbh iadsan mo chairde cléibh.’

‘Thar a bheith suimiúil,’ arsa Gretel go searbhasach de bhrí go raibh trí bliana déag d’aois slánaithe aici ar na mallaibh agus gur shíl sí go raibh an searbhas ar an ardnós is úrnua. ‘Agus cad é a insíonn sé duit?’

‘Insíonn sé dom faoina theaghlach agus faoin siopa uaireadóirí ar ghnách leis bheith ina chónaí ann os a chionn agus faoi na heachtraí a bhí aige ar a bhealach anseo agus faoi na cairde a bhíodh aige agus faoi na

daoine a bhfuil aithne aige orthu anseo agus faoi na gasúir ar ghnách leis a bheith ag súgradh leo ach nach mbíonn sé ag súgradh leo anois de bhrí gur imigh siad gan tásca ná tuairisc orthu agus gan fiú slán a fhágáil aige.’

‘Tá an chuma air gur mór an fear grinn é,’ arsa Gretel. ‘Is mian liom gurbh é *mo* chara samhailteach féin é.’

‘Agus inné d’inis sé dom nach bhfacthas a dhaideo le roinnt laethanta anuas agus níl a fhios ag duine ar bith cén áit a bhfuil sé agus nuair a chuireann sé ceist ar a athair faoi tosaíonn sé a chaoineadh agus tugann croí isteach chomh mór sin dó go bhfuil inní air go bhfuil sé ag dul a fháil bháis de bhrí go bhfuil sé á fháscadh chomh láidir sin.’

Bhain Bruno deireadh a abairte amach agus thug faoi deara gur éirigh a ghlór iontach ciúin. Bhí rudaí ann a d’inis Shmuel dó, ach ar chúis éigin níor thuig sé i ndáiríre an t-am sin cé chomh brónach agus a bhí a chara mar gheall orthu siúd. Nuair a dúirt Bruno an méid sin os ard mhothaigh sé go holc nach ndearna sé iarracht rud ar bith a rá a thógfadh cian de Shmuel ach ina ionad sin thosaigh sé a chaint ar rud éigin amaideach, mar a bhí eachtraíocht. *Gabhfaidh mé mo leithscéal leis amárach*, a d’inis sé dó féin.

‘Dá mbeadh a fhios ag Athair go raibh tú ag caint le cairde samhailteacha, bheadh daor ort,’ arsa Gretel.

‘Sílim gur chóir duitse éirí as.’

‘Cad chuige?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘De bharr nach rud sláintiúil é,’ ar sise. ‘Is é sin an chéad chéim ar bhóthar na gealtachta.’

Chlaon Bruno a cheann. ‘Ní dóigh liom go dtig liom éirí as,’ ar seisean i ndiaidh tamaill fhada. ‘Ní dóigh liom gur mhaith liom.’

‘Bhuel, mar sin féin,’ arsa Gretel, a bhí ag éirí ní ba chairdiúla agus ní ba chairdiúla i rith an ama, ‘ní inseoinn do dhuine ar bith eile é dá mbeinn i d’áitse.’

‘Bhuel,’ arsa Bruno agus é ag iarraidh cuma bhrónach a chur air féin, ‘is féidir go bhfuil an ceart agat. Ní inseoidh tú do dhuine ar bith, an inseoidh?’

Chroith sí a ceann. ‘Ní inseoidh. Ach amháin le mo chara samhailteach féin.’

Bhain sé sin an anáil de Bruno. ‘An bhfuil duine agatsa fosta?’ a d’fhiafraigh sé, agus íomhá ina cheann aige di ina seasamh ag áit eile ag an fhál, agus í ag labhairt le girseach a comhaoise, an bheirt acu go searphasach lena chéile ar feadh uaireanta fada an chloig.

‘Níl,’ ar sise, agus í ag gáire. ‘Tá mé trí bliana déag d’aois, in ainm Dé! Ní thig liomsa a bheith ag dul thart mar a bheadh páiste beag ann fiú má thig leatsa.’

Agus leis sin phramsáil sí amach as an seomra, agus thiocfadh le Bruno í a chluinstin ag caint lena cuid bábóg sa seomra ar an taobh eile den halla agus ag tabhairt amach dóibh de bhrí go ndearna siad praiseach den áit nuair a bhí sí ar shiúl agus í ag rá nach raibh an dara rogha aici ach iad a athshocrú agus an rud é gur shíl siad nach raibh rud ar bith ní b’fhéarr le déanamh

aici lena cuid ama?

‘A leithéid de dhaoine!’ ar sise de ghlór ard, sula ndeachaigh sí i mbun oibre.

Rinne Bruno iarracht filleadh ar a leabhar, ach chaill sé an tsuim a bhí aige ann anois agus stán sé ar an fhearthainn amach ar an fhuinneog ina áit sin agus rinne sé a mhachnamh an raibh Shmuel, cibé áit a raibh sé, ag smaoineamh air fosta agus ag cronú a gcomhráite mar a chronaigh sé féin iad.

Caibidil a Cúig Déag

Rud Éigin Nár Chóir Dó A Dhéanamh

Le roinnt seachtainí anuas bhí sé ag cur fearthainne agus ansin bhí turadh ann agus ag cur agus ina thuradh arís agus ní fhaca Shmuel ná Bruno a chéile mar ba mhaith leo. Nuair a bhuaíl siad lena chéile sa deireadh mhothaigh Bruno go raibh sé ag tosú a éirí inníoch faoina chara de bharr go raibh an chosúlacht air go raibh sé ag éirí ní ba thanaí le gach lá a chuaigh thart agus go raibh a aghaidh ag éirí ní ba léithe ná mar a bhíodh sí de ghnáth. In amanna thugadh sé tuilleadh aráin agus cáise leis le tabhairt do Shmuel, agus ó am go ham d'éirigh leis fiú píosa cáca seacláide a chur i bhfolach ina phóca, ach bhí an tsiúlóid ón teach chuig an áit ag an fhál mar ar bhuaíl an dá bhuachaill lena chéile measartha fada, agus in amanna d'éiríodh Bruno ocrach ar an bhealach agus mhothaigh sé gur lean plaic den cháca plaic eile, agus go leanfadh an phlaic sin plaic eile agus dá réir sin, agus faoin am nach mbíodh ach plaic amháin eile fágtha, bhí a fhios aige nach mbíodh sé ceart ná cothrom í a tabhairt do Shmuel de

bhrí nach mbeadh sí ach ag saighdeadh goile Shmuel agus nach sásodh sí é.

Bhí breithlá Athar ar na bacáin, agus cé go ndúirt sé nach raibh sé ag iarraidh rud mór a dhéanamh de, d'eagraigh máthair cóisir do na hoifigigh uilig a bhí ar dualgas in Amach-Libh agus rinneadh rud mór de na hullmhúcháin don chóisir chéanna. Gach uair dá suíodh sí le tuilleadh pleananna a dhéanamh di, bhíodh Leifteanant Kotler ann le tuilleadh pleananna arís a dhéanamh don chóisir, bhíodh Leifteanant Kotler ag a taobh le cuidiú léi, agus idir eatarthu bhí an chuma orthu go ndearna siad níos mó liostaí ná mar a bheadh gá leo choíche.

Shocraigh Bruno go ndéanfadh sé liosta dá chuid féin. Liosta de na fáthanna uilig nach raibh dúil aige i Leifteanant Kotler.

Fáth amháin a bhí ann nach ndéanadh sé aoibh an gháire in am ar bith agus go raibh an chuma air i gcónaí go raibh sé ar lorg duine lena ghearradh amach as a uacht.

Fáth eile gurbh annamh a labhraíodh sé agus nuair a labhraíodh thugadh sé 'fear beag' ar Bruno, rud a bhí maslach go díreach nó, mar a chuir Máthair ar a shúile do Bruno, is é rud go díreach nár tharla a rúchladh fáis go fóill.

Gan trácht ar an chúis a mbíodh sé i gcónaí sa seomra suí ag coinneáil cuideachta le Máthair agus ag insint scéalta grinn di, agus dhéanadh Máthair gáire ní ba mhó ar a scéalta grinn ná mar a dhéanadh sí ar

scéalta Athar.

Tráth dá raibh, bhí Bruno ag amharc ar an champa amach ar an fhuinneog óna sheomra leapa agus chonaic sé madadh ag teacht cóngarach dón fhál agus thosaigh sé a ghloimneach go hard, agus nuair a chuala Leifteanant Kotler é shiúil sé caol díreach anonn chuige gur scaoil sé é. Ar a bharr sin, bhí an tseafóid uilig ann a thagadh amach as béal Gretel nuair a bhíodh sé thart.

Agus ní raibh dearmad déanta ag Bruno go fóill ar an oíche le Pavel, an freastalaí a bhí ina dhochtúir i ndáiríre, agus ar cé chomh feargach agus a bhí an Leifteanant óg.

Sa mhullach air sin, nuair a bhí ar Athair dul go Beirlín ar thuras thar oíche bhí an Leifteanant ag fálróid thart faoin teach a rá is de go raibh sé i mbun na háite: bhí sé ann nuair a bhí Bruno ag dul a luí agus bhí sé ar ais ar maidin sular éirigh sé fiú.

Bhí neart fáthanna eile ann nach raibh dúil ag Bruno i Leifteanant Kotler, ach ba iad seo na chéad rudaí a tháinig isteach ina intinn.

An tráthnóna roimh an chóisir bhreithlae bhí Bruno ina sheomra agus an doras oscailte aige nuair a chuala sé Leifteanant Kotler ag teacht chuige an teach a labhairt le duine, cé nach raibh sé ábalta duine ar bith a chluinstin ag tabhairt freagra air. Roinnt bomaití ina dhiaidh sin, agus é ag teacht anuas an staighre, chuala sé Máthair ag tabhairt amach treoracha faoi na rudaí a bhí le déanamh agus Leifteanant Kotler ag rá, ‘ná bí buartha, is léir don duine seo cad é atá lena leas,’ agus

ansin é ag gáire go mailiseach.

Shiúil Bruno anonn i dtreo an seomra suí agus leabhar nua ina lámh aige a thug Athair dó dar teideal *Treasure Island*, agus é ar intinn aige suí istigh sa seomra ar feadh uair nó dhá uair an chloig á léamh, ach nuair a bhí sé ag siúl síos tríd an halla casadh Leifteanant Kotler air, a bhí go díreach ag fágáil na cistine.

‘Dia duit, a fhir bhig,’ arsa an saighdiúir, agus é ag déanamh fonóide faoi mar ba ghnách.

‘Dia is Muire duit,’ arsa Bruno, agus grainc air.

‘Cad é atá ar bun agat mar sin?’

Bhí Bruno ag stánadh air agus thosaigh sé a smaoinemh ar sheacht bhfáth eile nach raibh dúil aige ann. ‘Tá mé ag dul isteach ansin le mo leabhar a léamh,’ ar seisean, ag díriú a mhéire i dtreo an tseomra suí.

Gan focal a rá sciob sé an leabhar de lámha Bruno agus thosaigh a mhéaraíocht leis. ‘*Treasure Island*,’ ar seisean. ‘Cad é an scéal atá ann?’

‘Bhuel, tá oileán ann,’ arsa Bruno go malltriallach, le bheith cinnte de go dtiocfadh leis an saighdiúir coinneáil suas leis. ‘Agus tá taisce ann fosta.’

‘Thiocfadh liom an méid sin a thomhas,’ arsa Leifteanant Kotler, ag amharc air amhail is go raibh rudaí ann a thiocfadh leis a dhéanamh air dá mba mhac leis féin é agus ní mac an Cheannfoirt. ‘Inis dom rud éigin nach bhfuil ar eolas agam faoi.’

‘Tá foghlaí farraige ann,’ arsa Bruno. ‘Darb ainm

Long John Silver. Agus gasúr darb ainm Jim Hawkins.’

‘An gasúr Sasanach é?’ a d’fhiafraigh Kotler.

‘Sea,’ arsa Bruno.

‘Gnúsacht,’ arsa Kotler agus é ag déanamh gnúsachta.

Stán Bruno air agus rinne a mhachnamh cá fhad a bheadh sé sula dtabharfadh sé a leabhar ar ais dó. Ní raibh an chosúlacht air go raibh suim aige ann, ach nuair a shín Bruno a lámh amach le greim a fháil air tharraing sé siar é.

‘Tá mé buartha,’ ar seisean, á shíneadh chuige arís, agus nuair a shín Bruno a lámh amach tharraing sé siar don dara huair é. ‘Ó, tá mé buartha,’ ar seisean arís agus shín chuige uair amháin eile é, agus an iarraidh seo sciob Bruno amach as a lámh é sula raibh deis aige é a tharraingt siar.

‘Nach gasta atú tú,’ arsa Leifteanant Kotler faoina fhiacla.

Rinne Bruno iarracht siúl thart air, ach ar chúis éigin bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh Kotler ag iarraidh labhairt leis inniu.

‘An bhfuilimid uilig réidh don chóisir mar sin, an bhfuil?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Bhuel, *tá mise,*’ arsa Bruno, a bhí ag caitheamh níos mó ama i gcuideachta Gretel le déanaí agus a thug toil don searbhachas mar gheall air. ‘Ní thig liomsa labhairt ar do shon.’

‘Beidh cuid mhór daoine ann,’ arsa Leifteanant Kotler, agus é ag ionanálú go domhain agus ag amharc

thart amhail is gur leis féin agus ní le Bruno an teach. ‘Beimid dea-mhúinte, nach mbeidh?’

‘Bhuel, beidh *mise*,’ arsa Bruno. ‘Ní thig liomsa labhairt ar do shonsa.’

‘Tá cuid mhór le rá agat d’fhear chomh beag sin,’ arsa Leifteanant Kotler.

D’amharc Bruno air as deireadh a shúl agus ba mhian leis go mbeadh sé ní b’airde, ní ba láidre agus ocht mbliana ní ba shine. Tháinig racht feirge air ar a thaobh istigh agus ba mhian leis go mbeadh sé de mhisneach aige an rud ba mhaith leis a chur in iúl, a rá amach gan fiacal a chur ann. Rud amháin a bhí ann, a shocraigh sé ina intinn, go n-inseodh Máthair agus Athair dó cad é ba chóir dó a dhéanamh – bhí sé sin breá réasúnta agus thioctadh leis a bheith ag dúil lena leithéid - ach rud eile ar fad a bhí ann go n-inseodh duine éigin eile dó cad é ba chóir dó a dhéanamh. Fiú dá mba dhuine é a raibh ainm ar leith aige ar nós ‘Leifteanaint’.

‘Ó, a Kurt, a thaisce, tá tú go fóill ann,’ arsa Máthair agus í ag siúl amach as an chistin ionsorthu. ‘Tá mé saor tamall anois má— Ó!’ ar sise, ag tabhairt faoi deara go raibh Bruno ina sheasamh ansin. ‘A Bruno! Cad é atá tusa a dhéanamh anseo?’

‘Bhí mé ag dul isteach sa seomra suí le mo leabhar a léamh,’ arsa Bruno. ‘Nó is é rud go raibh mé ag déanamh iarrachta é sin a dhéanamh.’

‘Bhuel, imigh leat isteach sa chistin anois,’ ar sise. ‘Caithfidh mé labhairt le Leifteanant Kotler.’

Agus shiúil siad beirt isteach sa seomra suí agus

dhruid Leifteanant Kotler na doirse ar Bruno.

Chuaigh Bruno isteach sa chistin agus é ar an daoraí, agus chonaic sé rud a chuir a sháith iontais air. Ina shuí ag an tábla, agus é i bhfad ar shiúl ón taobh eile den fhál, chonaic sé Shmuel. Is ar éigean a bhí Bruno ábalta é a chreidiúint.

‘A Shmuel!’ ar seisean. ‘Cad é atá tusa a dhéanamh anseo?’

D’amharc Bruno suas air agus tháinig aoibh ar a aghaidh a raibh cuma an-eaglach uirthi nuair a chonaic sé a chara ina sheasamh roimhe. ‘A Bruno!’ ar seisean.

‘Cad é atá tusa a dhéanamh anseo?’ arsa Bruno arís, nó cé nár thuig Bruno go díreach cad é a bhí ag dul ar aghaidh ar an taobh eile den fhál, bhí rud éigin ann a bhain leis na daoine ón taobh sin a chuir ina intinn nár chóir dóibh a bheith anseo ina theach.

‘Thug sé anseo mé,’ arsa Shmuel.

‘Cé?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘An bhfuil tú ag rá gur thug Leifteanant Kotler anseo thú?’

‘Tá. Dúirt sé go raibh obair le déanamh agam anseo.’

Agus nuair a d’amharc Bruno síos chonaic sé seasca a sé gloine beag, na cinn a d’úsáid Máthair nuair a bhí sí ag ól seiris íocshláinteach dá cuid, ina suí ar thábla na cistine, agus in aice leo bhí babhla uisce a raibh gallúnach istigh ann agus neart naipcíní páipéir.

‘Cad é faoi Dhia atá tusa a dhéanamh?’ a d’fhiafraigh Bruno.

‘D’iarr siad orm snas a chur ar na gloiní,’ arsa

Shmuel. ‘Dúirt siad go raibh duine éigin de dhíth a raibh méara beaga bídeacha aige.’

Mar a bheadh sé ag iarraidh rud éigin a chruthú, shín sé a lámh amach agus ní thioctadh le Bruno ach tabhairt faoi deara go raibh sí cosúil leis an lámh ar an chreatlach bhréagach a thug Herr Liszt leis lá nuair a bhí siad ag déanamh staidéir ar anatamaíocht na colainne.

‘Níor thug mé í faoi deara riamh roimhe,’ ar seisean de glór a léirigh gur chuir sé a sháith iontais air, a rá is de go raibh sé ag caint leis féin.

‘Cad é an rud nár thug tú faoi deara roimhe?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

Ag déanamh amhlaidh, shín Bruno a lámh féin amach le go raibh a méara láir beagnach i dteagmháil lena chéile. ‘Ár lámha,’ ar seisean. ‘Tá siad chomh difriúil sin. Amharc orthu!’

D’amharc an bheirt ghasúr síos ag an am céanna agus ba léir an difear a bhí eatarthu. Cé go raibh Bruno beag dá aois, gan é ramhar ar chor ar bith, bhí an chuma ar a lámh go raibh sí breá sláintiúil agus beo beathach. Ní raibh na cuislí le feiceáil tríd an chraiceann, ní raibh na méara ach mar a bheadh cipíní ann a bhí ag fáil bháis. Lá eile cainte ar fad a bhí ann, áfach, maidir le lámh Shmuel.

‘Cad é mar a d’éirigh sí chomh tanaí sin?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Níl a fhios agam,’ arsa Shmuel. ‘Bhíodh sí cosúil le do cheannsa tráth dá raibh, ach níor thug mé faoi deara

go raibh athrú ag teacht uirthi. Tá an chuma chéanna ar lámha gach duine ar an taobh seo den fhál anois.’

Chuir Bruno grainc air féin. Smaoinigh sé ar na daoine a raibh na pitseámaí stríocacha orthu agus rinne a mhachnamh ar an rud a bhí ag dul ar aghaidh in Amach-Libh agus mheas sé nach áit rómhaith a bhí ann má bhí an chuma mhíshláintiúil seo ar dhaoine dá bharr. Ní thioctadh leis ciall ar bith a bhaint as. Gan é ag iarraidh a bheith ag amharc ar lámh Shmuel níos mó, thiontaigh Bruno thart gur oscail sé an cuisneoir, á ransú agus é ag cuardach rud éigin le hithe. Bhí leathshicín líonta le búiste ann a bhí fágtha ó bhí am lóin ann, agus tháinig coinnle ar shúile Bruno agus lúcháir air mar ba é an sicín fuar líonta le búiste sáiste agus oinniúin an bia ba mhó a thaitin leis thar rud ar bith eile ar domhan. Bhain sé scian amach as an tarraiceán gur ghearr sé roinnt slisíní tiubha dó féin agus chlúdaigh leis an bhúiste iad sular thiontaigh sé ar ais chuig a chara.

‘Tá mé iontach sásta go bhfuil tusa ann,’ ar seisean, agus a bhéal lán bia. ‘Dá mba rud é nach mbeadh ort snas a chur ar na gloiní, thioctadh liom mo sheomra a thaispeáint duit.’

‘Dúirt sé liom go mbeadh daor orm dá mbogfainn ón suíochán seo.’

‘Ní bheinnse róbhuartha faoi,’ arsa Bruno, agus é ag iarraidh an chuma a chur air féin go raibh sé ní ba chróga ná mar a bhí sé i ndáiríre. ‘Ní leisean an teach seo, is liomsa é. Agus nuair a bhíonn Athair ar shiúl is mise atá i mbun na háite. An dtig leat a chreidiúint nár

léigh seisean *Treasure Island* fiú?’

Bhí an chosúlacht ar Shmuel nach raibh sé ag éisteach leis i ndáiríre; ina áit sin bhí a shúile sáite sna slisíní sicín líonta le búiste a bhí Bruno ag caitheamh isteach ina bhéal ar nós cuma liom. I ndiaidh tamaill thuig Bruno cad é air a raibh sé ag amharc agus mhothaigh sé ciontach ar an toirt.

‘Gabh mo leithscéal,’ ar seisean go gasta. ‘Ba chóir dom sicín a thabhairt duitse fosta. An bhfuil ocras ort?’

‘Is ceist í sin nach gá duitse a chur ormsa in am ar bith,’ arsa Shmuel, a raibh eolas áirithe aige ar shearbhas fosta, cé nár casadh Gretel riamh air lena bheo.

‘Fan bomaite. Gearrfaidh mé cuid de faoi do choinne,’ arsa Bruno, agus é ag oscailt an chuisneora agus ag gearradh trí shlisín thiubha eile.

‘Ná garr, más rud é go dtagann sé ar ais—’ arsa Shmuel, ag croitheadh a chinn go gasta agus é ag amharc anonn agus anall i dtreo an dorais.

‘Más rud é go dtagann cé ar ais? An bhfuil tú ag caint ar Leifteanant Kotler?’

‘Tá mé in ainm is a bheith ag glanadh na ngloiní amháin,’ ar seisean, agus é ag amharc ar an bhabhla uisce os a chomhair go héadóchasach agus ansin ag amharc ar ais ar na slisíní sicín a bhí Bruno ag síneadh chuige.

‘Is cuma faoi,’ arsa Bruno, ar tháinig mearbhall air nuair a chonaic sé cé chomh himníoch agus a bhí Shmuel de réir cosúlachta.

‘Níl ann ach bia.’

‘Ní thig liom,’ arsa Shmuel, ag croitheadh a chinn agus an chuma air go raibh sé ar tí caoineadh. ‘Tiocfaidh sé ar ais. Tá a fhios agam go dtiocfaidh,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh, a chuid abairtí ag rith isteach ina chéile go gasta. ‘Ba chóir dom iad a ithe nuair a thairg tú domsa iad, tá sé rómhall anois, má ghlacaim leo tiocfaidh sé isteach agus—’

‘A Shmuel! Seo duit!’ arsa Bruno, agus é glacadh coiscéime chun tosaigh agus ag cur na slisíní i lámha a charad. ‘Ith iad go díreach. Tá neart fágtha dár gcuid tae – ní gá duitse a bheith buartha faoi sin.’

Stán an gasúr ar an bhia ina lámh ar feadh bomaite agus ansin d’amharc suas ar Bruno agus a shúile ar leathadh agus cuma shásta orthu ach cuma scáfar orthu ag an am céanna. Thug sé sracfhéachaint amháin eile ar an doras agus ansin bhí an chuma air go raibh cinneadh déanta aige, mar sháigh sé na trí phíosa uilig isteach ina bhéal in aon mheall amháin agus d’alp siar iad i bhfiche soicind glan.

‘Bhuel, ní gá duit iad a ithe chomh gásta sin,’ arsa Bruno. ‘Déanfaidh sé sin tinn thú.’

‘Is cuma liom,’ arsa Shmuel, agus déanamh draothadh beag gáire. ‘Go raibh maith agat, a Bruno.’

Rinne Bruno aoibh an ghéire air agus bhí sé ar shéala tuilleadh bia a thairiscint dó, ach go díreach ag an bhomaite sin chonachtas Leifteanant Kotler ag teacht isteach sa chistin arís agus stop sé nuair a chonaic sé an bheirt ghasúr ag caint lena chéile. Stán Bruno air,

ag mothú go raibh an t-atmaisféar ag éirí teann, agus ag mothú go raibh guailí Shmuel ag titim agus é ag síneadh a láimhe amach gur thóg sé gloine eile agus thosaigh a chur snasa air. Ag déanamh neamhairde ar Bruno, shiúil Leifteanant Kotler caol díreach anonn chuig Shmuel agus thug súil fhiata air.

‘Cad é atá tusa a dhéanamh?’ a bhéic sé. ‘Nach ndúirt mé leatsa snas a chur ar na gloiní sin?’

Chlaon Shmuel a cheann go gasta agus cuireadh a chroí ar crith ann beagán agus é ag tógáil naipcín eile agus a thumadh isteach san uisce.

‘Cé a dúirt leat go raibh cead cainte agat sa teach seo?’ arsa Kotler ag leanúint air. ‘An bhfuil sé de dhánacht ionat dul chun diúnais ormsa?’

‘Níl, a dhuine uasail,’ arsa Shmuel de ghlór íseal. ‘Tá mé buartha, a dhuine uasail.’

D’amharc sé suas ar Leifteanant Kotler, a chuir grainc air féin, agus a chrom chun tosaigh giota beag agus thiontaigh a cheann agus é ag scrúdú aghaidh an ghasúir. ‘An raibh tusa ag ithe?’ a d’fhiafraigh sé de, de ghlór ciúin, amhail is gur ar éigean a thiocfadh leis féin fiú é a chreidiúint.

Chroith Shmuel a cheann.

‘Bhí *tusa* ag ithe,’ a dhearbhaigh Leifteanant Kotler. ‘Ar ghoid tú rud éigin ón chuisneoir?’

D’oscail Shmuel a bhéal ach dhruid arís é. D’oscail sé arís é agus rinne iarracht focail a rá, ach níor tháinig siad. D’amharc sé ar Bruno, agus é ag impí air lena shúile cuidiú leis.

‘Tabhair freagra orm!’ a bhéic Leifteanant Kotler.
‘Ar ghoid tusa rud éigin ón chuisneoir?’

‘Níor ghoid, a dhuine uasail. Thug seisean dom é,’ arsa Shmuel, agus na deora ag borradh aníos ina shúile agus é ag tabhairt sracfhéachaint ar Bruno. ‘Is é mo chara é,’ ar seisean fosta.

‘Do ... ?’ a thosaigh Leifteanant Kotler, ag amharc anall ar Bruno ar dhóigh a léirigh nár thuig sé i gceart é. Stad sé. ‘Cad é atá tusa a mhaíomh nuair a deir tú gur cara leat é?’ a d’fhiafraigh sé.

‘An bhfuil aithne agatsa ar an ghasúr seo, a Bruno?’

Bhí béal Bruno beagán ar oscailt agus rinne sé iarracht cuimhneamh ar an dóigh ar úsáid tú do bhéal leis an fhocal ‘tá’ a rá. Ní fhaca sé duine riamh a bhí chomh heaglach agus a bhí Shmuel ag an bhomaite sin agus bhí sé ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh le go mbeadh gach rud ní b’fhearr, ach ansin d’aithin sé nach dtiocfadh leis; de bhrí go raibh sé féin chomh heaglach céanna.

‘An bhfuil aithne agatsa ar an ghasúr seo?’ arsa Kotler arís de ghlór ní b’airde. ‘An raibh tusa ag caint le príosúnach?’

‘Bhí mé ... bhí sé ann nuair a tháinig mise isteach,’ arsa Bruno. ‘Bhí sé ag glanadh gloiní.’

‘Ní hí sin an cheist a chuir mé ortsa,’ arsa Kotler.

‘An bhfaca tú riamh roimhe é? Ar labhair tú leis? Cad chuige a ndeir sé gur cara leat é?’

Ba mhian le Bruno go mbeadh sé ábalta imeacht leis. Bhí fuath agus gráin aige ar Leifteanant Kotler,

ach bhí sé ag teacht ionsair anois agus ní thiocfadh le Bruno smaoineamh ar rud ar bith eile seachas an tráthnóna nuair a chonaic sé é ag scaoileadh madaidh agus an tráthnóna a chuir Pavel an oiread sin feirge air gur—

‘Inis dom, a Bruno!’ a bhéic Kotler, agus a aghaidh ag éirí dearg. ‘Ní chuirfidh mé ceist ortsa an tríú huair.’

‘Níor labhair mé leis riamh,’ arsa Bruno ar an toirt. ‘Ní fhaca mé riamh i mo shaol é. Níl aithne agam air.’

Sméid Leifteanant Kotler a cheann agus bhí an chuma air go raibh sé sásta leis an fhreagra. Thiontaigh sé a cheann go hiontach malltríallach gur amharc sé ar Shmuel, nach raibh ag caoineadh níos mó ní dhearna sé ach stánadh ar an urlár amhail is go raibh sé ag iarraidh a dhearbhu dá anam gan cónaí taobh istigh dá cholainn bheag níos mó, agus ag iarraidh a rá leis sleamhnú ar shiúl agus imeacht leis chuig an doras agus éirí suas sa spéir, agus sleamhnú trí na néalta go dtí go mbeadh sé i bhfad ar shiúl.

‘Críochnóidh tú an obair ag cur snas ar na gloiní seo uilig,’ arsa Leifteanant Kotler, de ghlór íseal anois, chomh híseal sin gur bheag nach raibh Bruno ábalta é a chluinstin. Bhí sé mar a rinneadh rud éigin eile ar fad den fhearg a bhí air. Ní go díreach a mhalairt, ach rud éigin a bhí gan choinne agus a bhí go huafásach. ‘Agus ansin tógfaidh mé thú agus tabharfaidh mé ar ais chuig an champa thú, mar a ndéanfaimid plé ar an rud a tharlaíonn do ghasúir a ghoideann rudaí. Tuigeann tú

mé, nach dtuigeann?’

Chlaon Shmuel a cheann agus thóg naipcín eile agus thosaigh a chur snasa ar ghloine eile; d’amharc Bruno ar a mhéara a bhí ar crith agus bhí a fhios aige go raibh eagla a chraicinn air go mbrisfí ceann acu. Bhí a chroí trom, ach dá mhéad ba mhaith leis é, ní thiocfadh leis a shúile a bhaint de.

‘Gabh ar d’aghaidh, a fhir bhig,’ arsa Leifteanant Kotler, ag teacht ionsair anois agus ag cur lámh mhíchairdiúil thart ar a ghualainn. ‘Gabh tusa chuig an seomra suí agus léigh do leabhar agus fág an – beag seo lena chuid oibre a chríochnú.’ Bhain sé úsáid as an fhocal chéanna a d’úsáid sé nuair a labhair sé le Pavel nuair a chuir sé chun bealaigh é le bonn a aimsiú.

Chlaon Bruno a cheann agus thiontaigh thart agus d’fhág an chistin gan amharc siar. Chuir sé tarraingt orla air agus shíl sé ar feadh bomaite go raibh sé ag dul a bheith tinn. Níor mhothaigh sé chomh náireach riamh ina shaol, níor shamhlaigh sé riamh go dtiocfadh leis a bheith chomh cruálach sin. Rinne sé a mhachnamh ar an dóigh a dtiocfadh le gasúr, a shíl go raibh sé ina dhuine maith i ndáiríre, a bheith chomh meata sin le cara dá chuid. Shuigh sé sa seomra suí ar feadh roinnt uaireanta an chloig ach ní thiocfadh leis díriú ar a leabhar agus ní raibh sé de mhisneach aige dul ar ais chuig an chistin go dtí níos moille an tráthnóna sin, i ndiaidh do Leifteanant Kotler teacht ar ais cheana féin le Shmuel a thógáil agus a thabhairt ar ais arís.

Gach tráthnóna ina dhiaidh sin, d’fhill Bruno ar an áit ag an fhál a mbuailfeadh siad lena chéile, ach ní bhíodh Bruno ann in am ar bith. I ndiaidh do sheachtain a dhul thart beagnach bhí sé cinnte de go raibh an rud a bhí déanta aige chomh huafásach sin nach maithfí dó choíche, ach ar an seachtú lá bhí lúcháir air nuair a chonaic sé go raibh Shmuel ag fanacht leis, ina shuí agus an dá chos trasna ar a chéile aige ar an talamh mar ba ghnách agus é ag stánadh ar an deannach thíos faoi.

‘A Shmuel,’ ar seisean, ag rith ionsair agus ag dul a shuí, agus é ar tí caoineadh le faoiseamh agus le haiféaltas, an dá rud le chéile. ‘Tá mé buartha, a Shmuel. Níl a fhios agam cén fáth a ndearna mé é sin. Abair go maithfidh tú dom.’

‘Tá sé ceart go leor,’ arsa Shmuel, ag amharc suas air. Bhí cuid mhór brúnna gorma ar a aghaidh agus chuir Bruno strainc air féin, agus ar feadh bomaite rinne sé dearmad go raibh sé ag dul a ghabháil leithscéil.

‘Cad é a tharla duitse?’ a d’fhiafraigh sé, ach níor fhan sé le freagra. ‘Arbh é do rothar ba chúis leis? Mar tharla a mhacasamhail domsa thiar i mBeirlín cúpla bliain ó shin. Thit mé de nuair a bhí mé ag dul róghasta agus bhí smáil ghorma orm ar feadh seachtainí ina dhiaidh. An bhfuil sé nimhneach?’

‘Ní mhothaím níos mó é,’ arsa Shmuel.

‘Tá an chuma air go bhfuil sé nimhneach.’

‘Ní mhothaím rud ar bith níos mó,’ arsa Shmuel.

‘Bhuel, tá mé buartha faoin rud a tharla an tseachtain seo caite,’ arsa Bruno. ‘Is fuath liom an Leifteanant

Kotler. Síleann sé gurb eisean atá i mbun gach rud ach ní hé.’ Stad sé ar feadh bomaite, gan é ag iarraidh go gcuirfeadh rud ar bith isteach air. Mhothaigh sé gur cheart dó é a rá uair amháin eile agus é a bheith i ndáiríre faoi. ‘Tá fíorbhrón orm, a Shmuel,’ ar seisean de ghlór soiléir. ‘Ní thig liom a chreidiúint nár inis mé an fhírinne dó. Níor fheall mé ar chara ar an dóigh sin riamh roimhe. Mo náire, a Shmuel.’

Agus nuair a dúirt sé é sin, rinne Shmuel aoibh an gháire agus sméid a cheann agus bhí a fhios ag Bruno gur maitheadh dó, agus ansin rinne Shmuel rud éigin nach ndearna sé roimhe. D’ardaigh sé bun an fhál sréinge aníos mar a d’ardaíodh sé é nuair a thugadh Bruno bia dó, ach an iarraidh seo, shín sé a lámh amach agus choinnigh sé ansin í, ag fanacht le Bruno an rud céanna a dhéanamh, agus ansin chroith an bheirt ghasúr lámha lena chéile agus rinne aoibh an gháire ar a chéile.

Ba é seo an chéad uair a leag siad lámh ar a chéile.

Caibidil a Sé Déag

An Bearradh Gruaige

Bhí beagnach bliain imithe thart ó tháinig Bruno abhaile go bhfaca sé Maria ag pacáil a chuid earraí, agus bhí a chuimhní cinn ar an saol a bhíodh aige i mBeirlín ag dul i ndearmad de réir a chéile. Nuair a smaoinigh sé siar air thiocfadh leis cuimhneamh gurbh iad Karl agus Martin beirt as an triúr cairde ab fhearr dá raibh aige ach, in ainneoin a chuid iarrachtaí, ní thiocfadh leis cuimhneamh ar ainm an duine eile. Agus ansin tharla rud éigin a chiallaigh go dtiocfadh leis Amach-Libh a fhágáil ar feadh dhá lá agus filleadh ar a sheanteach i mBeirlín: fuair Mamó bás agus b'éigean don teaghlach dul chuig an tórramh.

Nuair a bhí sé ansin, d'aithin Bruno nach raibh sé go díreach chomh beag céanna agus a bhí sé nuair a d'fhág sé an áit de bhrí go raibh sé ábalta amharc thar rudaí nach dtiocfadh leis amharc thartsu roimhe, agus nuair a d'fhan siad ina seanteach thiocfadh leis amharc amach ar an fhuinneog ar an urlár uachtarach agus Beirlín agus an ceantar máguaird a fheiceáil gan

seasamh ar a bharraicíní.

Ní fhaca Bruno a Mhamó ó d'fhág sé Beirlín ach smaoinigh sé uirthi gach uile lá. Ba iad na léiriúcháin a rinne sí féin, é féin agus Gretel faoin Nollaig, agus na breithlaethanta, agus an dóigh a mbíodh culaith uirthi a bhíodh i gcónaí ag fóirstean don ról a bhí aici na rudaí ba mhó ar chuimhnigh sé orthu. Nuair a smaoinigh sé nach mbeadh siad ábalta é sin a dhéanamh choíche arís chuir sé an-bhrón go deo air.

Bhí an dá lá a chaith siad i mBeirlín an-bhrónach fosta. Bhí an tórramh ann, agus shuigh Bruno agus Gretel agus Athair agus Máthair sna suíocháin tosaigh ag an tseirbhís, Athair gléasta ina éide is breátha, an ceann a bhí stáirseáilte agus smúdáilte agus maisithe go maith. Bhí an-bhrón ar Athair go háirithe, a d'inis Máthair do Bruno de bharr gur tharla eatarthu agus nach ndearna siad cairdeas le chéile arís sula bhfuair sí bás.

Cuireadh cuid mhór bláthfhleascanna chuig an eaglais agus bhí bród ar Athair de bhrí gur chuir an Fürher ceann acu chuici ach nuair a chuala Máthair an méid sin dúirt sí go dtiontódh Mamó ina huaigh dá mbeadh a fhios aici é a bheith ann.

Mhothaigh Bruno cineál sásta gur fhill siad ar Amach-Libh. Bhí an teach ansin ina bhaile anois aige agus ní raibh sé buartha níos mó nach raibh ach trí urlár aige seachas cúig cinn, agus níor chuir sé isteach air an oiread sin go mbíodh na saighdiúirí ag teacht agus ag imeacht amhail is gur leo féin an áit. Nocht

sé chuige de réir a chéile nach raibh cúrsaí ródhona anseo, i dtaca le holc, go háirithe ó casadh Shmuel air. Bhí a fhios aige go raibh neart ábhar aoibhnis aige, cuir i gcás, bhí cuma ghealgháireach i gcónaí ar Athair agus ar Mháthair agus níorbh éigean do Mháthair an oiread céanna codlata a dhéanamh tráthnóna ná an oiread céanna seirisí íocshláinteacha a ghlacadh. Agus bhí Gretel – ag cur craicinn eile na hóige di – i bhfocail Mháthar – agus bhí claonadh uirthi fanacht amach as an bhealach.

Ar a bharr sin aistríodh Leifteanant Kotler ó Amach-Libh go háit éigin eile agus ní raibh sé ann le fearg a chur ar Bruno ná le cur isteach air an t-am ar fad. (Tharla gur imigh sé gan choinne agus bhí Athair agus Máthair ag béicíl ar a chéile cuid mhaith go mall san oíche mar gheall air, ach bhí sé imithe, bhí sé cinnte de sin, agus ní raibh sé ag teacht ar ais; bhí Gretel dólásach.) Bhí rud eile ann a chuir áthas air: níor thug duine ar bith ‘fear beag’ air a thuilleadh.

Ach ba é an rud ab fhearr a bhí ann go raibh cara aige darbh ainm Shmuel.

Bhain sé sult as siúl de chois an fháil gach tráthnóna agus bhí sé sásta go raibh an chuma ar a chara go raibh sé féin i bhfad níos sásta na laethanta seo agus ní raibh an chuma ar a shúile go raibh siad chomh gruama céanna, cé go raibh a cholainn an-tanaí go deo go fóill agus go raibh dath liath nach raibh taitneamhach ar a aghaidh.

Lá dá raibh, agus é ina shuí os a chomhair sa

ghnátháit, dúirt Bruno rud éigin, ‘Is é seo an cairdeas is aistí dá raibh riamh agam le duine.’

‘Cad chuige?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

‘De bhrí go raibh mé ábalta a bheith ag imirt cluichí le gasúr ar bith eile dá raibh cairdeas agam leis,’ a d’fhreagair sé. ‘Agus ní bhíonn deis againne a bheith ag imirt le chéile in am ar bith. Is é an t-aon rud a dhéanaimid ná a bheith inár suí anseo agus labhairt lena chéile.’

‘Is maith liom a bheith i mo shuí anseo ag labhairt leat,’ arsa Shmuel.

‘Maise, is maith liomsa sin fosta ar ndóigh,’ arsa Bruno. ‘Ach is mór an trua nach dtig linn rud éigin níos spleodraí a dhéanamh ó am go ham. Giota beag taiscéalta, b’fhéidir. É sin nó cluiche peile. Ní fhaca muid a chéile riamh fiú gan an fál sreinge uilig sa bhealach orainn.’

Ba mhinic a deireadh Bruno rudaí mar seo de bhrí go raibh sé ag iarraidh a chur i gcéill nár tharla an eachtra roinnt míonna ní ba luaithe nuair a shéan sé a chairdeas le Shmuel. Bhí sé ag déanamh angaidh dó go fóill agus mhothaigh sé go holc fá dtaobh de féin dá bharr, cé go raibh an chuma ar Shmuel, i gcead dó, go raibh dearmad déanta aige air.

‘Is féidir go bhfeicfimid lá éigin,’ arsa Shmuel. ‘Má scaoileann siad saor muid choíche.’

Thosaigh Bruno a smaoinemh cuid mhór arís ar an dá thaobh den fhál agus ar an chúis a raibh sé ann ar chor ar bith. Rinne sé a mhachnamh ar labhairt le

hAthair nó le Máthair faoi ach mheas sé go mbeadh siad feargach leis dá luafadh sé é nó go n-inseodh siad rud éigin gránna dó faoi Shmuel agus faoina theaghlach, mar sin de, ina áit sin, rinne sé rud éigin as an ghnáth. Shocraigh sé go labhródh sé leis an Duine Gan Dóchas faoi.

Bhí athrú suntasach tagtha ar sheomra Gretel ón uair dheireanach a bhí sé ann. Is é rud nach raibh bábóg ar bith le feiceáil in áit ar bith. Tráthnóna amháin, mí roimhe nó mar sin, thart faoin am ar fhág Leifteanant Kotler Amach-Libh, shocraigh Gretel nach raibh dúil aici sna bábóga a thuilleadh agus chuir sí iad uilig isteach i gceithre mhála mhóra agus chaith uaiti iad. Chuir sí léarscáileanna na hEorpa in airde a thug Athair di ina n-áit, agus gach lá chuireadh sí bioráin bheaga isteach iontu agus bhíodh sí i gcónaí ag bogadh na mbiorán thart i ndiaidh di na nuachtáin laethúla a léamh. Shíl Bruno go mb'fhéidir go raibh sí ag dul as a meabhair. Ach mar sin féin, ní bhíodh sí ag spochadh as ná ag tromaíocht air mar a dhéanadh sí tráth, mar sin de shíl sé nár dhochar labhairt léi.

‘Dia duit,’ ar seisean, agus é ag cnagadh go deas béasach ar a doras mar bhí a fhios aige cé chomh feargach agus a bhíodh sí dá mba rud é go siúladh sé isteach go díreach.

‘Cad é atá de dhíth ortsa?’ a d’fhiafraigh Gretel, a bhí ina suí ag a tábla maisiúcháin, agus í ag déanamh tástála lena cuid gruaige.

‘Rud ar bith,’ arsa Bruno.

‘Imigh leat mar sin.’

Chlaon Bruno a cheann ach tháinig isteach cibé ar bith gur shuigh sé ar cholbha na leapa. D’amharc Gretel air as ruball a súl ach ní dúirt sí rud ar bith.

‘A Gretel,’ ar seisean faoi dheireadh, ‘an dtig liomsa ceist a chur ort?’

‘Má bhíonn tú gasta,’ ar sise.

‘Tá gach rud anseo in Amach-Libh—’ a thosaigh sé, ach chuir sí isteach air ar an toirt.

‘Ní thugtar Amach-Libh air, a Bruno,’ ar sise go feargach, amhail is gurbh é an mheancóg ba mhó dá ndearna duine ar bith riamh roimhe i stair na cruinne. ‘Cad chuige nach dtig leat é a fhuaimniú mar is ceart?’

‘*Tugtar* Amach-Libh air,’ a dhearbhaigh sé.

‘Ní thugtar,’ ar sise ag seasamh ar an pointe agus ag fuaimniú ainm an champa mar ba cheart dó.

Chuir Bruno grainc air féin agus chroith a ghuailí ag an am céanna. ‘Ach is é sin an rud a dúirt mé,’ ar seisean.

‘Ní hé sin an rud a dúirt tú. Cibé ar bith, níl mise ag dul a bheith ag argóint leat,’ arsa Gretel, agus an fhoighne ag briseadh uirthi cheana féin, rud nach raibh mórán aici di sa chéad dul síos. ‘Cad é ba mhaith leat a fháil amach?’

‘Ba mhaith liom an fál a fhiosrú,’ a dúirt sé go láidir agus é ag maíomh gurbh é seo an rud ba thábhachtaí le tús a chur leis. ‘Ba mhaith liom a fháil amach cén fáth a bhfuil sé ann.’

Thiontaigh Gretel ina cathaoir agus d’amharc air go

fiosrach. ‘An bhfuil tusa ag maíomh nach bhfuil a fhios agat?’ a d’fhiafraigh sí.

‘Níl a fhios,’ arsa Bruno. ‘Níl a fhios agam cén fáth nach bhfuil cead againne dul ar an taobh eile de. Cad é atá cearr linne nach bhfuilimid ábalta dul ansin le cluichí a imirt?’

Stán Gretel air agus ansin go tobann thosaigh sí a gháire, ag stopadh go díreach nuair a mhothaigh sí go raibh Bruno lán dáiríre.

‘A Bruno,’ ar sise de ghlór leanbaí, amhail is gurbh é seo an rud ba shoiléire ar domhan, ‘níl an fál ann le cosc a chur orainne dul anonn chucu ach tá sé ann le cosc a chur orthusan teacht anall chugainne.’

Rinne Bruno a mhachnamh air seo ach ní thiocthadh leis ciall ar bith a bhaint as go fóill. ‘Ach cad chuige?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Cionn is go gcaithfidh siadsan fanacht le chéile,’ a mhínigh Gretel.

‘Lena dteaghlaigh, an bhfuil tú ag iarraidh a rá?’

‘Bhuel, tá, lena dteaghlaigh. Ach lena gcineál céanna fosta.’

‘Cad é atá tú a mhaíomh, a gcineál céanna?’

Lig Gretel osna agus chroith a cheann. ‘Leis na Giúdaigh eile, a Bruno. Nach raibh a fhios agat sin? Is é sin an fáth a gcaithfidh siadsan fanacht le chéile. Ní thig leo a bheith linn.’

‘Giúdaigh,’ arsa Bruno, ag déanamh iarrachta an focal a rá. Thaitin fuaim an fhocail go measartha maith leis. ‘Giúdaigh,’ ar seisean arís. ‘Is Giúdaigh iad na

daoine uilig ar an taobh sin den fhál.’

‘Is ea, is fíor duit,’ arsa Gretel.

‘An Giúdaigh muidne?’

D’oscail Gretel a béal go leathan, a rá is de gur tarraingíodh leiceadar uirthi. ‘Ní hea, a Bruno,’ ar sise. ‘Ní hea, is cinnte nach ea. Agus níor chóir duitse fiú a leithéid de rud a rá.’

‘Ach cad chuige? Cad é atá ionainne mar sin?’

‘Is ...’ a thosaigh Gretel, ach ansin b’éigean di stopadh agus a machnamh a dhéanamh ar an cheist. ‘Is ...’ ar sise arís, ach ní raibh sí cinnte i ndáiríre faoi fhreagra na ceiste.

‘Bhuel, ní Giúdaigh muid,’ ar sise sa deireadh.

‘Tá a fhios agam nach ea,’ arsa Bruno agus frustrachas air. ‘Is é rud atá mé ag cur ceiste ort, mura Giúdaigh muid, cad é atá ionainne mar sin?’

‘Is cineál eile daoine muidne,’ a d’fhreagair Gretel go gasta agus bhí an chuma uirthi go raibh sí ní ba shásta leis an fhreagra seo. ‘Is ea, sin é. Is cineál eile daoine muidne.’

‘Maith go leor,’ arsa Bruno, agus é sásta go raibh sé soiléir ina intinn aige faoi dheireadh. ‘Agus cónaíonn an Cineál Eile ar an taobh seo den fhál agus cónaíonn na Giúdaigh ar an taobh sin.’

‘Ta an ceart ar fad agat, a Bruno.’

‘An rud é nach bhfuil dúil ag na Giúdaigh sa Chineál Eile mar sin?’

‘Ní hea, a amadáin, is é an rud atá ann nach bhfuil dúil againne iontu.’

Chuir Bruno grainc air féin. Dúradh le Gretel arís agus arís eile nach raibh cead aici amadán a thabhairt air ach choinnigh sí ag gabháil dó agus á thabhairt air.

‘Bhuel, cad chuige nach bhfuil dúil againne iontu?’ a d’fhiafraigh sé.

‘De bhrí gur Giúdaigh iad,’ arsa Gretel.

‘Tuigim. Agus ní réitíonn an Cineál Eile agus na Giúdaigh le chéile.’

‘Ní réitíonn, a Bruno,’ arsa Gretel, ach dúirt sí an méid seo go mall cionn is gur tháinig sí ar rud éigin aisteach ina cuid gruaige agus bhí sí á scrúdú go cúramach.

‘Bhuel, nach dtig le duine éigin an dá ghrúpa a thabhairt le chéile go díreach agus—’

Cuireadh isteach ar Bruno nuair a lig Gretel scread ghéar aisti; scread a mhúscail Máthair óna codladh beag tráthnóna a tháinig ina rith isteach sa seomra leapa lena fháil amach cé acu dá cuid páistí a dhúnmharaigh an páiste eile.

Agus í ag scrúdú a cuid gruaige tháinig Gretel ar ubh bheag bhídeach, nach raibh mórán níos mó ná barr bioráin. Thaispeáin sí do Mháthair í, a d’amharc tríd a cuid gruaige, ag tarraingt ribí óna chéile go gasta, sular shiúil sí caol díreach anonn chuig Bruno go ndearna sí an rud céanna airsean.

‘Ó, a Dhia, ní chreidim é,’ arsa Máthair go feargach. ‘Bhí a fhios agamsa go dtarlódh a leithéid de rud in áit mar seo.’

Tharla sé go raibh míolta i gcuid gruaige Gretel

agus Bruno araon, agus b'éigean do Gretel seampú ar leith a úsáid a raibh boladh bréan air le leigheas a fháil agus ina dhiaidh sin shuigh sí ina seomra leapa ar feadh an ama agus í ag caoineadh uisce a cinn.

B'éigean do Bruno úsáid a bhaint as an seampú fosta, ach ina dhiaidh sin shocraigh Athair gurbh fhearr dó tosú as an nua agus fuair sé rasúr agus bharr sé a raibh de gruaig ag Bruno de, rud a chuir Bruno ag caoineadh. Níor ghlac sé i bhfad, agus ghoill sé air a chuid gruaige uilig a fheiceáil ar snámh san aer óna cheann gur tháinig sí anuas ar an urlár ag a chosa, ach dúirt Athair nach raibh an dara suí sa bhuaile ann.

Ina dhiaidh sin d'amharc Bruno air féin sa scáthán sa seomra folctha, rud a chuir samhnas air. Bhí an chuma ar a chloigeann ar fad go raibh sé anchumtha anois agus é maol agus bhí an chuma ar a shúile go raibh siad rómhór dá aghaidh. Chóir a bheith gur scanraigh a scáth féin é.

'Ná bí buartha,' arsa Athair á chur ar a shuaimhneas. 'Fásfaidh sí ar ais arís. Ní ghlacfaidh sé ach roinnt seachtainí uirthi.'

'Is é an salachar atá ina luí thart san áit seo ba chúis leis,' arsa Máthair. 'Dá mba rud é go díreach go dtuigfeadh daoine áirithe an dóigh a bhfuil an áit seo ag dul i bhfeidhm orainne uilig.'

Nuair a chonaic Bruno é féin sa scáthán ní thiocfadh leis ach smaoineamh ar cé chomh cosúil le Shmuel agus a bhí sé anois, agus mhachnaigh sé ar rud é go raibh míolta i ngruaig na ndaoine uilig ar an taobh

sin den fhál agus arbh é sin an fáth a raibh an ghruaig bearrtha díobh fosta.

Nuair a chonaic sé a chara an lá dár gcionn thosaigh Shmuel a gháire ar an chuma a bhí ar Bruno, nach raibh ina chuidiú ar chor ar bith dá fhéinmhuinín a bhí ag dul i laghad de réir a chéile.

‘Tá mé go díreach cosúil leatsa anois,’ arsa Bruno go brónach, amhail is gurbh uafásach an rud é a leithéid a admháil.

‘Ach giota beag níos raimhre,’ a d’admhaigh Shmuel.

Caibidil a Seacht Déag

Faigheann Máthair A Bealach Féin

Ar feadh roinnt seachtainí ina dhiaidh seo bhí an chuma ar Mháthair go raibh sí ag éirí níos buartha i gcónaí leis an saol in Amach-Libh agus thuig Bruno go maith an fáth a raibh sé sin amhlaidh. I ndeireadh na dála, nuair a bhain siad an áit amach ag an tús, bhí fuath aige féin uirthi, de bhrí nach raibh sí cosúil leis an teach sa bhaile ar chor ar bith agus go raibh rudaí amhail triúr cairde cléibh in easnamh. Ach tháinig athrú air seo de réir a chéile, mar gheall ar Shmuel, den chuid is mó, a bhí ní ba thábhachtaí dó anois ná mar a bhí Karl ná Daniel ná Martin riamh roimhe. Ach ní raibh duine amhail Shmuel ag Máthair féin. Ní raibh duine ar bith ann a dtiocfadh léi labhairt leis, agus aistríodh an t-aon duine amháin a raibh cairdeas de chineál ar bith aici leis – an Leifteanant óg Kotler - go háit éigin eile.

Cé go ndearna Bruno a dhícheall gan a bheith ina dhuine de na gasúir úd a chaitheann a chuid ama ag éisteacht ag poill eochrach ná ag simléirí, bhí Bruno ag siúl thart ar oifig Athar tráthnóna amháin nuair a

bhí Máthair agus Athair taobh istigh di ag déanamh comhrá lena chéile, rud a bhí de nós acu. Ní raibh sé ag iarraidh a bheith ag cúlústeacht, ach bhí siad ag labhairt go measartha ard agus ní raibh neart aige air ach éisteacht leo.

‘Tá sé millteanach ar fad,’ bhí Mathair a rá. ‘Millteanach ar fad. Ní thig liom cur suas leis a thuilleadh.’

‘Níl an dara rogha againn,’ arsa Athair. ‘Is é seo an dualgas againn agus—’

‘Ní hé, is é seo an dualgas s’agatsa, ní hé an dualgas s’againne é. Tig leatsa fanacht más maith leat.’

‘Agus cad é an dearcadh a bheas ag daoine air,’ a d’fhiafraigh Athair, ‘má cheadaím duitse agus do na páistí filleadh ar Bheirlín gan mé? Tógfaidh siad ceisteanna faoi cé chomh dáiríre agus atá mé faoin obair anseo.’

‘Obair!’ a scairt Máthair.

‘Tugann tú *obair* air seo.’

Níor chuala Bruno mórán eile ina dhiaidh sin de bhrí go raibh na glóir ag teacht ní ba chónaraí don doras agus bhí an seans i gcónaí ann go dtiocfadh Máthair amach de rúchladh agus í ar lorg seiris íocshláinteach, mar sin de rith sé suas staighre. Mar sin féin, bhí go leor cluinste aige gur thuig sé go raibh seans ann go mbeadh siad ag filleadh ar Bheirlín, agus ní raibh a fhios aige cad é mar a mhothaigh sé faoi sin, rud a chuir a sháith iontais air.

Ar lámh amháin chuimhnigh sé ar an saol a raibh

an-dúil aige ann thiar ansin, ach bheadh an oiread sin athruithe tagtha ar rudaí faoi seo. Bhí gach seans ann go mbeadh dearmad déanta ag Karl air, agus ag an bheirt chairde eile nach dtiocfadh leis cuimhneamh ar a n-ainmneacha faoi seo. Bhí Mamó ar shlí na firinne agus b'fhíorannamh a chluineadh siad scéal ó Dhaideo, a raibh meath na seanaoise tagtha air, dar le hAthair.

Ach ar an lámh eile bhí sé cleachta leis an saol in Amach-Libh: níor mhiste leis Herr Liszt, d'éirigh sé ní ba chairdiúla le Maria ná mar a bhí sé riamh thiar i mBeirlín, bhí Gretel go fóill ag cur chraiceann na hóige di agus á coinneáil féin amach as a bhealach (agus ní raibh an chuma uirthi anois go raibh sí ina Duine Gan Dóchas ar an dóigh chéanna) agus chuir a chuid comhráite tráthnóna le Shmuel gliondar ar a chroí.

Ní raibh a fhios ag Bruno cad é mar ba chóir dó a mhothú agus shocraigh go nglacfadh sé leis an chinneadh gan ghearán, ba chuma cad é a tharlódh.

Níor tháinig athrú ar bith ar rudaí ar feadh roinnt seachtainí; lean an gnáthshaol ar aghaidh. Chaith Athair an chuid is mó dá chuid ama san oifig nó ar an taobh eile den fhál. Bhí Máthair ina tost i rith an lae agus bhí sí ag déanamh i bhfad níos mó codlata sa tráthnóna, agus le firinne, bhí sí á dhéanamh roimh am lóin fiú, agus bhí Bruno buartha faoina sláinte de bhrí nach raibh aithne aige ar dhuine ar bith a raibh an oiread céanna seirisí íocshláinteacha de dhíth air. D'fhan Gretel ina seomra ag díriú a hairde ar na léarscáileanna éagsúla a

bhí greamaithe de na ballaí aici agus ar na nuachtáin i rith an ama gan staonadh sular bhog sí na bioráin thart píosa beag. (Bhí Herr Liszt thar a bheith sásta léi as seo a dhéanamh.)

Agus rinne Bruno go díreach an rud a iarradh air gan é ag tarraingt trioblóide air féin ar chor ar bith agus thaitin sé leis go raibh cara rúnda amháin aige nach raibh a fhios ag duine ar bith faoi.

Ansin tháing an lá a d'iarr Athair ar Bruno agus ar Gretel teacht isteach ina oifig gur inis sé dóibh faoi na hathruithe a bhí ar na bacáin.

‘Suíagí a pháistí,’ ar seisean, ag díriú a mhéire ar an dá chathaoir mhóra leathair a d’insíodh sé dóibh nach raibh cead acu suí orthu de ghnáth nuair a thagadh siad ar cuairt de bharr a lámh salach. Shuigh Athair ar chúl a dheisce. ‘Shocraigh muid go bhfuilimid ag dul a dhéanamh roinnt athruithe,’ ar seisean ag leanúint ar aghaidh, agus an chuma air go raibh sé giota beag brónach agus é ag labhairt. ‘Inis seo dom: an bhfuil sibh sásta anseo?’

‘Tá, a Athair, ar ndóigh,’ arsa Gretel.

‘Go cinnte, a Athair,’ arsa Bruno.

‘Agus nach gernaíonn sibh Beirlín ar chor ar bith?’

D’fhan na páistí ina dtost ar feadh bomaite agus ansin thug sracfhéachaint ar a chéile, ag fanacht le go bhfeicfeadh siad cén duine acu a thabharfadh an freagra. ‘Bhuel, cronaím rud bocht í,’ arsa Gretel faoi dheireadh. ‘Níor mhiste liom roinnt cairde a bheith agam arís.’

Rinne Bruno aoibh an gháire agus é ag smaoineamh ar a rún.

‘Cairde,’ arsa Athair, ag sméideadh a chinn. ‘Sea, is minic a smaoinigh mé air sin. Caithfidh sé go raibh tú uaigneach in amanna.’

‘Iontach uaigneach,’ arsa Gretel de ghlór diongbháilte.

‘Agus tú féin, a Bruno,’ a d’fhiafraigh Athair, agus é ag amharc air anois. ‘An gcronaíonn tusa do chairde?’

‘Bhuel, cronaím,’ a d’fhreagair sé, agus é ag machnamh ar a fhreagra go cúramach. ‘Ach déarfainn go gcrónóinn daoine, ba chuma cén áit a rachainn.’

Tagairt indíreach a bhí ann do Shmuel ach ní raibh sé ag iarraidh é a bheith ní ba shoiléire ná sin.

‘Ach ar mhaith leat filleadh ar Bheirlín?’ a d’fhiafraigh Athair. ‘Dá mbeadh an deis agat?’

‘Muid uilig?’ a d’fhiafraigh Bruno.

Lig Athair osna throm agus chroith a cheann. ‘Tú féin, Máthair agus Gretel. Ag dul ar ais chuig ár seanteach i mBeirlín. Ar mhaith leatsa é sin?’

Rinne Bruno a mhachnamh air. ‘Bhuel, níor mhaith liom é mura mbeifeá féin ann,’ ar seisean, nó ba í sin an fhírinne.

‘Mar sin de arbh fhearr leat fanacht anseo liomsa?’

‘B’fhearr liom é go bhfanfadh an ceathrar againne ar fad le chéile,’ ar seisean, ag cur Gretel san áireamh go drogallach ina fhreagra.

‘Is cuma cé acu i mBeirlín nó in Amach-Libh.’

‘Ó, a Bruno!’ arsa Gretel de ghlór cráite, agus ní

raibh a fhios aige arbh é go mbeadh sé ag teacht salach ar na pleananna filleadh ar Bheirlín nó (dar léi) arbh é gur lean sé air ag mífhuaimniú ainm a mbaile.

‘Bhuel, san am i láthair, is oth liom a rá nach féidir é sin a dhéanamh,’ arsa Athair. ‘Is oth liom a rá nach scaoilfidh an Fürher saor ó mo chuid dualgas mé go fóill beag. Ar an lámh eile, síleann Máthair gurbh é seo an t-am ceart daoibhse triúr filleadh abhaile le cónaí a dhéanamh sa seanteach arís, agus nuair a dhéanaim mo mhachnamh air ...’ Stad sé ar feadh bomaite agus d’amharc amach ar an fhuinneog ar thaobh a láimhe clé – an fhuinneog a raibh radharc an champa ar an taobh eile den fhál le feiceáil amach uirthi.

‘Nuair a dhéanaim mo mhachnamh air, is dócha go bhfuil an ceart aici. Is féidir nach deas an áit í seo do pháistí.’

‘Tá na céadta páiste anseo,’ arsa Bruno, gan é ag smaoineamh mar is ceart ar a chuid focal sula raibh siad ráite aige. ‘Is é an rud atá ann, áfach, go bhfuil siad ar an taobh eile den fhál.’

Lean tréimhse ciúnais an ráiteas seo, ach níor ghnáthchiúnas é nuair a tharlaíonn sé go díreach nach bhfuil duine ar bith ag labhairt. Bhí sé cosúil le ciúnas a bhí iontach callánach. Stán Athair agus Gretel air agus bhí sé ag caochadh a shúl agus a sháith iontais air.

‘Cad é atá tú a mhaíomh nuair a deir tú go bhfuil na céadta páiste thall ansin?’ a d’fhiafraigh Athair. ‘Cad é atá ar eolas agatsa faoi na rudaí a tharlaíonn thall ansin?’

D'oscail Bruno a bhéal le rud éigin a rá ach bhí sé buartha go dtarraingeodh sé trioblóid air féin dá nochtfadh sé barraíocht den eolas a bhí aige. ‘Tig liom iad a fheiceáil nuair a amharcaim amach ar fhuinneog mo sheomra leapa,’ ar seisean faoi dheireadh. ‘Tá siad i bhfad ar shiúl ar ndóigh, ach tá an chuma air go bhfuil na céadta acu ann. Agus iad uilig ag caitheamh pitseámaí stríocacha.’

‘Na pitseámaí stríocacha, is ea,’ arsa Athair, ag claonadh a chinn. ‘Agus an raibh tusa ag amharc amach orthu?’

‘Bhuel, chonaic mé iad,’ arsa Bruno. ‘Níl mé cinnte an é an rud céanna é.’

Rinne Athair aoibh an gháire. ‘Maith thú, a Bruno,’ ar seisean. ‘Agus tá an ceart agat, ní hé go díreach an rud céanna é.’ Stad sé arís agus ansin chlaon a cheann, amhail is go raibh cinneadh críochnaitheach déanta aige.

‘Sin é, tá an ceart aici,’ ar seisean de ghlór ard gan é ag amharc ar Gretel ná Bruno. ‘Tá an ceart ar fad aici. Tá sibh anseo fada go leor mar atá sé. Tá sé in am daoibh filleadh abhaile.’

Agus mar sin de rinneadh an cinneadh. Cuireadh scéala ar aghaidh gur chóir go nglanfaí an teach, go nífí na fuinneoga, go gcuirfí vearnais ar an bhalastar, go smúdálfaí an línéadach, go gcóireofaí na leapacha, agus d’fhógair Athair go mbeadh Máthair, Gretel agus Bruno ag filleadh ar Bheirlín taobh istigh de sheachtain.

Mhothaigh Bruno nach raibh sé ag dúil leis seo an

oiread céanna agus a shíl sé a bheadh sé agus bhí eagla
a chroí air an scéal a insint do Shmuel.

Caibidil a hOcht Déag

An Eachtra Dheireanach Á Cumadh

An lá i ndiaidh d’Athair insint do Bruno go mbeadh sé ag filleadh ar Bheirlín, níor thiontaigh Shmuel suas ag an fhál mar ba ghnách. Agus níor thiontaigh sé suas an lá ina dhiaidh sin. Ar an tríú lá, nuair a bhain Bruno an áit amach ní raibh duine ar bith ina shuí agus an dá chos trasna ar a chéile aige ar an talamh agus d’fhan sé ar feadh deich mbomaite agus bhí sé ar tí filleadh ar an teach, agus é thar a bheith buartha go mbeadh air Amach-Libh a fhágáil gan a chara a fheiceáil choíche arís, nuair a rinneadh bricín den phonc i gcéin a ndearnadh ball datha de a ndearnadh cruth de a ndearnadh sa deireadh gasúr a chaith pitseámaí stríocacha de.

Tháinig aoibh an áthais ar aghaidh Bruno nuair a chonaic sé an cruth ag teacht ionsair agus shuigh sé ar an talamh, ag baint an úill agus an phíosa aráin amach as a phóca a thug sé amach faoi choim lena dtabhairt do Shmuel. Ach fiú agus é píosa maith ar shiúl uaidh thiocfadh le Bruno a fheiceáil go raibh an chuma ar a

chara go raibh sé ní ba mhíshásta ná mar a bhíodh sé de ghnách fiú, agus nuair a bhain sé an fál amach níor shín sé a lámh amach don bhia leis an díograis chéanna.

‘Shíl mé nach raibh tú ag dul a theacht níos mó,’ arsa Bruno. ‘Tháinig mé anseo inné agus an lá roimhe sin agus ní raibh tú ann.’

‘Tá mé buartha,’ arsa Shmuel. ‘Tharla rud éigin.’

D’amharc Bruno air agus chúngaigh sé a shúile, ag iarraidh tomhas a dhéanamh ar an rud a tharla. Shíl sé go mb’fhéidir gur dúradh le Shmuel go mbeadh seisean ag dul abhaile fosta; i ndeireadh na dála, tarlaíonn a leithéid de chomhtharluithe, ar an dóigh chéanna a raibh an breithlá céanna ag Bruno agus Shmuel.

‘Bhuel?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Cad é a tharla?’

‘Papa,’ arsa Shmuel. ‘Ní thig linn teacht air.’

‘Ní thig libh teacht air? Tá sé sin an-aisteach. An bhfuil tú ag maíomh go bhfuil sé cailte?’

‘Is dócha é,’ arsa Shmuel. ‘Bhí sé anseo Dé Luain agus ansin chuaigh sé ar obair le roinnt fear eile agus níor tháinig duine ar bith acu ar ais.’

‘Agus nár scríobh sé litir chugat?’ a d’fhiafraigh Bruno. ‘Ná nár fhág sé nóta agat lena rá cén uair a thiocfaidh sé ar ais?’

‘Níor fhág,’ arsa Shmuel.

‘Nach aisteach an rud é sin,’ arsa Bruno. ‘Ar chuardaigh sibh an áit?’ a d’fhiafraigh sé i ndiaidh bomaite.

‘Chuardaigh, ar ndóigh,’ arsa Shmuel ag ligean osna. ‘Rinne mé an rud a mbíonn tusa i gcónaí ag caint

air. Rinne mé giota taiscéalta.’

‘Agus nach raibh tásca ná tuairisc air?’

‘Ní raibh.’

‘Muise, tá sé sin an-aisteach,’ arsa Bruno. ‘Ach sílim go gcaithfidh sé go bhfuil míniú simplí air.’

‘Agus cad é an míniú atá air?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

‘Is doigh liom gur tugadh na fir chuig baile eile le cur ag obair agus go gcaithfidh siad fanacht ann ar feadh roinnt laethanta go raibh an obair déanta. Agus níl an córas poist thar mholadh beirte anseo cibé ar bith. Déarfainn go dtiontódh sé suas lá éigin roimh i bhfad.’

‘Tá súil as agam,’ arsa Shmuel, a raibh an chuma air go raibh sé ar shéala caoineadh. ‘Níl a fhios agam cad é a dhéanfaimid gan é.’

‘Thiocfadh liom ceist a chur ar Athair dá mba mhaith leat é,’ arsa Bruno go faichilleach, ag dúil nach n-aontódh Shmuel leis.

‘Ní dóigh liom go mbeadh sé sin ina smaoineamh maith,’ arsa Shmuel, freagra nach raibh ina dhiúltú glan ar an tairiscint, agus rud a chuir díomá ar Bruno.

‘Cad chuige?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Tá an-eolas ag Athair ar an saol ar an taobh eile den fhál.’

‘Ní dóigh liom go bhfuil dúil ag na saighdiúirí ionainn,’ arsa Shmuel. ‘Le fírinne,’ ar seisean agus é chomh cóngarach do gháire a dhéanamh agus a thiocfadh leis, ‘tá a fhios agamsa nach bhfuil dúil acu ionainn. Tá fuath agus gráin acu orainn.’

Shuigh Bruno siar agus a sháith iontais air. ‘Tá mé

cinnte de nach bhfuil fuath acu oraibh,’ ar seisean.

‘Tá,’ arsa Shmuel, ag cromadh chun tosaigh, a shúile ag cúngú agus é ag cur meille air féin le fearg. ‘Ach is cuma liomsa mar tá fuath agamsa orthu. Tá an dubhfhuaith agam orthu,’ ar seisean arís de glór láidir.

‘Níl fuath agat ar Athair, an bhfuil?’ a d’fhiafraigh Bruno.

Chogain Shmuel a liopaí gan focal a rá. Is iomaí uair a chonaic sé Athair Bruno agus níor thuig sé ar chor ar bith cad é mar a bheadh mac a bhí chomh cairdiúil agus chomh cineálta sin ag a leithéid d’fhear.

‘Cibé ar bith,’ arsa Bruno i ndiaidh tamaill, gan é ag iarraidh an t-ábhar sin cainte a phlé a thuilleadh, ‘Caithfidh mise rud éigin a insint duit fosta.’

‘An gcaithfidh?’ a d’fhiafraigh Shmuel, ag amharc suas air go dóchasach.

‘Caithfidh. Tá mé ag dul siar go Beirlín.’

Bhí béal Shmuel ar leathadh agus a sháith iontais air.

‘Cá huair?’ a d’fhiafraigh sé, agus mhothaigh sé cnapán i mbéal a ghoile agus é á rá.

‘Anois, inniu an Déardaoin,’ arsa Bruno. ‘Agus beimid ag imeacht Dé Sathairn. I ndiaidh an lóin.’

‘Ach cé chomh fada agus a bheas sibh ar shiúl?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

‘Go deo na ndeor, is dóigh liom,’ arsa Bruno. ‘Níl dúil ag Máthair in Amach-Libh – deir sí nach bhfuil sé fóirsteanach le beirt pháistí a thógáil ann – mar sin de tá Athair ag stopadh ann lena chuid oibre a dhéanamh

de bhrí go bhfuil rudaí móra ar intinn ag an Fürher dó, ach tá an chuid eile againn ag dul abhaile.’

Dúirt sé an focal ‘baile’ cé nach raibh sé cinnte den áit a raibh sé a thuilleadh.

‘An é nach bhfeicfidh mé arís thú, mar sin?’ a d’fhiafraigh Shmuel.

‘Bhuel, lá éigin, feicfidh,’ arsa Bruno. ‘Thiocfadh leat teacht ar saoire go Beirlín. Is é rud nach dtig leatsa fanacht anseo go deo na deor. An dtig?’

Chroith Shmuel a cheann. ‘Is dócha nach dtig,’ ar seisean go brónach. ‘Ní bheidh duine ar bith agam le labhairt leis as seo amach nuair a bheas tú imithe,’ ar seisean fosta.

‘Ní bheidh,’ arsa Bruno. Bhí sé ag iarraidh na focail, ‘cronóidh mise thú fosta, a Shmuel,’ a chur leis an abairt ach bhí giota beag náire air iad a rá. ‘Mar sin de is é an lá amárach an t-am deireanach a bhfeicfidh a chéile go dtí sin,’ ar seisean fosta. ‘Beidh orainn slán a fhágáil ag a chéile ansin. Déanfaidh mé iarracht bonnachán speisialta a thabhairt duit.’

Chlaon Shmuel a cheann ach ní thiocfadh leis focail ar bith a aimsiú a léireodh an brón a bhí air.

‘Is mian liom go raibh an deis againn a bheith ag imirt cluichí le chéile,’ arsa Bruno i ndiaidh tamaill fhada. ‘Uair amháin fiú. Le go mbeadh cuimhne againn uirthi.’

‘Is mian liomsa fosta,’ arsa Shmuel.

‘Táimid ag labhairt lena chéile le breis agus bliain anuas agus ní raibh fiú deis amháin againne a bheith

ag imirt le chéile. Agus an bhfuil a fhios agat rud eile de?’ ar seisean fosta. ‘Bhí mé ag breathnú ort amach ar an fhuinneog i mo sheomra leapa agus ar an áit ina bhfuil tú i do chónaí agus ní fhaca mé féin go díreach cad é leis a bhfuil sí cosúil.’

‘Ní bheadh dúil agat inti,’ arsa Shmuel. ‘Tá do cheannsa i bhfad níos deise,’ ar seisean.

‘Mar sin féin, ba mhian liom í a fheiceáil,’ arsa Bruno.

Rinne Shmuel a mhachnamh air ar feadh roinnt bomaití agus ansin shín sé a lámh amach agus chuir sé faoin fhál í gur tharraing sé aníos é beagán, chuig an airde a mbeadh gasúr beag, ar mhéid agus ar airde Bruno b’fhéidir, ábalta dul faoi.

‘Bhuel?’ arsa Shmuel. ‘Cad chuige nach dtéann tú faoi mar sin?’

Chaoch Bruno a shúil agus rinne a mhachnamh air. ‘Ní dóigh liom go mbeadh cead agam,’ ar seisean go hamhrasach.

‘Bhuel, is dócha nach bhfuil cead agat teacht anseo a labhairt liom gach lá ach oiread,’ arsa Shmuel. ‘Ach tagann tú i gcónaí, nach dtagann?’

‘Ach dá mbéarfaí orm bheinn i dtrioblóid,’ arsa Bruno, a bhí cinnte de nach gceadódh Máthair ná Athair dó.

‘Is fíor duit,’ arsa Shmuel, ag íslíú an fháil agus é ag amharc ar an talamh agus deora ina shúile aige. ‘Is dócha go bhfeicfidh mé amarach thú mar sin le slán a fhágáil agat.’

Ní dúirt ceachtar den dá ghasúr rud ar bith ar feadh bomaite. Go tobann tháinig smaoineamh iontach isteach i gceann Bruno.

‘Ach...’ a thosaigh sé, ag machnamh air ar feadh bomaite agus é ag iarraidh teacht anuas le plean ina cheann. Chuir sé lámh in airde ar a cheann gur mhothaigh sé an áit a mbíodh a chuid gruaige tráth ach nach raibh ann anois ach guaireach gruaige de bhrí nach raibh an ghruaig fásta ar ais air go fóill. ‘Nach cuimhin leat go ndúirt tú go raibh mé cosúil leatsa?’ a d’fhiafraigh sé de Shmuel. ‘Ó fuair mé bearradh gruaige.’

‘Ach níos raimhre,’ a d’adhmaigh Shmuel.

‘Bhuel, más amhlaidh atá an scéal,’ arsa Bruno, ‘agus dá mba rud é go mbeadh pitseámaí stríocacha agamsa fosta, thiocfadh liom teacht anall ar cuairt agus ní bheadh duine ar bith a dhath ní b’eolaí.’

Tháinig dath geal ar aghaidh Shmuel agus bhris aoibh amach ar a aghaidh. ‘Cad é do bharúil?’ a d’fhiafraigh sé. ‘An dtiocfá?’

‘Ar ndóigh,’ arsa Bruno. ‘Eachtra iontach a bheadh ann. An eachtra dheireanach againn. Thiocfadh liom taiscéaladh a dhéanamh faoi dheireadh.’

‘Agus thiocfadh leat cuidiú liom Papa a lorg,’ arsa Shmuel.

‘Déanfaidh sin,’ arsa Bruno. ‘Siúlfaimid thart go bhfeicfimid an dtig linn fianaise ar bith a aimsiú. Is é sin an rud a dhéanann tú nuair a dhéanann tú taiscéaladh. Is é an t-aon fhadhb amháin atá ann ná pitseámaí

stríocacha breise a aimsiú.’

Sméid Bruno a cheann. ‘Níl fadhb ar bith leis sin,’ ar seisean. ‘Tá bothán ann ina gcoinnítear iad. Tig liom cuid a fháil ar an mhéid s’agamsa agus iad a thabhairt liom. Tig leatsa do chuid éadaigh a athrú ansin agus tig linn Papa a lorg.’

‘Go hiontach,’ arsa Bruno, agus scuab an taom dúthrachta leis é. ‘Plean atá ann mar sin.’

‘Bualifimid le chéile ag an am céanna amárach,’ arsa Shmuel.

‘Ná bí mall an iarraidh seo,’ arsa Bruno, ag éirí ina sheasamh agus ag croitheadh an deannaigh de. ‘Agus ná déan dearmad ar na pitseámaí stríocacha.’

Chuaigh an bheirt ghasúr abhaile agus iad ar bharr na dtonn an tráthnóna sin. Shamhlaigh Bruno go mbeadh eachtra mhór roimhe agus go mbeadh deis aige faoi dheireadh an saol ar an taobh eile den fhál a fheiceáil lena shúile cinn sula rachadh sé ar ais go Beirlín – gan trácht ar thaiscéaladh dáiríre a dhéanamh fosta – agus chonacthas do Shmuel go mbeadh deis aige duine a fháil le cuidiú leis athair a lorg. Gach rud leis an rud eile, bhí an chosúlacht air gur plean maith a bhí ann agus gur dóigh mhaith a bhí ann le slán a fhágáil ag a chéile.

Caibidil a Naoi Déag

An Rud A Tharla An Lá Dár gCionn

An Aoine a bhí ann an lá dár gcionn agus lá fliuch eile a bhí ann. Nuair a mhúscail Bruno ar maidin d'amharc sé amach ar a fhuinneog agus bhí díomá air nuair a chonaic sé go raibh sé ag doirteadh anuas. Murab é seo an deis dheireanach dó féin agus do Shmuel am a chaitheamh le chéile – gan trácht ar an eachtra a bheadh an-spleodrach dar leis - go háirithe ó tharla go raibh sé ag dul a ghléasadh suas – ní bhacfadh sé le bualadh leis inniu agus chuirfeadh sé siar é go dtí tráthnóna éigin an tseachtain ina dhiaidh sin, nuair nach mbeadh rud ar bith speisialta socraithe aige.

Bhí an t-am ag imeacht, áfach, agus ní raibh neart aige air. Agus i ndeireadh na dála, an mhaidin a bhí ann go díreach agus thiocfadh le cuid mhaith tarlú idir sin agus go mall tráthnóna, an t-am a mbuailfeadh na gasúir le chéile de ghnáth. Is cinnte go mbeadh deireadh tagtha leis an fheartainn faoin am sin.

D'amharc sé amach ar an fhuinneog i rith cheachtanna na maidine le Herr Liszt, ach ní raibh an

chuma uirthi go raibh sí ag éadromú agus í ag greadadh ar an fhuinneog. D’amharc sé amach ar fhuinneog na cistine uirthi i rith am lóin agus a bhí sé ag éadromú gan amhras agus bhí an chuma ar an scéal fiú go raibh ga gréine ag teacht amach ó chúl scamall dubh. D’amharc sé amach i rith na gceachtanna staire agus tíreolaíochta san iarnóin, ach is é rud a bhí sí ní ba láidre ná riamh agus bhí an bhagairt ann go raibh sí ag dul a bhriseadh na fuinneoige.

Ar an dea-uair tháinig deireadh léi thart faoin am a raibh Herr Liszt ag imeacht, agus mar sin de chuir Bruno péire buataisí agus cóta trom fearthainne air, d’fhan sé go dtí go raibh sé cinnte de nach raibh duine ná deoraí ann agus d’fhág an teach.

Bhí gliogar ag an chlábar ina bhuataisí agus thosaigh sé a bhaint sult as an tsiúlóid níos mó ná riamh. Le gach coiscéim dár ghlac sé bhí an chuma air go raibh an baol ann go n-imeodh na cosa faoi agus go dtitfeadh sé go talamh, ach níor thit agus d’éirigh leis é féin a choinneáil ar a chosa, fiú in áit a bhí chomh holc sin gur fhan a bhuatais sáite sa chlábar nuair a thóg sé a chos chlé agus shleamhnaigh a chos ar fad amach aisti.

D’amharc sé suas ar an spéir, agus cé go raibh sí go fóill an-dorcha shíl sé go mb’fhéidir gur chuir sí a sáith fearthainne don lá sin agus go mbeadh sé saor ó fhearthainn an tráthnóna sin. Ar ndóigh, bheadh deacracht aige an fáth a raibh sé chomh salach sin a mhíniú dá mháthair tráthnóna ar fhilleadh abhaile dó, ach thiocfadh leis a rá gurb é sin go díreach an dóigh a

mbeadh gnáthghasúr ar bith, mar a bhí ann féin, dar léi, agus is dócha nach mbeadh sé i dtrioblóid romhór ina dhiaidh sin. (Bhí Máthair thar a bheith sásta le roinnt laethanta anuas, de réir mar a druideadh gach bosca dá gcuid earraí le séala agus a cuireadh i dtrucail iad le cur ar aghaidh go Beirlín.)

Bhí Shmuel ag fanacht le Bruno nuair a bhain sé an ghnátháit amach, agus den chéad uair riamh ní raibh sé ina shuí ar an talamh agus an dá chos trasna ar a chéile aige ag stánadh ar an deannach thíos faoi ach ina sheasamh a bhí sé, ag baint taca as an fhál.

‘Dia duit, a Bruno,’ ar seisean nuair a chonaic sé a chara ag teacht chuige.

‘Dia is Muire duit, a Shmuel,’ arsa Bruno.

‘Ní raibh mé cinnte de an bhfeicfimis a chéile arís – leis an fheartainn agus le gach rud eile, is é an rud atá mé ag iarraidh a rá,’ arsa Shmuel, ‘gur shíl mé go gcoinneofaí istigh sa teach thú.’

‘Bhí sé idir dhá cheann na meá ar feadh tamaill,’ arsa Bruno. ‘Agus an aimsir chomh holc agus a bhí sí.’

Sméid Bruno a cheann agus shín amach a lámha chuig Bruno, a d’oscail a bhéal agus lúcháir mhór air. Bhí pitseámaí stríocacha agus bearad stríocach ar iompar aige go díreach cosúil leis an cheann a bhí air. Ní raibh an chuma air go raibh sé róghlan ach éadaí bréagreachta a bhí iontu, agus bhí a fhios ag Bruno gur chaith fíor-eachtraihte na héadaí cearta i gcónaí.

‘An bhfuil tú go fóill ag iarraidh cuidiú liom Papa a aimsiú?’ a d’fhiafraigh Shmuel, agus sméid Bruno a

cheann go gasta.

‘Ar ndóigh,’ ar seisean, cé nach raibh aimsiú athair Shmuel chomh tábhachtach céanna ina intinn agus taiscéaladh a dhéanamh ar an saol ar an taobh eile den fhál. ‘Ní fheallfainn ort.’

Thóg Shmuel bun an fháil agus thug an chulaith do Bruno tríd an bhearna, ag déanamh a dhíchill gan ligean di dul i dteagmháil leis an talamh clábarach fúithi.

‘Go raibh maith agat,’ arsa Bruno, ag scríobadh a chinn agus é ag smaoinreamh cad chuige nár thug sé mála lena chuid éadaigh féin a chur isteach ann. Bhí an talamh chomh salach anseo go mbeadh siad millte dá bhfágfadh sé ar an talamh iad. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ann i ndáiríre. Thiocfadh leis iad a fhágáil anseo go dtí níos moille agus tuiscint aige go mbeadh siad go hiomlán stolptha le clábar; nó thiocfadh leis an rud iomlán a chur ar ceal, rud nárbh fhéidir mar a bheadh a fhios ag taiscéalaí ar bith.

‘Maith go leor, tiontaigh thart,’ arsa Bruno, ag díriú a mhéire ar a chara agus náire air. ‘Níl mé ag iarraidh go mbeidh tú ag amharc orm.’

Thiontaigh Shmuel thart agus bhain Bruno a chóta mór de agus chuir sé ar an talamh é chomh cúramach agus a thiocfadh leis. Bhain sé de a léine ansin agus bhí sé ar crith le fuacht ar feadh bomaite sular chuir sé air barr na bpitseámaí. Agus a chloigeann á shleamhnú isteach ann tharraing sé a anáil isteach ar a shrón agus fuair sé boladh bocht air; meancóg a bhí ann.

‘Cad é an t-am deireanach ar níodh an rud seo?’ a scairt sé amach, agus thontaigh Shmuel thart.

‘Níl a fhios agam ar níodh riamh é,’ arsa Shmuel.

‘Tiontaigh thart!’ a bhéic Bruno, agus rinne Shmuel mar a iarradh air. D’amharc Bruno ar clé agus ar dheis arís ach ní raibh duine ná deoraí le feiceáil go fóill, mar sin de thosaigh sé a dhéanamh an taisec dheacair – ag baint a bhriste de agus é ina sheasamh ar chos amháin ag an am céanna. Mhothaigh sé an-aisteach a bhriste a bhaint de amuigh faoin aer agus ní thiocfadh leis a shamhlú cad é a mheasfadh daoine dá bhfeicfeadh siad é ag gabháil dó, ach sa deireadh, agus le tréan iarrachta, d’éirigh leis an tasc a chur i gcrích.

‘Maith go leor,’ ar seisean. ‘Tig leat tiontú thart anois.’

Thiontaigh Shmuel agus bhí Bruno ag réiteach a chuid éadaigh agus ag cur bearad striocach ar a cheann. Chaoch Shmuel a shúil agus sméid a cheann. Rud as an ghnách ar fad a bhí ann. Murab é nach raibh Bruno ar dhóigh ar bith chomh tanaí céanna leis na gasúir ar thaobh Shmuel den fhál, gan é chomh bán céanna san aghaidh ach oiread, bheadh sé doiligh idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Bhí sé ar an dóigh chéanna leo uilig (dar le Shmuel) go díreach cosúil lena chéile.

‘An bhfuil a fhios agat cad é a chuireann sé i gcuimhne dom?’ a d’fhiafraigh Bruno, agus chroith Shmuel a cheann.

‘Cad é an rud?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Cuireann sé Mamó i gcuimhne dom,’ ar seisean.

‘An cuimhin leat gur inis mé duit fúithi? An duine a fuair bás?’

Chlaon Shmuel a cheann; chuimhnigh sé air de bhrí go mbíodh Bruno ag labhairt cuid mhaith uirthi le bliain anuas agus d’inis sé dó cé chomh geallmhar agus a bhí sé ar Mhamó agus gur mhian leis gur ghlac sé an t-am níos mó litreacha a scríobh chuici sular bhfuair sí bás.

‘Cuireann sé i gcuimhne dom na drámaí a léiríodh sí ina mbínn féin agus Gretel páirteach iontu,’ arsa Bruno, ag iompú a shúl ó Shmuel agus é ag cuimhneamh siar ar na laethanta sin thiar i mBeirlín, cuid de na cuimhní beaga a bhí aige a dhiúltaigh imeacht as a cheann. ‘Cuireann sé i gcuimhne dom an dóigh a mbíodh an chulaith cheart i gcónaí aici le tabhairt dom le caitheamh. *Cuir ortsa an chulaith cheart agus mothóidh tú mar a mhothaíonn duine a bhfuil tú ag déanamh aisteoireacht air*; a d’insíodh sí i gcónaí domsa. Is dócha gurb é sin an rud atá mé a dhéanamh, nach é? Ag déanamh aisteoireachta ar dhuine ón taobh eile den fhál.’

‘Ar Ghiúdach, tá tú ag iarraidh a rá,’ arsa Shmuel.

‘Is é,’ arsa Bruno, á bhogadh féin ar a chosa agus é giota beag míchompordach. ‘Is fíor duit.’

Dhírigh Shmuel a mhéar ar chosa Bruno agus ar na buataisí troma a thug sé leis ón teach. ‘Beidh ort iadsan a fhágáil i do dhiaidh fosta,’ ar seisean.

Chuir an méid seo uafás air. ‘Ach an clábar,’ ar seisean. ‘Níl tú ag dúil go rachaidh mé cosnochta.’

‘Aithneoidh siad thú mura dtéann,’ arsa Shmuel. ‘Níl an dara rogha agat.’

Lig Bruno osna ach bhí a fhios aige go raibh an ceart ag a chara, agus bhain sé de a bhuataisí agus a stocáí agus d’fhág in aice leis an charnán éadaí ar an talamh iad. Ar dtús mhothaigh sé go huafásach nuair a chuir sé a chosa nochta isteach san oiread sin clábair; chuaigh siad síos ann go dtí a mhurnáin agus gach uair a thógadh sé cos bheadh sé míle uair ní ba mheasa. Ach ansin thosaigh sé a bhaint sult as ar dhóigh éigin.

Shín Bruno a lámh síos gur thóg sé bun an fháil, ach ní rachadh sé suas ach amháin chuig airde áirithe, agus ní raibh an dara rogha ag Bruno ach rolladh faoi, agus a phitseámaí á gclúdach le clábar agus é ag dul faoi. Rinne sé gáire nuair a d’amharc sé síos air fein. Ní raibh sé riamh chomh salach céanna lena bheo agus mhothaigh sé go hiontach.

Rinne Shmuel aoibh an gháire fosta agus sheas an bheirt ghasúr go cotúil lena chéile gan iad cleachta le bheith ar an taobh céanna den fhál.

Bhí fonn ar Bruno croí isteach a thabhairt do Shmuel, go díreach le cur in iúl dó cé chomh geallmhar agus a bhí sé air agus lena thaispeáint dó cé chomh mór agus a thaitin na comhráite leis le bliain anuas.

Bhí fonn ar Shmuel croí isteach a thabhairt do Bruno fosta, go díreach lena bhuíochas a ghabháil leis as a chineáltas, agus as a chuid bronntanas bia, agus as an chuidiú a bhí sé ag dul a thabhairt dó le Papa a aimsiú.

Níor thug ceachtar acu croí isteach dá chéile, áfach, ach ina áit sin thosaigh siad ar an tsiúlóid i dtreo an champa ag fágáil an fháil ina ndiaidh, siúlóid a rinne Shmuel chóir a bheith gach lá le bliain anuas anois, nuair nár thug na saighdiúirí faoi deara é agus nuair a d'éirigh leis dul chuig an aon áit amháin in Amach-Libh nach raibh an chuma uirthi go mbíodh saighdiúirí ina seasamh ar garda aici an t-am ar fad, mar a raibh sé d'ádh air bualadh le cara amhail Bruno.

Níor ghlac sé i bhfad orthu a gceann scribe a bhaint amach. Bhí súile Bruno ar leathadh agus a sháith iontais air lena bhfaca sé. Ina shamhlaíocht féin shíl sé go raibh na botháin uilig lán de theaghlaigh shona, mar a mbíodh cuid acu ina suí ar chathaoireacha luascáin tráthnóna ag insint scéalta faoin seansaol breá a bhíodh acu agus faoin dóigh a mbíodh meas acu ar a sinsir, murab ionann agus na páistí lenár linn. Shíl sé go mbeadh na gasúir agus na girseacha uilig a bhí ina gcónaí anseo i ngrúpaí éagsúla, agus iad ag imirt leadóige nó peile, ag foléimneach agus ag tarraingt cearnóg ar an talamh do chleas na bacóide.

Shíl sé go mbeadh siopa ann sa lár, agus go mb'fhéidir go mbeadh caife beag cosúil leis na cinn a raibh sé cleachta leo thiar i mBeirlín; mhachnaigh sé an mbeadh seastán de thorthaí agus ghlasraí ann.

Ach mar a tharla sé, na rudaí uilig a mheas sé a bheadh ann - ní raibh siad ann ar chor ar bith.

Ní raibh daoine fásta ar bith ina suí ar chathaoireacha luascáin ar a gcuid póirsí.

Agus ní raibh na páistí ag imirt cluichí ina ngrúpaí.

Ní amháin nach raibh seastán de thorthaí agus ghlasraí ann, ach ní raibh caife ar bith ann ach oiread murab ionann agus Beirlín.

Ina ionad sin bhí na sluaite daoine ina suí le chéile i ngrúpaí, ag stánadh ar an talamh, agus cuma ainnise anróiteach orthu; bhí siad uilig cosúil lena chéile ar dhóigh amháin: bhí siad uilig an-tanaí ar fad agus na súile slogtha siar ina gceann, agus bhí an cloigeann bearrtha ag gach duine acu rud a chiallaigh, dar leisean, go gcaithfidh sé go raibh ráig míolta ann seo fosta.

I gcoirnéal amháin thiocfadh le Bruno triúr saighdiúirí a fheiceáil agus an chuma orthu go raibh siad i mbun grúpa fear a raibh beagnach fiche ann. Bhí siad ag béicíl orthu, agus thit cuid de na fir ar a nglúine agus d'fhan siad ansin a gceann ina gcamas acu.

I gcoirnéal eile thiocfadh leis tuilleadh saighdiúirí a fheiceáil a bhí ina seasamh thart ag gáire agus iad ag amharc isteach ar bhairillí a ngunna, á ndíriú ar áiteanna éagsúla gan aird, gan iad á scaoileadh.

Déanta na firinne, ba chuma cén treo a n-amharcfadh sé, ní raibh le feiceáil ach dhá chineál éagsúla daoine: is iad sin saighdiúirí gléasta ina n-éide airm a bhí sásta agus ag gáire agus ag scairteadh amach, nó daoine gléasta i bpitseámaí stríocacha a bhí briste brónach agus ag caoineadh, agus an chuma ar an mhórchuid acu gur ag stánadh ar an spéir a bhí siad amhail is go raibh siad ina gcodladh i ndáiríre.

‘Ní dóigh liom go bhfuil dúil agam san áit seo,’ arsa

Bruno i ndiaidh tamaill.

‘Ná agam ach oiread,’ arsa Shmuel.

‘Sílim gur chóir dom dul abhaile,’ arsa Bruno.

Stad Shmuel de bheith ag siúl agus stán sé air. ‘Ach Papa,’ ar seisean. ‘Dúirt tú go gcuideofá liom é a aimsiú.’

Smaoinigh Bruno air. Bhí gealltanais tugtha aige dá chara agus níorbh é an cineál duine é a rachadh siar ar ghealltanais, go háirithe ó tharla sé gurbh é seo an t-am deireanach a bhfeicfeadh siad a chéile. ‘Maith go leor,’ ar seisean, cé nár mhothaigh sé chomh muiníneach céanna agus a mhothaigh sé roimhe. ‘Ach cén áit a gcuardóimid anois?’

‘Dúirt tusa go mbeadh orainn teacht ar fhianaise,’ arsa Shmuel, a bhí buartha anois mar mhothaigh sé mura mbeadh Bruno sásta cuidiú leis, cé eile a bheadh sásta?

‘Fianaise, sin é go díreach,’ arsa Bruno, ag sméideadh a chinn. ‘Is fíor duit. Tosóimis a chuardach.’

Mar sin de, choinnigh Bruno a ghealltanais agus chaith an bheirt ghasúr uair go leith ag cuardach an champa ar lorg fianaise. Ní raibh siad iomlán cinnte den rud a bhí uathu, ach choinnigh Bruno ag rá go mbeadh a fhios ag an taiscéalaí maith nuair a thiofadh sé air.

Ach is é rud nár aimsigh siad rud ar bith a thabharfadh leid dóibh faoin chúis ar imigh Papa as amharc, agus thosaigh sé a éirí ní ba dhorcha.

D’amharc Bruno suas ar an spéir agus bhí an chuma

uirthi go mb'fhéidir go raibh sé ag dul a chur arís. 'Tá mé buartha, a Shmuel,' ar seisean faoi dheireadh. 'Is trua nár tháinig muid ar fhianaise ar bith.'

Chlaon Shmuel a cheann go brónach. Ní raibh iontas ar bith air le fírinne. Ní raibh sé ag déanamh go dtiocfadh siad air. Ach ba dheas an rud é mar sin féin go raibh a chara thart le go bhfeicfeadh sé an áit a raibh sé ina chónaí.

'Sílim gur chóir domsa dul abhaile anois,' arsa Bruno. 'An siúlfaidh tú liom a fhad leis an fhál?'

D'oscail Shmuel a bhéal le freagra a thabhairt, ach go díreach ag an bhomaite sin chualathas feadaíl ard agus tháinig deichniúr saighdiúirí – níos mó ná mar a chonaic Bruno bailithe le chéile in aon am amháin riamh – timpeall ar chuid den cheantar, mar a raibh Bruno agus Shmuel ina seasamh.

'Cad é atá ag tarlú?' arsa Bruno de chogar. 'Cad é atá ag dul ar aghaidh?'

'Tarlaíonn sé ó am go chéile,' arsa Shmuel. Tugann siad ar dhaoine máirseáil a dhéanamh,' arsa Shmuel.

'Máirseáil a dhéanamh!' arsa Bruno, agus uafás air. 'Ní thig liomsa máirseáil a dhéanamh. Caithfidh mé a bheith sa bhaile in am don dinnéar. Beidh mairteoil rósta ann anocht.'

'Fuist,' arsa Shmuel, ag cur méire ar a liopaí.

'Ná habair rud ar bith nó éireoidh siad feargach.'

Chuir Bruno grainc air féin ach tháinig suaimhneas intinne air nuair a chonaic sé na daoine uilig a bhí gléasta i bpitseámaí stríocacha as an chuid seo den

champa ag teacht le chéile anois, na saighdiúirí á mbrú le chéile, le go raibh sé féin agus Shmuel i bhfolach sa lár gan duine ar bith ábalta iad a fheiceáil. Ní raibh a fhios aige cén fáth a raibh an oiread sin eagla ar na daoine – i ndeireadh na dála, ní raibh an mháirseáil chomh holc sin – agus bhí sé ag iarraidh a rá leo i gcogar go raibh gach rud go breá, gurbh é a athair an Ceannfort, agus dá mba rud é gurbh é seo an cineál ruda a bhí sé ag iarraidh ar na daoine a dhéanamh gur chóir go mbeadh gach rud go breá.

Chualathas fideoga á séideadh arís, agus an iarraidh seo, thosaigh an grúpa daoine, a raibh beagnach céad ann, a mháirseáil go mall le chéile, agus greim ag Bruno agus ag Shmuel ar a chéile go fóill sa lár. Bhí scliúchas de chineál éigin ag deireadh na líne, agus an chosúlacht ar an scéal nach raibh cuid de na daoine sásta máirseáil a dhéanamh, ach bhí Bruno róbheag lena fheiceáil cad é a tharla agus níor chuala sé ach tormáin throma, cosúil leis an fhuaim a dhéanfadh scaoileadh gunnaí, ach ní thiocfadh leis a dhéanamh amach cad é a bhí iontu.

‘An maireann an mháirseáil ar feadh i bhfad?’ ar seisean de chogar de bhrí go raibh a ghoile ag teacht air anois.

‘Ní dóigh liom é,’ arsa Shmuel. ‘Ní fheicim na daoine arís i ndiaidh dóibh dul a mháirseáil. Ach ní mheasfainn go mairfeadh.’

Chuir Bruno strainc air féin. D’amharc sé suas ar an spéir, agus nuair a rinne sé é seo chualathas tormán trom

eile, tormán na toirní an iarraidh seo os a gcionn, agus bhí an chosúlacht ar an spéir gur éirigh sí ní ba dhorcha chomh gasta céanna, agus í beagnach dubh, agus bhí doirteadh anuas ann a bhí ní ba throime fiú ná mar a bhí an fhearhainn ar maidin. Dhruid Bruno a shúile ar feadh bomaite agus mhothaigh sé í ag stealladh anuas air. Nuair a d’oscail sé arís iad níorbh é go raibh sé ag máirseáil an iarraidh seo ach go raibh sé á scuabadh ar shiúl leis an slua daoine, agus níor mhothaigh sé ach a cholainn a bhí stolptha le clábar agus a phitseámaí a bhí greamaithe dá chraiceann leis an fhearhainn uilig agus b’fhada leis a bheith ar ais sa bhaile, ag breathnú air seo uilig agus é i bhfad ar shiúl gan é a bheith gafa i lár an ruda.

‘Sin é,’ ar seisean le Shmuel. ‘Tá slaghdán ag dul a theacht ormsa amuigh anseo. Caithfidh mé dul abhaile.’

Ach go díreach nuair a bhí na focail seo ag teacht amach as a bhéal, thug a chosa suas roinnt céimeanna é, agus de réir mar a mháirseáil sé ar aghaidh, mhothaigh sé nach raibh fearhainn ar bith eile ag teacht anuas níos mó de bhrí go raibh siad uilig ag dul isteach ina sluaite i seomra fada a bhí te, rud a chuir iontas air, agus an chuma air gur tógadh go daingean fearhainndhíonach é de bhrí nach raibh fearhainn ar bith ag teacht isteach in áit ar bith. Le fírinne mhothaigh sé amhail is go raibh sé go huile is go hiomlán aerdhíonach.

‘Bhuel, sin rud amháin,’ ar seisean, agus áthas air go raibh foscadh ón stoirm faighte aige ar feadh roinnt bomaití cibé ar bith. ‘Is dócha go mbeidh orainn fanacht

anseo go maolóidh sí agus ansin beidh mé ábalta dul abhaile.’

Theann Shmuel é féin le Bruno agus d’amharc suas air agus eagla a chraicinn air.

‘Tá mé buartha nár aimsigh muid do dhaidí,’ arsa Bruno.

‘Tá sé ceart go leor,’ arsa Shmuel.

‘Agus tá mise buartha nach raibh an deis againne a bheith ag imirt le chéile mar is ceart, ach nuair a thiocfaidh tú ar cuairt go Beirlín, is é sin an rud a dhéanfaimid. Agus cuirfidh mé ... in aithne duit, Ó cad é an t-ainm atá orthu?’ a d’fhiafraigh sé de féin, agus frustrachas air cionn is gur chóir dóibh triúr a bheith ina gcairde cléibh aige go deo na ndeor ach a bhí imithe i ndíchuimhne anois. Ní thiocfadh leis cuimhneamh ar ainm duine ar bith acu agus ní thiocfadh leis cuimhneamh ar an chuma a bhí orthu fiú.

‘Le fírinne,’ ar seisean, ag amharc síos ar Shmuel, ‘is cuma cé acu a chuimhním nó nach gcuimhním. Ní hiadsan na cairde is fearr agam anois cibé ar bith.’ D’amharc sé síos agus rinne rud éigin nach raibh de nós aige a dhéanamh: fuair sé greim ar lámh sheang Shmuel agus theann a lámh féin uirthi.

‘Is tusa an cara is fearr agam, a Shmuel,’ ar seisean. ‘An cara is fearr agam go deo na ndeor.’

Is féidir gur oscail Shmuel a bhéal le rud éigin a rá leis, ach má d’oscail féin níor chuala Bruno é mar go díreach ag an bhomaite sin baineadh an anáil de na daoine uilig a mháirseáil isteach agus a líon an seomra,

nuair a chuala siad an doras mór tosaigh á dhruidim go tobann agus tormán trom miotail ag bualadh isteach ón taobh amuigh. Chruinnigh Bruno a mhaláí, gan é ábalta ciall ar bith a bhaint as seo uilig, ach rinne sé talamh slán de gur bhain sé le cosaint ar an fhearthainn sa dóigh nach dtiocfadh slaghdán ar dhaoine.

Agus ansin bhí dorchadas sa seomra, ach ar dhóigh éigin, in ainneoin an chlampaí a lean é, mhothaigh Bruno go raibh greim aige féin go fóill ar lámh Shmuel agus ní thabharfadh rud ar bith ar domhan air scaoileadh léi.

Caibidil Fiche

An Chaibidil Dheireanach

Níor chualathas iomrá ar Bruno arís ina dhiaidh sin.

Roinnt laethanta níos faide anonn, i ndiaidh do na saighdiúirí gach cearn den teach a chuardach agus i ndiaidh dóibh dul chuig na bailte agus chuig na sráidbhailte áitiúla agus grianghraif de Bruno leo, tháinig duine acu ar an charnán éadaí agus ar an phéire buataisí a d'fhág Bruno cóngarach don fhál. D'fhág an saighdiúir ansin iad, gan baint dóibh, agus chuaigh leis an Cheannfort a fháil, a scrúdaigh an ceantar agus a d'amharc ar dheis agus ar clé go díreach ar an dóigh chéanna agus a rinne Bruno é, ach dá mbeadh sé le crochadh ní thiocfadh leis a dhéanamh amach cad é a tharla dá mhac. Bhí sé amhail is gur imigh sé glan ó chlár na cruinne gan ach a chuid éadaigh a fhágáil ina dhiaidh.

Níor fhill Máthair ar Bheirlín go díreach chomh gasta céanna agus ba mhaith léi. D'fhan sí in Amach-Libh ar feadh roinnt míonna ag fanacht le scéala ar Bruno go dtí gur tháinig an lá, go measartha tobann,

gur mheas sí go mb'fhéidir go ndearna sé a bhealach féin abhaile leis féin, mar sin de d'fhill sí ar an toirt ar an seanteach, agus í cineál ag dúil le go bhfeicfeadh sí ar leac an dorais é ag fanacht léi.

Ní raibh sé ann, ar ndóigh.

D'fhill Gretel ar Bheirlín le Máthair agus chaith cuid mhór ama ina seomra leapa léi féin agus í ag caoineadh, ní de bharr go raibh a cuid bábóg uilig caite ar shiúl aici ná de bharr go raibh a cuid léarscáileanna uilig fágtha ina diaidh aici in Amach-Libh, ach de bhrí gur chonaigh sí Bruno uaithi an oiread sin.

D'fhan Athair in Amach-Libh ar feadh bliana ina dhiaidh sin agus thug na saighdiúirí eile snamh dó agus é ag tabhairt orduithe dóibh gan trua gan trócaire. Chuaigh sé a chodladh gach oíche ag smaoineamh ar Bruno agus mhúscaíl sé gach maidin ag smaoineamh air fosta. Lá dá raibh bhí barúil aige ar an rud a tharla b'fhéidir agus chuaigh sé ar ais chuig an áit san fhál ar thángthas ar an charnán éadaí bliain roimhe.

Ní raibh rud ar bith róshuntasach faoin áit seo, ná ródhifriúil ach oiread, ach ansin rinne sé féin giota beag eachtraíochta dá chuid féin agus mhothaigh sé nach raibh bun an fháil greamaithe mar ba cheart den talamh mar a bhí sé i ngach áit eile, agus nuair a tógadh é, gur fhág sé bearna a bhí mór go leor do dhuine iontach beag (amhail Bruno) dul faoi ar a cheithre boinn. D'amharc sé amach roimhe agus ansin lean air go loighciúil, céim ar chéim, agus nuair a rinne sé é seo mhothaigh sé gur tháinig laige ar a chosa – amhail is nach raibh siad

ábalta a chorp a iompar níos mó – agus sa deireadh bhí sé ina shuí ar an talamh beagnach san áit cheannann chéanna agus a bhíodh Bruno gach tráthnóna ar feadh bliana, cé nach raibh a dhá chos trasna ar a chéile aige.

Roinnt míonna ina dhiaidh sin tháinig saighdiúirí eile chuig Amach-Libh, agus tugadh ordú d’Athair imeacht leo, rud a rinne sé gan gearán ar bith agus rud eile de, bhí sé sásta imeacht leo mar ba chuma leis cad é a dhéanfadh siad air ina dhiaidh sin.

Agus is é sin deireadh an scéil faoi Bruno agus a theaghlach. Ar ndóigh tharla na heachtraí seo uilig i bhfad ó shin agus ní thiocfadh lena leithéidí tarlú arís.

Ní thiocfadh lena leithéidí tarlú sa lá atá inniu ann.

Cad é a tharlaíonn nuair a thugann olc brúidiúil aghaidh ar an neamhchiontacht?

Tá Bruno naoi mbliana d'aois agus níl faic ar eolas aige faoin Réiteach Deiridh nó faoin Uileloscadh. Tá sé dall ar na cruálachtaí uafásacha atá á ndéanamh ag a thír féin ar mhuintir na hEorpa. Níl ar eolas aige ach go bhfuiltear i ndiaidh é a bhogadh amach as teach compordach i mBeirlín go dtí teach i gceantar bánaithe, áit nach bhfuil rud ar bith le déanamh aige ná duine ar bith inti le bheith ag súgradh leis. Is é sin go dtí go mbuaileann sé le Shmuel, gasúr a bhfuil saol aisteach comhthreomhar á chaitheamh aige ar an taobh eile den sconsa sreinge tadhlaigh agus atá gléasta in éide pitseámaí stríocacha mar atá na daoine eile san áit sin.

Mar gheall ar an chairdeas seo le Shmuel, tugtar Bruno amach as an neamhchiontacht agus foilsítear scéala dó. Agus an rud a bhfuil sé mar chuid de á fhiosrú aige, i ngan fhios dó féin, is cinnte dearfa go ndéanfar é a ionsú isteach sa phróiseas thubaisteach ar fad.

Cóipcheart © Le John Boyne 2006

Eagrán CCEA arna fhoilsiú 2011



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning